



Uimhir 37 de 2001

AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus comhlua.
2. Léiriú i gcoitinne.
3. Achtacháin a fhorléiriú.
4. Rialacháin, orduithe agus ordacháin.
5. Aisghairm, cúlghairm agus leasú ar achtacháin.
6. Cosaint.
7. Tosach feidhme.
8. Caiteachais.

CUID 2

LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚLA

9. An lá bunaithe.
10. Limistéir rialtais áitiúil.
11. Bunú, teidil agus limistéir riaracháin údarás áitiúil agus forálacha iarmhartacha.

CUID 3

COMHALTAS ÚDARÁIS ÁITIÚIL

12. Cáilitheacht chun comhaltas a shealbhú in údarás áitiúil.
13. Dícháilíochtaí chun comhaltas a shealbhú in údarás áitiúil.
14. Toirmeasc ar ilchomhaltas d'údarás áitiúla.
15. Gníomhú le linn a bheith dícháilithe ina chion.

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

16. Comhaltas a scor.
17. Téarma oifige.
18. Éirí as comhaltas.
19. Corrfholúntais.
20. Cosaint (*Cuid 3*).
21. Líon comhaltaí d'údarás áitiúla, etc.
22. Líon comhaltaí d'údarás áitiúil a athrú.

CUID 4

TOGHCHÁIN ÁITIÚLA

23. Toghlímistéir áitiúla.
24. Ceart vótála i dtoghcháin áitiúla.
25. Toirmeasc ar vótáil iolrach.
26. Bliain na dtoghchán chuig na húdarás áitiúla go léir.
27. Stiúradh toghchán.
28. Socruithe sealadacha maidir le ceantair vótaíochta áirithe agus clár na dtoghthóirí.
29. Ceapacháin iarmhartacha chuig comhlachtaí áirithe eile.
30. Cosaint (*Cuid 4*).

CUID 5

CATHAOIRLEACH AGUS LEAS-CHATHAOIRLEACH

CAIBIDIL 1

Ginearálta

31. Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach.
32. Teidil mhalartacha ar Chathaoirleach agus ar Leas-Chathaoirleach, etc.
33. Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach d'éirí as oifig.
34. Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a chur as oifig.

CAIBIDIL 2

Toghchán ag Údarás Áitiúil

35. Feidhm *Chaibidil 2*.
36. Toghadh Cathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh ag údarás áitiúil gach bliain.
37. Modh ina dtoghfaidh údarás áitiúil Cathaoirleach.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

38. Corrfholúntas in oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh.

CAIBIDIL 3

Dírthoghchán

39. Feidhm *Chaibidil 3*.
40. Dírthoghchán agus seilbh oifige Cathaoirligh comhairle contae agus comhairle cathrach.
41. Corrfholúntas in oifig Cathaoirligh comhairle contae nó comhairle cathrach.
42. Leasuithe, a bhaineann le dírthoghcháin, etc., ar Achtanna áirithe.
43. Achainíochta toghcháin i ndáil le dírthoghcháin.

CUID 6

CRUINNITHE AGUS IMEACHTAÍ ÚDARÁS ÁITIÚIL

44. Feidhm (*Cuid 6*).
45. Freastal ag an bpobal agus na meáin ar chruinnithe.
46. Riarthóir cruinnithe.
47. Gnó a chomhall go héifeachtach.

CUID 7

COISTÍ AGUS COMHCHOISTÍ

48. Coistí um beartas straitéiseach.
49. Coistí um beartas bardasach.
50. Coistí limistéir.
51. Coistí údarás áitiúil.
52. Comhchoistí údarás áitiúil.
53. Cosaint maidir le gníomhartha coiste nó comhchoiste.
54. Rialacháin (*Cuid 7*).

CUID 8

TEORAINN ÚDARÁS ÁITIÚIL A ATHRÚ

55. Léiriú (*Cuid 8*).
56. Togra ó údarás áitiúil chun teorainn a athrú.
57. Iarratas chun teorainn a athrú.
58. Foráil fhorlíontach le *hailt 56* agus *57*.
59. Féadfaidh an tAire athbhreithniú a iarraidh.

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

60. Tuarascáil ón gCoimisiún Rialtais Áitiúil.
61. Cumhacht chun teorainneacha a athrú, etc.
62. Forálacha a leanfaidh as athrú teorann.

CUID 9

FEIDHMEANNA ÚDARÁS ÁITIÚIL

CAIBIDIL 1

Feidhmeanna Ginearálta Údarás Áitiúil

63. Ráiteas maidir le feidhmeanna údaráis áitiúil.
64. Feidhmeanna ionadaitheacha údarás áitiúil.
65. Feidhmeanna coimhdeacha údarás áitiúil.
66. Leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn.
67. Feidhmeanna taitneamhachta agus áineasa agus feidhmeanna eile.
68. An Ghaeilge agus údaráis áitiúla.
69. Aird le bheith ag údaráis áitiúla ar nithe áirithe le linn feidhmeanna a chomhlíonadh, etc.
70. Feidhmeanna áirithe a fheidhmiú.
71. Cuspóir na seirbhíse aontaithe don phobal.
72. Feidhmeanna áirithe a aistriú chuig údaráis áitiúla.
73. Cosaint (limistéar feidhme).

CAIBIDIL 2

Feidhmeanna Searmanais

74. Onóracha sibhialta.
75. Limistéir údaráis áitiúil a nascadh.
76. Costais siamsaíochta agus costais ghaolmhara údarás áitiúil.

CAIBIDIL 3

Feidhmeanna Leabharlainne agus Cartlainne

77. Údaráis leabharlainne.
78. Feidhmeanna údarás leabharlainne.
79. An Chomhairle Leabharlanna.
80. Taifid agus cairteanna údarás áitiúil.

CAIBIDIL 4

Bóithre Neamhphoiblí— Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla

81. Cúnamh faoi chomhair bóithre neamhphoiblí.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

CAIBIDIL 5

Feidhmeanna faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, etc.

82. Míithe (*Caibidil 5*).
83. Feidhmeanna faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, etc.
84. Cosaint (*Caibidil 5*).

CUID 10

COMHAONTUITHE AGUS SOCRUITHE MAIDIR LE FEIDHMEANNA

85. Comhaontuithe maidir le feidhmeanna.
86. Feidhmeanna a chomhall agus seirbhísí a sholáthar i gcomhpháirt le chéile.
87. Ordachán chun comhaontuithe a dhéanamh.
88. Cosaint (*Cuid 10*).

CUID 11

AN COIMISIÚN RIALTAIS ÁITIÚIL

89. An Coimisiún Rialtais Áitiúil a bhunú.
90. Feidhmeanna an Choimisiúin.
91. Comhaltaí an Choimisiúin.
92. Cáilitheacht agus seilbh oifige na gcomhaltaí, etc.
93. Cruinnithe agus nósanna imeachta an Choimisiúin.
94. Seirbhísí don Choimisiún.
95. Aighneachtaí chuig an gCoimisiún.

CUID 12

NÓSANNA IMEACHTA AIRGEADAIS AGUS INIÚCHADH

CAIBIDIL 1

Nósanna Imeachta Airgeadais

96. Bliain airgeadais áitiúil.
97. An ciste áitiúil.
98. Socruithe baincéireachta.
99. Íocaíochtaí a údarú.
100. Caiteachas comhairle contae: seirbhísí baile.
101. Caiteachais comhairlí baile áirithe.
102. Buiséad údarais áitiúil.

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

103. Cruinniú buiséid údaráis áitiúil.
104. Teorannú ar chaiteachas breise.
105. Ráitis airgeadais agus tuarascálacha a chur isteach.
106. Airgead a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar iasacht.
107. Cuntais a choimeád.
108. Ráiteas airgeadais bliantúil a bhreithniú.
109. Ciste pobail.
110. Scéim tionscnaimh pobail.
111. Rialacháin (*Caibidil 1*).
112. Oibleagáidí i gcás togra a dtiocfaidh íocaíocht neamhdhleathach, easnamh nó cailteanas dá dhroim.
113. Cosaint.

CAIBIDIL 2

Iniúchadh

114. Léiriú (*Caibidil 2*).
115. Feidhm (*Caibidil 2*).
116. An tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil.
117. Cód cleachtais iniúchóireachta.
118. Nós imeachta iniúchóireachta.
119. Ceart iniúcháora chun doiciméid a scrúdú, faisnéis a fháil, etc.
120. Tuairim iniúchóireachta agus tuarascáil.
121. Ráiteas airgeadais bliantúil agus tuarascáil iniúcháora a bhreithniú.
122. Coiste iniúchóireachta.
123. Iniúchadh urghnách.
124. Iniúchadh a athshannadh.
125. Táillí iniúchóireachta.
126. Éilimh, tuairisceáin, etc. a dheimhniú.

CUID 13

ÚDARÁIS ÁITIÚLA AGUS AN POBAL ÁITIÚIL

127. Comhairliúchán leis an bpobal áitiúil.
128. Comhlachais aitheanta.
129. Boird Forbartha Contae nó Cathrach.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

CUID 14

AN TSEIRBHÍS RIALTAIS ÁITIÚIL

CAIBIDIL 1

An Chomhairle Thofa

130. Ról na comhairle tofa maidir le beartas.
131. Feidhmeanna forchoimeáda.
132. Feidhmeanna forchoimeáda: dualgas bainisteora.
133. Grúpa um beartas corparáideach.
134. Plean corparáideach.
135. Tuarascáil ar an gclár caipítíl.
136. Faisnéis a thabhairt do chomhairle tofa.
137. Pleananna, sonraíochtaí le hullmhú do chomhairle tofa.
138. Faisnéis roimh ré do chomhairle tofa.
139. Ordachán gan dul ar aghaidh le hoibreacha.
140. Ceanglas go ndéanfar rud ar leith.
141. Dualgas comhaltaí arna gceapadh chuig comhlachtaí eile.
142. Caiteachais, luach saothair, etc. comhaltaí.
143. Liúntas don Chathaoirleach agus don Leas-Chathaoirleach.

CAIBIDIL 2

Post an Bhainisteora

144. Post an bhainisteora.
145. Bainisteoir a cheapadh.
146. Bainisteoir a chur ar fionraí nó a chur as oifig.
147. Seilbh oifige bainisteora.
148. Leas-bhainisteoir.
149. Feidhmeanna feidhmiúcháin.

CAIBIDIL 3

Nithe Nós Imeachta

150. Mínithe.
151. An bainisteoir ag gníomhú trí ordú sínithe.
152. An bainisteoir do fhreastal ar chruinnithe údaráis áitiúil.
153. Imeachtaí dlí.
154. Feidhmeanna a tharmligean.

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

CAIBIDIL 4

Pearsanra Údaráis Áitiúil

155. Mínithe (*Caibidil 4*).
156. An tAire cuí.
157. Feidhm (*Caibidil 4*).
158. Forálacha a bhaineann le fostaíocht daoine ag údaráis áitiúla.
159. Socruithe foirne agus eagrúcháin.
160. Cáilíochtaí le haghaidh fostaíochta.
161. Srian ar fhostú le húdarás áitiúil agus comhaltas d'údarás áitiúil.
162. Modhnú ar an srian ar a bheith fostaithe faoi chomhlachtaí gaolmhara áirithe.
163. Leasú ar Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926.
164. Leasú ar an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977.
165. Cosaint (*Caibidil 4*).

CUID 15

CREAT EITICE DON TSEIRBHÍS RIALTAIS ÁITIÚIL

166. Léiriú (*Cuid 15*).
167. Feidhm (*Cuid 15*).
168. Caighdeáin ionracais.
169. Cóid iompair don tSeirbhís Rialtais Áitiúil.
170. Toirmeasc ar fhabhair, luaíochtaí, etc.
171. Dearbhú bliantúil.
172. Clár poiblí leasanna.
173. Cláraitheoir eitice.
174. Dualgas cláraitheora eitice, etc.
175. Leasanna indearbhaithe.
176. Leasanna tairbhiúla.
177. Comhalta d'údarás áitiúil do nochtadh leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile.
178. Bainisteoir d'údarás áitiúil do nochtadh leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile.
179. Fostaí, etc. de chuid údaráis áitiúil do nochtadh leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

180. Feidhm an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, etc.

181. Cionta (*Cuid 15*).

182. Iarmhairtí a bheidh ar mhainneachtain déanamh de réir *ailt 171, 177, 178* agus *179*.

CUID 16

TALAMH

183. Diúscairtí talún, fógra a thabhairt do chomhaltaí.

184. Feidhmeanna áirithe talún a fheidhmiú.

CUID 17

COMHAIRLÍ BAILE NUA A BHUNÚ, ETC.

185. Comhairle baile a bhunú.

186. An chéad toghchán chun comhairle baile.

187. Comhairle baile a dhíscaoileadh.

CUID 18

AINMNEACHA LIMISTÉAR A ATHRÚ AGUS AINMNEACHA SRÁIDEANNA, ETC., A THAISPEÁINT.

188. Léiriú (*Cuid 18*).

189. Ainm baile a athrú.

190. Ainm baile fearainn nó baile neamhbhardasaigh atá suite go hiomlán laistigh d'aon chontae amháin nó d'aon chathair amháin a athrú.

191. Ainm baile fearainn nó baile neamhbhardasaigh atá suite i níos mó ná aon chontae amháin etc. a athrú.

192. Ainm sráide atá suite in aon limistéar údaráis áitiúil amháin a athrú.

193. Ainm sráide atá suite i níos mó ná aon limistéar údaráis áitiúil amháin a athrú.

194. Ainm líomatáiste atá suite in aon limistéar údaráis áitiúil amháin a athrú.

195. Ainm líomatáiste atá suite i níos mó ná aon limistéar údaráis áitiúil amháin a athrú.

196. Forálacha ginearálta maidir le hainmneacha a athrú.

197. Ainm sráide, etc. a thaispeáint.

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

CUID 19

FODHLÍTHE

198. Léiriú (*Cuid 19*).
199. Cumhacht chun fodhlí a dhéanamh.
200. An nós imeachta chun fodhlí a dhéanamh.
201. Fodhlíthe áirithe le cur faoi bhráid an Aire chuí.
202. Fodhlí a fhoilsiú.
203. Cruthú ar fhodhlí.
204. Duine údaraithe a chosc, etc.
205. Cionta agus pionóis maidir le fodhlíthe.
206. Fógraí i dtaobh íocaíochta seasta.
207. Cionta a ionchúiseamh (*Cuid 19*).
208. Íocaíochtaí fíneálacha agus íocaíochtaí seasta.
209. Fodhlíthe láithreacha etc. do leanúint i bhfeidhm.
210. Cumhacht cuir chun feidhme (*Cuid 19*).
211. Leasú ar an Acht um Rialú Madraí, 1986.

CUID 20

FIOSRÚCHÁIN PHOIBLÍ ÁITIÚLA

212. Cumhacht chun fiosrúcháin poiblí áitiúla a thionól.
213. Cumhacht cigire a bheidh ag seoladh fiosrúchán poiblí áitiúil.
214. Cumhacht chun íoc caiteachas áirithe i ndáil le fiosrúchán poiblí áitiúil a ordú, etc.

CUID 21

FORÁLACHA A LEANANN AS MAINNEACHTAIN FEIDHMEANNA A CHOMHLÍONADH

215. Mínithe (*Cuid 21*).
216. Mainneachtain feidhmeanna a chomhlíonadh, etc.
217. Toghchán nua a dhéanamh tar éis comhaltaí a chur as oifig.
218. Coimisinéirí a cheapadh, etc.
219. Coimisinéirí d'fheidhmiú a bhfeidhmeanna.
220. Comhlachtaí nasctha.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

CUID 22

ILGHNÉITHEACH

221. Tuarascáil bhliantúil.
222. Tuairisceáin, faisnéis don Aire.
223. Toghranna.
224. Tuarascáil ó dhuine údaraithe.
225. Comhlachais údaráis áitiúil.
226. Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil.
227. Talamh míntírithé agus déanmhais a bheith mar chuid de limistéar údaráis áitiúil.
228. Údarás áitiúil do ghlacadh bronntanas.
229. Cumhacht údarás áitiúil chun conarthaí a dhéanamh, etc.
230. Comhbhoird adhlactha.
231. Comhchoistí siltin.
232. Rialacháin chun deacrachtaí a dhíchur.
233. Deontais etc. a laghdú in imthosca áirithe.
234. Cion ag comhlacht corpraithe.
235. Imeachtaí achoimre a thosú.
236. Comhall feidhmeanna áirithe ag an Aire.
237. Údaráis réigiúnacha, feidhmeanna.

CUID 23

TEMPLE BAR PROPERTIES LIMITED A AISTRIÚ CHUIG
COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

238. Míniú (*Cuid 23*).
239. *Temple Bar Properties Limited* a aistriú chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
240. Scairsealbhóir in *Temple Bar Properties Limited*.
241. Idirthréimhseach (*Cuid 23*).
242. Aisghairm (*Cuid 23*).

CUID 24

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA

243. Leasú ar an Acht Togcháin, 1992.
244. Leasú ar Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998.

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

245. Leasú ar Acht na mBóithre, 1993.

246. Leasú ar Acht na Seamlas, 1988.

247. Leasuithe breise ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

SCEIDEAL 1

NA HACHTANNA A FHOLAÍTEAR SA CHOMHLUA – *NA HACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL*, 1925 GO 2001

SCEIDEAL 2

FORLÉIRIÚ AR THÉARMAÍ ÁIRITHE IN ACHTACHÁIN EILE

SCEIDEAL 3

NA HACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR AGUS A CHÚLGHAIRTEAR

SCEIDEAL 4

MIONLEASUITHE AGUS LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA

SCEIDEAL 5

LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL (CONTAETHA AGUS CATHRACHA)

SCEIDEAL 6

LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL (BAILTE)

SCEIDEAL 7

AN LÍON COMHALTAÍ D'ÚDARÁIS ÁITIÚLA

SCEIDEAL 8

TEIDIL MHALARTACHA AR CHATHAOIRLEACH AGUS LEAS-CHATHAOIRLEACH, ETC.

SCEIDEAL 9

MIONLEASUITHE AGUS LEASUITHE IARMHARTACHA A BHAINNEANN LE DÍRTHOGHCHÁIN ETC.

SCEIDEAL 10

CRUINNITHE AGUS IMEACHTAÍ ÚDARÁS ÁITIÚIL

1. Cruinnithe údaráis áitiúil.
2. Ionad, dáta agus tráth na gcruinnithe.
3. Lá an chruinnithe bhliantúil.
4. Gnó agus fógra poiblí i dtaobh an chruinnithe bhliantúil.
5. Cruinniú buiséid údaráis áitiúil.
6. Cruinnithe speisialta.
7. Fógra i dtaobh cruinnithe agus clár oibre.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

8. Fógra poiblí i dtaobh cruinnithe.
9. Gnó cruinnithe.
10. Ceannas ar chruinnithe.
11. Córam.
12. Gníomhartha a dhéanamh agus ceisteanna a chinneadh.
13. Iompar mí-ordúil.
14. Miontuairiscí.
15. Taifead maidir le freastal ar chruinnithe agus seoladh le haghaidh comhfhreagrais.
16. Buanorduithe.
17. Coistí.
18. An ceart chun grúpaí a chruthú le haghaidh ceapachán áirithe.
19. Cothromas i gceapacháin, etc.

SCEIDEAL 11

ATHRÚ AR THEORAINN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

SCEIDEAL 12

ACHTANNA AN OIREACHTAIS: FEIDHMEANNA ÚDARÁS ÁITIÚIL

SCEIDEAL 13

TAITNEAMHACHTAÍ, ÁINEAS AGUS FEIDHMEANNA EILE

SCEIDEAL 14

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA ÁIRITHE

SCEIDEAL 15

FEIDHMEANNA ATÁ LE DÉANAMH LE HORDÚ BAINISTEORA

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

Acht na Seamlas, 1988	1988, Uimh. 8
An tAcht um Thruaillíú Aeir, 1987	1987, Uimh. 6
Na hAchtanna um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 agus 1946	
Na hAchtanna Siltin Artairigh, 1945 agus 1995	
Na hAchtanna Ealaíon, 1951 agus 1973	
An tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990	1990, Uimh. 3
Acht na gCanálacha, 1986	1986, Uimh. 3
An tAcht Corr-Thrádála, 1995	1995, Uimh. 19
An tAcht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955	1955, Uimh. 12
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
An tAcht um Chaomhnú an Chósta, 1963	1963, Uimh. 12
<i>Commissioners Clauses Act</i> , 1847	10 & 11 Vict. c. 16
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999	
An tAcht um Rialú Madraí, 1986	1986, Uimh. 32
Na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 agus 1992	
An tAcht um Rialú Madraí (Leasú), 1992	1992, Uimh. 13
An tAcht um Rialú Capall, 1996	1996, Uimh. 37
Acht Bainistí Chathair Chorcaighe, 1929	1929, Uimh. 1
Acht Bainistí Chathair Chorcaighe (Leasú), 1941	1941, Uimh. 5
Acht Bainistí Chathair Chorcaí (Leasú), 1965	1965, Uimh. 8
An tAcht Cróinéirí, 1962	1962, Uimh. 9
<i>Counties and Boroughs (Ireland) Act</i> , 1840	3 & 4 Vict. c. 109
<i>County Dublin Grand Jury Act</i> , 1844	7 & 8 Vict. c. 106
An tAcht um Bainistí Chontae, 1940	1940, Uimh. 12
An tAcht um Bainistí Chontae (Leasú), 1942	1942, Uimh. 13
An tAcht um Bainistí Chontae (Leasú), 1972	1972, Uimh. 32
<i>County Treasurers (Ireland) Act</i> , 1867	30 & 31 Vict. c. 46
An tAcht Tithe Cúirte (Soláthar agus Cothabháil), 1935	1935, Uimh. 18
Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961	1961, Uimh. 38
Na hAchtanna um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus 1979	
An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990	1990, Uimh. 14
<i>Development and Road Improvement Funds Act</i> , 1909	9 Edw. 7. c. 47
An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997	1997, Uimh. 7
An tAcht um Iompras Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh), 1987	1987, Uimh. 34
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht Toghcháin, 1963	1963, Uimh. 19
An tAcht Toghcháin, 1997	1997, Uimh. 25
Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 1999	
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1998	1998, Uimh. 4
An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992	1992, Uimh. 7
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952	1952, Uimh. 24
An tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981	1981, Uimh. 30
An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann,	

[2001.]	<i>An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001.</i>	[Uimh. 37.]
1998		1998, Uimh. 29
Na hAchtanna Imeall Trá, 1933 go 1998		
An tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956		1956, Uimh. 2
<i>Grand Jury (Ireland) Act, 1836</i>		6 & 7 Will. 4 c. 116
<i>Grand Jury (Ireland) Act, 1853</i>		16 & 17 Vict. c. 136
An tAcht Cuanta, 1946		1946, Uimh. 9
An tAcht Cuanta, 1996		1996, Uimh. 11
Na hAchtanna Cuanta, 1946 go 1976		
An tAcht Sláinte, 1970		1970, Uimh. 1
Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2001		
An tAcht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir), 1999		1999, Uimh. 13
An tAcht Sláinte (Soláthairtí Uisce a Fhluaídiú), 1960		1960, Uimh. 46
An tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973		1973, Uimh. 25
Acht na dTithe, 1966		1966, Uimh. 21
Acht na dTithe, 1988		1988, Uimh. 28
Achtanna na dTithe, 1966 go 1998		
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992		1992, Uimh. 18
Achtanna na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 agus 1983		
Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998		1998, Uimh. 33
An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986		1986, Uimh. 9
An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1995		1995, Uimh. 28
An tAcht Léiriúcháin, 1937		1937, Uimh. 38
Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934		1934, Uimh. 35
Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1950		1950, Uimh. 24
An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997		1997, Uimh. 12
An tAcht Údarás Áitiúla (Bronntais do Ghlacadh), 1945		1945, Uimh. 30
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Costas Beatha), 1940		1940, Uimh. 22
Acht na nÚdarás Áitiúla (Costas Beatha) (Leasú), 1945		1945, Uimh. 13
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Fostaithe Leictiriciúla), 1937		1937, Uimh. 13
Na hAchtanna um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968 go 1992		
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1936		1936, Uimh. 55
Achtanna na nÚdarás nÁitiúil (Comhar-Árachas), 1926 go 1935		
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926		1926, Uimh. 39
Na hAchtanna um Údarás Áitiúla (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 go 1983		
Na hAchtanna um Údarás Áitiúla (Maoir Thrácht), 1975 agus 1987		
Acht na nÚdarás Áitiúla (Oibreacha), 1949		1949, Uimh. 17
Na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 1999		
An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Sintiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999		1999, Uimh. 7
An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974		1974, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúla, 1925		1925, Uimh. 5
An tAcht Rialtais Áitiúla, 1927		1927, Uimh. 3
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941		1941, Uimh. 23
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946		1946, Uimh. 24
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1955		1955, Uimh. 9
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1958		1958, Uimh. 9

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

An tAcht Rialtais Áitiúil, 1959	1959, Uimh. 10
An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960	1960, Uimh. 40
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1991	1991, Uimh. 11
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994	1994, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1998	1998, Uimh. 16
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2000	2000, Uimh. 25
An tAcht Rialtais Áitiúla (Leasú) (Uimh. 2), 1934	1934, Uimh. 44
<i>Local Government Board (Ireland) Act</i> , 1872	35 & 36 Vict. c. 69
An tAcht Rialtais Áitiúil (Bun Cranncha), 1968	1968, Uimh. 2
An tAcht Rialtais Áitiúil (Bailiú Rátaí), 1924	1924, Uimh. 11
An tAcht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930	1930, Uimh. 27
An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1945	1945, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993	1993, Uimh. 31
An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978	1978, Uimh. 35
An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1983	1983, Uimh. 10
An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais) (Uimh. 2), 1983	1983, Uimh. 21
An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1997	1997, Uimh. 29
An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 2000	2000, Uimh. 6
An tAcht Rialtais Áitiúla (Gaillimh), 1937	1937, Uimh. 3 (Príobháideach)
<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1871	34 & 35 Vict. c. 109
<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1898	61 & 62 Vict. c. 37
<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1900	63 & 64 Vict. c. 63
<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1902	2 Edw. 7. c. 38
An tAcht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Iltóreacha), 1988	1988, Uimh. 29
An tAcht Rialtais Áitiúla (Ainmniú Iarrthóirí d'Oifig an Uachtaráin), 1937	1937, Uimh. 36
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1999	
An tAcht Rialtais Áitiúil (Inráititheacht Chíosanna) (Cealú), 1971	1971, Uimh. 15
An tAcht Rialtais Áitiúil (Rátaí), 1970	1970, Uimh. 2
An tAcht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985	1985, Uimh. 7
An tAcht Rialtais Áitiúil (Bóithre agus Siltean), 1968	1968, Uimh. 6
An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948	1948, Uimh. 3
An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964	1964, Uimh. 29
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995	
An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) (Comhbhoird Adhlacáin), 1952	1952, Uimh. 22
An tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980	1980, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúla (Forálacha Sealadacha) (Leasú), 1924	1924, Uimh. 13
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990	
An tAcht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971	1971, Uimh. 6
An tAcht Oifigeach agus Seirbhíseach Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1941	1941, Uimh. 15
Na hAchtanna Díobhálacha Mailíseacha, 1981 agus 1986	
Acht an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán (Cumhachtaí agus Feidhmeanna), 1998	1998, Uimh. 7
<i>Municipal Corporations Act</i> , 1882	45 & 46 Vict. c. 50
<i>Municipal Corporations (Ireland) Act</i> , 1840	3 & 4 Vict. c. 108

[2001.]	<i>An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001.</i>	[Uimh. 37.]
	<i>Municipal Corporations (Ireland) Act, 1843</i>	6 & 7 Vict. c. 93
	<i>Municipal Corporation Mortgages etc. Act, 1860</i>	23 & 24 Vict. c. 16
	<i>Municipal Elections (Corrupt and Illegal Practices) Act, 1884</i>	47 & 48 Vict. c. 70
	An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986	1986, Uimh. 11
	Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 1994	
	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
	<i>Petty Sessions (Ireland) Act, 1851</i>	14 & 15 Vict. c. 93
	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000	2000, Uimh. 30
	An tAcht Pónaí (Soláthar agus Cothabháil), 1935	1935, Uimh. 17
	Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993	1993, Uimh. 28
	Na hAchtanna um Éilliú a Chosc, 1889 go 1995	
	<i>Public Health Acts Amendment Act, 1890</i>	53 & 54 Vict. c. 59
	<i>Public Health Acts Amendment Act, 1907</i>	7 Edw. 7. c. 53
	<i>Public Health (Ireland) Act, 1878</i>	41 & 42 Vict. c. 52
	<i>Public Health (Ireland) Act, 1896</i>	59 & 60 Vict. c. 54
	An tAcht Leabharlanna Poiblí, 1947	1947, Uimh. 40
	Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú), 1999	1999, Uimh. 20
	An tAcht Ród-Chiste (Deontais) (Forálacha Sealadacha), 1962	1962, Uimh. 3
	Acht na mBóithre, 1993	1993, Uimh. 14
	Achtanna na mBóithre, 1993 agus 1998	
	Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1995	
	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989	1989, Uimh. 7
	An tAcht Freastal Scoile, 1926	1926, Uimh. 17
	Na hAchtanna Freastal Scoile, 1926 go 1967	
	Achta Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai), 1947 agus 1954	
	An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981	1981, Uimh. 1
	<i>Survey (Ireland) Acts, 1825 go 1870</i>	
	An tAcht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991	1991, Uimh. 19
	An tAcht um Athnuachan Baile, 2000	2000, Uimh. 18
	<i>Towns Improvement Clauses Act, 1847</i>	10 & 11 Vict. c. 34
	<i>Towns Improvement (Ireland) Act, 1854</i>	17 & 18 Vict. c. 103
	Na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 1999	
	An tAcht Díomhaointis (Oibreacha Fóirthne), 1940	1940, Uimh. 34
	An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1977, Uimh. 10
	Acht na nOllscoileanna, 1997	1997, Uimh. 24
	An tAcht um Athnuachan Uirbeach, 1986	1986, Uimh. 19
	An tAcht um Athnuachan Uirbeach, 1998	1998, Uimh. 27
	An tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930	1930, Uimh. 29
	Na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999	
	An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996	1996, Uimh. 10
	An tAcht Soláthairtí Uisce, 1942	1942, Uimh. 1
	Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939	1939, Uimh. 25



Uimhir 37 de 2001

AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE AGUS FEABHSAITHE I nDÁIL LE RIALTAS ÁITIÚIL AGUS, GO hÁIRITHE, DO DHÉANAMH COMHDHLÚTHÚ, MAILLE LE LEASUITHE, AR ACHTACHÁIN ÁIRITHE A BHAINNEANN GO GINEARÁLTA LE hÚDARÁIS ÁITIÚLA.

[21 Iúil, 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus comhlua.

(2) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2001, a ghairm den Acht seo (seachas *ailt 163, 164* agus *211* agus *Codanna 23* agus *24*) agus de na hAchtanna dá dtagraítear i *Sceideal 1*, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Féadfar Achtanna na mBóithre, 1993 go 2001, a ghairm *d'ailt 81* agus *245* agus d'Achtanna na mBóithre, 1993 agus 1998, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(4) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 2001, a ghairm de *Chaibidil 5* de *Chuid 9* agus de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(5) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2001, a ghairm de *Chodanna 3, 4* agus de *Chaibidil 3* de *Chuid 5*, *d'alt 243* agus de na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 1999, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(6) Féadfar na hAchtanna um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991 agus 2001, a ghairm de *Chuid 23* agus den Acht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

Cd.1 A.1 [Uimh. 37.] An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001. [2001.]

(7) Féadfar na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus 2001, a ghairm *d'ailt 2, 5(3)* agus de *Sceideal 4* (a mhéid a bhaineann siad le hAcht 2000), *d'alt 247* agus d'Acht 2000 le chéile.

Léiriú i gcoitinne. 2.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 2000” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000;

ciallaíonn “limistéar riaracháin” limistéar a leanfaidh de bheith arna bhunú faoi *alt 10* chun críocha rialtais áitiúil agus—

(a) ar contae é i gcás comhairle contae,

(b) ar cathair é i gcás comhairle cathrach,

(c) ar baile é i gcás comhairle baile;

ciallaíonn “cruinniú bliantúil” cruinniú bliantúil d’údarás áitiúil a bhforáiltear dó i *mír 3* de *Sceideal 10*;

ciallaíonn “tuarascáil bhliantúil”, i gcomhthéacs údaráis áitiúil, tuarascáil faoi *alt 221*;

léifear “corrholúntas” de réir *alt 19(1)*;

tá le “Cathaoirleach” an bhrí a thugtar dó le *halt 31*;

ciallaíonn “comhairle cathrach” údarás áitiúil lena mbaineann *alt 11(3)(b)*;

tá le “bord forbartha cathrach” an bhrí a thugtar le *halt 129*;

ciallaíonn “coiste” coiste d’údarás áitiúil arna bhunú faoi *Chuid 7*;

tá le “plean corparáideach” an bhrí a thugtar dó le *halt 134*;

ciallaíonn “grúpa um beartas corparáideach” coiste arna bhunú faoi *alt 133(1)*;

ciallaíonn “comhairle contae” údarás áitiúil lena mbaineann *alt 11(3)(a)*;

tá le “bord forbartha contae” an bhrí a thugtar le *halt 129*;

tá le “díorthoghchán” an bhrí a thugtar dó le *halt 40*;

ciallaíonn “ordachán” ordachán i scríbhinn arna thabhairt—

(a) ag an Aire faoin Acht seo, nó

(b) ag Aire cúí faoi *Chaibidil 4* de *Chuid 14*;

ciallaíonn “Stiúrthóir Iniúchóireachta” duine a cheapfar faoi *alt 116*;

ciallaíonn “comhairle thofa” comhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann agus léifear é de réir *alt 11(5)*;

ciallaíonn “bliain toghcháin” bliain ina ndéantar toghchán áitiúil;

folaíonn “achtachán” ionstraim reachtúil de réir na brí a thugtar le *halt 3* den Acht Léiriúcháin, 1937;

ciallaíonn “an lá bunaithe” an lá a cheapfaidh an tAire le hordú faoi *alt 9* chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo;

ciallaíonn “lá eisiata” lá ar Satharn, Domhnach nó lá saoire poiblí é (de réir na brí a thugtar leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997) nó aon lá eile a mbíonn príomhoifigí an údaráis áitiúil lena mbaineann dúnta;

léifear “feidhm feidhmiúcháin” de réir *alt 149*;

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairt do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairt do na cumhachtaí a fheidhmiú agus do na dualgais a chomhall;

ciallaíonn “comhchomhlacht”—

- (a) comhchoiste leabharlainne,
- (b) comhbhord siltin,
- (c) comhchoiste siltin,
- (d) comhbhord adhlactha,
- (e) comhchoiste adhlactha,
- (f) comhchoiste lena mbaineann *alt 52(5)*, nó
- (g) cibé comhlacht eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 144(7)*;

ciallaíonn “comhchoiste” comhchoiste a bhunófar faoi *Chuid 7*;

tá le “talamh” an bhrí a thugtar dó le hAcht 2000;

tá le “Leas-Chathaoirleach” an bhrí a thugtar dó le *halt 31*;

ciallaíonn “údarás áitiúil”—

- (a) comhairle contae,
- (b) comhairle cathrach,
- (c) comhairle baile;

ciallaíonn “buiséad údaráis áitiúil” buiséad a bheidh glactha faoi *alt 103(7)* agus déanfar “buiséad”, i ndáil le húdarás áitiúil, a léamh dá réir sin;

tá le “cruinniú buiséid údaráis áitiúil” an bhrí a thugtar dó le *halt 103*;

ciallaíonn “pobal áitiúil” daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil lena mbaineann agus, más iomchuí maidir le feidhm de chuid an údaráis, folaíonn sé daoine arb ó áiteanna lasmuigh den limistéar sin dóibh a úsáideann go rialta saoráidí de chineál sóisialach, eacnamaíoch, áineasa, cultúrtha nó de chineál eile arna soláthar ag an údarás;

tá le “coiste comhairleach áitiúil” an bhrí a thugtar dó le *halt 21* d’Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998;

ciallaíonn “toghchán áitiúil” toghchán faoi *Chuid 4*;

ciallaíonn “toghlimistéar áitiúil” limistéar dá dtagraítear in *alt 23* agus a ndéantar toghchán áitiúil faoina threoir;

tá le “Coimisiún Rialtais Áitiúil” an bhrí a thugtar dó le *Cuid 11*;

ciallaíonn “toghthóir rialtais áitiúil” duine atá i dteideal vótáil i dtoghchán áitiúil;

ciallaíonn “bainisteoir” bainisteoir chun críocha *alt 144*;

léifear “riarthóir cruinnithe” de réir *alt 46*;

folaíonn “comhalta”, i ndáil le húdarás áitiúil, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil;

tá le “gnáthlá scoir” an bhrí a thugtar dó le *halt 17*;

ciallaíonn “údarás poiblí”—

- (a) Aire den Rialtas,
- (b) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,
- (c) údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946,
- (d) (i) bord sláinte,
(ii) Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, nó
(iii) Bord Sláinte Limistéir arna bhunú faoin Acht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir), 1999;
- (e) bord nó comhlacht eile (ach gan cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999, a áireamh) arna bhunú le reacht nó faoi reacht,
- (f) cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999, ina bhfuil na scaireanna go léir ar seilbh—
 - (i) ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,
 - (ii) ag stiúrthóirí arna gceapadh ag Aire den Rialtas, nó
 - (iii) ag bord, cuideachta nó comhlacht eile dá dtagraítear i *mír (e)* nó i *bhfomhír (i)* nó *(ii)*,
- (g) cibé comhlacht eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire chun críocha aon fhorála den Acht seo;

ciallaíonn “fiosrúchán poiblí áitiúil” fiosrúchán arna dhéanamh faoi *Chuid 20* agus léifear “fiosrúchán” dá réir sin;

ciallaíonn “fógra poiblí”, i gcomhthéacs údaráis áitiúil, fógra arna fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil;

ciallaíonn “údarás rátúcháin”—

- (a) comhairle contae,

(b) comhairle cathrach, nó

(c) comhairle baile dá dtagraítear i gCuid 1 de Sceideal 6;

tá le “clár na dtoghthóirí” an bhrí a thugtar dó le *halt 24(1)*;

léifear “feidhm fhorchoimeáda” de réir *alt 131*;

tá le “buanorduithe”, i gcomhthéacs údaráis áitiúil, an bhrí a thugtar le *mír 16(1)* de *Sceideal 10*;

tá le “coiste um beartas straitéiseach” an bhrí a thugtar le *halt 48*;

ciallaíonn “déanamhas” aon fhoirgneamh, tógáil, déanamhas (lena n-áirítear déanamhas sochorraithe) tochailt nó rud eile a fhoirgnítear, a thógtar, a dhéantar nó a chuirtear, ar aon talamh, nó ann, nó faoi, nó aon chuid de dhéanamhas arna mhíniú amhlaidh agus, i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs é, foláíonn sé an talamh ar air, ann nó faoi atá an déanamhas suite;

forléireofar “comhairle baile” de réir *alt 11(4)(b)*.

(2) San Acht seo, déanfar tagairt don líon iomlán comhaltaí d’údarás áitiúil a léamh mar líon chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann mar a chinnfear é le *halt 21*.

(3) San Acht seo, ní fholaíonn tagairt do limistéir rialtais áitiúil ná do limistéar riaracháin údaráis áitiúil limistéar arna chur leis na limistéir sin nó leis an limistéar sin chun críocha toghcháin áitiúil, agus chun na gríoch sin amháin, faoi *alt 17* den Acht Rialtais Áitiúil, 1994.

(4) San Acht seo, déanfar tagairt do dhuine a bheith dícháilithe chun a thofa nó a tofa nó a chomhthofa nó a comhthofa chun údaráis áitiúil a léamh mar thagairt a fholaíonn dícháilíocht chun bheith ainmnithe lena thoghadh nó lena toghadh, nó lena chomhthoghadh nó lena comhthoghadh, chun údaráis áitiúil.

(5) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, déanfar tagairt d’uilechuimsitheacht shóisialach nó do chur chun cinn an chéanna a léamh mar thagairt a fholaíonn tagairt d’aon bheartas, cuspóir, beart nó gníomhaíocht atá ceaptha chun cur i gcoinne na bochtaineachta nó dealúis shóisialaigh eile nó chun rannpháirtíocht ag níos mó grúpaí imeallaithe i saol sóisialach, eacnamaíoch agus cultúrtha an phobail áitiúil a éascú.

(6) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

(a) aon tagairt d’alt, do Chaibidil, do Chuid nó do Sceideal, is tagairt í d’alt, do Chaibidil nó do Chuid den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, de réir mar a bheidh, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír, d’fhomhír, do chlásal nó d’fhochlásal, is tagairt í don fho-alt, don mhír, don fhomhír, don chlásal nó don fhochlásal den fhoráil (lena n-áirítear Sceideal) ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(7) San Acht seo, déanfar tagairt d'aon achtachán a léamh mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi, lena n-áirítear an tAcht seo.

Achtacháin a fhorléiriú.

3.—(1) Maidir le gach achtachán (lena n-áirítear aon fhoráil in Acht áitiúil, pearsanta nó príobháideach) agus gach ordú, rialachán, riail, fodhlí nó ionstraim nó comhaontú eile a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme aon fhorála den Acht seo, déanfar, lá thosach feidhme na forála sin agus dá éis, é nó í a léamh, agus beidh éifeacht leis nó léi, fara cibé modhnuithe is gá, mar ní lena dtugtar éifeacht don Acht seo nó d'ordú nó do rialacháin faoi agus mar ní lena bhfuil éifeacht i gcomhréir leis, ach sin faoi réir aon rialachán arna ndéanamh faoin alt seo.

(2) Maidir le tagairt in aon achtachán seachas an tAcht seo d'abairt atá luaite sa chéad cholún de *Sceideal 2* nó d'abairt dá samhail nó d'abairt chomhchosúil, léifear í, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt agus faoi réir aon rialachán arna ndéanamh faoin alt seo, mar thagairt don abairt chuí den Acht seo mar atá curtha in iúl sa dara colún den *Sceideal* sin os coinne na habairte sa chéad cholún.

(3) (a) Féadfaidh an tAire, nó aon Aire eile den Rialtas tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire, i leith aon achtacháin, aon ionstraim nó aon chomhaontú a bhaineann le nithe a bhfuil an tAire iomchuí freagrach i gcoitinne astu, rialacháin a dhéanamh chun a chumasú go mbeidh lánéifeacht le *fo-alt (1)*.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfar le rialacháin faoin bhfo-alt seo, i leith forála d'aon achtachán, d'aon ionstraim nó d'aon chomhaontú eile a bhaineann le haon fhoráil den Acht seo nó dá ndéanamh aon fhoráil den Acht seo difear ar shlí eile, foráil a dhéanamh maidir lena hoiriúnú, lena modhnú nó lena hoibriú a fhoirceannadh sa mhéid gur dóigh leis an Aire lena mbaineann gur gá nó gur fóirsteanach sin a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh éifeacht le haon fhoráil eile den sórt sin i gcomhréir leis an Acht seo nó le hordú nó le rialacháin a dhéanfar faoi.

(4) Ní fhéadfar rialacháin a dhéanamh faoin alt seo tar éis 3 bliana a bheith caite ón lá bunaithe.

Rialacháin, orduithe agus ordacháin.

4.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú nó chun a chumasú go mbeidh lánéifeacht le haon fhoráil.

(2) Gan dochar d'aon fhoráil eile den Acht seo, féadfar le rialachán nó le hordú faoin Acht seo foráil a dhéanamh maidir le cibé forálacha teagmhasacha, iarmhartacha, forlíontacha nó idirthréimhseacha (lena n-áirítear forálacha chun leanúnachas a áirithiú idir aon fhoráil den Acht seo agus aon fhoráil d'aon Acht nó ionstraim eile a aisghairtear, a chúlghairtear, a leasaítear nó dá ndéantar difear ar shlí eile leis an Acht seo nó le haon rialacháin nó ordú a dhéanfar faoi) is dóigh leis an Aire a bheidh ag déanamh an rialacháin nó an ordaithe a bheith cuí chun críocha an Achta seo nó aon rialachán nó ordaithe a dhéanfar faoi.

(3) Maidir le rialachán nó ordú faoin Acht seo—

- (a) féadfaidh feidhm a bheith aige maidir le húdarás áitiúla i gcoitinne, maidir le haon aicme nó aicmí údarás áitiúil a bheidh sonraithe sna rialacháin nó san ordú nó maidir le húdarás áitiúil ar leith a bheidh sonraithe amhlaidh,
 - (b) féadfaidh forálacha éagsúla a bheith ann i ndáil le húdarás áitiúla éagsúla nó i ndáil le codanna éagsúla de limistéar riaracháin údarás áitiúil,
 - (c) féadfar foráil a dhéanamh leis maidir leis an Aire do thabhairt ordachán (lena n-áirítear ordacháin lena leasaítear nó lena gcúlghairtear aon ordacháin den sórt sin).
- (4) (a) Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag *mír (c)*, déanfar gach ordú agus gach rialachán arna dhéanamh ag an Aire nó ag aon Aire eile den Rialtas faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.
- (b) Más rud é tar éis ordú nó rialachán a leagan faoi *mhír (a)* go ndéanfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi.
- (c) Níl feidhm ag *mír (a)* maidir le hordú ná le rialachán a cheanglaítear leis an Acht seo a cheadú ina dhréacht le rún ó dhá Theach an Oireachtais ná maidir le hordú faoi *alt 199(8)*.
- (5) Seachas ordú faoi *alt 7*, féadfaidh an tAire le hordú, aon ordú faoin Acht seo, lena n-áirítear ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.
- (6) (a) Féadfaidh an tAire le hordachán, ordachán arna thabhairt aige nó aici faoin Acht seo (lena n-áirítear ordachán faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a chúlghairm.
- (b) Déanfaidh duine dá dtabharfar ordachán faoin Acht seo an t-ordachán sin a chomhlíonadh.
- (7) Níl feidhm ag an alt seo maidir le hordú sealadach faoi *alt 72(1)*.

5.—(1) Déantar gach Acht atá sonraithe sa chéad cholún agus sa dara colún de *Chuid 1* de *Sceideal 3* a aisghairm a mhéid atá sonraithe sa tríú colún den Chuid sin os coinne na dtagairtí sa chéad cholún agus sa dara colún.

Aisghairm,
cúlghairm agus
leasú ar achtacháin.

(2) Déantar gach ordú atá sonraithe sa chéad cholún agus sa dara colún de *Chuid 2* de *Sceideal 3* a chúlghairm a mhéid atá sonraithe sa tríú colún den Chuid sin os coinne na dtagairtí sa chéad cholún agus sa dara colún.

(3) Déantar gach Acht atá sonraithe sa chéad cholún agus sa dara colún de *Sceideal 4* a leasú sa tslí atá luaite sa tríú colún den *Sceideal* sin os coinne na dtagairtí sa chéad cholún agus sa dara colún.

Cd.1 [Uimh. 37.] An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001. [2001.]

Cosaint. 6.—Maidir le haisghairm nó cúlghairm arna dhéanamh leis an Acht seo ar fhoráil d'aon achtachán a chuirtear chun feidhme le foráil d'aon achtachán eile nach n-aisghairtear ná nach gcúlghairtear amhlaidh, ní dhéanfaidh sí difear do chur chun feidhme na forála sin agus, dá réir sin, leanann an fhoráil chéadluaite d'fheidhm a bheith aici agus d'éifeacht a bheith léi chun críocha chur chun feidhme na forála sin.

Tosach feidhme. 7.—Tiocfaidh an tAcht seo (seachas Cuid 2, a ndéantar foráil le halt 9 di maidir le hordú um an lá bunaithe i leith na Coda sin, agus seachas alt 161 agus Caibidil 3 de Chuid 5, a ndéantar foráil maidir lena dteacht i ngníomh san alt sin agus sa Chaibidil sin, faoi seach) i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla agus chun an aisghairm, an cúlghairm agus an leasú a dhéantar ar achtacháin éagsúla nó ar fhorálacha éagsúla de na hachtacháin sin le halt 5 a dhéanamh.

Caiteachais. 8.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚLA

An lá bunaithe. 9.—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

Limistéir rialtais áitiúil. 10.—(1) Amhail ar an agus ón lá bunaithe agus chun críocha rialtais áitiúil, tá limistéir rialtais áitiúil ag an Stát de réir an ailt seo.

(2) Leanann an Stát de bheith roinnte ina limistéir rialtais áitiúil ar a dtabharfar contaetha agus cathracha arb iad na limistéir iad atá leagtha amach i gCodanna 1 agus 2, faoi seach, de Sceideal 5.

(3) Laistigh den chontae ina bhfuil siad suite agus ar cuid de iad, leanfaidh na limistéir rialtais áitiúil eile sin atá leagtha amach i Sceideal 6—

(a) ar limistéir iad ar a dtabharfar buirgí, i gcás na limistéir atá leagtha amach i gCaibidil 1 de Chuid 1 den Sceideal sin, agus

(b) ar limistéir iad ar a dtabharfar bailte, i gcás na limistéir atá leagtha amach i gCaibidil 2 de Chuid 1 agus i gCuid 2 den Sceideal sin,

de bheith ann agus san Acht seo folóidh tagairt do bhaile tagairt do bhuirg.

(4) (a) Maidir le teorainneacha contae dá dtagraítear i bhfo-alt (2) is iad teorainneacha an chontae chomhréirigh iad mar a bheidh siad díreach roimh an lá bunaithe agus, chun na críche sin, is iad Tiobraid Árann Thuaidh agus Tiobraid Árann Theas na contaetha a bheidh comhréireach le

Tiobraid Árann, An Trian Thuaidh agus Tiobraid Árann, an Trian Theas, faoi seach.

- (b) Maidir le teorainneacha cathrach dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* is iad teorainneacha na contaebhuirge comhréirí iad mar a bheidh siad díreach roimh an lá bunaithe.
- (c) Maidir le teorainneacha baile dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* is iad teorainneacha na buirge comhréirí iad, an cheantair uirbigh chomhréirigh iad nó an bhaile chomhréirigh iad, de réir mar a bheidh, mar a bheidh siad díreach roimh an lá bunaithe.

(5) Chun críocha an ailt seo, maidir leis na léarscáileanna go léir, ar a bhfuil na teorainneacha sin taispeánta, arna n-ullmhú ag an bPríomh-Shuirbhéir Teorann faoi na *Survey (Ireland) Acts, 1825* go 1870, nó ag an gCoimisinéir Luachála nó ar shlí eile de réir dlí, leanann siad den fheidhm sin go léir a bheith acu agus den éifeacht sin go léir a bheith leo a bhí acu agus leo díreach roimh an lá bunaithe.

(6) Ní dochar an t-alt seo do *Chodanna 8* agus *17* agus *d'alt 227*.

(7) Ní dochar an t-alt seo d'úsáid leanúnach na tuairisce cathair i ndáil le Cill Chainnigh, a mhéid a úsáideadh an tuairisc sin roimh an lá bunaithe agus nach bhfuil sí ar neamhréir ar shlí eile leis an Acht seo.

11.—(1) Amhail ar an agus ón lá bunaithe agus chun críocha rialtais áitiúil, beidh údarás áitiúil de réir mar a fhoráiltear san alt seo ag gach ceann de na limistéir dá dtagraítear in *alt 10*.

Bunú, teidil agus limistéir riaracháin údarás áitiúil agus forálacha iarmhartacha.

(2) Leanann comhlacht de bheith arna bhunú faoin alt seo do gach contae nó cathair atá leagtha amach i *Sceideal 5* chun críocha rialtais áitiúil agus is údarás áitiúil gach comhlacht den sórt sin agus maidir le gach contae nó cathair den sórt sin is é nó is í limistéar riaracháin an chomhlachta é nó í.

(3) Is iad na húdaráis áitiúla dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* na príomhaonaid rialtais áitiúil agus is éard a thabharfar orthu—

- (a) i gcás contae atá leagtha amach i *gCuid 1* de *Sceideal 5*, ainm an chontae sin agus na focail “Comhairle Contae” roimhe, agus
- (b) i gcás cathrach atá leagtha amach i *gCuid 2* de *Sceideal 5*, ainm na cathrach sin agus na focail “Comhairle Cathrach” roimhe.

(4) (a) Leanann comhlacht de bheith arna bhunú faoin alt seo do gach ceann de na bailte atá leagtha amach i *Sceideal 6* chun críocha rialtais áitiúil agus is údarás áitiúil gach comhlacht den sórt sin agus maidir le gach baile den sórt sin is é limistéar riaracháin an chomhlachta é.

- (b) Is éard a thabharfar ar údarás áitiúil gach ceann de na bailte atá leagtha amach i *Sceideal 6* ainm an bhaile agus—
 - (i) i gcás baile atá leagtha amach i *gCaibidil 1* de *Chuid 1* den *Sceideal* sin, na focail “Comhairle Buirge” roimhe, agus

- (ii) in aon chás eile, na focail “Comhairle Baile” roimhe, agus forléireofar tagairtí san Acht seo do “comhairle baile” dá réir sin.
- (5) (a) Maidir le húdarás áitiúil lena mbaineann *fo-alt* (3) nó (4), tabharfar comhairleoir ar gach comhalta (is comhalta a bheidh dírthofa nó comthofa de réir an Achta seo) agus is éard a bheidh i gcomhairle thofa an údaráis áitiúil gach comhalta i dteannta a chéile.
- (b) Beidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thogfar de réir *Chuid 5* ag gach údarás áitiúil.
- (6) Chun críocha feidhmeanna a thugtar do chomhairle leis an achtachán seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi—
- (a) tá dlínse ag comhairle contae ar fud a limistéir riaracháin seachas i leith cibé feidhmeanna atá dílsithe le dlí d’aon chomhairle baile, a bhfuil a limistéar riaracháin suite sa chontae lena mbaineann, ach sin gan dochar *d’alt 70*,
- (b) tá dlínse ag comhairle cathrach ar fud a limistéir riaracháin,
- (c) faoi réir *mhír (a)*, tá dlínse ag comhairle baile ar fud a limistéir riaracháin.
- (7) Maidir le húdarás áitiúil lena mbaineann *fo-alt* (3) nó (4)—
- (a) leanfaidh sé de bheith ina chomhlacht corpraithe a bhfuil comharbas suthain aige agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha ina ainm corpraithe agus beidh cumhacht aige chun talamh nó aon leas i dtalamh a fháil, a shealbhú, a bhainistiú, a chothabháil agus a dhiúscairt,
- (b) beidh séala aige ar a dtabharfar aird bhreithiúnach agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a éileoidh gur ionstraim é a rinne sé agus a bheith séalaithe lena shéala (a éileoidh a bheith fíordheimhnithe de réir *fho-alt* (8)) agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura suffear a mhalairt.
- (8) Déanfar an séala dá dtagraítear i *bhfo-alt* (7)(b) a fhíordheimhniú le síniú an Chathaoirligh nó le síniú fostaí den údarás a bheidh ainmnithe i scríbhinn chun na críche sin ag an mbainisteoir tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach.
- (9) Aon séala a bheidh á úsáid ag údarás áitiúil lena mbaineann an t-alt seo díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh sé den fheidhm sin go léir a bheith aige agus den éifeacht sin go léir a bheith leis a bhí aige agus leis díreach roimh an lá sin.
- (10) D’ainneoin *fho-alt* (9), aon tráth tar éis an lae bunaithe féadfaidh údarás áitiúil lena mbaineann an t-alt seo séala nua a sholáthar dó féin ar a dtabharfar aird bhreithiúnach agus tá feidhm ag *fo-alt* (7), ó thaobh luach fianaiseach an tséala de, maidir leis an séala sin freisin.
- (11) D’ainneoin achtacháin a aisghairm a bhaineann le bunú agus le comhdhéanamh comhairle contae, bardais contaebhuirge, bardais buirge (seachas bardas contaebhuirge), comhairle ceantair uirbigh nó

coimisinéirí baile a bheidh ar marthain díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh an céanna de bheith ar marthain ach sin faoi réir na bhforálacha den Acht seo a bhfuil feidhm acu agus éifeacht leo.

(12) Tá feidhm ag *fo-alt (11)* agus tá éifeacht leis i ndáil leis na comhlachtaí atá luaite san *fho-alt* sin a bheith ag leanúint ar marthain d'ainneoin aon athrú arna thabhairt i gcrích leis an Acht seo ar ainm corpraithe aon chomhlachta den sórt sin nó ar a stádas nó a chomhdhéanamh corpraithe agus leanfaidh na feidhmeanna a dílsíodh don chomhlacht sin le haon achtachán de bheith dílsithe amhlaidh, faoi réir fhorálacha an Achta seo.

(13) Maidir le tagairt in aon achtachán eile nó i ndoiciméad eile d'údarás áitiúil (is údarás áitiúil a leanann de bheith arna bhunú) faoin ainm a raibh feidhm aige sular athraíodh é faoin Acht seo, léifear í mar thagairt don chomhlacht sin arna athainmniú.

(14) Maidir le gach gníomh a bheidh déanta agus breith a bheidh tugtha ag údarás áitiúil (a leanann de bheith arna bhunú faoin alt seo) roimh an lá bunaithe, cibé acu le rún, le hordú bainisteora nó ar shlí eile, leanfaidh sé, faoi réir an Achta seo, den fheidhm sin go léir a bheith aige agus den éifeacht sin go léir a bheith leis a bhí aige agus leis díreach roimh an lá sin.

(15) (a) Maidir leis an talamh agus leis an maoin eile agus na cearta go léir a bhaineann leo, a bhí, roimh an lá bunaithe, dílsithe d'údarás áitiúil nó ar seilbh ag údarás áitiúil a leanann de bheith arna bhunú faoin alt seo, leanann gach ceann acu, faoi réir fhorálacha an Achta seo, de bheith dílsithe amhlaidh nó ar seilbh ag an údarás sin go feadh an eastáit, an chirt, an teidil nó an leasa chéanna agus féadfar é nó í a dhiúscairt de réir *Chuid 16*.

(b) Ní dochar *mír (a)* do ghinearáltacht *fho-alt (14)*.

(16) Faoi réir an Achta seo, leanfaidh cairteacha ríoga agus litreacha paitinne a bhaineann le húdarás áitiúla d'fheidhm a bheith acu chun críocha searmanais agus chun críoch gaolmhar de réir an traidisiúin chathartha áitiúil ach scoirfidh siad d'éifeacht a bheith leo thairis sin.

(17) (a) Ní dochar an t-alt seo *d'alt 73*, do *Chuid 17* nó *21*.

(b) Ní dochar *fo-alt (6)* do *Chuid 10*.

CUID 3

COMHALTAS ÚDARÁIS ÁITIÚIL

12.—Faoi réir *alt 14* agus na ndíreachaíochtaí atá leagtha amach in *alt 13* agus faoi réir na bhforálacha *d'alt 19* a bhaineann le comhthoghadh, tá duine cáilithe chun a thofa nó a tofa nó chun a chomhthofa nó a comhthofa chun údarás áitiúil, agus chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil, más rud é gur saoránach d'Éirinn é nó í nó go bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát agus go bhfuil nó go mbeidh 18 mbliana slánaithe aige nó aici—

Cáilitheacht chun comhaltas a shealbhú in údarás áitiúil.

(a) an lá vótaíochta i dtoghchán áitiúil nó roimhe, nó

- (b) más rud é nach mbeidh aon vótaíocht ann, an lá is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh sa toghchán nó roimhe, nó lá an chomhthofa chun údaráis áitiúil nó roimhe.

Dícháilíochtaí chun comhaltas a shealbhú in údarás áitiúil.

13.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, tá duine dícháilithe chun bheith tofa nó comhthofa chun údaráis áitiúil, nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil más rud é—

- (a) gur comhalta de Choimisiún an Chomhphobail Eorpaigh é nó í, nó
- (b) gur ionadaí i bParlaimint na hEorpa é nó í, nó
- (c) gur Breitheamh, Abhcóide Ginearálta nó Cláraitheoir de Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh é nó í, nó
- (d) gur comhalta de Chúirt Iniúcháirí an Chomhphobail Eorpaigh é nó í, nó
- (e) gur Aire den Rialtas nó Aire Stáit é nó í nó gurb é nó í cathaoirleach Dháil Éireann (An Ceann Comhairle), nó cathaoirleach Sheanad Éireann é nó í, nó
- (f) go gceapfar faoin mBunrecht ina Bhreitheamh nó ina Breitheamh nó ina Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó ina hArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste é nó í, nó
- (g) gur comhalta den Gharda Síochána nó comhalta lánaimseartha d'Óglaiigh na hÉireann mar a mhínítear in alt 11(4)(b) den Acht Toghcháin, 1992, é nó í, nó
- (h) gur státseirbhíseach é nó í nach gceadaítear dó nó di go sainráite le téarmaí fostaíochta a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil, nó
- (i) gur duine a bheidh fostaithe ag údarás áitiúil é nó í, agus nach sealbhóir é nó í ar aicme, tuairisc nó grád fostaíochta a bheidh ainmnithe le hordú faoi *alt 161(I)(b)* nó le hordú a mheastar a rinneadh faoin alt sin, nó
- (j) go mbeidh pianbhreith phríosúnachta ar feadh aon téarma is faide ná 6 mhí arna forchur ag cúirt dlínse inniúla sa Stát á fulaingt aige nó aici, nó
- (k) go mainneoidh sé nó sí aon suim nó aon pháirt d'aon suim arna muirearú nó arna formhuirearú, ag iniúcháir cuntas aon údaráis áitiúil, ar an duine sin nó i gcoinne an duine sin a íoc, nó
- (l) go mainneoidh sé nó sí breithiúnas críochnaitheach, ordú críochnaitheach nó foraithe chríochnaitheach ó chúirt dlínse inniúla, chun airgead a íoc atá dlite d'aon údarás áitiúil, a chomhlíonadh, nó
- (m) go gciontófar é nó í i gcion nó go mbeidh ciontú air nó uirthi mar gheall ar chion daingnithe ar achomharc, is cion a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:
- (i) déileálacha calaoiseacha nó mímhacánta a dhéanann difear d'údarás áitiúil;

(ii) cleachtas éillitheach;

(iii) gníomhú le linn dó nó di a bheith dícháilithe.

(2) (a) Tosóidh dícháilíocht a éiríonn faoi *fho-alt (1)(k)*—

(i) i gcás nach ndéanfar aon achomharc, ar an teorainn ama le haghaidh achomhairc a bheith caite, nó

(ii) i gcás ina ndéanfar achomharc chuig an Aire nó chuig an Ard-Chúirt, ar aon mhí amháin a bheith caite ó dháta ordaithe lena ndaingneofar an muirear nó an formhuirear,

agus mairfidh an dícháilíocht ar feadh 5 bliana ón dáta a thosóidh sí.

(b) Tíocfaidh dícháilíocht a éiríonn faoi *fho-alt (1)(l)* in éifeacht an seachtú lá i ndiaidh an lae dheireanaigh chun an breithiúnas críochnaitheach iomchuí, an t-ordú críochnaitheach iomchuí nó an fhoraithe chríochnaitheach iomchuí a chomhlíonadh agus mairfidh an dícháilíocht ar feadh 5 bliana ón lá deiridh sin.

(c) Tosóidh dícháilíocht a éiríonn faoi *fho-alt (1)(m)*—

(i) i gcás nach ndéanfar achomharc i gcoinne an chiontaithe, an tráth a bheidh an teorainn ama chun achomharc a dhéanamh thart, nó

(ii) i gcás ina ndéanfar achomharc i gcoinne an chiontaithe agus go ndícheadófar an t-achomharc, aon mhí amháin ón tráth a chinnfear an t-achomharc,

agus mairfidh an dícháilíocht ar feadh 5 bliana ó dháta an chiontaithe nó ón dáta a chinnfear an t-achomharc, de réir mar a bheidh.

(3) Ní oibríonn aon ní san alt seo chun dochar a dhéanamh d'aon dícháilíocht dá dtagraítear in *alt 182* nó in *alt 20* den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Sintíúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, nó in aon achtachán eile.

14.—(1) Ní dhéanfaidh duine comhaltas a shealbhú go comhuaineach— Toirmeasc ar ilchomhaltas d'údaráis áitiúla.

(a) i níos mó ná aon údarás áitiúil amháin den aicme chéanna, nó

(b) i gcomhairle cathrach agus i gcomhairle baile.

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar gurb éard a bheidh in údaráis áitiúla an 2 aicme seo a leanas:

(a) comhairlí contae agus comhairlí cathrach;

(b) comhairlí baile.

Gníomhú le linn a bheith dícháilithe ina chion.

15.—(1) Tá duine ciontach i gcion má ghníomhaíonn sé nó sí go feasach mar chomhalta d’údarás áitiúil le linn dó nó di bheith dícháilithe, nó má vótálann sé nó sí go feasach le linn dó nó di a bheith toirmisceithe le haon achtachán nó faoi aon achtachán.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi in aghaidh gach ciona den sórt sin.

(3) Féadfaidh toghthóir rialtais áitiúil nó údarás áitiúil ionchúiseamh a dhéanamh i leith ciona faoin alt seo.

(4) Ní dochar an t-alt seo d’aon dícháilíocht nó pionós eile a éiríonn as bearta an duine lena mbaineann.

Comhaltas a scor.

16.—(1) Scoireann duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’údarás áitiúil agus éiríonn corrfholúntas ina chomhaltas láithreach ar theacht dó nó di chun bheith dícháilithe chun comhaltas d’údarás áitiúil a shealbhú faoi *alt 13* nó *182*, nó faoi alt 20 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Sintíúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999.

(2) Nuair a scoirfidh duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’údarás áitiúil faoin alt seo scoirfidh sé nó sí freisin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’aon chomhlacht—

(a) a ndearna údarás áitiúil é nó í a thoghadh, a ainmniú nó a cheapadh chuige, nó

(b) ar chomhalta de é nó í de bhua é nó í a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’údarás áitiúil.

(3) Ní léifear aon ní i *bhfo-alt (1)* nó (2) ar shlí a dhéanfaidh difear do bhailíocht aon ní arna dhéanamh roimhe sin ag an duine le linn dó nó di bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil nó den chomhlacht lena mbaineann.

(4) Tá duine lena mbaineann dícháilíocht dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* dícháilithe amhlaidh chun bheith nó chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’aon choiste, d’aon chomhchoiste nó d’aon chomh-chomhlacht.

Téarma oifige.

17.—(1) San alt seo—

tá le “comhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ag teacht in oifig” an bhrí a thugtar i *bhfo-alt (3)(b)*;

ciallaíonn “gnáthlá scoir”, i ndáil leis na comhaltaí d’údarás áitiúil a bheidh ag dul as oifig—

(a) an seachtú lá tar éis an lae vótaíochta sa toghchán do na comhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ag teacht in oifig, nó

(b) más rud é, maidir leis an vótaíocht d’aon toghlimistéar áitiúil de chuid an údaráis áitiúil nó d’aon stáisiún vótaíochta sa toghchán do na comhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ag teacht in oifig, go ndéanfar ar aon chúis í a chur ar ceal, a stopadh nó a chur ar atráth, an seachtú lá tar éis an lae a chríochnófar an vótaíocht nó a dhéanfar an vótaíocht úr.

(2) Faoi réir an Achta seo, déanfaidh na comhaltaí d'údarás áitiúil oifig a shealbhú go dtí an chéad ghnáthlá scoir eile agus scoirfidh siad le chéile an lá sin mar a fhoráiltear leis an alt seo.

(3) An gnáthlá scoir—

(a) scoirfidh gach duine de na comhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ag dul as oifig, agus

(b) tiocfaidh gach duine a thoghfad sa toghchán in oifig mar chomhalta den údarás áitiúil (dá ngairtear na “comhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ag teacht in oifig” i dteannta a chéile san alt seo).

(4) Leanfaidh téarma oifige comhalta d'údarás áitiúil go dtí an chéad ghnáthlá scoir eile do chomhaltaí den údarás áitiúil, mura tuisce a éagfaidh an comhalta sin, a éireoidh sé nó sí as oifig, a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe, a chuirfear as oifig é nó í nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil.

18.—(1) Féadfaidh comhalta d'údarás áitiúil éirí as comhaltas trí fhógra i scríbhinn arna shíniú aige nó aici agus arna sheachadadh ar phríomhoifigí an údaráis áitiúil. Éirí as comhaltas.

(2) Scoirfidh duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil—

(a) an dáta a mbeidh sé sonraithe ina leith san fhógra gurb é an dáta éirí as é, nó

(b) i gcás nach mbeidh aon dáta sonraithe, ar an bhfógra a fháil,

agus tarlóidh corrfholúntas dá réir sin i gcomhaltas an údaráis áitiúil.

(3) Aon duine a éireoidh as comhaltas d'údarás áitiúil faoin alt seo scoirfidh sé nó sí freisin, ar éirí as dó nó di amhlaidh, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon chomhlacht—

(a) a ndearna an t-údarás áitiúil é nó í a thoghadh, a ainmniú nó a cheapadh chuige, nó

(b) ar comhalta de é nó í de bhua é nó í a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil.

(4) (a) Measfar gur éirigh duine as comhaltas d'údarás áitiúil i gcás ina mbeidh an duine as láthair ó gach cruinniú den údarás ar feadh tréimhse leanúnaí 6 mhí as a chéile (“an tréimhse iomchuí”) ón dáta (“an dáta iomchuí”) a d'fhreastail sé nó sí go deireanach ar chruinniú den údarás.

(b) níl feidhm ag *mír (a)* más rud é gur tharla an asláithreacht—

(i) de dheasca tinnis, nó

(ii) de mheon macánta ar chúis eile,

agus, i gceachtar cás, gur asláithreacht í a mbeidh glactha ag an údarás áitiúil léi agus a bheidh ceadaithe le rún

faoin mír seo roimh dheireadh na tréimhse iomchuí, agus sa chás sin beidh an tréimhse arna fadú go 12 mhí ón dáta iomchuí.

(c) I gcás ina rithfear rún faoi *mhír (b)* agus go leanfaidh an tréimhse leanúnach asláithreachta gan bhriseadh—

(i) de dheasca tinnis, nó

(ii) de mheon macánta ar chúis eile,

agus, i gceachtar cás, go a mbeidh glactha ag an údarás áitiúil léi agus go mbeidh sí ceadaithe le rún faoin mír seo roimh dheireadh na tréimhse iomchuí arna fadú faoi *mhír (b)*, ansin beidh an tréimhse arna fadú go 18 mí ón dáta iomchuí.

(d) Tarlaíonn corrfholúntas faoin bhfo-alt seo—

(i) i gcás *mhír (a)*, an chéad lá eile tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí,

(ii) i gcás *mhír (b)*, an chéad lá eile tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí arna fadú faoin mír sin, nó

(iii) i gcás *mhír (c)*, an chéad lá eile tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí arna fadú go 18 mí faoin mír sin.

(5) Measfar, chun críocha *fho-alt (4)*, gurb ionann freastal mar chomhalta ar chruinniú d'aon choiste nó d'aon chomhchoiste nó d'aon chomh-chomhlacht de chuid an údaráis agus freastal ar chruinniú den údarás.

Corrfholúntais.

19.—(1) Tarlaíonn corrfholúntas i gcomhaltas údaráis áitiúil—

(a) i gcás ina bhfuil feidhm ag *alt 16(1)*,

(b) ar éag nó ar éirí as (lena n-áirítear éirí as a measfar gur éirí as é de bhua *alt 18(4)*) do chomhalta d'údarás áitiúil,

(c) sna himthosca sin atá leagtha amach in Airteagail 25, 28 agus 124 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995),

(d) i cibé imthosca a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 27*, nó

(e) sna himthosca sin dá dtagraítear in alt 15(1) den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974.

(2) Is é dualgas an riarthóra cruinnithe é, ar theacht ar an eolas dó nó di gur tharla nó go bhféadfadh sé gur tharla corrfholúntas, é a chur in iúl do chomhaltaí an údaráis áitiúil i scríbhinn.

(3) (a) Déanfar corrfholúntas a líonadh trí chomhthoghadh duine ag an údarás áitiúil chun an folúntas a líonadh agus, ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag *mír (c)* nó *(d)* nó *(e)* d'*fho-alt (1)*, faoi réir an duine sin a bheith ainmnithe ag an bpáirtí polaitíochta cláraithe céanna a rinne an comhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas a ainmniú lena

thoghadh nó lena toghadh nó lena chomhthoghadh nó lena comhthoghadh.

(b) Más rud é gurbh iarrthóir neamhpháirtí tráth a thofa nó a tofa chun an údaráis áitiúil é an duine is cúis leis an gcorrholúntas, líonfar an folúntas trí chomhthoghadh duine ag an údarás áitiúil chun an folúntas a líonadh (ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag *mír (c)* nó *(d)* nó *(e)* *d'fho-alt (1)*) de réir cibé ceanglas agus nósanna imeachta a bheidh leagtha amach ina bhuanorduithe.

(c) Déanfaidh údarás áitiúil, le linn dó buanorduithe a dhéanamh, breithniú maidir le forálacha a chur iontu chun críocha *mhír (b)*.

(4) (a) Maidir le comhthoghadh, déanfar é tar éis fógra chuí, ag an gcéad chruinniú eile den údarás áitiúil tar éis 14 lá a bheith caite ó tharla an folúntas nó a luaithe tar éis an 14 lá a bheith caite agus is indéanta de réir na n-imthosca.

(b) San fho-alt seo, ciallaíonn “fógra cuí” fógra 3 lá glan ar a laghad arna thabhairt i scríbhinn do gach comhalta den údarás áitiúil.

(5) Ní dhéanfar duine a mholadh ag cruinniú den údarás áitiúil lena chomhthoghadh nó lena comhthoghadh gan a thoiliú nó a toiliú a fháil i scríbhinn roimh ré.

(6) Beidh duine a chomhthoghfad chun corrholúntas a líonadh ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil go dtí an chéad ghnáthlá scoir eile do chomhaltaí den údarás áitiúil sin mura túisce a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta.

20.—(1) Ní chuirfear gníomhartha, breitheanna agus imeachtaí údaráis áitiúil ó bhail mar gheall ar fholúntas nó folúntais ina chomhaltas nó mar gheall ar dhícháilíocht nó easpa cáilíochta aon duine dá chomhaltaí agus mar gheall air sin amháin. Cosaint (*Cuid 3*).

(2) Ní dochar *fo-alt (1)* do cheanglais *mhír 11* de *Sceideal 10* i leith an chóraithe do chruinniú d'údarás áitiúil.

(3) Aon duine a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, ar agus ón lá sin, faoi réir an Achta seo agus dá réir.

(4) Aon duine lena mbaineann *fo-alt (3)* agus ar seanóir é nó í, leanfaidh an teideal sin de bheith air nó uirthi go dtí an chéad ghnáthlá scoir eile tar éis thosach feidhme na forála seo, nó go dtí go scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil, cibé acu is luaithe.

21.—(1) Faoi réir *alt 22* agus gan dochar *d'alt 40(7)*, is éard atá i ngach comhairle contae agus i ngach comhairle cathrach an líon comhaltaí atá sonraithe i *gCodanna 1* agus *2*, faoi seach, de *Sceideal 7* os coinne na tagartha don chomhairle contae nó don chomhairle cathrach lena mbaineann. Líon comhaltaí d'údaráis áitiúla, etc.

(2) (a) 12 chomhalta an líon comhaltaí de chomhairle baile dá dtagraítear i *gCuid 3* de *Sceideal 7*.

(b) Faoi réir *alt 22(5)*, 9 gcomhalta an líon comhaltaí d'aon chomhairle baile eile.

(3) Gan dochar do *mhír 11* de *Sceideal 10*, i gcás ina bhforáiltear le foráil den Acht seo gur gá, i ndáil le haon ghníomh ar leith a dhéanamh, cion sonraithe ar a laghad den líon iomlán comhaltaí d'údarás áitiúil, ansin i gcás inarb éard atá i gcion den sórt sin slánuimhir agus fuilleach, is leor an tslánuimhir inti féin.

Líon comhaltaí d'údarás áitiúil a athrú.

22.—(1) (a) Féadfaidh comhairle contae nó comhairle cathrach le rún togra (dá ngairtear “togra” san alt seo) a ghlacadh chun an líon comhaltaí den chomhairle sin a athrú.

(b) Sonrófar i dtogra faoi *mhír (a)* agus i bhfógra poiblí faoi *mhír (d)* an líon reatha comhaltaí den údarás agus an líon a mbeartaítear é a athrú dá réir agus cibé acu a bheartaítear é a athrú trína mhéadú nó trína laghdú.

(c) Chun togra a ghlacadh faoi *mhír (a)*, is gá go vótálfadh a leath ar a laghad de líon iomlán comhaltaí an údaráis i bhfabhar an rúin.

(d) Sula ndéanfaidh an t-údarás áitiúil togra a ghlacadh, iarrfaidh sé ar an bpobal, trí fhógra poiblí, aighneachtaí a dhéanamh maidir leis agus déanfaidh an t-údarás aon aighneachtaí a gheofar a bhreithniú.

(e) Tar éis rún a ghlacadh faoin bhfo-alt seo, féadfaidh údarás áitiúil iarratas a dhéanamh chun an Aire ar athrú i líon na gcomhaltaí.

(2) I gcás ina mbeidh iarratas déanta go cuí chun an Aire faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire le hordú an líon comhaltaí den chomhairle contae nó den chomhairle cathrach lena mbaineann a athrú, cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar an t-athrú go feadh an mhéid a bhí beartaithe.

(3) (a) Sula dtabharfaidh an tAire breith i dtaobh an ndéanfaidh sé nó sí ordú faoi *fho-alt (2)*, iarrfaidh sé nó sí ar an gCoimisiún Rialtais Áitiúil tuarascáil a ullmhú maidir leis an iarratas agus tá feidhm ag *Cuid 11* maidir le hiarraidh agus le tuarascáil den sórt sin.

(b) Féadfaidh an Coimisiún Rialtais Áitiúil a mholadh go ndéanfaí athrú ar shlí seachas de réir an iarratais chun an Aire nó nach ndéanfaí aon athrú.

(c) Áireofar i dtuarascáil arna hullmhú faoi *mhír (a)* cibé moltaí a mheasfaidh an Coimisiún Rialtais Áitiúil a bheith cuí i ndáil le toghlimistéir áitiúla a athrú faoi *alt 23* agus i ndáil leis an líon comhaltaí a bheidh sannta do gach ceann acu.

(4) Ní bheidh feidhm ag ordú faoi *fho-alt (2)* maidir le haon toghcháin áitiúla a tharlóidh laistigh de 6 mhí ó thráth déanta an ordaithe ach beidh feidhm aige maidir le haon toghcháin áitiúla dá éis sin.

(5) (a) Féadfaidh comhairle baile lena mbaineann *alt 21(2)(b)* le rún togra a ghlacadh chun líon comhaltaí na comhairle sin a athrú go 12 chomhalta i gcás inar mó ná 15,000

duine daonra an bhaile lena mbaineann mar a bheidh taispeánta sa daonáireamh is déanaí.

(b) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* go (4) fara aon mhodhnuithe is gá chun críocha an fho-ailt seo.

(6) Ní dhéanfar iarratas faoin alt seo chun an Aire laistigh de 5 bliana ón tráth a thabharfaidh an tAire breith ar aon iarratas arna dhéanamh roimhe sin ag an údarás áitiúil lena mbaineann.

CUID 4

TOGHCHÁIN ÁITIÚLA

23.—(1) Faoi réir *fho-alt (7)*, féadfaidh an tAire le hordú—

Toghlímistéir áitiúla.

(a) contae, cathair nó baile a roinnt ina thoghlímistéir áitiúla nó ina thoghlímistéir áitiúla, agus

(b) i leith chomhaltaí an údaráis áitiúil, líon na gcomhaltaí a bheidh le toghadh do gach toghlímistéir áitiúil a shocrú.

(2) Maidir leis an líon comhaltaí d'údarás áitiúil lena mbaineann ordú faoin alt seo a bheidh le toghadh i dtoghchán comhaltaí den údarás áitiúil a dhéanfar tar éis an t-ordú a dhéanamh do gach toghlímistéir áitiúil a bheidh sonraithe san ordú, is éard a bheidh ann, gan dochar d'aon ordú dá éis sin, an líon a shocrófar leis an ordú don toghlímistéir áitiúil.

(3) Más rud é, ar thosach feidhme na forála seo, go mbeidh ordú i bhfeidhm lena roinntear contae, cathair nó baile ina thoghlímistéir áitiúla nó ina thoghlímistéir áitiúla nó lena socraítear líon na gcomhaltaí do gach toghlímistéir áitiúil, leanfaidh an t-ordú i bhfeidhm i ndáil leis an gcontae, leis an gcathair nó leis an mbaile agus measfar gur ordú faoin alt seo é agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

(4) Féadfaidh an tAire le hordú, i leith aon toghlímistéir áitiúil i gcontae, i gcathair nó i mbaile—

(a) aon roinnt arna déanamh le hordú faoin alt seo, lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo nó ordú a meastar le *fo-alt (3)* gur ordú faoin alt seo é, a leasú, a mhodhnú, nó a chúlghairm, nó

(b) an líon comhaltaí den údarás áitiúil a bheidh le toghadh do thoghlímistéir áitiúil de bhua ordú faoin alt seo, lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo nó ordú a meastar le *fo-alt (3)* gur ordú faoin alt seo é, a athrú.

(5) Beidh éifeacht ar dtús le hordú faoin alt seo chun críche an toghcháin do chomhaltaí den údarás áitiúil is túsce a dhéanfar tar éis an t-ordú a dhéanamh.

(6) Faoi réir *fho-ailt (1)* go (5), i ngach toghchán do chomhaltaí aon chomhairle de chuid baile nach mbeidh roinnte ina thoghlímistéir áitiúla, beidh aon toghlímistéir amháin ann, arb éard é (faoi réir rialachán arna ndéanamh faoi alt 17 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, a choimeádtar i bhfeidhm de bhua *alt 30(1)*) limistéir an bhaile sin agus déanfar gach comhalta den sórt sin a toghadh don toghlímistéir áitiúil sin.

- (7) (a) Sula dtabharfaidh an tAire breith i dtaobh an ndéanfaidh sé nó sí ordú faoin alt seo, iarrfaidh sé nó sí ar an gCoimisiún Rialtais Áitiúil tuarascáil a ullmhú i leith an chontae, na cathrach nó an bhaile iomchuí agus tá feidhm ag *Cuid II* maidir le hiarraidh agus le tuarascáil den sórt sin.
- (b) Le linn don Aire breithniú a dhéanamh maidir le hiarraidh faoi *mhír (a)* a dhéanamh, féadfaidh sé nó sí aird a bheith aige nó aici ar mhéid na n-athruithe daonra i dtoghlimistéir áitiúla laistigh de chontaetha agus de chathracha mar a bheidh taispeánta sa tuarascáil daonáirimh is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh—
- (i) ina mbeidh daonra an Stáit leagtha amach, agus é aicmithe de réir limistéir, agus
- (ii) a bheidh foilsithe tar éis daonáirimh.
- (c) Ní bheidh forálacha ordaithe arna dhéanamh faoin alt seo éagsúil in aon phonc ábhartha le moltaí an Choimisiúin Rialtais Áitiúil i leith an chontae, na cathrach nó an bhaile iomchuí mura deimhin leis an Aire go bhfuil cúiseanna substaintiúla ann déanamh amhlaidh agus beidh na cúiseanna leis an éagsúlacht sin leagtha amach san ordú sin.

(8) Faoi réir *Chuid 8*, déanfar tagairt do bhaile faoin alt seo a léamh mar thagairt do limistéar an bhaile sin arna athrú chun críocha toghcháin áitiúil, agus chun na gcríoch sin amháin, le halt 17 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus le rialacháin arna ndéanamh faoi.

Ceart vótála i dtoghcháin áitiúla.

24.—(1) Chun críocha an ailt seo agus faoi réir na Coda seo agus rialachán arna ndéanamh fúithi, gach duine a mbeidh a ainm nó a hainm ar chlár na dtoghthóirí rialtais áitiúil arna ullmhú faoi *Chuid II* den Acht Toghcháin, 1992, agus a bheidh i bhfeidhm, de thuras na huairé, do thoghlimistéar áitiúil (dá ngairtear “clár na dtoghthóirí” san Acht seo) beidh sé nó sí i dteideal vótáil sa vótaíocht i dtoghchán áitiúil sa limistéar sin.

(2) Glacfar leis go bhfuil ainm duine ar chlár na dtoghthóirí má tá ainm ann ar dóigh leis an gceann comhairimh nó leis an oifigeach ceannais go raibh sé ceaptha dó gurbh é ainm an duine é.

(3) Ní cheanglófar in aon imeacht dlí ar aon duine a vótáil i dtoghchán áitiúil a insint cé dó nó di ar vótáil sé nó sí.

(4) Maidir le duine—

(a) a bheidh cláraithe i gclár na dtoghthóirí a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé do thoghlimistéar áitiúil ach nach mbeidh i dteideal a bheidh cláraithe amhlaidh, nó

(b) nach mbeidh cláraithe i gclár na dtoghthóirí,

ní vótálfaidh sé nó sí sa vótaíocht i dtoghchán áitiúil sa limistéar sin.

(5) Ní léifear aon ní san alt seo ar shlí a thabharfaidh teideal vótála d’aon duine nach bhfuil i dteideal déanamh amhlaidh, nó mar ní a shaorfaidh an duine sin ó aon phionóis a bheidh inchurtha ar an duine sin mar gheall ar vótáil.

25.—(1) Ní vótálfaidh duine nó ní dhéanfaidh sé nó sí iarratas ar pháipéar ballóide— Toirmeasc ar vótáil iolrach.

- (a) níos mó ná uair amháin i dtoghchán comhaltaí d'údarás áitiúil ar shlí seachas faoi Airteagal 64 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995,
- (b) níos mó ná uair amháin i dtoghchán do Chathaoirleach dírhofa ar údarás áitiúil,
- (c) i dtoghchán comhaltaí de níos mó ná údarás áitiúil amháin den aicme chéanna a dhéanfar sna toghcháin áitiúla chéanna,
- (d) i ndírthoghchán Cathaoirligh de níos mó ná údarás áitiúil amháin den aicme chéanna a dhéanfar i dteannta na dtoghchán áitiúil céanna, nó
- (e) i dtoghchán comhaltaí de chomhairle cathrach agus i dtoghchán comhaltaí d'údarás áitiúil den aicme a shonraítear i *bhfo-alt (2)(b)*, a dhéanfar sna toghcháin áitiúla chéanna.

(2) Chun críoche an ailt seo, measfar gurb éard a bheidh in údaráis áitiúla an 2 aicme seo a leanas:

- (a) comhairlí contae agus comhairlí cathrach;
 - (b) comhairlí baile.
- (3) (a) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (b) Aon duine a chabhróidh nó a neartóidh le duine nó a chomhairleoidh dó nó di, nó a thabharfaidh i gerích, cion faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair:
- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
 - (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

26.—(1) (a) Déanfar toghchán comhaltaí de gach údarás áitiúil sa bhliain 2004 agus gach cúigiú bliain dá éis sin. Bliain na dtoghchán chuig na húdaráis áitiúla go léir.

(b) Ní dhéanann aon ní san fho-alt seo difear do *Chuid 21* den Acht seo, ná d'aon ordú arna dhéanamh faoin gCuid sin.

(2) Déanfar an vótaíocht i dtoghcháin áitiúla cibé lá i mí na Bealtaine nó i mí an Mheithimh agus mairfidh sí ar feadh cibé

Cd.4 A.26 [Uimh. 37.] An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001. [2001.]

tréimhse, nach giorra ná 12 uair an chloig, idir 7.00 a.m. agus 10.30 p.m., a shocróidh an tAire le hordú.

(3) Déanfar ordú faoin alt seo a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

Stiúradh toghchán. 27.—(1) (a) Is de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoin alt seo a dhéanfar toghchán áitiúla.

(b) Má théitear in iomaidh i dtoghchán, is de réir chóras na hionadaíochta cionmhaire, agus aon vóta inaistrithe amháin ag gach toghthóir rialtais áitiúil, a thógfá an vótaíocht.

(c) San fho-alt seo, tá le “vóta inaistrithe” an bhrí a thugtar dó le halt 37 den Acht Toghchán, 1992.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar, go sonrath, foráil a dhéanamh i rialachán faoin alt seo do gach ceann nó d’aon cheann de na nithe seo a leanas i ndáil le toghchán áitiúla:

(a) ainmniúcháin;

(b) éarlaisí ó iarrthóirí;

(c) bás iarrthóirí;

(d) dualgais ceann comhairimh;

(e) foireann ceann comhairimh;

(f) vótaíochtaí a thógáil agus vótaí a chomhaireamh;

(g) úsáid scoileanna agus seomraí poiblí, saor in aisce;

(h) socrúithe i dtaobh postvótála;

(i) socrúithe i dtaobh vótála speisialta;

(j) vótáil ag daoine atá ar fostú ag cinn chomhairimh;

(k) vótáil ag toghthóirí rialtais áitiúil a bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp orthu;

(l) vótaíocht ar oileáin;

(m) cártaí faisnéise vótaíochta a eisiúint;

(n) rúndacht na vótála a choimeád;

(o) daoine a bheidh á mí-iompar féin i stáisiúin vótaíochta a chur amach;

(p) an nós imeachta i gcás mí-oird nó coisc;

(q) baint le boscaí ballóide nó le páipéir bhallóide;

(r) toghadh an duine chéanna i níos mó ná aon toghlimistéar áitiúil amháin, nó chuig níos mó ná aon údarás áitiúil amháin den aicme chéanna de réir bhrí *alt 14*;

- (s) corrfholúntais a tharlaíonn sna himthosca atá sonraithe i *mír (r)*, nó a tharlaíonn in imthosca sonraithe eile a bhaineann le toghcháin áitiúla;
- (t) an tslí ina mbeidh costais toghchán áitiúil le híoc ag údaráis áitiúla;
- (u) forálacha atá i gcomhréir le hailt 60, 105, 134 go 154, 156 go 160 agus 163 den Acht Toghcháin, 1992, fara cibé modhnuithe is dóigh leis an Aire is cúf.

(3) I gcás ina mbeidh foráil de rialacháin faoin alt seo i gcomhréir le foráil den Acht Toghcháin, 1992, lena ndearbhaítear ní a bheith ina chion toghcháin, féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin maidir le cion comhréire i ndáil le toghcháin áitiúla agus pionós a leagan síos mar gheall air is pionós nach mó ná an pionós iomchuí atá sonraithe in alt 157 den Acht sin.

(4) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 22 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus a bheidh i bhfeidhm tráth thosach feidhme na forála seo, leanfaidh siad i bhfeidhm agus beidh éifeacht leo amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh iad agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

(5) I gcás ina mbeartófar rialacháin faoin alt seo a dhéanamh, leagfar dréacht díobh faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach.

(6) Ní bheidh aon toghchán áitiúil neamhbhailí de bhíthin neamhchomhlíonadh aon rialachán faoin alt seo, nó de bhíthin aon dearmaid in úsáid foirmeacha a bhforáiltear dóibh faoi chomhair aon rialachán den sórt sin nó le haon rialachán den sórt sin, más dealraitheach don chúirt ar os a comhair a thógfar an ní:

- (a) gur stiúradh an toghchán de réir na bprionsabal atá leagtha síos sna rialacháin faoin alt seo, á nglacadh ina n-iomláine, agus
- (b) nach ndearna an neamhchomhlíonadh nó an dearmad sin difear ábhartha do thoradh an toghcháin.

(7) Tá feidhm ag rialacháin faoin alt seo maidir le toghchán nua faoi *Chuid 21*.

(8) I gcás ina ndéanfar foráil le rialacháin faoin alt seo maidir le húdarás áitiúil d'eisiúint cártaí faisnéise vótaíochta, is feidhm fhorchoimeáda é breith a thabhairt maidir lena n-eisiúint.

28.—(1) San alt seo, ciallaíonn an “bainisteoir”—

- (a) i ndáil le haon chuid de cheantar vótaíochta atá suite i gcathair, an bainisteoir don chathair,
- (b) i ndáil le haon chuid de cheantar vótaíochta atá suite i gcontae, an bainisteoir don chontae.

Socrúithe sealadacha maidir le ceantair vótaíochta áirithe agus clár na dtoghthóirí.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo más rud é—

- (a) tar éis teorainn údaráis áitiúil a athrú faoi *Chuid 8* nó ar shlí eile, nó

(b) tar éis ordú a dhéanamh faoi *alt 23*—

- (i) lena roinnfear contae, cathair nó baile ina thoghlimistéir áitiúla nó ina toghlimistéir áitiúla, nó
- (ii) lena leasófar nó lena modhnófar aon roinnt arna déanamh le hordú den sórt sin,

maidir le ceantar vótaíochta a bhí ann díreach sula ndearnadh an t-athrú nó an t-athmheas nó an leasú nó an modhnú, de réir mar a bheidh, ar an roinnt sin, nach mbeidh sé suite go hiomlán laistigh de limistéar údaráis áitiúil nó toghlimistéir áitiúil, de réir mar a bheidh.

(3) I gcás ina bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, déanfaidh bainisteoir an údaráis áitiúil iomchuí, maidir le gach cuid den cheantar vótaíochta atá suite laistigh de limistéar an údaráis áitiúil—

- (a) í nó codanna di a chur le haon cheantar vótaíochta nó le haon cheantair vótaíochta a bheidh tadhlach léi sa limistéar sin, nó
- (b) ceantar vótaíochta a dhéanamh di agus áit vótaíochta a cheapadh di.

(4) Maidir le haon socrú a dhéanfar faoi *fho-alt (3)*, beidh éifeacht leis go dtí go dtiocfaidh an chéad scéim faoi *alt 28* den Acht Toghcháin, 1992, i ndáil leis an gcontae nó leis an gcathair ina bhfuil an chuid lena mbaineann den cheantar vótaíochta suite, i ngníomh tar éis an socrú a dhéanamh, agus go dtí sin amháin.

(5) Cuirfidh an bainisteoir aon socrú a dhéanfar faoi *fho-alt (3)* in iúl don Aire, a luaithe is indéanta.

(6) Déanfaidh an bainisteoir, i leith cuid de cheantar vótaíochta dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, cibé athruithe is gá i ndáil leis an gcuid de chlár na dtoghthóirí a bheidh i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh an chuid den chlár lena mbaineann i gcomhréir leis an socrú a bheidh déanta faoin bhfo-alt sin agus go bhféadfar í a úsáid go coithiúil chun vótaíocht a thógáil.

Ceapacháin iarmhartacha chuig comhlachtaí áirithe eile.

29.—(1) Is bliain toghcháin chun críocha an Achta Cuanta, 1946, í an bhliain 2004, agus gach bliain tar éis 2004 ar bliain í ina ndéanfar toghcháin áitiúla.

(2) Is bliain toghcháin chun críocha na nAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, í an bhliain 2004, agus gach bliain tar éis 2004 ar bliain í ina ndéanfar toghcháin áitiúla.

(3) (a) Is sa bhliain 2004 a dhéanfar na ceapacháin is túisce a dhéanfar tar éis thosach feidhme an fho-ailt seo, faoi *alt 10* den Acht Freastal Scoile, 1926, agus measfar gur ceapacháin chúigbhliantúla na ceapacháin sin.

(b) Ní oibreoidh aon ní i *mír (a)* chun dochar a dhéanamh do chumhacht aon duine, arna tabhairt le *halt 10* den Acht Freastal Scoile, 1926, nó faoi, daoine a cheapadh chun corrpholúntais a líonadh i measc comhaltaí coiste freastail scoile.

Cosaint (*Cuid 4*).

30.—(1) Faoi réir *Chuid 8*, maidir le rialacháin a bheidh déanta faoi fho-ailt (1) agus (2) d'*alt 17* den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus

faoi threoir an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin lena n-athraítear teorainneacha údarás áitiúil chun críocha toghcháin, agus chun na gcríoch sin amháin, leanfaidh siad i bhfeidhm, d'ainneoin aisghairm na bhforálacha sin leis an Acht seo.

(2) Faoi réir *Chuid 8*, maidir le limistéar aon chontae nó aon bhaile (lena n-áirítear aon bhuirg nó aon cheantar uirbeach) ar athraíodh a theorainn chun críocha toghcháin, agus chun na gcríoch sin amháin, faoi alt 17 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, is ionann é, chun na gcríoch sin, agus an limistéar arna athrú amhlaidh agus tá na toghthóirí rialtais áitiúil atá arna glárú i leith an limistéir sin i dteideal vótáil sna toghcháin áitiúla a bheidh le déanamh in 2004 agus as sin amach.

CUID 5

CATHAOIRLEACH AGUS LEAS-CHATHAOIRLEACH

CAIBIDIL 1

Ginearálta

31.—(1) Faoi réir na Coda seo, beidh ag gach údarás áitiúil cathaoirleach agus leaschathaoirleach a thoghfar agus a bheidh i seilbh oifige de réir na Coda seo agus dá ngairtear “Cathaoirleach” agus “Leas-Chathaoirleach”, faoi seach, san Acht seo, agus tabharfar na teidil sin orthu ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag forálacha *alt 32*.

Cathaoirleach agus
Leas-
Chathaoirleach.

(2) Is éard a thabharfar ar shealbhóirí oifigí an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, de réir mar is cuí—

- (a) i gcás comhairle contae, sa Ghaeilge “Cathaoirleach Chontae.....” agus “Leas-Chathaoirleach Chontae.....” agus ainm an chontae i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Cathaoirleach of the County of.....” agus “Leas-Chathaoirleach of the County of.....” agus ainm an chontae i mBéarla ina dhiaidh,
- (b) i gcás comhairle cathrach, sa Ghaeilge “Cathaoirleach Chathair.....” agus “Leas-Chathaoirleach Chathair.....” agus ainm na cathrach i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Cathaoirleach of the City of.....” agus “Leas-Chathaoirleach of the City of.....” agus ainm na cathrach i mBéarla ina dhiaidh,
- (c) i gcás comhairle baile, sa Ghaeilge “Cathaoirleach Bhaile.....” agus “Leas-Chathaoirleach Bhaile.....” agus ainm an bhaile i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Cathaoirleach of the Town of.....” agus “Leas-Chathaoirleach of the Town of.....” agus ainm an bhaile i mBéarla ina dhiaidh,
- (d) i gcás comhairle buirge, sa Ghaeilge “Cathaoirleach Bhuirg.....” agus “Leas-Chathaoirleach Bhuirg.....” agus ainm na buirge i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Cathaoirleach of the Borough of.....” agus “Leas-Chathaoirleach of the Borough of.....” agus ainm na buirge i mBéarla ina dhiaidh.

(3) Déanfar aon tagairt in aon achtachán eile don ardmhéara, don mhéara, don chathaoirleach, don leas-ardmhéara, don leasmhéara nó don leaschathaoirleach nó d'fhocail ghaolmhara a léamh, i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh, mar thagairt, de réir mar a bheidh, don Chathaoirleach nó don Leas-Chathaoirleach nó do theideal eile a bheidh ann de thuras na huaire de bhua *alt 32*.

(4) Beidh tosaíocht ag an gCathaoirleach ag na cruinnithe go léir den údarás áitiúil agus ag na himeachtaí go léir den chomhairle thofa.

(5) Maidir le haon ní a údaraítear nó a cheanglaítear leis an Acht seo nó ar shlí eile le dlí don Chathaoirleach, nó ar an gCathaoirleach, a dhéanamh, nó a údaraítear nó a cheanglaítear amhlaidh a dhéanamh leis an gCathaoirleach, i gcás inar gá sin, féadfaidh Leas-Chathaoirleach an údaráis áitiúil é a dhéanamh nó féadfar é a dhéanamh leis nó léi.

(6) Féadfaidh an Cathaoirleach, i gcás nach bhfuil an Leas-Chathaoirleach ar fáil, comhalta a ainmniú as measc chomhaltaí eile an údaráis áitiúil chun bheith ionadaitheach don Chathaoirleach sa cháil sin ag aon searmanas nó ócáid agus beidh an comhalta sin i dteideal gníomhú sa cháil sin chun na críche sin.

(7) I gcás ina dtarlóidh corrfholúntas in oifig an Chathaoirligh ar údarás áitiúil, gabhfaidh an Leas-Chathaoirleach freagrachtaí na hoifige air féin nó uirthi féin go dtí go ndéanfar Cathaoirleach a thoghadh de réir na Coda seo.

(8) Maidir le haon duine a bheidh i seilbh oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh ar thosach feidhme na forála seo, leanfaidh sé nó sí de bheith i seilbh na hoifige sin de réir na Coda seo.

(9) Faoi réir an Achta seo, beidh Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a bheidh ag dul as oifig in-atofa.

(10) Beidh feidhm ag an gCaibidil seo, faoi réir *fho-alt (11)*, maidir le Cathaoirleach nó le Leas-Chathaoirleach a thoghfad de réir *Chaibidil 2* nó *Chaibidil 3* den Chuid seo.

(11) Beidh feidhm ag *alt 34* maidir le Cathaoirleach nó le Leas-Chathaoirleach a thoghfad in 2004 de réir *Chaibidil 2* nó *Chaibidil 3* den Chuid seo agus dá éis sin.

Teidil mhalartacha ar Chathaoirleach agus ar Leas-Chathaoirleach, etc.

32.—(1) Más rud é, roimh thosach feidhme *alt 31*—

- (a) gur úsáid Comhairle Cathrach Chorcaí nó Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an teideal “Ard-Mhéara” nó “Leas-Ardmhéara”,
- (b) gur úsáid aon chomhairle cathrach eile an teideal “Méara” nó “Leas-Mhéara”, nó
- (c) gur úsáid aon chomhairle buirge dá dtagraítear i *gCaibidil 1* de *Chuid 1* de *Sceideal 6* an teideal “Méara” nó “Leas-Mhéara”,

chun oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh aici, de réir mar a bheidh, a thuirisciú, leanfaidh sí den teideal sin nó de na teidil sin a úsáid amhlaidh d'ainneoin fhorálacha *alt 31*.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, le rún, an teideal Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a thabhairt dá Ard-Mhéara nó dá Leas-Ardmhéara, dá Mhéara nó dá Leas-Mhéara, de réir mar a bheidh, agus sa chás sin tabharfar teideal air nó uirthi de réir *alt 31*.

(3) I gcás ina gcoimeádfar teidil de réir *fho-alt (1)*, is éard a thabharfar ar shealbhóirí na n-oifigí lena mbaineann, de réir mar is cuí—

- (a) i gcás Chomhairle Cathrach Chorcaí, sa Ghaeilge “Ard-Mhéara Chathair Chorcaí” agus “Leas-Ard-Mhéara Chathair Chorcaí”, agus sa Bhéarla “Lord Mayor of the City of Cork” agus “Deputy Lord Mayor of the City of Cork”,
- (b) i gcás Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, sa Ghaeilge “Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath” agus “Leas-Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath”, agus sa Bhéarla “Lord Mayor of the City of Dublin” agus “Deputy Lord Mayor of the City of Dublin”,
- (c) i gcás aon chomhairle cathrach eile, sa Ghaeilge “Méara Chathair.....” agus “Leas-Mhéara Chathair.....” agus ainm na cathrach i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Mayor of the City of.....” agus “Deputy Mayor of the City of.....” agus ainm na cathrach i mBéarla ina dhiaidh,
- (d) i gcás comhairle buirge, sa Ghaeilge “Méara Bhuirg.....” agus “Leas-Mhéara Bhuirg.....”, agus ainm na buirge i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Mayor of the Borough of.....” agus “Deputy Mayor of the Borough of.....” agus ainm na buirge i mBéarla ina dhiaidh.

(4) D’ainneoin fhorálacha *alt 31*, féadfaidh údarás áitiúil, faoi réir fhorálacha *Scideal 8*, teideal malartach a thabhairt dá Chathaoirleach nó dá Leas-Chathaoirleach nó filleadh ar an teideal nó na teidil Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach de réir mar a bheidh.

33.—(1) Féadfaidh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach éirí as an oifig sin trí fhógra i scríbhinn arna shíniú aige nó aici agus arna sheachadadh ar phríomhoifigí an údaráis áitiúil.

Cathaoirleach nó
Leas-
Chathaoirleach
d’éirí as oifig.

(2) Tarlóidh an folúntas, ar éirí as faoi *fho-alt (1)* ba chúis leis, an dáta a mbeidh sé sonraithe ina leith san fhógra gurb é an dáta éirí as é nó, i gcás nach mbeidh aon dáta den sórt sin sonraithe, ar an bhfógra sin a fháil.

34.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh údarás áitiúil, le rún, Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an údaráis áitiúil sin a chur as oifig mar gheall ar mhí-iompar sonraithe nó más dealraitheach dóibh gur gá é nó í a chur as oifig le go ndéanfadh an t-údarás áitiúil a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

Cathaoirleach nó
Leas-
Chathaoirleach a
chur as oifig.

(2) Maidir le fógra i dtaobh é a bheith beartaithe rún a mholadh faoin alt seo (dá ngairtear “fógra” san alt seo)—

- (a) beidh sé sínithe ag trian ar a laghad de líon iomlán chomhaltáí an údaráis áitiúil lena mbaineann,

- (b) beidh ráiteas ann maidir leis na cúiseanna atá leis an gcur as oifig atá beartaithe,
- (c) sonróidh sé lá chun cruinniú speisialta a thionól chun an cur as oifig atá beartaithe a bhreithniú, ar lá é nach luaithe ná 21 lá tar éis an lae a sheachadfar an fógra faoi *mhír (d)*,
- (d) seachadfar é ar an riarthóir cruinnithe, agus
- (e) seachadfar é ar an gCathaoirleach nó ar an Leas-Chathaoirleach lena mbaineann, nó cuirfear chuige nó chuici é.

(3) Ar fhógra a fháil agus gan mhoill, déanfaidh an riarthóir cruinnithe cóip de a chur chuig gach comhalta den údarás áitiúil agus cruinniú speisialta a chomóradh le haghaidh an dáta a bheidh sonraithe amhlaidh chun an cur as oifig atá beartaithe a bhreithniú.

- (4) (a) Beidh comhalta den údarás áitiúil, seachas an duine is ábhar don fhógra, arna roghnú ag na comhaltaí a bheidh i láthair ag an gcruinniú, i gceannas ar an gcruinniú speisialta sin.
- (b) Ag an gcruinniú sin, tabharfar deis don duine is ábhar don fhógra ráiteas freagra a dhéanamh i ndáil leis an gcur as oifig atá beartaithe.

(5) Chun rún a rith faoin alt seo, is gá go vótálfadh trí cheathrú ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i bhfabhar an rúin.

CAIBIDIL 2

Toghchán ag Údarás Áitiúil

Feidhm *Chaibidil 2*. **35.**—(1) Faoi réir na Coda seo, beidh feidhm ag na socrúithe atá leagtha amach sa *Chaibidil* seo agus beidh éifeacht leo i leith Cathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh ar údarás áitiúil ach ní bheidh feidhm acu agus éifeacht leo amhlaidh i leith Cathaoirligh ar chomhairle contae agus ar chomhairle cathrach ach go dtí go dtiocfaidh *Caibidil 3* i ngníomh, agus go dtí sin amháin.

(2) Tar éis do *Chaibidil 3* teacht i ngníomh, ní léifear aon ní i *bhfo-alt (1)* ar shlí a shrianfaidh feidhm leanúnach a bheith ag an gCaibidil seo—

- (a) maidir leis an gCathaoirleach ar chomhairle baile nó,
- (b) maidir leis an Leas-Chathaoirleach ar aon údarás áitiúil.

Toghadh Cathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh ag údarás áitiúil gach bliain.

36.—(1) (a) Faoi réir *mhír (c)*, toghfaidh údarás áitiúil Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc a chomhaltaí ag gach cruinniú bliantúil.

- (b) Déanfar toghchán Cathaoirligh a chur i gcrích de réir *alt 37*.
- (c) Beidh aon chomhalta d'údarás áitiúil is comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann dícháilithe chun bheith tofa nó chun bheith ina Chathaoirleach nó ina

Cathaoirleach, nó ina Leas-Chathaoirleach ar údarás áitiúil.

(2) (a) Faoi réir *fho-alt (3)*, beidh comhalta atá i seilbh oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh i seilbh na hoifige sin (mura dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe faoi *fho-alt (1)(c)*, mura n-éireoidh sé nó sí as oifig faoi *alt 33* nó mura gcuirfear as oifig é nó í faoi *alt 34*) ó thráth a thofa nó a tofa go dtí go dtoghfar comharba ag an gcéad chruinniú bliantúil eile den údarás áitiúil tar éis an comhalta sin a thoghadh chun na hoifige sin.

(b) Aon bhliain ina mbeidh toghcháin áitiúla le déanamh faoi *alt 26*, agus d'ainneoin *fho-alt (3)*, beidh feidhm ag *fo-alt (4)* i leith Cathaoirligh.

(3) Seachas mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (4)*, scoirfidh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach ar údarás áitiúil de bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach, nó ina Leas-Chathaoirleach ar an údarás sin, ar scor dó nó di de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás.

(4) Tar éis toghcháin áitiúil, leanfaidh an Cathaoirleach de bheith i seilbh oifige ar feadh na tréimhse idir an tráth a scoirfidh na comhaltaí a bheidh ag dul as oifig agus tosach an chruinnithe bhliantúil ag a dtoghfar an comharba mura túsce a éagfaidh sé nó sí nó a éireoidh sé nó sí as an oifig nó a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe le haghaidh comhaltais d'údarás áitiúil.

37.—Faoi réir *mhír 4* de *Sceideal 10*, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas agus beidh éifeacht leo i leith toghadh Cathaoirligh ag comhaltaí d'údarás áitiúil:

Modh ina dtoghfaidh údarás áitiúil Cathaoirleach.

(a) féadfar comhalta amháin nó níos mó a mholadh lena ainmniú nó lena hainmniú nó lena n-ainmniú, agus féadfar cuidiú le moladh comhalta amháin nó níos mó, agus maidir le gach duine a mholfar, agus a gcuideofar lena mholadh nó lena moladh, amhlaidh agus nach ndiúltóidh don ainmniú, beidh sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir agus ní bheidh aon duine eile ina iarrthóir nó ina hiarrthóir seachas de réir na forála seo;

(b) i gcás nach mbeidh ach aon iarrthóir amháin ann, beidh an t-iarrthóir sin tofa;

(c) i gcás ina mbeidh níos mó ná 2 iarrthóir ann, tógfar vótaíocht;

(d) más rud é go vótálfaidh tromlach na gcomhaltaí a bheidh i láthair ar son aon iarrthóra ar leith sa vótaíocht sin, beidh an t-iarrthóir sin tofa;

(e) más rud é nach bhfaighidh aon iarrthóir vótaí thromlach na gcomhaltaí a bheidh i láthair sa vótaíocht sin, déanfar an t-iarrthóir a mbeidh an líon is lú vótaí faighte aige nó aici a eisiáimh ón toghchán, agus faoi réir *mhír (g)*, tógfar aon vótaíocht bhreise amháin nó níos mó (de réir mar is gá);

(f) beidh feidhm ag *míreanna (d)* agus *(e)* i ndáil leis an vótaíocht bhreise nó leis na vótaíochtaí breise sin;

- (g) más rud é nach mbeidh ach 2 iarrthóir ann nó más rud é, de thoradh aon vótaíochta amháin nó níos mó, gur eisiadh na hiarrthóirí go léir ach amháin 2 iarrthóir, cuirfear an cheist i dtaobh cé acu de na hiarrthóirí sin a thoghfear chun na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus cibé duine de na hiarrthóirí sin a gheobhaidh tromlach na vótaí a chaithfear, beidh sé nó sí tofa;
- (h) más rud é, mar gheall ar chomhionannas vótaí a bheith tugtha do 2 iarrthóir nó níos mó, go n-éireoidh aon cheist i dtaobh cé acu de na hiarrthóirí sin a bheidh le heisiamh nó i dtaobh cé acu de na hiarrthóirí sin a bheidh le toghadh, cinnfear an cheist sin le crannchur de réir *mhír (i)*;
- (i) le linn aon cheist den sórt sin a chinneadh le crannchur, scríobhfar ainmneacha na n-iarrthóirí lena mbaineann ar stiallacha páipéir a bheidh cosúil lena chéile, fillfear na stiallacha sin chun nach bhféadfadh iad a aithint thar a chéile agus déanfar iad a mheascadh agus a tharraingt ar corr, agus is é nó í an t-iarrthóir arb é a ainm nó a hainm is túisce a tharraingeofar—
- (I) an t-iarrthóir a eisiafar, i gcás ina mbaineann an cheist le heisiamh, nó
- (II) an t-iarrthóir a thoghfear, i gcás ina mbaineann an cheist le toghchán.

Corrholúntas in oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh.

38.—(1) I gcás ina dtarlóidh corrholúntas in oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh ar údarás áitiúil—

- (a) déanfaidh comhaltaí an údaráis a bheidh i láthair ag an gcéad chruinniú eile den údarás tar éis don fholúntas tarlú, nó
- (b) má thionóltar an cruinniú sin laistigh de 14 lá ón dáta a tharlóidh an folúntas, déanfaidh comhaltaí an údaráis a bheidh i láthair ag an gcéad chruinniú eile den údarás dá éis sin,

duine dá líon a thoghadh chun bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach nó ina Leas-Chathaoirleach, de réir mar a bheidh.

(2) Beidh feidhm ag *alt 37* i ndáil le comhalta a thoghadh chun corrholúntas in oifig an Chathaoirligh a líonadh.

(3) Maidir le duine a thoghfear chun corrholúntas in oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh a líonadh, déanfar é nó í a thoghadh ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaí.

(4) Tabharfar fógra 3 lá glan ar a laghad do gach comhalta den údarás áitiúil i dtaobh cruinniú chun corrholúntas a líonadh faoin alt seo.

CAIBIDIL 3

Dírthoghchán

39.—(1) Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le comhairlí Feidhm *Caibidil 3.*
 contae agus le comhairlí cathrach agus tiocfaidh sí i ngníomh agus
 beidh éifeacht léi chun críocha dírthoghchán faoi *alt 40* sa bhliain
 2004 agus as sin amach.

(2) D’ainneoin *alt 36(4)*, scoirfidh duine a bheidh i seilbh oifige
 mar Chathaoirleach díreach roimh na toghcháin áitiúla sa bhliain
 2004 de bheith i seilbh na hoifige sin ar scor dó nó di de bheith i
 seilbh oifige mar chomhalta den údarás áitiúil lena mbaineann.

40.—(1) (a) Faoi réir *alt 41*, déanfar Cathaoirleach ar chomhairle Dírthoghchán agus
 contae nó ar chomhairle cathrach a thoghadh de réir an seilbh oifige
 ailt seo agus gairtear “dírthoghchán” den toghchán sin Cathaoirligh
 agus beidh feidhm ag *alt 24* i leith an toghcháin sin. comhairle contae
 agus comhairle
 cathrach.

(b) Chun críocha dírthoghcháin, beidh aon toghlimistéar
 amháin ann arb éard a bheidh ann limistéar an chontae
 nó na cathrach lena mbaineann agus tabharfar an
 toghlimistéar uilechontae nó an toghlimistéar
 uilechathrach air, de réir mar a bheidh.

(c) Déanfar na tagairtí in *alt 24* do thoghlímistéar áitiúil agus
 do thoghchán áitiúil a léamh, chun críocha *mhír (a)*, mar
 thagairtí do thoghlímistéar uilechontae nó do
 thoghlímistéar uilechathrach agus do dhírthoghchán.

(2) (a) Déanfaidh an tAire rialacháin chun dírthoghcháin a
 dhéanamh.

(b) Forálfar le rialacháin faoin alt seo go ndéanfar
 dírthoghcháin an lá céanna agus an tráth céanna a
 dhéanfar toghcháin áitiúla (ach amháin corrtoghchán
 faoi *alt 41*) agus féadfaidh aon fhorálacha is gá chun
 críocha an ailt seo a bheith iontu lena n-áirítear—

(i) aon ní a bhféadfar foráil a dhéanamh maidir leis i
 rialacháin faoi *alt 27*,

(ii) forálacha chun críocha corrtoghcháin faoi *alt 41* lena
 n-áirítear socrú an lae vótaíochta agus thráthanna na
 vótála ag an Aire,

(iii) aon fhorálacha eile is gá chun dírthoghchán a
 dhéanamh nó a ghabhann le dírthoghchán a
 dhéanamh.

(c) Féadfar rialacháin faoin alt seo a dhéanamh ar leithligh nó
 i dteannta rialachán faoi *alt 27* mar aon ní amháin agus
 beidh feidhm ag *fo-ailt (3)* go *(8)* den alt sin maidir le
 rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo.

(3) (a) Má théitear in iomaidh i ndírthoghchán, tógfar vótaíocht,
 agus beidh aon vóta inaistrithe amháin ag gach toghthóir
 rialtais áitiúil.

(b) San fho-alt seo, tá le “vóta inaistrithe” an bhrí a thugtar dó le halt 37 den Acht Toghcháin, 1992.

(4) Maidir le duine nach bhfuil cáilithe lena thoghadh nó lena toghadh chun údarás áitiúil, nó lena mbaineann dícháilíocht dá dtagraítear in *alt 13* nó *182* nó in *alt 20* den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Sintiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, nó is comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith tofa nó chun bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach.

(5) Faoi réir *fho-alt (8)*, *ailt 33* agus *34*, tiocfaidh Cathaoirleach a thoghfad de réir an ailt seo i ndírthoghchán arna dhéanamh i dteannta toghcháin áitiúil in oifig mar Chathaoirleach an lá céanna a thiocfaidh sé nó sí in oifig mar chomhalta den údarás áitiúil agus beidh sé nó sí i seilbh oifige mar Chathaoirleach go dtí an chéad ghnáthlá scoir eile do chomhaltaí an údarás sin.

(6) Ní bheidh aon duine a thoghfad trí dhírthoghchán mar Chathaoirleach de réir an ailt seo i seilbh oifige ar feadh níos mó ná 2 théarma chomhleanúnacha (gan aon tréimhse faoi *alt 41* a áireamh) agus beidh sé nó sí dícháilithe chun a tofa nó a tofa mar Chathaoirleach i dtoghchán a thabharfadh tríú téarma comhleanúnach.

(7) Más rud é go dtoghfad duine ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach trí dhírthoghchán agus nach mbeidh an duine sin tofa ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil, ansin fad a bheidh an duine sin, agus ar feadh an fhaid sin amháin, ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach agus nach comhalta den sórt sin é nó í, measfar ar feadh na tréimhse sin, chun críocha uile an Achta seo de bhua an fho-alt seo, gur comhalta den údarás áitiúil é nó í agus méadófar dá réir sin líon chomhaltaí an údarás sin de réir aon duine amháin ar feadh na tréimhse sin.

(8) Maidir le Cathaoirleach a thoghfad de réir na Caibidle seo, ar scor dó nó di ar chúis ar bith de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann, scoirfidh sé nó sí freisin de bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an údarás sin.

(9) San alt seo, déanfar tagairt do dhuine a bheith dícháilithe chun bheith tofa mar Chathaoirleach a léamh mar thagairt a fholafonn dícháilíocht chun bheith ainmnithe lena thoghadh nó lena toghadh mar Chathaoirleach.

Corrfholúntas in oifig Cathaoirligh comhairle contae nó comhairle cathrach.

41.—(1) In aon chás inar faide ná 12 mhí an téarma oifige a bheidh fágtha an tráth a tharlóidh corrfholúntas in oifig an Chathaoirligh ar chomhairle contae nó ar chomhairle cathrach, déanfar corrtoghchán chun an folúntas sin a líonadh trí dhírthoghchán de réir *alt 40*.

(2) In aon chás eile, déanfaidh an chomhairle duine as measc a lín a thoghadh mar Chathaoirleach agus beidh feidhm ag *alt 37* maidir leis an toghchán sin.

(3) Aon duine a thoghfad chun corrfholúntas in oifig an Chathaoirligh a líonadh, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaí.

(4) Féadfaidh forálacha i ndáil le corrfholúntais a líonadh agus le nithe gaolmhara a bheith i rialacháin faoi *alt 40*.

42.—Leasaítear an tAcht Toghcháin, 1992, an tAcht Toghcháin, 1997, agus an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, ar an tslí atá luaite i *Sceideal 9*. Leasuithe, a bhaineann le díorthoghcháin, etc., ar Achtanna áirithe.

43.—(1) Beidh feidhm ag an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, (dá ngairtear “Acht 1974” san alt seo) maidir le díorthoghcháin amhail is dá mba mar thagairtí do dhíorthoghcháin a léifí tagairtí do thoghcháin áitiúla. Achainíocha toghcháin i ndáil le díorthoghcháin.

(2) Chun Acht 1974 a chur chun feidhme de bhua an ailt seo maidir le díorthoghcháin—

- (a) beidh feidhm ag alt 8(2) den Acht sin amhail is dá gcuirfí “alt 40 den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*,” in ionad “alt 82 d’Acht 1963”, agus
- (b) beidh feidhm ag alt 15(3) den Acht sin amhail is dá gcuirfí “líonfar trí chorrthoghchán faoi alt 41(1) den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, mura bhfuil feidhm ag fo-alt (2) den alt sin,” in ionad “líonfar mar chorrthoghcháin”.

CUID 6

CRUINNITHE AGUS IMEACHTAÍ ÚDARÁS ÁITIÚIL

44.—(1) Tá feidhm ag an gCuid seo agus ag *Sceideal 10* agus tá éifeacht leo i ndáil le cruinnithe agus imeachtaí údarás áitiúil agus le nithe comhghaolmhara. Feidhm (Cuid 6).

(2) Féadfar cruinnithe údaráis áitiúil nó comhchomhlachta a thionól i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga.

(3) Féadfaidh an tAire, i leith cruinnithe agus imeachtaí comhchomhlachtaí, le rialacháin faoin bhfo-alt seo—

- (a) forálacha a dhéanamh a bheidh ar comhréir leo sin a fhoráiltear d’údaráis áitiúla faoin gCuid seo agus faoi *Sceideal 10*,
- (b) an Chuid seo nó *Sceideal 10*, fara aon mhodhnú nó oiriúnú is gá, a chur chun feidhme,

agus beidh feidhm ag aon fhorálacha den sórt sin agus beidh éifeacht leo i ndáil leis na cruinnithe agus leis na himeachtaí sin.

- (4) (a) Faoi réir *mhír (b)*, aon fhoráil dá bhforáiltear le reacht nó faoi reacht a bhaineann le cruinnithe agus le himeachtaí comhchomhlachta lena mbaineann an mhír sin, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme na forála seo, leanfaidh sí de bheith i ngníomh go dtí go scoirfidh sí d’éifeacht a bheith léi faoi *mhír (b)*.
- (b) Ar thosach feidhme rialachán faoi *fho-alt (3)*, beidh na nithe a ndearnadh na rialacháin maidir leo faoi rialú ag na rialacháin sin, agus maidir le haon fhorálacha roimhe sin (cibé acu le reacht nó faoi reacht a rinneadh iad) a bheidh sonraithe sna rialacháin sin a bhaineann leis na nithe sin, scoirfidh siad d’éifeacht a bheith leo maidir leis an gcomhlacht atá luaite sna rialacháin a mhéid a bheidh sonraithe amhlaidh.

Freastal ag an bpobal agus na meáin ar chruinnithe.

45.—(1) San alt seo—

folaíonn “na meáin” ionadaithe creidiúnaithe de chuid nuachtán áitiúil agus náisiúnta, de chuid raidiúnna áitiúla agus náisiúnta agus de chuid na teilifíse áitiúla agus náisiúnta;

ciallaíonn “daoine den phobal” aon duine nach bhfuil ag freastal ar an gcruinniú ar iarraidh ón údarás áitiúil;

(2) Faoi réir *fho-ailt* (3) agus (5), tá daoine den phobal agus ionadaithe de chuid na meán i dteideal a bheith i láthair ag cruinniú údaráis áitiúil.

(3) Más é tuairim údaráis áitiúil gurb inmhianaithe an rud é go bhfanadh daoine den phobal agus ionadaithe de chuid na meán as láthair ó iomlán cruinnithe ar leith nó ó aon chuid de—

- (a) mar gheall ar chineál speisialta an chruinnithe, nó ítim ghnó a bheidh le breithniú ag an gcruinniú, nó a bhfuiltear ar tí í a bhreithniú ag an gcruinniú, nó
- (b) ar chúiseanna speisialta eile,

féadfaidh an t-údarás cinneadh le rún cruinniú le chéile i gcoiste ar feadh iomlán an chruinnithe lena mbaineann nó ar feadh cuid de, i gcás ina measann an t-údarás nach bhfuil beart den sórt sin contrártha do leas foriomlán an phobail.

- (4) (a) Chun rún a rith faoi *fho-alt* (3), is gá go vótálfadh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i bhfabhar an rúin.
- (b) I rún faoi *fho-alt* (3), léireofar ar shlí ghinearálta na cúiseanna atá leis an rún agus déanfar na cúiseanna sin a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) Féadfaidh údarás áitiúil, le buanorduithe, an ceart atá ag daoine den phobal agus ag ionadaithe de chuid na meán a bheith i láthair ag cruinnithe a rialáil agus, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh sé—

- (a) ag cur an spás atá ar fáil i gcuntas dó, teorainn a chur leis an líon daoine a bheidh le ligean isteach,
- (b) rialacha a dhéanamh lena rialófar iompar daoine a bheidh i láthair ag cruinnithe,
- (c) foráil a dhéanamh maidir le daoine den phobal a chuirfidh isteach ar na himeachtaí nó a bheidh á mí-iompar féin ar shlí eile a chur amach, nó
- (d) rialacha a dhéanamh i ndáil le grianghraif a ghlacadh nó aon chóir a úsáid chun na himeachtaí a thaifeadadh nó a leaschraoladh le linn dóibh tarlú nó tráth is faide anonn.

(6) Ní léifear aon ní i *bhfo-alt* (5), seachas *mír* (a), ar shlí a chumasódh d’údarás áitiúil teorainn a chur le freastal ionadaithe de chuid na meán, agus ní léifear *mír* (a) mar ní lena gcumasaítear d’údarás áitiúil toirmeasc a chur ar ionadaithe den sórt sin freastal.

46.—Déanfaidh an bainisteoir ó am go ham de réir mar is gá na dualgais riartha cruinnithe a shannadh d’hostaí (dá ngairtear “riarthóir cruinnithe” san Acht seo) de chuid údarais áitiúil. Riarthóir cruinnithe.

47.—Féachfaidh údarás áitiúil lena áirithiú maidir le coistí a bhunú faoi *Chuid 7* agus maidir le cruinnithe den údarás agus dá choistí, go mbeidh siad eagraithe agus go n-oibreoidh siad ar shlí a dhéanfaidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht i gcomhall gnó a chur chun cinn. Gnó a chomhall go héifeachtach.

CUID 7

COISTÍ AGUS COMHCHOISTÍ

48.—(1) Déanfaidh údarás áitiúil, ar comhairle contae nó comhairle cathrach é, le rún, coistí ar a dtabharfar coistí um beartas straitéiseach a bhunú chun nithe a bhreithniú a ghabhann le foirmlíú, forbairt, faireachán, agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas agus a bhaineann le feidhmeanna an údarais áitiúil agus chun comhairle a thabhairt don údarás ar na nithe sin. Coistí um beartas straitéiseach.

(2) (a) Beidh coiste um beartas straitéiseach comhdhéanta, go páirteach, de dhaoine is comhaltaí den údarás áitiúil lena mbaineann agus, go páirteach, de dhaoine nach comhaltaí den údarás áitiúil lena mbaineann.

(b) Beidh cathaoirleach coiste um beartas straitéiseach ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann.

(3) (a) Déanfaidh an t-údarás áitiúil coiste um beartas straitéiseach a bhunú de réir cibé treoirlínte a eiseoidh an tAire chun na críche sin faoi *alt 54(2)*.

(b) Beidh foráil i dtreoirlínte dá dtagraítear i *mír (a)* maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) ionadaíocht leasanna earnála,

(ii) an téarma oifige—

(I) do chomhaltaí coistí um beartas straitéiseach, agus

(II) do chathaoirligh, ar téarma é nach mbeidh níos giorra ná 3 bliana,

agus

(iii) na nósanna imeachta ag a mbeidh feidhm chun cothroime agus cothromas a áirithiú i dtaca le cathaoirligh a cheapadh.

(c) Maidir le haon treoirlínte a eiseoidh an tAire roimh thosach feidhme an ailt seo agus a bhainfidh le coistí um beartas straitéiseach, leanfaidh siad d’fheidhm a bheith acu go dtí cibé tráth a eiseofar treoirlínte faoi *alt 54(2)*.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, tá comhalta d’údarás áitiúil is comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas dícháilithe chun a bheith tofa

mar chathaoirleach, nó chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach, ar choiste um beartas straitéiseach.

(5) Tá éifeacht le *fo-alt (4)* chun críocha aon toghcháin do chathaoirleach ar choiste um beartas straitéiseach a dhéanfar tar éis thosach feidhme an ailt seo.

(6) I dtuarascáil bhliantúil ó údarás áitiúil, beidh sracléiriú ar ghníomhaíochtaí coistí um beartas straitéiseach le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil.

Coistí um beartas bardasach.

49.—(1) Féadfaidh comhairle baile, le rún, coiste ar a dtabharfar coiste um beartas bardasach a bhunú chun nithe a bhreithniú a ghabhann le foirmlíú, forbairt, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas, agus a bhaineann le feidhmeanna na comhairle baile agus chun comhairle a thabhairt don chomhairle baile ar na nithe sin.

(2) Beidh coiste um beartas bardasach comhdhéanta, go páirteach, de dhaoine is comhaltaí den chomhairle baile lena mbaineann agus, go páirteach, de dhaoine nach comhaltaí den chomhairle baile lena mbaineann.

(3) (a) Déanfaidh comhairle baile coiste um beartas bardasach a bhunú de réir cibé treoirlínte a eiseoidh an tAire chun na críche sin faoi *alt 54(2)*.

(b) Beidh cathaoirleach coiste um beartas bardasach ina chomhalta nó ina comhalta den chomhairle baile lena mbaineann.

(4) Tá feidhm ag *fo-ailt (3)* go *(6) d'alt 48* maidir le coiste um beartas bardasach amháin is dá mba thagairtí do choiste um beartas bardasach iad na tagairtí do choiste um beartas straitéiseach.

Coistí limistéir.

50.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil ar comhairle contae nó comhairle cathrach é, le rún, coiste a bhunú i leith toghlimistéir áitiúil nó i leith 2 limistéar den sórt sin nó níos mó a bheidh tadhlaigh le chéile nó i leith aon limistéir eile ina limistéar riaracháin is coiste arb é a thabharfar air ainm cuí éigin agus na focail “Coiste Limistéir”, nó cibé teideal eile a ainmneoidh an t-údarás, roimhe.

(2) I gcás nach bhfuil Cathaoirleach comhairle baile ina chomhalta nó ina comhalta ar shlí eile de choiste limistéir ar laistigh dá limistéar atá an baile sin suite, beidh sé nó sí, de bhua a oifige nó a hoifige, ina chomhalta nó ina comhalta den choiste limistéir sin.

Coistí údarás áitiúil.

51.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, más cuí leis é, ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh—

(a) coiste amháin nó níos mó a bhunú chun nithe a bhreithniú a ghabhann le feidhmeanna an údaráis agus a bheidh tarchurtha chuige ag an údarás agus chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don údarás maidir leis na nithe sin, agus

(b) coiste amháin nó níos mó a bhunú chun feidhmeanna de chuid an údaráis a bheidh tarmligthe chuige faoin alt seo a chomhlíonadh ach ní fhéadfaidh údarás áitiúil a

fheidhmeanna go léir a tharmligean i gcoitinne chuig aon choiste.

(2) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, aon cheann dá fheidhmeanna is féidir a chomhlíonadh le rún a tharmligean, maille le srianta nó gan srianta, chuig coiste arna bhunú faoi *fho-alt (1)(b)*, seachas—

(i) an chumhacht chun buiséad an údaráis áitiúil a ghlacadh,

(ii) an chumhacht chun plean forbartha a dhéanamh, nó chun athrú a dhéanamh ar plean forbartha, faoi Chuid II d'Acht 2000,

(iii) an chumhacht chun ráta bliantúil ar luacháil a chinneadh nó chun airgead a fháil ar iasacht, nó

(iv) aon fheidhmeanna eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(b) Chun rún a rith faoi *mhír (a)*, is gá go vótálfadh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i bhfabhar an rúin.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, coiste a bheidh bunaithe aige a dhíscailleadh ach ní dochar an díscailleadh d'aon ní a bheidh déanta roimhe sin ag an gcoiste.

(4) (a) Maidir leis na comhaltaí de choiste is túisce a cheapfar, is le rún ón údarás áitiúil a bhunaigh é a cheapfar iad agus déanfar ceapacháin dá éis sin le cibé rún nó ar cibé slí eile dá bhforáilfaidh an t-údarás áitiúil sin le rún.

(b) Is éard a bheidh i gcoiste cibé líon daoine, nach lú ná 3 dhuine, is cuí leis an údarás áitiúil a bhunaigh é.

(c) Faoi réir *mhír (d)*, féadfaidh coiste, de rogha an údaráis áitiúil a bhunaigh é, a bheith comhdhéanta, go hiomlán, de dhaoine is comhaltaí den údarás sin nó a bheith comhdhéanta, go páirteach, de dhaoine is comhaltaí den sórt sin agus, go páirteach, de dhaoine nach comhaltaí den sórt sin.

(d) Ní dhéanfar duine nach comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de choiste mura rud é, i dtuairim an údaráis, gur duine é nó í a bhfuil eolas, cáilíochtaí nó taithí aige nó aici is iomchuí maidir le feidhmeanna an choiste.

(5) D'ainneoin achtachán a aisghairm nó a chúlghairm faoi *alt 5* ar achtachán é lena raibh nó faoina raibh coiste d'údarás áitiúil arna bhunú díreach roimh an aisghairm nó díreach roimh an gcúlghairm sin, leanfaidh an coiste de bheith arna bhunú tar éis na haisghairme nó na cúlghairme sin amhail is dá mba faoin alt seo a bunaíodh é agus tá feidhm ag an gCuid seo agus tá éifeacht léi dá réir sin i ndáil leis.

(6) Mura rud é go ndíscailfear coiste de réir *fho-alt (3)*, measfar é a bheith díscailte an gnáthlá scoir do chomhaltaí den údarás áitiúil lena mbaineann de réir *alt 17*.

(7) Folaíonn tagairt do choiste san alt seo coiste arna bhunú faoi alt 50.

(8) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo dochar do bhunú agus d'oibriú leanúnach coiste chomhairligh áitiúil.

Comhchoistí údarás áitiúil.

52.—(1) San alt seo, folaíonn “údarás áitiúil” cibé comhlachtaí eile (más ann) a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(2) Má mheasann 2 údarás áitiúla nó níos mó gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh siad, le rún ó gach ceann de na húdaráis, ceachtar díobh seo a leanas nó iad araon a bhunú i gcomhpháirt—

(a) comhchoiste de na húdaráis sin chun breithniú a dhéanamh ar nithe a ghabhann le feidhmeanna na n-údarás a bheidh sonraithe sa rún agus chun comhairle a thabhairt do na húdaráis maidir leis na nithe sin, agus

(b) comhchoiste de na húdaráis sin chun feidhmeanna de chuid na n-údarás sin, a bheidh tarmligthe acu chuige faoi *fho-alt (6)* a chomhlíonadh.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil a bheith páirteach i mbunú níos mó ná aon chomhchoiste amháin.

(4) Féadfaidh na húdaráis áitiúla chéanna níos mó ná comhchoiste amháin a bhunú.

(5) I gcás ina ndéanfar foráil amhlaidh, le toiliú an Aire, le rún faoi *fho-alt (2)(b)* a bhaineann le comhchoiste—

(a) beidh an comhchoiste ina chomhlacht corpraithe agus comharbas suthain aige agus tabharfar cibé ainm air a bheidh sonraithe sna rúin nó a chinnfidh an comhchoiste.

(b) féadfaidh an comhchoiste agairt a dhéanamh agus beidh sé inagartha ina ainm corpraithe,

(c) beidh cumhacht ag an gcomhchoiste talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú, a bhainistiú, a chothabháil agus a dhiúscairt,

(d) beidh gnáthshéala ag an gcomhchoiste a fhíordheimhneofar le síniú an chathaoirligh, nó le síniú fostaí a bheidh ainmnithe i scríbhinn chun na críche sin ag an mbainisteoir, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gcathaoirleach,

(e) tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an chomhchoiste agus gach doiciméad a éileoidh gur ionstraim é a rinne sé agus a bheith séalaithe lena shéala, a éileoidh a bheith fíordheimhnithe de réir *mhír (d)*, glacfar i bhfianaise é agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan tuilleadh cruthúnais mura súfear a mhalairt.

(6) (a) Faoi réir an fho-ailt seo, féadfaidh údarás áitiúil le rún, agus le toiliú na n-údarás eile lena mbaineann, aon cheann dá fheidhmeanna a fhéadfar a chomhlíonadh le rún a tharmligeann, maille le srianta nó gan srianta, chuig comhchoiste arna bhunú faoi *fho-alt (2)(b)*.

- (b) Níl feidhm ag *mír (a)* maidir le feidhmeanna údaráis áitiúil buiséad an údaráis áitiúil a ghlacadh nó ráta bliantúil ar luacháil a chinneadh nó maidir le haon fheidhmeanna eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.
- (c) Chun rún a rith faoi *mhír (a)*, is gá go vótálfadh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i bhfabhar an rúin.

(7) Féadfaidh an tAire a ordú d'údarás áitiúil—

- (a) comhchoiste a bhunú faoi *fho-alt (2)* i gcomhar le húdarás áitiúil amháin eile nó níos mó de réir mar a bheidh sonraithe san ordachán, agus
- (b) i gcás inar cuí sin, faoi réir cibé coinníollacha nó srianta (más ann) a bheidh sonraithe san ordachán, cibé cinn d'fheidhmeanna an údaráis áitiúil a bheidh sonraithe san ordachán a tharmligean chuig an gcomhchoiste,

ar cibé téarmaí agus coinníollacha, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a bheidh sonraithe san ordachán.

(8) Féadfar comhchoiste a dhíscaoileadh le rún de chuid aon cheann de na údaráis áitiúla a bhunaigh é, le toiliú an Aire i gcás comhchoiste arna bhunú de bhua ordachán faoi *fho-alt (7)*, nó comhchoiste lena mbaineann *fo-alt (5)*, ach ní dochar an díscaoileadh d'aon ní a bheidh déanta roimhe sin ag an gcoiste.

(9) I gcás ina mbunófar comhchoiste faoi *fho-alt (2)(b)*, dílseoidh don bhainisteoir don chomhchoiste sin cibé feidhmeanna feidhmiúcháin is cuí maidir leis na feidhmeanna a tharmligfear faoin bhfo-alt sin.

(10) (a) Déanfaidh na húdaráis áitiúla a bhunaigh comhchoiste a chomhaltaí a cheapadh, trí gach údarás do cheapadh cibé líon daoine ar a gcomhaontóidh na húdaráis sin chun bheith ina gcomhaltaí den chomhchoiste.

(b) Is éard a bheidh i gcomhchoiste 6 dhuine nó níos mó, de réir mar a chomhaontóidh na húdaráis áitiúla a bhunaigh é agus, faoi réir *mhír (c)*, de rogha na n-údarás sin, féadfaidh sé a bheith comhdhéanta, go hiomlán, de dhaoine is comhaltaí de na húdaráis sin, nó a bheith comhdhéanta, go páirteach, de dhaoine is comhaltaí den sórt sin agus, go páirteach, de dhaoine nach comhaltaí den sórt sin.

(c) Ní dhéanfar duine nach comhalta de cheann de na húdaráis áitiúla lena mbaineann a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de chomhchoiste mura rud é, i dtuairim an údaráis a cheapfaidh é nó í amhlaidh, go bhfuil eolas, cáilíochtaí nó taithí aige nó aici is iomchuí maidir le feidhmeanna an chomhchoiste.

(11) (a) D'ainneoin achtachán a aisghairm nó a chúlghairm faoi *alt 5* ar achtachán é lena raibh nó faoina raibh comhchoiste d'údarás áitiúil arna bhunú díreach roimh an aisghairm nó díreach roimh an gcúlghairm sin, leanfaidh an coiste de bheith arna bhunú tar éis na haisghairme nó na cúlghairme sin amhail is dá mba faoin alt seo a bunaíodh é agus tá feidhm ag an gCuid seo agus tá éifeacht léi dá réir sin i ndáil leis.

- (b) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an alt seo nó ar shlí eile le dlí, ní dleathach d'údaráis áitiúla comhchoiste a bhunú nó aon cheann dá bhfeidhmeanna a tharmligean chuig comhchoiste.

Cosaint maidir le gníomhartha coiste nó comhchoiste.

53.—Ní chuirfear gníomhartha, breitheanna agus imeachtaí aon choiste nó aon chomhchoiste de chuid údaráis áitiúil ó bhail mar gheall ar fholúntas nó folúntais ina chomhaltas nó mar gheall ar dhícháilíocht nó easpa cáilíochta aon duine dá chomhaltaí agus mar gheall air sin amháin.

Rialacháin (Cuid 7). **54.**—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—

- (a) lena sonrúfar coinníollacha, srianta nó forálacha eile a mbeidh feidhm acu i ndáil le feidhmeanna a tharmligean chuig comhchoiste lena mbaineann *alt 52(2)* nó chuig coiste, nó i ndáil le tarmligean feidhmeanna chuig comhchoiste lena mbaineann *alt 52(2)* nó chuig coiste a chúlghairm,
- (b) maidir le nósanna imeachta, riarachán ginearálta agus airgeadas ginearálta comhchoistí lena mbaineann *alt 52(2)*,
- (c) lena bhforálfar do fhreastal ag daoine den phobal agus ionadaithe de chuid na meán ar chruinnithe comhchoistí nó coistí seachas na cruinnithe sin—
- (i) a bheidh sonraithe sna rialacháin, nó
- (ii) ag a gcinnfidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann, de réir cibé nósanna imeachta a bheidh sonraithe sna rialacháin, nach gceadaítear freastal den sórt sin,
- agus beidh feidhm ag *alt 45(3)* agus (4) maidir le freastal den sórt sin ar chruinnithe comhchoistí nó coistí faoi réir aon mhodhnuithe is gá,
- (d) maidir le cibé nithe eile a bhaineann le comhchoistí nó le coistí is cuí leis an Aire.

(2) Féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta beartais a eisiúint chuig údaráis áitiúla chun críocha aon fhorála den Chuid seo agus déanfaidh na húdaráis de réir aon treoirlínte den sórt sin.

CUID 8

TEORAINN ÚDARÁIS ÁITIÚIL A ATHRÚ

Léiriú (Cuid 8). **55.**—Sa Chuid seo—

léifear “iarratas” de réir *alt 57*;

léifear “togróir”, “togra”, “freagróir”, “ráiteas freagra” agus “togra leasaithe” de réir *alt 56*.

- 56.—(1) (a) Féadfaidh comhairle contae nó comhairle cathrach, le rún, togra a ghlacadh go ndéanfar teorainn an chontae nó na cathrach a athrú de réir na Coda seo. Togra ó údarás áitiúil chun teorainn a athrú.
- (b) Féadfaidh comhairle baile, le rún, togra a ghlacadh go ndéanfar teorainn an bhaile a athrú de réir na Coda seo.
- (c) Féadfaidh comhairle contae, le rún, togra a ghlacadh go ndéanfar teorainn aon bhaile atá suite sa chontae sin a athrú de réir na Coda seo.
- (d) Féadfaidh comhairle contae agus comhairle baile togra a ghlacadh i gcomhpháirt go ndéanfar teorainn chontae a athrú de réir na Coda seo ionas go gcorprófar limistéar i gcontae tadhlach, maille le foráil chun athrú comhuaineach a dhéanamh ar theorainn an bhaile sin chun go mbeidh sí cothrom le teorainn an chontae arna hathrú amhlaidh.
- (e) Déanfar an t-athrú lena mbaineann togra a shonrú sa togra trí thagairt do léarscáil.
- (2) (a) Sa Chuid seo, gairtear “togróir” agus “togra”, faoi seach, d’údarás áitiúil a dhéanfaidh togra faoi *fho-alt (1)* agus de thogra a dhéanfar amhlaidh.
- (b) Chun críocha *fho-alt (1)(d)* beidh an togróir ina chomhairle contae.
- (3) Déanfaidh togróir—
- (a) cóip den togra a thabhairt do gach údarás áitiúil a ndéanann an togra dífear dá theorainn agus do cibé údarás áitiúla eile a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus, sa Chuid seo, gairtear “freagróir” de gach údarás a ndéanfaidh togra dífear dó amhlaidh,
- (b) fógra faoin togra a fhoilsiú san fhoirm a bheidh forordaithe amhlaidh ina dtabharfar sonraí i dtaobh an togra agus ina n-iarrfar aighneachtaí maidir leis ó aon duine lena mbaineann laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, agus
- (c) an togra a chur in iúl, thairis sin, do cibé daoine a bheidh forordaithe amhlaidh.
- (4) (a) Laistigh de 6 mhí ón tráth a gheobhaidh gach freagróir cóip den togra nó cibé tréimhse is faide ná sin ar a gcomhaontóidh an togróir agus an freagróir, déanfaidh gach freagróir an togra a bhreithniú agus ráiteas a thabhairt ar a fhreagra ar an togra (dá ngairtear “ráiteas freagra” sa Chuid seo) agus cóip den ráiteas sin a thabhairt don togróir.
- (b) Is feidhm fhorchoimeáda é ráiteas freagra a thabhairt.
- (5) Féadfaidh togróir, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar aon aighneacht a gheobhaidh sé laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)* agus ar aon ráiteas freagra a thabharfar dó de réir *fho-alt (4)(a)*, an togra a leasú, le rún, ar cibé slí is cuí leis agus gairtear “togra leasaithe” sa Chuid seo de thogra arna leasú amhlaidh.

Iarratas chun teorainn a athrú.

57.—(1) Ar dhul in éag, i ndáil le togra, do na tréimhsí dá dtagraítear i *bhfo-ailt* (3)(b) agus (4)(a) d'alt 56, féadfaidh togróir iarratas a dhéanamh (dá ngairtear “iarratas” sa Chuid seo) chuig an gCoimisiún Rialtais Áitiúil chun tuarascáil a dhéanamh i ndáil leis an teorainn lena mbaineann an togra nó an togra leasaithe, de réir mar a bheidh.

(2) Beidh an togra, aon aighneachtaí a bheidh faighte ag an togróir, an ráiteas freagra ó gach freagróir agus aon togra leasaithe ag gabháil le hiarratas.

(3) Is feidhm fhorchoimeáda é a chinneadh iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt* (1).

Foráil fhorlfontach le *hailt* 56 agus 57.

58.—(1) Leagfar amach i dtogra, i ráiteas freagra agus in aon togra leasaithe—

(a) impleachtaí airgeadais agus impleachtaí eile an togra nó an togra leasaithe, de réir mar a bheidh, agus

(b) na coigeartuithe i ndáil le nithe airgeadais, riaracháin nó nithe eile a bheidh le déanamh idir an togróir agus gach freagróir lena mbaineann de dhroim an athraithe ar an teorainn lena mbaineann.

(2) (a) Déanfaidh togróir cóip den iarratas arna dhéanamh aige a thabhairt do gach freagróir agus do cibé daoine eile a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(b) Comhlíonfaidh togra, ráiteas freagra, togra leasaithe agus iarratas cibé ceanglais a bheidh forordaithe amhlaidh.

(c) Féadfaidh an tAire aon ní nós imeachta nó aon cheanglas eile a mheasfaidh sé nó sí is gá chun an t-alt seo nó *ailt* 56 agus 57 a oibriú go sásúil a fhorordú le rialacháin.

Féadfaidh an tAire athbhreithniú a iarraidh.

59.—(1) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar an gCoimisiún Rialtais Áitiúil tuarascáil a ullmhú i ndáil le teorainn aon údaráis áitiúil agus déanfaidh an Coimisiún de réir na hiarrata sin.

(2) Déanfaidh an tAire cóip d'aon iarraidh den sórt sin a chur chuig na húdaráis áitiúla lena mbaineann.

Tuarascáil ón gCoimisiún Rialtais Áitiúil.

60.—(1) I gcás ina ndéanfaidh togróir iarratas chuig an gCoimisiún Rialtais Áitiúil faoi *alt* 57, ansin tar éis dó an t-iarratas a bhreithniú, déanfaidh sé—

(a) tuarascáil a ullmhú de réir *fho-alt* (5), nó

(b) fógra i scríbhinn a thabhairt don togróir agus don fhreagróir gur míchuí leis, ar chúiseanna sonraithe a bheidh leagtha amach san fhógra, déileáil leis an iarratas.

(2) I gcás ina mbeidh comhaontú gach freagróra le hiarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), déanfaidh an Coimisiún a fheidhmeanna faoin bhfo-alt sin a chomhall mar ní tosaíochta agus dá réir sin

déanfaidh sé a chinntiú go ndéileálfar leis an iarratas a luaithe is féidir.

(3) Féadfaidh fógra faoi *fho-alt (1)(b)* tagairt do cibé nithe a mheasfaidh an Coimisiún a bheith iomchuí maidir leis an gcás ar leith.

(4) I gcás ina ndéanfaidh an tAire iarraidh chuig an gCoimisiún Rialtais Áitiúil faoi *alt 59*, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú de réir *fho-alt (5)*.

(5) Faoi réir *Chuid II*, déanfaidh an Coimisiún Rialtais Áitiúil—

- (a) teorainn an údaráis áitiúil lena mbaineann a athbhreithniú,
- (b) cibé moltaí maidir leis an teorainn, nó cibé moltaí thairis sin faoi *fho-alt (7)*, a mheasfaidh sé is gá ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach agus caoithiúil, agus
- (c) tuarascáil i scríbhinn faoin athbhreithniú sin agus faoina mholtaí, lena n-áirítear aon mholtaí faoi *alt 90(3)(c)* i ndáil le nithe airgeadais agus nithe coimhdeacha nó gaolmhara eile, a ullmhú agus a thabhairt don Aire.

(6) Féadfaidh tuarascáil agus moltaí ón gCoimisiún Rialtais Áitiúil ar iarratas faoi *alt 57* foráil a dhéanamh chun teorainn a athrú (cibé acu trí mhéadú nó trí laghdú) ar shlí seachas de réir théarmaí an togra nó an togra leasaithe, de réir mar a bheidh, nó a fhoráil nach ndéanfar aon athrú.

(7) (a) I gcás nach molfaidh an Coimisiún Rialtais Áitiúil athrú teorainn, féadfaidh sé cibé moltaí eile a dhéanamh, ar moltaí iad a dhéanfaidh difear do na húdaráis áitiúla lena mbaineann agus a bheidh ina thuairim—

- (i) riachtanach ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach agus caoithiúil, agus
 - (ii) ceaptha chun socrúithe eagrúcháin cuí, comhoibriú, comhordú agus seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil, a áirithiú.
- (b) Gan dochar do ghinearálacht *mhír (a)*, féadfaidh baint a bheith ag socrúithe—
- (i) le seachadadh seirbhísí sonraithe i limistéir shonraithe ag údarás áitiúil sonraithe,
 - (ii) le bunú comhchoiste,
 - (iii) le socrúithe eagrúcháin comhphárteacha a dhéanfaidh difear don limistéar, nó
 - (iv) le haon ní nó rud a bhféadfar foráil a dhéanamh maidir leis in ordú forlíontach faoi *alt 62*.

61.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, tar éis dó nó di tuarascáil ón gCoimisiún Rialtais Áitiúil maidir le teorainn údaráis áitiúil a bhreithniú, teorainn an chontae, na cathrach nó an bhaile iomchuí a athrú.

Cumhacht chun teorainneacha a athrú, etc.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh le hordú faoi *fho-alt (1)* chun an teorainn a athrú (cibé acu trí mhéadú nó trí laghdú) ar shlí eile seachas de réir na moltaí sa tuarascáil ach, i gcás ina mbeidh an t-athrú sin difriúil i bponc ábhartha leis an athrú a bheidh molta, beidh na cúiseanna leis an éagsúlacht sin leagtha amach san ordú.

(3) I gcás ina mbeartaítear ordú a dhéanamh faoin alt seo i ndáil le teorainn contae nó cathrach—

(a) leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus

(b) ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(4) I gcás ina ndéanfaidh tuarascáil ón gCoimisiún Rialtais Áitiúil moltaí faoi *alt 60(7)*, féadfaidh an tAire le hordachán i scríbhinn a cheangal ar na húdaráis áitiúla is ábhar don tuarascáil, cibé bearta a dhéanamh chun na moltaí sin a chur i ngníomh—

(a) ar shlí agus laistigh de cibé tréimhse, agus

(b) faoi réir cibé éagsúlacht,

a bheidh sonraithe san ordachán.

(5) Déanfaidh gach údarás áitiúil de réir ordacháin arna thabhairt dó faoi *fho-alt (4)*.

Forálacha a leanfaidh as athrú teorann.

62.—(1) San alt seo agus i *Sceideal II*—

ciallaíonn “údarás lena mbaineann” údarás áitiúil a ndéanann ordú príomha difear dá theorainn;

ciallaíonn “ordú príomha” ordú faoi *alt 61(1)*;

ciallaíonn “limistéar iomchuí” an pháirt de limistéar riaracháin údaráis áitiúil amháin, nó aon chuid den pháirt sin, a thagann chun bheith ina cuid de limistéar riaracháin údaráis áitiúil eile de bhua ordaithe phríomha;

ciallaíonn “ordú forlíontach” ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)*.

(2) (a) Féadfaidh an tAire nó aon Aire eile den Rialtas, le toiliú an Aire, cibé foráil a dhéanamh, le hordú, a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach nó fóirsteanach i ndáil le haon ní a éireoidh nó a leanfaidh as an athrú teorann a dhéanfar le hordú príomha, nó a bhainfidh leis an athrú sin ar shlí eile.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfar foráil a dhéanamh le hordú forlíontach maidir leis na nithe go léir nó maidir le haon cheann de na nithe atá leagtha amach i *Sceideal II*.

(3) Maidir le hordú forlíontach a dhéanfaidh Aire den Rialtas, seachas an tAire, ní fhéadfar foráil a dhéanamh leis ach amháin maidir le nithe a mbeidh feidhmeanna i ndáil leo arna dtabhairt don Aire sin den Rialtas.

(4) Maidir le hordú forlíontach a dhéanfaidh an tAire, féadfar é a dhéanamh mar aon ní amháin le hordú príomha.

(5) I gcás ina bhforálfar amhlaidh le hordú forlíontach, féadfaidh éifeacht chúlghabhálach a bheith le hordú forlíontach le héifeacht ón dáta a tháinig an t-ordú príomha cuí i bhfeidhm.

(6) I gcás ina ndéanfar athrú ar theorainn faoin gCuid seo i leith baile a ndearnadh a theorainn a athrú le rialacháin faoi alt 17 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, scoirfidh aon athruithe a rinneadh faoin alt sin d'éifeacht a bheith leo i leith an bhaile nó aon teorann contae lena mbaineann.

(7) I gcás ina ndéanfar athrú ar theorainn le hordú príomha, déanfar aon tagairt in aon achtachán (lena n-áirítear aon tagairt arna léamh de réir *alt 3* agus *Sceideal 2*) do chontae, do chathair nó do bhaile, cibé acu do na limistéir sin go ginearálta nó d'aon limistéar ar leith den sórt sin, a léamh, faoi réir aon fhorála dá mhalairt in ordú forlíontach agus mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairt do limistéar an chontae sin, na cathrach sin nó an bhaile sin arna athrú amhlaidh.

CUID 9

FEIDHMEANNA ÚDARÁS ÁITIÚIL

CAIBIDIL 1

Feidhmeanna Ginearálta Údarás Áitiúil

63.—(1) Is iad feidhmeanna údaráis áitiúil—

Ráiteas maidir le feidhmeanna údaráis áitiúil.

- (a) fóram a sholáthar le haghaidh ionadaíochta daonlathaí ag an bpobal áitiúil de réir *alt 64* agus ceannaireacht shibhialta a sholáthar don phobal sin,
 - (b) cibé feidhmeanna a chomhall a bheidh aon tráth ábhartha arna dtabhairt don údarás iomchuí le haon achtachán nó faoi aon achtachán (lena n-áirítear an tAcht seo agus aon achtachán eile, cibé acu roimh an Acht seo nó dá éis a achtaítear é),
 - (c) aon fheidhmeanna coimhdeacha a chomhall faoi *alt 65*, agus
 - (d) cibé gníomh a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leas an phobail a chur chun cinn de réir *alt 66*.
- (2) (a) Gan dochar do scóip *fho-alt (1)(b)* agus ar mhaithe le héascaíocht tagartha amháin, tá leagtha amach—
- (i) i *gCuid 1* de *Sceideal 12*, Achtanna áirithe den Oireachtas, arb ar an Aire go príomha atá an fhreagracht ina leith, lena dtugtar feidhmeanna d'údaráis áitiúla nó d'aicmí údarás áitiúil, agus
 - (ii) i *gCuid 2* de *Sceideal 12*, Achtanna áirithe den Oireachtas, arb ar Aire den Rialtas seachas an tAire go príomha atá an fhreagracht ina leith, lena dtugtar feidhmeanna d'údaráis áitiúla nó d'aicmí údarás áitiúil.

(b) Ní léifear *mír* (a) mar ní lena ndéantar na hAchtanna iomchuí go léir lena dtugtar feidhmeanna d'údarás áitiúla nó d'aicmí údarás áitiúil a leagan amach.

(3) Faoi réir dlí, beidh údarás áitiúil neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(4) Faoi réir dlí, déanfaidh an chomhairle thofa nó an bainisteoir, de réir mar is cuí de réir *Chuid 14*, feidhmeanna údarás áitiúil a chomhlíonadh don údarás áitiúil nó thar ceann an údarás áitiúil agus ina ainm.

Feidhmeanna ionadaitheacha údarás áitiúil.

64.—(1) Mar fhóram le haghaidh ionadaíochta daonlathaí ag an bpobal áitiúil, féadfaidh údarás áitiúil a bheith ionadaitheach do leasanna an phobail sin ar cibé slí is cuí leis.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh údarás áitiúil, chun éifeacht a thabhairt don *fho-alt* sin—

(a) tuairimí an phobail áitiúil a fhionnadh agus a chur in iúl d'údarás áitiúla agus d'údarás phoiblí eile maidir le nithe a gcomhlíonann na húdarás eile sin feidhmeanna ina leith agus ar nithe iad a dhéanann difear do leasanna limistéar feidhme an údarás agus an phobail áitiúil,

(b) déanamh taighde, suirbhéanna (lena n-áirítear suirbhéanna ar thuairim an phobail) nó staidéir maidir leis an bpobal áitiúil nó maidir lena limistéar riaracháin, a chur chun cinn nó a eagrú nó cabhair a thabhairt ina leith sin,

(c) spéis agus páirteachas i ngnóthaí rialtais áitiúil i gcoitinne a éascú agus a chur chun cinn,

(d) spéis sa daonlathas agus sa rialtas áitiúil agus i ngnóthaí pobail agus sibhialta i gcoitinne a chur chun cinn i measc daoine óga,

(e) úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do phobail Ghaeltachta.

(3) Is feidhm fhorchoimeáda cinneadh ag údarás áitiúil i ndáil le bheith ionadaitheach do thuairimí an phobail áitiúil faoin alt seo.

Feidhmeanna coimhdeacha údarás áitiúil.

65.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil aon ní a dhéanamh a bheidh coimhdeach, forlíontach nó teagmhasach i ndáil le lánéifeacht a thabhairt d'feidhm a thugtar dó leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile nó a leanfaidh as an gcéanna nó a bheidh riachtanach chuige sin nó a éascóidh comhlíonadh feidhme den sórt sin nó a chabhróidh leis an gcomhlíonadh sin nó is ní ar féidir leis an údarás é a chomhlíonadh go buntáisteach in éineacht le comhlíonadh feidhme den sórt sin.

(2) Déanfar an tagairt i *bhfo-alt (1)* d'feidhm a thugtar d'údarás áitiúil a léamh mar thagairt a fholaíonn—

(a) na feidhmeanna sin go léir a bheidh aon tráth ábhartha arna dtabhairt don údarás áitiúil le haon achtachán nó faoi aon achtachán (lena n-áirítear an tAcht seo agus aon achtachán eile, cibé acu roimh an Acht seo nó dá éis a achtaítear é),

(b) oifigí nó trealamh a sholáthar nó aon ní eile a dhéanamh is gá le haghaidh oibriú, eagrú nó riaradh ginearálta an údaráis, nó a bhaineann leis an gcéanna.

(3) Déanfar gach achtachán a bhaineann le feidhm údaráis áitiúil a léamh agus beidh éifeacht leis de réir an ailt seo.

66.—(1) San alt seo, foláionn “cúnamh airgid nó comhchineáil”— Leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn.

- (a) deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí nó cabhair airgeadais eile,
- (b) talamh agus déanmhais d’aon chineál agus seirbhísí, saoráidí nó trealamh a bhaineann leo,
- (c) gléasra, innealra nó trealamh nó oibreacha a dhéanamh,
- (d) seirbhísí fhoireann an údaráis áitiúil lena mbaineann,
- (e) cabhair airgeadais i ndáil le foireann a fhostú, agus
- (f) cúnamh gairmiúil nó teicniúil.

(2) Is feidhm fhorchoimeádta cinneadh ag údarás áitiúil faoin alt seo chun cúnamh airgid nó comhchineáil lena mbaineann *mír (a)*, *(b)* nó *(e) d’fho-alt (1)* a sholáthar.

(3) (a) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh, gabháil do cibé gníomhaíochtaí nó cibé nithe a dhéanamh de réir an dlí (lena n-áirítear caiteachas a thabhú) a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn.

(b) Chun críocha an ailt seo, measfar beart, gníomhaíocht nó rud a bheith ag cur leasanna an phobail áitiúil chun cinn más rud é go ndéanann an beart, an ghníomhaíocht nó an ní sin, go díreach nó go neamhdhíreach, uilechuimsitheacht shóisialach nó forbairt shóisialach, eacnamaíochta, comhshaoil, áineasa, chultúrtha, pobail nó ghinearálta limistéar riaracháin (nó aon chuid den limistéar riaracháin) an údaráis áitiúil lena mbaineann nó an phobail áitiúil (nó aon ghrúpa ar comhaltaí den phobal sin a chomhaltaí) a chur chun cinn.

(c) Ní dhéanfar aon ní i *bhfo-alt (4)* nó in *alt 67* a léamh mar ní a shrianfaidh ginearáltacht nó brí an fho-ailt seo.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, féadfaidh údarás áitiúil, chun críocha an fho-ailt seo—

- (a) oibreacha d’aon chineál a dhéanamh agus a chothabháil,
- (b) talamh, déanmhais d’aon chineál nó saoráidí a sholáthar, a chothabháil, a bhainistiú, a chaomhnú nó a athchóiriú,
- (c) aon fhoirgneamh, déanmhas nó saoráid a fheistiú, a thoscánú nó a threalmhú chun críoch áirithe,
- (d) fónais, trealamh nó ábhair a sholáthar chun críoch áirithe,

- (e) aon seirbhís nó rud eile a sholáthar nó gabháil d'aon ghníomhaíocht ar dóigh di nó dó, i dtuairim an údaráis, leas an phobail áitiúil a dhéanamh,
- (f) ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an t-údarás is cuí, cúnamh airgid nó comhchineáil a sholáthar (lena n-áirítear duaiseanna agus dreasachtaí eile a sholáthar) i leith comórtais, seimineáir, taispeántais, taisealbhadh, féilte nó imeachtaí eile a eagrú nó a chur chun cinn, nó imeachtaí den sórt sin a eagrú nó a chur chun cinn,
- (g) ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an t-údarás is cuí, cúnamh airgid nó comhchineáil a sholáthar do dhaoine a ghabhann d'aon ghníomhaíocht a dhéanann leas an phobail áitiúil, i dtuairim an údaráis,
- (h) cibé bearta a dhéanamh, i ndáil leis na nithe a luaitear in *alt 67*, a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe,
- (i) cibé conarthaí agus socruithe eile a dhéanamh (lena n-áirítear cuideachta amháin nó níos mó a chorprú) a mheasfaidh an t-údarás a bheith riachtanach nó fóirsteanach, ina aonar nó i gcomhpháirt le haon údarás áitiúil nó le haon údarás poiblí eile nó le haon duine eile.
- (5) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil, de bhua an ailt seo, aon fheidhm (lena n-áirítear caiteachas nó aon dliteanas, cibé acu dliteanas conarthach nó eile, a thabhú) a chomhlíonadh a thugtar don údarás le haon fhoráil eile den Acht seo (seachas *alt 67*) nó d'aon achtachán eile.
- (6) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil, de bhua an ailt seo, aon ghníomhaíocht a ghabháil de lámh nó cúnamh airgid nó comhchineáil a sholáthar chun aon ghníomhaíocht a ghabháil de lámh—
- (a) a dhéanfadh dochar do ghníomhaíocht nó a dhéanfadh dúbailt gan ghá ar ghníomhaíocht a éiríonn as comhlíonadh feidhme reachtúla ag aon duine i limistéar riaracháin an údaráis, nó
- (b) ag féachaint do ghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí beartaithe an duine sin i ndáil leis an limistéar, a mbainfeadh caiteachas diomailteach nó neamhriachtanach ag an údarás áitiúil léi.
- (7) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, nithe a fhorordú le rialacháin nach ndéanfaidh údarás áitiúil feidhmeanna a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú ina leith nó a mbeidh feidhmiú den sórt sin ina leith faoi réir téarmaí nó coinníollacha a bheidh leagtha amach sna rialacháin.
- (8) Ní rachaidh caiteachas (lena n-áirítear aon dliteanas, cibé acu dliteanas conarthach nó eile a thabhú) ag údarás áitiúil i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo (cibé acu i leith gníomhaíochta ar leith nó ar shlí eile nó i leith tréimhse ar leith nó ar shlí eile) thar cibé méid a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(9) Déanfar a thaifeadadh i dtuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil do gach bliain, sonraí caiteachais agus sonraí eile i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo.

(10) Féadfaidh údarás áitiúil cibé táillí is cúí leis a ghearradh i leith taitneamhachtaí, saoráidí, seirbhísí nó aon ní eile a sholáthraítear faoin alt seo (lena n-áirítear nithe a luaitear in *alt 67*) a úsáid nó i leith ligean isteach iontu nó i ndáil leis an gcéanna thairis sin.

67.—(1) De réir agus faoi réir *alt 66*, féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh, gabháil do cibé gníomhaíochtaí nó cibé nithe a dhéanamh (lena n-áirítear caiteachas a thabhu) a mheasfaidh sé a bheith cúí nó inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn i ndáil leis na nithe a léirítear i *bhfo-alt (2)*.

Feidhmeanna taitneamhachta agus áineasa agus feidhmeanna eile.

(2) (a) Is iad na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

- (i) gníomhaíochtaí ginearálta áineasa agus fóillíochta,
- (ii) spórt, cluichí agus gníomhaíochtaí dá samhail,
- (iii) gníomhaíochtaí ealaíne, teanga agus cultúrtha,
- (iv) feabhsuithe cathartha,
- (v) cosaint agus feabhsú comhshaoil agus oidhreacht i gcoitinne,
- (vi) plásáin, aontaí agus margaí, agus taitneamhachtaí, saoráidí agus seirbhísí gaolmhara,
- (vii) úsáid taitneamhachtaí ag an bpobal (idir thaitneamhachtaí nádúrtha agus thaitneamhachtaí arna ndéanamh nó arna n-athrú trí idirghabháil an duine), agus
- (viii) sábháilteacht an phobail a chur chun cinn.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, maidir leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, folóidh siad freisin na nithe atá leagtha amach sa chéad cholún de *Sceideal 13* mar a léirmhínítear iad sa dara colún den *Sceideal* sin.

(3) Baineann an t-alt seo freisin le haon taitneamhacht, saoráid, seirbhís, plásán nó aon ní eile dá dtagraítear in alt 31(4) den Acht Rialtais Áitiúil, 1994.

(4) Ní dhéanfar aon ní san alt seo a léamh mar ní lena dteorannaítear oibriú *alt 66*.

68.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, cibé bearta a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheith cúí chun úsáid na Gaeilge a spreagadh.

An Ghaeilge agus údaráis áitiúla.

(2) (a) De réir an ailt seo, eiseoidh an tAire, nó socróidh an tAire go n-eiseofar, d'údaráis áitiúla treoirlínte, cóid chleachtais nó treoir eile maidir le húsáid na Gaeilge sa rialtas áitiúil i gcoitinne nó i leith gnéithe d'fheidhmeanna údaráis áitiúil.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír* (a), féadfaidh treoir den sórt sin déileáil le húsáid na Gaeilge ag údaráis áitiúla—

(i) i ndáil le comhfhreagras le daoine den phobal, lena n-áirítear cumarsáid scríofa, ó bhéal, teileafóin agus leictreonach;

(ii) i ndáil le stáiseanóireacht, fógráin, fógraí nó doiciméid oifigiúla eile;

(iii) i ndáil le seirbhísí a sholáthar sa Ghaeltacht;

(iv) i ndáil le hoiliúint oiriúnach a sholáthar, nó le rochtain ar oiliúint oiriúnach, d'fhostaithe;

(v) i ndáil leis an nGaeilge a chur chun cinn i gcoitinne.

(3) Beidh aird ag údarás áitiúil ar threoir den sórt sin le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) (a) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh an tAire, ó am go ham, grúpa comhairleach a cheapadh a dtabharfar cibé ainm air a bheidh ainmnithe aige nó aici.

(b) Beidh ar ghrúpa comhairleach a cheapfar faoin alt seo—

(i) duine amháin ar a laghad is comhalta d'údarás áitiúil;

(ii) duine amháin ar a laghad is bainisteoir nó fostaí eile d'údarás áitiúil;

(iii) duine amháin ar a laghad is oifigeach den Aire; agus

(iv) 2 dhuine ar a laghad ó eagraíochtaí ar cúram dóibh an Ghaeilge a chur chun cinn.

Aird le bheith ag údaráis áitiúla ar nithe áirithe le linn feidhmeanna a chomhlíonadh, etc.

69.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), déanfaidh údarás áitiúil, le linn na feidhmeanna a thugtar dó leis an achtachán seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi a chomhlíonadh, aird a thabhairt—

(a) ar na hacmhainní, cibé áit ina dtionscnaíonn siad, atá ar fáil dó, nó ar dóigh iad a bheith ar fáil dó, chun críche an chomhlíonta sin agus ar an ngá atá ann a áirithiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní sin,

(b) ar an ngá atá ann na seirbhísí sin atá á gcur ar fáil aige agus a mheasann sé a bheith riachtanach a chothabháil go leormhaith agus, a mhéid is indéanta, a chinntiú go mbainfear cothromaíocht réasúnach amach idir a chlár feidhme tar éis na himthosca iomchuí uile a chur i gcuntas,

(c) ar an ngá atá ann comhoibriú le húdaráis áitiúla, le húdaráis phoiblí agus le comhlachtaí eile agus a ghníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí údarás áitiúil, údarás poiblí agus comhlachtaí eile, ar údaráis agus comhlachtaí iad a ndéanann Aire den Rialtas (go díreach nó go neamhdhíreach) a gcuid airgid a sholáthar, go hiomlán nó go páirteach, agus a ndéanann comhlíonadh a bhfeidhmeanna difear, nó a bhféadfadh a

gcomhlíonadh difear a dhéanamh, do chomhlíonadh fheidhmeanna an údaráis ionas go gcinnteofar éifeachtúlacht agus tíos i gcomhlíonadh a fheidhmeanna,

- (d) ar an ngá atá ann dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla, le húdaráis phoiblí agus le comhlachtaí eile dá dtagraítear i *mír (c)* i gcásanna cuí,
- (e) ar bheartais agus ar chuspóirí an Rialtais nó aon Aire den Rialtas a mhéid a dhéanfaidh siad difear dá fheidhmeanna nó a bhainfidh siad lena fheidhmeanna,
- (f) ar an ngá atá ann le hardchaighdeán cosanta comhshaoil agus oidhreachta agus ar an ngá atá ann forbairt inmharthana a chur chun cinn, agus
- (g) ar an ngá atá ann uilechuimsitheacht shóisialach a chur chun cinn.

(2) Déanfaidh údarás áitiúil na feidhmeanna sin a chomhlíonadh a cheanglaíonn an dlí air a chomhlíonadh agus ní léifear an t-alt seo mar ní a dhéanann difear d'aon cheanglas den sórt sin.

(3) Déanfar gach achtachán a bhaineann le feidhm údaráis áitiúil a léamh, agus beidh éifeacht leis, faoi réir an ailt seo.

(4) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil, de bhua *ailt 63 go 67*, aon fheidhm a chomhlíonadh—

- (a) a dtairmistear air leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile í a theachtadh nó a chomhlíonadh, nó
- (b) gan a bheith faoi réir aon choinníollacha nó srianta, nó gan déanamh de réir aon choinníollacha nó srianta, a bhfuil comhlíonadh na feidhme faoina réir de bhua an achtacháin seo nó aon achtacháin eile.

70.—Féadfaidh aon údarás áitiúil na feidhmeanna de chuid údaráis áitiúil faoi *ailt 64 go 67* a chomhlíonadh i leith a limistéir riaracháin agus, maidir le baile, féadfaidh an chomhairle baile nó an chomhairle contae lena mbaineann na feidhmeanna a fheidhmiú ar leithligh nó i gcomhpháirt le chéile ina leith. Feidhmeanna áirithe a fheidhmiú.

71.—(1) Gan dochar *d'ailt 69* agus *70*, beidh feidhm ag an alt seo maidir le comhairle contae agus le gach comhairle baile atá suite sa chontae lena mbaineann, a ngairtear díobh araon le chéile san alt seo na “húdaráis áitiúla”. Cuspóir na seirbhíse aontaithe don phobal.

(2) Déanfaidh na húdaráis áitiúla iomchuí cibé bearta is indéanta—

- (a) chun an cuspóir a chur chun cinn, go ndéanfar seirbhís aontaithe rialtais áitiúil a sholáthar don phobal ina ndéileálacha le húdaráis áitiúla iomchuí, agus
- (b) chun seirbhís custaiméirí a fheabhsú don phobal i gcoitinne.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)*, féachfaidh údaráis áitiúla iomchuí leis an gcomhtháthú agus an comhordú is cuí a lorg maidir lena socruithe, lena gcórais agus lena nósanna imeachta eagrúcháin, lena

n-áirítear cóiríocht oifige chomhroinnte agus suímh chomhroinnte a sholáthar le haghaidh theagmháil an phobail leo, lena n-áirítear suímh leictreonacha.

(4) Is é dualgas na n-údarás áitiúil iomchuí é comhoibriú chun a chinntiú go ndéanfar na seirbhísí a bhfuil siad freagrach iontu a eagrú agus a sheachadadh ionas go ndéanfar a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht a uasmhéadú agus na cuspóirí lena mbaineann *fo-ailt* (2) agus (3) a chur chun cinn.

Feidhmeanna áirithe a aistriú chuig údarás áitiúla.

- 72.—(1) (a) Féadfaidh an Rialtas, le hordú sealadach, feidhm de chuid Aire den Rialtas (seachas feidhm a gceanglaítear leis an mBunreacht ar Aire den Rialtas a chomhlíonadh) a bhféadfadh, i dtuairim an Rialtais, údarás áitiúla d'aicme nó d'aicmí a bheidh sonraithe san ordú sealadach a chomhlíonadh go héifeachtach agus ar feidhm í a bhaineann le seirbhís phoiblí a chur ar fáil i limistéir feidhme údarás áitiúil den aicme nó de na haicmí sin a aistriú chuig údarás áitiúla den aicme nó de na haicmí sin.
- (b) Féadfaidh an Rialtas, le hordú sealadach, ordú sealadach faoin bhfo-alt seo (lena n-áirítear ordú sealadach faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.
- (c) Más rud é go ndéanfar foráil d'ordú sealadach faoin bhfo-alt seo lena n-aistrítear feidhm a chúlghairm, tar éis é a dhaingniú de réir *mhír* (d), tiocfaidh an fheidhm air sin chun bheith dílsithe, agus beidh sí dílsithe, don Aire den Rialtas ónar aistríodh í leis an ordú sealadach.
- (d) Ní bheidh éifeacht le hordú sealadach faoin bhfo-alt seo mura rud é go ndéanfar, agus go dtí go ndéanfar, é a dhaingniú le hAcht den Oireachtas.
- (2) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, feidhm de chuid údarás áitiúil d'aicme nó d'aicmí a bheidh sonraithe san ordú a bhféadfadh, i dtuairim an Aire, údarás áitiúla d'aicme nó d'aicmí eile a bheidh sonraithe amhlaidh í a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí a aistriú chuig údarás áitiúla den aicme nó de na haicmí eile sin.
- (b) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin bhfo-alt seo (lena n-áirítear ordú faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.
- (c) I gcás ina mbainfeadh ordú faoin bhfo-alt seo le feidhm a mbeidh feidhm tugtha d'aon Aire den Rialtas seachas an tAire maidir lena chomhlíonadh, ní dhéanfar an t-ordú gan toiliú an Aire sin den Rialtas a fháil roimh ré.
- (d) Más rud é go ndéanfar foráil d'ordú faoin bhfo-alt seo lena n-aistrítear feidhm a chúlghairm, tiocfaidh an fheidhm air sin chun bheith dílsithe, agus beidh sí dílsithe, do na húdarás áitiúla ónar aistríodh í leis an ordú.
- (3) (a) Féadfaidh cibé forálacha coimhdeacha, foghabhálacha agus teagmhasacha a chinnfidh an Rialtas nó an tAire, de réir mar is cuí, a bheith in ordú sealadach faoi *fho-alt* (1) nó in ordú faoi *fho-alt* (2).
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír* (a), féadfar, le hordú sealadach faoi *fho-alt* (1) nó le hordú faoi *fho-alt* (2)—

- (i) téarmaí, coinníollacha agus srianta a shonrú ar orthu agus faoina réir a bheidh feidhm a aistrítear leis an ordú sealadach nó leis an ordú (dá ngairtear “feidhm lena mbaineann” sa mhír seo) le comhlíonadh ag na húdaráis áitiúla a n-aistrítear an fheidhm chucu (dá ngairtear na “húdaráis áitiúla lena mbaineann” sa mhír seo),
- (ii) foráil a dhéanamh chun sócmhainní agus dliteanais a ghabhann le feidhm lena mbaineann a aistriú ón duine nó ó na daoine lena mbaineann chuig na húdaráis áitiúla lena mbaineann,
- (iii) foráil a dhéanamh maidir leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann d’úsáid sheirbhísí fhoireann an duine nó na ndaoine lena mbaineann,
- (iv) foráil a dhéanamh maidir le cibé socruithe agus coigeartuithe airgeadais idir an duine nó na daoine lena mbaineann agus na húdaráis áitiúla lena mbaineann a mheasfaidh an Rialtas nó an tAire, de réir mar is cuí, a bheith cuí,
- (v) foráil a dhéanamh maidir le haon fheidhmiú, oiriúnú nó modhnú ar achtachán is gá,
- (vi) foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe eile a mheasfaidh an Rialtas nó an tAire, de réir mar is cuí, is gá chun a chumasú éifeacht iomlán a bheith leis an aistriú feidhme lena mbaineann a bhfuil baint ag an ordú leis agus chun a chumasú do na húdaráis áitiúla lena mbaineann an fheidhm a chomhlíonadh.

73.—Faoi réir *alt 72* agus *Chaibidil 5* den Chuid seo, ní dhéanann aon ní san Acht seo difear don mhíniú in aon achtachán eile (cibé slí ina mbeidh sé sainráite nó intuigthe) ar limistéar feidhme údaráis áitiúil chun críocha feidhme a thugtar dó leis an achtachán sin. Cosaint (limistéar feidhme).

CAIBIDIL 2

Feidhmeanna Searmanais

- 74.**—(1) (a) Féadfaidh údarás áitiúil onóir sibhialta a bhronnadh ar dhuine oirirc ar cibé slí a chinneadh sé, lena n-áirítear an duine a ghlacadh chun saoirse onórach a limistéir riaracháin, agus féadfaidh sé rolla a bhunú agus a chothabháil ina dtairfeadfar ainmneacha daoine a onóraítear amhlaidh. Onóracha sibhialta.
- (b) Féadfaidh an Cathaoirleach, gan dochar do *mhír (a)*, duine a mholadh le haghaidh onóra sibhialta faoin alt seo.
- (2) Leanfaidh aon rolla nó tairfead eile d’onóir sibhialta arna bhunú agus arna chothabháil ag údarás áitiúil roimh thosach feidhme an ailt seo de bheith ann amháil is dá mba faoin alt seo a rinneadh é a bhunú agus a chothabháil.
- (3) Is feidhm fhorchoimeáda cinneadh ag údarás áitiúil onóir sibhialta a bhronnadh ar dhuine.

(4) Ní bheidh éifeacht leis an aisghairm a dhéantar leis an Acht seo ar alt 48(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, maidir le haon duine lena mbaineann an t-alt sin.

Limistéir údaráis áitiúil a nascadh.

75.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil socrúithe a dhéanamh chun a limistéar riaracháin nó cuid de a nascadh le haon limistéar eile nó chun ceangail eile dá shamhail sin a bhunú le haon limistéar eile, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de.

(2) Is feidhm fhorchoimeáda é a chinneadh socrú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*.

(3) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil socrú faoi *fho-alt (1)* mura rud é, ag féachaint do na nithe seo a leanas, gur deimhin leis go bhfuil gá leis an socrú:

- (a) na sochair is dóigh a fhabhróidh dá limistéar riaracháin agus don phobal áitiúil,
- (b) leasanna sóisialacha, cultúrtha agus ginearálta a limistéir riaracháin agus an phobail áitiúil, agus
- (c) an costas iomlán a ghabhann leis.

(4) Féadfaidh an tAire ordacháin a eisiúint chuig údaráis áitiúla nó chuig aicmí sonraithe údaráis áitiúil chun críocha an ailt seo.

(5) Déanfar a thairdeadh i dtuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil do gach bliain, sonraí caiteachais agus sonraí eile i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo.

Costais siamsaíochta agus costais ghaolmhara údaráis áitiúil.

76.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil caiteachas réasúnach a thabhtú chun fáiltithe agus siamsaíocht a chur ar fáil agus chun bronnadh a dhéanamh nó i ndáil leis na nithe sin—

- (a) i gcás daoine oirirce, agus
- (b) i gcás imeachtaí speisialta a sheoladh is iomchuí maidir lena fheidhmeanna.

(2) Is feidhm fhorchoimeáda é cinneadh a dhéanamh chun caiteachas a thabhtú faoi *fho-alt (1)*.

(3) Déanfar a thairdeadh i dtuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil do gach bliain, sonraí caiteachais agus sonraí eile i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo.

CAIBIDIL 3

Feidhmeanna leabharlainne agus cartlainne

Údaráis leabharlainne.

77.—(1) Is údarás leabharlainne é gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) comhairle contae,
- (b) comhairle cathrach,
- (c) comhchoiste leabharlainne a bheidh arna bhunú tráth thosach feidhme na forála seo agus a bheidh ag comhall feidhmeanna údaráis leabharlainne,

agus léifear tagairtí do “údarás leabharlainne” dá réir sin.

- (2) (a) Leanfaidh comhchoiste leabharlainne dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* de bheith arna bhunú chun feidhmeanna údaráis leabharlainne faoin gCaibidil seo a chomhall.
- (b) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh faoin bhfo-alt seo chun críocha comhaltais agus oibriú leanúnach comhchoiste leabharlainne dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* amhail is dá mba chomhchoiste lena mbaineann *alt 52 (2)(b)* é, agus, chun na gcríoch sin, féadfaidh forálacha a bheidh ar comhréir le *míreanna (a) go (e) d’alt 52(5)* a bheith sna rialacháin sin.

78.—(1) Féadfaidh údarás leabharlainne cibé bearta a dhéanamh, gabháil do cibé gníomhaíochtaí nó cibé nithe a dhéanamh de réir an dlí (lena n-áirítear caiteachas a thabhú) a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun seirbhísí leabharlainne a sholáthar. Feidhmeanna
údarás
leabharlainne.

(2) Féadfaidh údarás leabharlainne, go háirithe, socrú a dhéanamh maidir leis na seirbhísí seo a leanas a sholáthar:

- (a) áitreabh agus saoráidí (lena n-áirítear saoráidí soghluaiste) chun leabhair agus ábhar clóite eile, téipeanna agus dioscaí (is clostéipeanna nó fistéipeanna nó iad araon agus ciosdioscaí nó físdioscaí nó iad araon), sleamhnáin, agus ábhar eile den sórt sin lena n-áirítear ábhar a bhfuil fáil air trí ríomhairí agus teicneolaíochtaí faisnéise a úsáid, a fháil ar iasacht agus tagairt a dhéanamh dóibh, de réir mar a mheasfaidh sé is cuí;
- (b) gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar díol spéise iad ó thaobh na healaíne, na teanga, an oideachais, an chultúir, an áineasa, an phobail nó a leithéid;
- (c) cibé seirbhísí faisnéise eile, lena n-áirítear seirbhísí a bhfuil fáil orthu trí ríomhairí agus teicneolaíochtaí faisnéise a úsáid, is féidir ina thuairim a sholáthar i gcomhar lena fheidhmeanna mar údarás leabharlainne.

(3) Ní dhéanfaidh údarás leabharlainne, de bhua *fho-alt (1)* nó (2), aon ghníomhaíocht a gabháil de lámh a dhéanfadh ina thuairim dúbailt gan ghá ar ghníomhaíocht a éiríonn as comhlíonadh feidhme reachtúla ag aon údarás poiblí eile nó ag aon duine eile.

(4) Féadfaidh údarás leabharlainne cibé socrúithe a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheith inmhianaithe maidir le seirbhísí leabharlainne a sholáthar d’aon údarás leabharlainne, údarás poiblí nó comhlacht eile (lena n-áirítear scoil) nó maidir le haon chomhlacht den sórt sin do sholáthar seirbhísí leabharlainne don údarás leabharlainne sin.

(5) Déanfaidh údarás leabharlainne ó am go ham, nó má iarrann an tAire air é, clár a ullmhú agus a ghlacadh maidir lena sheirbhís leabharlainne a oibriú agus a fhorbairt (dá ngairtear san alt seo an “clár forbartha leabharlainne”).

(6) Beidh, i ngach clár forbartha leabharlainne arna ullmhú ag údarás leabharlainne faoi *fho-alt (5)*—

- (a) sracléiriú ar na seirbhísí leabharlainne láithreacha,

- (b) na cuspóirí agus na tosaíochtaí forbartha don tseirbhís leabharlainne,
- (c) na bearta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh chun na cuspóirí forbartha sin a áirithiú,
- (d) impleachtaí airgeadais nó impleachtaí eile an chláir forbartha leabharlainne,
- (e) cibé nithe eile a mheasfaidh an t-údarás leabharlainne is gá nó a shonróidh an tAire i scríbhinn.

(7) Is feidhm fhorchoimeáda é clár forbartha leabharlainne a ghlacadh.

An Chomhairle
Leabharlanna.

79.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1947” an tAcht Leabharlanna Poiblí, 1947, a aisghaireadh leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1994.

(2) Leanfaidh an comhlacht ar a dtugtar An Chomhairle Leabharlanna (dá ngairtear an “Chomhairle” san alt seo) agus a bheidh arna bhunú ar thosach feidhme an ailt seo de bheith arna bhunú agus leanfaidh sé de bheith ina chomhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus séala aige agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha faoina cháil chorpraithe agus beidh cumhacht aige talamh a shealbhú.

(3) Leanfar d’aird bhreithiúnach a thabhairt ar shéala na Comhairle agus maidir le gach doiciméad a mhaíonn a bheith séalaithe le séala na Comhairle agus a bheith fíordheimhnithe ar an tslí a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire measfar, mura gcruthófar a mhalairt, é a bheith séalaithe amhlaidh go cuí agus go dleathach agus glacfar i bhfianaise é gan a thuilleadh cruthúnais agus, go háirithe, gan cruthúnas ar aon síniú a bheidh curtha leis doiciméad sin chun críche an fhíordheimhnithe sin, agus gan cruthúnas ar oifig ná ar údarás an duine a maíonn an síniú sin gurb é a shíniú nó a síniú é.

(4) Aon duine arbh é nó í cathaoirleach na Comhairle (cibé ainm a thabharfar air) é nó í nó arbh aon chomhalta eile den Chomhairle é nó í, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh sé nó sí den oifig sin a shealbhú go dtí an chéad cheapachán eile comhaltaí.

(5) Oibreoidh an Chomhairle de réir an ailt seo agus de réir forálacha rialachán arna ndéanamh faoi *fho-alt (7)*, gan dochar d’fheidhm leanúnach an Achta um Údarás Áitiúla (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, maidir le hoifig faoin gComhairle a mhéid a bheidh feidhm aige ar thosach feidhme an ailt seo.

(6) Folaíonn feidhmeanna na Comhairle—

- (a) comhairle, cúnaimh agus seirbhísí a sholáthar d’údarás leabharlainne i ndáil leis an tseirbhís leabharlainne poiblí,
- (b) cibé moltaí a dhéanamh don Aire agus cibé seirbhísí a sholáthar ar son an Aire i ndáil leis an tseirbhís leabharlainne poiblí a iarrfaidh an tAire nó is cuí leis an gComhairle,
- (c) gníomhaíocht chun comhoibriú leabharlainne a chur chun cinn agus a éascú,

- (d) an leabharlann airmheánach a bunaíodh faoi alt 2 d’Acht 1947 a chothabháil agus a oibriú,
 - (e) cibé feidhmeanna eile a bheidh sonraithe i rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (7)*.
- (7) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha bhunú agus oibriú leanúnach na Comhairle.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfaidh forálacha i ndáil leis na nithe seo a leanas a bheith i rialacháin chun na gcríoch sin—
- (i) caiteachais, cistiú agus feidhmeanna na Comhairle,
 - (ii) aon ní a ndéantar foráil maidir leis in Acht 1947 nó aon ní a fhéadfar a chur in ordú faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971, nó
 - (iii) cibé forálacha eile is cuí leis an Aire chun críocha an ailt seo.

(8) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 34 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus a bheidh i bhfeidhm tráth thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh siad i bhfeidhm agus beidh éifeacht leo amhail is dá mba faoi *fho-alt (7)* a rinneadh iad agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

(9) Féadfaidh an tAire ordacháin a thabhairt don Chomhairle i scríbhinn maidir le haon ní a bhaineann lena feidhmeanna nó lena hoibriú agus déanfaidh an Chomhairle de réir aon ordachán den sórt sin.

80.—(1) San alt seo—

Taifid agus cairteanna údarás áitiúil.

foláionn “cairteanna áitiúla”—

- (a) cibé taifid agus doiciméid (lena n-áirítear cóipeanna) a bheidh, tráth thosach feidhme an ailt seo, ar seilbh ag aon seirbhís cairteanna áitiúla arna hoibriú ag aon údarás áitiúil (cibé acu ina aonar nó i gcomhpháirt le duine nó comhlacht eile),
- (b) ábhar cartlainne arna fháil ag údarás áitiúil faoi *fho-alt (3)*, agus
- (c) taifid áitiúla eile ar sine iad ná 30 bliain, ach amháin cibé taifid a ndéanfar, de réir ordacháin faoi *fho-alt (4)*, iad a dheimhniú mar thaifid nach bhfuil oiriúnach le haghaidh aicmiú mar chairteanna áitiúla;

foláionn “taifid áitiúla” leabhair, léarscáileanna, pleananna, líníochtaí, páipéir, comhaid, grianghraif, scannáin, micreascannáin agus taifid mhicreagrafacha eile, taifeadtaí fuaimne, taifid phictiúrtha, téipeanna maighnéadacha, dioscaí maighnéadacha, dioscaí optúla nó físdioscaí, taifid mheaisín-inléite eile, ábhar doiciméadach nó próiseáilte eile arna ndéanamh nó arna bhfáil ag údarás áitiúil, agus a bheidh ar seilbh ag údarás áitiúil, i gcúrsa a ghnó nó mar chomharba d’aon chomhlacht eile, agus foláionn sé cóipeanna d’aon taifid den sórt sin a dhéantar go cuí ach ní fholáionn sé—

(a) deontais, gníomhais nó doiciméid teidil eile a bhaineann le maoin a bheidh dílsithe de thuras na huaire don údarás áitiúil, agus

(b) aon chuid de bhailiúchán buan leabharlainne, músaeim nó gailearaí.

(2) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo, is feidhm de chuid údaráis áitiúil é socruithe a dhéanamh maidir le bainistiú, coimeád, cúram agus caomhnú cuí taifead áitiúil agus cairteanna áitiúla agus maidir le hiniúchadh cairteanna áitiúla ag an bpobal.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil ábhar cartlainne is díol spéise áitiúla agus a bheidh i seilbh aon duine nó comhlachta eile (lena n-áirítear údarás áitiúil eile) a fháil trí cheannach, mar bhronntanas, mar thiomnacht nó ar iasacht agus cúram agus caomhnú an chéanna a ghabháil de láimh.

(4) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, comhairle nó ordacháin a thabhairt d'údaráis áitiúla i ndáil le haon ní a bhaineann le taifid áitiúla agus cairteanna áitiúla agus, go háirithe, agus gan dochar don mhéid sin roimhe seo, i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) taifid áitiúla agus cairteanna áitiúla a choinneáil, bhainistiú, chaomhnú, a athchóiriú agus a atáirgeadh,

(b) taifid áitiúla a dheimhniú mar thaifid nach bhfuil oiriúnach le haghaidh aicmiú mar chairteanna áitiúla, agus an deimhniú sin a athbhreithniú ag eatraimh shonraithe,

(c) cairteanna áitiúla a bheith ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal,

(d) cóipeanna agus sleachta as cairteanna áitiúla a dhéanamh agus a sholáthar,

(e) na himthosca inar féidir cairteanna áitiúla, nó aicmí áirithe de chairteanna áitiúla, a choimeád siar ó iniúchadh poiblí,

(f) eolaithe, liostaí, innéacsanna agus áiseanna fála eile le haghaidh cairteanna áitiúla a ullmhú,

(g) cairteanna áitiúla a thabhairt ar iasacht d'fhorais chuí, comhlachtaí cuí agus cumainn chuí, cibé acu sa Stát nó in áit eile, agus

(h) taifid áitiúla agus cairteanna áitiúla a dhiúscairt.

(5) Scoirfidh alt 13 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, d'éifeacht a bheith leis i ndáil le taifid nó doiciméid de chuid údaráis áitiúil.

(6) Gan dochar d'fho-alt (4), féadfaidh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ní a dhéanann difear do chairteanna áitiúla agus dá n-úsáid ag an bpobal.

(7) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear d'aon chearta atá ag duine a éilfonn gurb é nó í is úinéir ar dhoiciméad an doiciméad sin a aisghabháil.

(8) Faoi réir aon téarmaí nó coinníollacha faoina bhfuarthas ábhar cartlainne faoi *fho-alt (3)*, ní sárú é ar chóipcheart na gcairteanna sin má dhéanann nó má sholáthraíonn údarás áitiúil, nó má dhéantar nó má sholáthraítear ar ordachán uaidh, atáirgthí de chairteanna a bheidh ar seilbh de réir an ailt seo agus a bheidh ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal.

(9) Ní dhéanfaidh aon duine cairteanna a bheidh ar seilbh ag údarás áitiúil de réir an ailt seo a aistriú, a chur i bhfolach, a dhamáistiú nó a dhíothú.

(10) Aon duine a sháróidh *fo-alt (9)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi.

(11) Féadfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh.

CAIBIDIL 4

Bóithre Neamhphoiblí— Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla

81.—(1) San alt seo—

Cúnamh faoi
chomhair bóithre
neamhphoiblí.

ciallaíonn “limistéar feidhme” contae lena n-áirítear aon bhaile ag a bhfuil comhairle baile agus atá suite sa chontae;

folaíonn “feabhsú” oibreacha siltin comhbhainteacha;

ciallaíonn “bóthar neamhphoiblí” bóthar nach bóthar poiblí de réir bhrí Acht na mBóithre, 1993;

tá le “bóthar” an bhrí chéanna atá leis in Acht na mBóithre, 1993;

ciallaíonn “údarás bóithre” comhairle contae.

(2) Féadfaidh an tAire deontas a thabhairt d’údarás bóithre i ndáil le cúnamh ón údarás faoi chomhair bóithre neamhphoiblí a thógáil nó a fheabhsú ina limistéar feidhme.

(3) Féadfaidh údarás bóithre cúnamh a thabhairt trí oibreacha a dhéanamh, trí ranníoc airgeadais nó ar shlí eile faoi chomhair bóthar neamhphoiblí a thógáil nó a fheabhsú ar bóthar é—

(a) a sholáthraíonn rochtain go dtí dáileachtaí talún a bhfuil 2 cheann díobh ar a laghad ar úinéireacht nó á n-áitiú ag daoine éagsúla, nó

(b) a sholáthraíonn rochtain chun críocha fómharaíochta (lena n-áirítear móin nó feamainn) do 2 dhuine nó níos mó, nó

(c) a úsáidfidh an pobal i dtuairim an údaráis bóithre.

(4) Maidir le cúnamh ó údarás bóithre faoin alt seo—

(a) beidh comhaontú roimh ré i scríbhinn ag na páirtithe lena mbaineann leis an údarás bóithre agus ranníoc airgeadais ó na páirtithe sin mar choinníollacha leis, agus

(b) beidh sé faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha eile is cú leis an Aire.

(5) Ní chuirfidh soláthar cúnamh ag údarás bóithre faoin alt seo an t-údarás faoi dhliteanas i leith chothabháil an bhóthair neamhphoiblí a bheidh i gceist ná ní chuirfidh sé aon dualgais nó dliteanais eile ar an údarás i leith an bhóthair sin.

(6) Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais, féadfaidh aon Aire eile den Rialtas deontas a thabhairt d'údarás bóithre i ndáil le bóithre neamhphoiblí a thógáil nó a fheabhsú de réir scéime arna déanamh aige nó aici.

(7) Leasaítear, leis seo, alt 6(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) oibreacha a dhéanamh faoi alt 81 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, nó”.

CAIBIDIL 5

Feidhmeanna faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, etc.

Míithe (Caibidil 5).

82.—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “údarás sláintíochta baile” údarás sláintíochta faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, ar comhairle ceantair uirbigh nó bardas buirge (seachas contaebhuirge) é agus léifear tagairt do “ceantar sláintíochta baile” mar thagairt don cheantar uirbeach iomchuí nó don bhuirge iomchuí; ach sin faoi réir alt 3;

ciallaíonn “feidhmeanna uisce” feidhmeanna údaráis sláintíochta baile—

- (a) faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, agus faoin gCaibidil seo, seachas feidhmeanna a thugtar d'údarás sláintíochta baile—
 - (i) faoi Chodanna IV go VI den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948,
 - (ii) faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) (Comhbhoird Adhlacain), 1952,
 - (iii) faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, ach amháin alt 4,
 - (iv) faoi Chuid II den *Public Health Acts Amendment Act*, 1907,
 - (v) faoi ailt 34 go 37 agus Cuid IV den *Public Health Acts Amendment Act*, 1890,
 - (vi) faoin méid sin den *Public Health (Ireland) Act*, 1878, agus den *Public Health (Ireland) Act*, 1896, nach mbaineann le feidhmeanna údaráis sláintíochta i ndáil le séarachas agus siltean nó le huisce a sholáthar.
- (b) faoin Acht Soláthairtí Uisce, 1942,
- (c) faoin Acht Sláinte (Soláthairtí Uisce a Fhluarídiú), 1960,

- (d) faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990, agus
- (e) faoi aon achtachán a bheidh sonraithe i rialacháin faoi *alt 83(7)*.

83.—(1) Ar theacht i ngníomh don alt seo—

Feidhmeanna faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, etc.

- (a) aistrefar feidhmeanna uisce údaráis sláintíochta baile go dtí an chomhairle contae ar ina contae riaracháin a bhí an ceantar sláintíochta baile iomchuí suite agus is feidhmeanna den chomhairle contae sin a bheidh iontu, agus
- (b) is í an chomhairle contae lena mbaineann an t-údarás sláintíochta chun críocha na bhfeidhmeanna sin,

agus chun na gcríoch sin is é a bheidh sa chontae ceantar sláintíochta amháin agus beidh gach ceantar sláintíochta baile a bhí ar marthain roimh an lá sin ina chuid den cheantar amháin sin.

- (2) (a) D’ainneoin aisghairm an Achta Rialtais Áitiúil (Leasú) (Uimh. 2), 1934, leis an Acht seo agus faoi réir *mhír (b)*, ní dhéanann aon ní san alt seo difear do roinnt Chontae riaracháin Chorcaí ina 3 cheantar sláinte contae le hordú faoin Acht Rialtais Áitiúil (Leasú) (Uimh. 2), 1934, arb é a bheidh i ngach ceann díobh ceantar sláintíochta amháin chun críocha an ailt seo agus féadfar “Roinn” nó cibé teideal eile a bheidh sannta ag Comhairle Contae Chorcaí a thabhairt ar gach ceantar díobh sin.
- (b) Féadfaidh Comhairle Contae Chorcaí, le rún, teorainneacha aon Roinne den sórt sin a athrú nó gach Roinn den sórt sin a fhoirceannadh, is foirceannadh arb é a bheidh sa Chontae dá dhroim ceantar sláintíochta amháin chun críocha an ailt seo.

(3) Maidir le tagairt in aon achtachán do cheantar sláinte contae, déanfar, a mhéid a bhfuil baint aici nó a bhfuil feidhm aici chun críocha na bhfeidhmeanna uisce, agus faoi réir an ailt seo, í a léamh mar thagairt do cheantar sláintíochta de réir *bhrí fho-alt (1)*.

(4) Ar thosach feidhme na forála seo, maidir leis an maoin go léir, réadach agus pearsanta (lena n-áirítear, maidir le maoin agus ábhair i gcaingean, na leasanna, na cearta agus na héasúintí go léir iontu, chucu agus astu) a bhí, díreach roimh an tosach feidhme sin, dílsithe d’údarás sláintíochta baile agus a bhí á húsáid chun críocha na bhfeidhmeanna uisce agus chun na gcríoch sin amháin agus na cearta, na cumhachtaí, na ceadúnais agus na pribhléidí go léir a bhaineann leis na feidhmeanna sin, beidh siad, mura rud é go gcomhaontóidh an chomhairle contae iomchuí agus an t-údarás sláintíochta baile iomchuí a mhalairt, arna ndílsiú don chomhairle contae gan aon tíolacas nó sannadh.

(5) Féadfaidh údarás sláintíochta baile deimhniú a eisiúint faoi láimh a chléirigh baile i leith maoin sonraithe á dheimhniú, de réir mar is cúf leis, gur dhílsigh nó nár dhílsigh an mhaoín faoin alt seo agus beidh an deimhniú ina fhianaise ar na fíorais a bheidh ráite ann mura suífear a mhalairt.

(6) Féadfaidh údarás sláintíochta socruithe a dhéanamh le haon údarás áitiúil eile i ndáil lena fheidhmeanna uisce a chomhall.

(7) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, cibé foráil a dhéanamh is dóigh leis nó léi is gá ag éirí as an aistriú feidhmeanna a dhéantar leis an alt seo nó a bhaineann leis agus, chun na críche sin, féadfaidh sé nó sí—

- (a) feidhmeanna faoi aon achtachán a bheidh ina bhfeidhmeanna uisce chun críocha an ailt seo a shonrú,
- (b) aon oiriúnú nó modhnú is gá a dhéanamh ar na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, ar an Acht Soláthairtí Uisce, 1942, ar na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990, nó ar aon achtachán eile chun críocha an ailt seo.
- (c) foráil a dhéanamh maidir le coigeartuithe airgeadais idir comhairle contae agus aon údarás áitiúil eile dá ndéanann an t-aistriú sin difear agus maidir leis an modh ina gcinnfear na coigeartuithe sin,
- (d) foráil a dhéanamh maidir le híoc airgid ag comhairle contae nó léi nó ag aon údarás áitiúil eile nó leis is comhairle contae nó údarás áitiúil dá ndéanann an t-aistriú sin difear nó maidir le haon socrúithe airgeadais eile is gá.

Cosaint (*Caibidil 5*). **84.**—Faoi réir an Achta seo, leanfaidh na feidhmeanna a dhílsítear d'údarás sláintíochta baile leis na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, seachas na feidhmeanna uisce, de bheith dílsithe amhlaidh.

CUID 10

COMHAONTUITHE AGUS SOCRUITHE MAIDIR LE FEIDHMEANNA

Comhaontuithe maidir le feidhmeanna.

85.—(1) Más rud é, i dtuairim údaráis áitiúil, maidir le haon fheidhm is inchomhlíonta aige gur ceart d'údarás áitiúil eile í a chomhlíonadh i gcoitinne nó i gcás ar leith, agus go mbeidh an t-údarás eile sin i gcumas agus toilteanach an fheidhm a chomhlíonadh amhlaidh, ansin féadfaidh na húdaráis comhaontú a dhéanamh—

- (a) go ndéanfaidh an t-údarás eile an fheidhm a chomhlíonadh amhlaidh thar ceann an údaráis chéadluaite, agus
- (b) go dtiocfaidh sí chun bheith inchomhlíonta amhlaidh ag an údarás eile sin de réir an chomhaontaithe.

(2) Más rud é, i dtuairim comhlachta is údarás poiblí, maidir le haon fheidhm is inchomhlíonta aige gur ceart d'údarás áitiúil í a chomhlíonadh i gcoitinne nó i gcás ar leith, agus go mbeidh an t-údarás áitiúil sin i gcumas agus toilteanach an fheidhm a chomhlíonadh amhlaidh, ansin féadfaidh an comhlacht agus an t-údarás áitiúil comhaontú a dhéanamh—

- (a) go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil an fheidhm a chomhlíonadh amhlaidh thar ceann an chomhlachta, agus
- (b) go dtiocfaidh sí chun bheith inchomhlíonta amhlaidh ag an údarás áitiúil sin de réir an chomhaontaithe.

(3) Más rud é—

- (a) go dtiocfaidh feidhm chun bheith inchomhlíonta ag údarás áitiúil de dhroim comhaontú faoin alt seo, agus
- (b) go mbeadh an comhlacht, ar údarás áitiúil nó comhlacht eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* é, de réir mar a bheidh, arb é an páirtí eile sa chomhaontú é, dá ndéanfadh sé an fheidhm a chomhlíonadh, údaraithe le dlí aon ghníomh nó rud a dhéanamh i ndáil leis an gcomhlíonadh sin,

ansin beidh an t-údarás áitiúil údaraithe, amhail is dá mba é an comhlacht sin é, an gníomh nó an rud sin a dhéanamh i ndáil leis an bhfeidhm a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh téarmaí agus coinníollacha a bheith i gcomhaontú faoin alt seo—

- (a) maidir le comhlíonadh na feidhme ag an údarás áitiúil, go feadh cibé méid agus ar feadh cibé tréimhse a bheidh sonraithe sa chomhaontú,
- (b) maidir le híocaíochtaí a dhéanamh nó freagracht airgeadais a aistriú, agus
- (c) maidir le cibé nithe eile a mheasfar a bheith riachtanach chun éifeacht a thabhairt don chomhaontú,

agus féadfar foráil a dhéanamh leis maidir le limistéar muirir seachas an limistéar muirir a shonraítear in alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946.

(5) Is feidhm fhorchoimeádta é údarás áitiúil do dhéanamh comhaontú faoin alt seo a mhéid a bhaineann sé leis.

(6) Féadfaidh comhaontú faoin alt seo baint a bheith aige le limistéar iomlán nó le cuid de limistéar údaráis áitiúil de réir mar a bheidh sonraithe sa chomhaontú.

(7) Ní dochar an t-alt seo d'alt 25 den Acht Sláinte, 1970, agus ní dhéanfar comhaontú faoin alt seo i gcás ina bhféadfaí comshocraíocht a dhéanamh faoin alt sin 25.

86.—(1) Féadfaidh dhá údarás áitiúla nó níos mó socrúithe a dhéanamh chun aon cheann dá bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhpháirt le chéile.

Feidhmeanna a chomhall agus seirbhísí a sholáthar i gcomhpháirt le chéile.

(2) Féadfaidh socrú faoi *fho-alt (1)* baint a bheith aige le limistéar iomlán nó le cuid de limistéar údaráis áitiúil.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil, trí chomhaontú, foireann nó seirbhísí eile a sholáthar le haghaidh aon duine seachas údarás áitiúil nó leas a bhaint as seirbhísí den sórt sin de chuid aon duine seachas údarás áitiúil.

87.—(1) Aon uair a fheicfead don Aire gur ceart comhaontú a dhéanamh idir údaráis áitiúla chun críche aon cheann dá bhfeidhmeanna faoi *alt 85(1)*, féadfaidh sé nó sí a ordú dóibh comhaontú a dhéanamh.

Ordachán chun comhaontuithe a dhéanamh.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire ordachán faoi *fho-alt (1)* ach amháin tar éis deis a thabhairt do gach údarás áitiúil lena mbaineann uirill a dhéanamh i scríbhinn chuige nó chuici agus tar éis aon uirill a bheidh déanta amhlaidh a bhreithniú.

(3) Féadfaidh an tAire a ordú go mbeidh in aon chomhaontú a dhéanfar faoin alt seo cibé téarmaí agus coinníollacha a shonróidh sé nó sí agus déanfaidh na húdaráis lena mbaineann de réir aon ordacháin arna thabhairt ag an Aire.

(4) Ní chúlghairfear comhaontú a dhéanfar faoin alt seo ach amháin le toiliú an Aire.

Cosaint (*Cuid 10*).

88.—(1) Más rud é, ar thosach feidhme an ailt seo, go mbeidh comhaontú faoi alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil, 1955, i bhfeidhm, leanfaidh an comhaontú sin i bhfeidhm amháin is dá mba chomhaontú arna dhéanamh faoi *alt 85* é d’ainneoin alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil, 1955, a aisghairm leis an Acht seo.

(2) Gan dochar d’alt 20 den Acht Léiriúcháin, 1937, déanfar tagairtí in alt 10 den Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981, in alt 14 d’Acht na mBóithre, 1993, in alt 2 den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, agus in alt 5 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, d’alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil, 1955, a léamh mar thagairtí *d’alt 85* den Acht seo.

CUID 11

AN COIMISIÚN RIALTAIS ÁITIÚIL

An Coimisiún
Rialtais Áitiúil a
bhunú.

89.—(1) Bunóidh an tAire, le hordú, de réir na Coda seo, comhlacht ar a dtabharfar an Coimisiún Rialtais Áitiúil (dá ngairtear sa Chuid seo an “Coimisiún”) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Beidh an Coimisiún agus a chomhaltaí neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

(3) (a) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní nós imeachta maidir le ceapadh agus oibriú an Choimisiúin nó maidir le comhall a fheidhmeanna a fhorordú.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfar le rialacháin faoin mír sin foráil a dhéanamh maidir le haon cheann díobh seo a leanas:

(i) eagraíochtaí a ainmniú chun ainmniúcháin lena mbaineann *fomhír (iii)* a dhéanamh i leith *alt 91(3)(a)*;

(ii) eagraíochtaí a ainmniú chun ainmniúcháin lena mbaineann *fomhír (iii)* a dhéanamh i leith *alt 91(3)(b)*;

(iii) eagraíochtaí do dhéanamh ainmniúcháin lena mbaineann *fomhíreanna (i)* agus *(ii)*, nuair a iarrfaidh an tAire orthu déanamh amhlaidh, laistigh de cibé tréimhse ama a bheidh sonraithe;

- (iv) ceapachán a dhéanamh don Choimisiún chun críocha *alt 91(3)(a)* as measc na ndaoine sin a bheidh ainmnithe go cuí;
- (v) ceapachán a dhéanamh don Choimisiún chun críocha *alt 91(3)(b)* as measc daoine a bheidh ainmnithe go cuí.
- (vi) éisteacht ó bhéal arna thionól ag an gCoimisiún faoi *alt 93(6)* a sheoladh, na nósanna imeachta ag an éisteacht sin agus freastal údarás áitiúil agus daoine eile ag an éisteacht sin.

90.—(1) Déanfaidh an Coimisiún na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhall— Feidhmeanna an Choimisiúin.

- (a) i ndáil le teorainneacha údaráis áitiúil a athrú faoi *Chuid 8*,
- (b) i ndáil le toghlimistéir áitiúla agus an líon comhaltaí a bheidh sannta do na limistéir sin a athrú faoi *alt 23*,
- (c) i ndáil le líon comhaltaí údaráis áitiúil a athrú faoi *alt 22*,
- (d) i ndáil le comhairle baile a bhunú faoi *alt 185*,
- (e) i ndáil le hiarratas ag comhairle baile faoi *alt 187*,
- (f) i ndáil le haon ní a éireoidh as iarraidh faoi *fho-alt (2)*,

agus tuarascáil a ullmhú agus a thabhairt don Aire de réir na bhforálacha sin agus na Coda seo.

(2) Féadfaidh an tAire, faoin bhfo-alt seo, a iarraidh i scríbhinn ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú—

- (a) maidir le haon ní a bhaineann le haon ghné de rialtas áitiúil agus a shonróidh an tAire san iarraidh sin, i gcoitinne nó i ndáil le húdarás áitiúil sonraithe, nó
- (b) maidir le teorainn aon cheantair riaracháin nó geografaíochta nó aon roinne eile a úsáidtear chun aon chríche riaracháin phoiblí a bhaineann nó a ghabhann le rialtas áitiúil nó aon cheantair nó roinne eile den sórt sin a bheartaítear a bhunú.

(3) Maidir le tuarascáil ón gCoimisiún don Aire faoi *fho-alt (1)*—

- (a) beidh sí i scríbhinn,
- (b) áireofar inti moltaí an Choimisiúin i ndáil leis na nithe arb iad is ábhar don tuarascáil, agus
- (c) áireofar inti moltaí i ndáil le cibé nithe coimhdeacha nó gaolmhara (lena n-áirítear nithe airgeadais) a mheasfaidh an Coimisiún is cuí nó a bheidh sonraithe ag an Aire in iarraidh faoi *fho-alt (4)(b)*.

(4) (a) I ndáil le haon fheidhm dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfaidh an tAire a iarraidh ar an gCoimisiún aird a thabhairt, le linn a thuarascáil a ullmhú, ar cibé ceisteanna nó nithe a bheidh sonraithe san iarraidh agus déanfaidh an Coimisiún de réir aon iarrata den sórt sin.

(b) I gcás ina ndéanfaidh an tAire é a shonrú in iarraidh faoin alt seo, áireofar i dtuarascáil ón gCoimisiún moltaí an Choimisiúin i ndáil le cibé nithe coimhdeacha nó gaolmhara (lena n-áirítear nithe airgeadais) a bheidh sonraithe san iarraidh sin.

(5) (a) Foilseoidh an tAire tuarascáil a bheidh tugtha ag an gCoimisiún dó nó di.

(b) Beidh aird ag an Aire ar an tuarascáil sin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi na forálacha agus de réir na bhforálacha a shonraítear i *bhfo-alt (1)*.

Comhaltaí an Choimisiúin.

91.—(1) Faoi réir *alt 92(9)*, is é a bheidh ar an gCoimisiún 5 chomhalta ar a mhéad agus 3 chomhalta ar a laghad, a mbeidh cathaoirleach an Choimisiúin ar dhuine acu.

(2) Ceapfaidh an tAire an cathaoirleach.

(3) Ceapfaidh an tAire na comhaltaí agus áireofar orthu—

(a) duine a mbeidh eolas nó taithí aige nó aici ar ghnóthaí rialtais áitiúil,

(b) duine a mbeidh eolas aige nó aici ar ghnó, tráchtáil, riarachán nó forbairt pobail nó taithí aige nó aici i gcúrsaí gnó, tráchtála, riaracháin nó forbartha pobail,

(c) oifigeach don Aire.

(4) Ní ghlacfaidh comhalta den Choimisiún páirt in ullmhú tuarascála maidir le húdarás áitiúil más fostaí den údarás sin é nó í.

(5) Chun a chumasú don Choimisiún a fheidhmeanna a chomhall, déanfar comhaltaí an Choimisiúin a cheapadh de réir an ailt seo ó am go ham de réir mar is gá.

Cáilitheacht agus seilbh oifige na gcomhaltaí, etc.

92.—(1) Beidh duine a cheapfar mar chomhalta den Choimisiún i seilbh oifige mar chomhalta den sórt sin ar feadh cibé tréimhse (nach faide ná 3 bliana) a shonróidh an tAire tráth an cheapacháin.

(2) Féadfar a íoc leis an gcathaoirleach agus le haon chomhalta eile den Choimisiún as airgead a bheidh faoina réir ag an Aire cibé luach saothair (más ann) agus liúntais i leith caiteachas arna dtabhú ag an gcomhalta a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) (a) Beidh duine dícháilithe chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún más rud é—

(i) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í,

(ii) gur comhalta de Pharlaimint na hEorpa é nó í, nó

(iii) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í.

(b) Scoirfidh duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún—

(i) má ainmnítear é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó

- (ii) má thoghtar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (iii) má mheastar, faoi Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
- (iv) má thagann sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

(4) Féadfaidh an cathaoirleach nó aon chomhalta eile den Choimisiún éirí as oifig tráth ar bith trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta a gheobhaidh an tAire an litir.

(5) I gcás ina dtarlaíonn corrholúntas i measc chomhaltaí an Choimisiúin, féadfaidh an tAire duine a cheapadh faoin bhfo-alt seo chun an folúntas sin a líonadh is duine a bheidh i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ar cuireadh é nó í ina ionad nó ina hionad.

(6) Féadfaidh an tAire aon chomhalta den Choimisiún (lena n-áirítear an cathaoirleach) a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire, go mbeidh an duine sin tagtha chun bheith éagumasach de dheasca easláinte ar dhualgais na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach, nó go mbeidh an duine tar éis mí-iompar sainráite a dhéanamh nó gur dealraitheach don Aire é a bheith riachtanach nó inmhianaithe an duine sin a chur as oifig ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach a fheidhmeanna ag an gCoimisiún.

(7) Féadfar duine a athcheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún.

(8) Faoi réir an ailt seo agus *alt 91*, beidh an cathaoirleach agus comhaltaí eile an Choimisiúin i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire.

(9) (a) D'ainneoin *alt 91 (1)*, féadfaidh an tAire le hordú faoin bhfo-alt seo líon chomhaltaí an Choimisiúin a mhéadú go dtí 7 gcomhalta ar a mhéad, más rud é gur gá é, i dtuairim an Aire, ag cur i gcuntas an méid gnó a thagann os comhair an Choimisiúin agus an gá atá ann a chinntiú go ndéanfaidh an Coimisiún a fheidhmeanna a chomhall go héifeachtach agus go héifeachtúil, ach is ar feadh cibé tréimhse sealadaí a bheidh sonraithe san ordú a bheidh aon mhéadú den sórt sin.

(b) Féadfar duine a cheapfar mar chomhalta breise den Choimisiún de bhua ordú faoin bhfo-alt seo a cheapadh faoi *fho-alt (5)* chun corrholúntas a líonadh i measc chomhaltaí an Choimisiúin.

93.—(1) (a) Tionólfaidh an Coimisiún cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Cruinnithe agus nósanna imeachta an Choimisiúin.

(b) 3 chomhalta is córam do chruinniú den Choimisiún.

(2) Is é nó is í a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar chruinniú den Choimisiún—

- (a) cathaoirleach an Choimisiúin má bhíonn sé nó sí i láthair, nó
- (b) más rud é go mbeidh agus fad a bheidh cathaoirleach an Choimisiúin as láthair nó más rud é go mbeidh oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Choimisiún a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.
- (3) Ag cruinniú den Choimisiún—
- (a) beidh vóta ag gach comhalta den Choimisiún a bheidh i láthair, agus
- (b) déanfar gach ceist ag cruinniú den Choimisiún a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.
- (4) Faoi réir *fho-alt (1)(b)*, féadfaidh an Coimisiún gníomhú d'ainneoin folúntais amháin nó níos mó ina chomhaltas.
- (5) Faoi réir an Achta seo, rialálfaidh an Coimisiún, le buanorduithe nó ar shlí eile, nós imeachta agus gnó an Choimisiúin.
- (6) (a) Beidh lánrogha ag an gCoimisiún éisteacht ó bhéal a sheoladh i ndáil le haon ní a dtugtar feidhmeanna dó leis an Acht seo ina leith agus féadfaidh comhalta amháin den Choimisiún nó níos mó nó duine a bheidh ceaptha ag an gCoimisiún chun na críche sin an éisteacht a sheoladh.
- (b) Déanfaidh an comhalta nó na comhaltaí den Choimisiún nó an duine eile a bheidh ceaptha chun éisteacht ó bhéal a sheoladh faoi *mhír (a)* tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún maidir leis an éisteacht agus áireoidh sé nó sí nó siad sa tuarascáil cibé moltaí a mheasfar a bheith cuí maidir le hábhar na tuarascála.
- (c) Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thabharfar dó faoi *mhír (b)* a bhreithniú sula dtabharfaidh sé breith i dtaobh na moltaí a dhéanfaidh sé ina thuarascáil.
- (d) Féadfar éisteacht ó bhéal a sheoladh i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga agus déanfaidh an Coimisiún bearta cuí chun úsáid na Gaeilge a spreagadh.
- (7) I gcás ina mbeidh líon chomhaltaí an Choimisiúin méadaithe le hordú faoi *alt 92(9)*, féadfaidh roinn den Choimisiún ina mbeidh ar a laghad 3 chomhalta dá chuid aon fheidhm den Choimisiún a fheidhmiú, agus is breitheanna ag an gCoimisiún, chun gach críoch, cruinnithe agus breitheanna ag aon roinn den sórt sin.

Seirbhísí don
Choimisiún.

94.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil nó údarás poiblí, ar cibé téarmaí agus coinníollacha ar a gcomhaontóidh an t-údarás iomchuí agus an Coimisiún, aon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí foirne, a sholáthar don Choimisiún ar seirbhísí iad a theastóidh ón gCoimisiún chun aon fheidhmeanna dá chuid a chomhlíonadh.

- (2) (a) Féadfaidh an tAire, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shonróidh sé nó sí, aon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí foirne, a sholáthar don Choimisiún ar seirbhísí iad a

theastóidh ón gCoimisiún chun aon fheidhmeanna dá chuid a chomhlíonadh.

- (b) Chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún i gcomhlíonadh aon fheidhmeanna dá chuid, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an Aire socrú a dhéanamh maidir le seirbhísí daoine ag a bhfuil saineolas a d'fhéadfadh a bheith luachmhar dó ina chuid oibre, a sholáthar dó, agus breithneoidh an tAire aon iarraidh den sórt sin.

(3) Soláthróidh Ard-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh agus an Coimisinéir Luachála, ar iarraidh a bheith déanta, saor in aisce don Choimisiún cibé cúnamh a theastóidh ón gCoimisiún le réasún chun aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.

95.—(1) Tabharfaidh an Coimisiún, a luaithe is indéanta, fógra poiblí go bhfuil sé ar intinn aige tuarascáil a ullmhú faoi fhoráil a luaitear in *alt 90(1)*. Aighneachtaí chuig an gCoimisiún.

(2) Cuirfear in iúl i bhfógra poiblí dá dtagraítear in *alt (1)*, agus a fhoilseofar i nuachtán a scaiptear sa limistéar lena mbaineann ábhar na tuarascála—

- (a) go bhféadfaidh aon duine aighneacht a chur faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil le hábhar na tuarascála atá le hullmhú ag an gCoimisiún ar mhodh agus laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, agus

- (b) go ndéanfar aighneachtaí a bheidh faighte ag an gCoimisiún laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra dá dtagraítear i *mír (a)* a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal.

(3) Breithneoidh an Coimisiún aon aighneachtaí a dhéanfar chuige de réir an fhógra sin nó a dhéanfaidh údarás áitiúil faoin alt seo nó ar shlí eile.

(4) Beidh na haighneachtaí a bheidh faighte ag an gCoimisiún ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal ag cibé tráth agus i cibé áit agus faoi cibé coinníollacha a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún agus ceadóidh an Coimisiún go dtógfaí cóip de na haighneachtaí sin nó sleachta astu ar tháille a íoc nach mó ná an costas réasúnach a ghabhann leis na haighneachtaí sin a chóipeáil.

- (5) (a) Déanfaidh údarás áitiúil de réir iarrata i scríbhinn ón gCoimisiún cibé faisnéis agus sonraí a theastóidh ón gCoimisiún le réasún chun críocha aon cheann dá fheidhmeanna a thabhairt don Choimisiún.

- (b) Déanfaidh an t-údarás áitiúil an fhaisnéis a iarrfar faoi *mhír (a)* a sholáthar don Choimisiún laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san iarraidh.

(6) Ní dhéanfaidh duine, gan toiliú an Choimisiúin, aon fhaisnéis a bhaineann le gnó an Choimisiúin nó le feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh agus a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di a bheith ag fónamh mar chomhalta den Choimisiún nó mar dhuine a gcuirtear a sheirbhísí nó a seirbhísí ar fáil don Choimisiún faoi *alt 94*, a nochtadh d'aon duine.

Cd.11 A.95 [Uimh. 37.] An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001. [2001.]

(7) Aon duine a sháróidh *fo-alt* (6), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi.

(8) Féadfaidh an tAire imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh.

CUID 12

NÓSANNA IMEACHTA AIRGEADAIS AGUS INIÚCHADH

CAIBIDIL 1

Nósanna imeachta airgeadais

Bliain airgeadais áitiúil. **96.**—Sa Chaibidil seo, ciallaíonn “bliain airgeadais áitiúil” bliain féilire nó cibé tréimhse eile a fhorordóidh an tAire le rialacháin.

An ciste áitiúil. **97.**—(1) Déanfaidh gach údarás áitiúil ciste a chothabháil ar a dtabharfar an ciste áitiúil agus arb é a bheidh ann cibé cuntais arna gcoimeád faoi *alt 107* a mbeidh gá leo.

(2) (a) Maidir le ciste a bheidh arna chothabháil díreach roimh thosach feidhme na forála seo ag comhairle contae, bardas buirge, comhairle ceantair uirbigh nó coimisinéirí baile faoi *alt 7* nó *15(1)* den Acht Rialtais Áitiúil, 1946, nó ar shlí eile agus ciste bardasach a bheidh arna chothabháil ag bardas contaebhuirge faoi aon achtachán a bhaineann leis an mbardas sin, d’ainneoin aisghairm na n-alt sin nó an achtacháin sin leis an Acht seo, leanfaidh siad de bheith arna gcothabháil ag na húdaráis áitiúla sin agus tabharfar an ciste áitiúil ar gach ciste den sórt sin.

(b) Déanfar tagairt in aon achtachán do chiste contae, ciste bardasach nó aon ciste eile, a bhí arna chothabháil díreach roimh thosach feidhme na forála seo, a léamh mar thagairt do chiste áitiúil.

(3) Íocfar isteach sa chiste áitiúil an t-airgead go léir a gheobhaidh údarás áitiúil nó a gheofar thar a cheann, seachas airgead arna fháil chun críoch ciste pobail arna bhunú faoi *alt 109*.

(4) Faoi réir *alt 99*, íocfar as an gciste áitiúil na caiteachais a thabhóidh údarás áitiúil i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, seachas caiteachais a bheidh iníoctha as ciste pobail arna bhunú faoi *alt 109*.

(5) Ní dhéanfar íocaíocht as an gciste áitiúil mura rud é go mbeidh sí údaraithe de réir *alt 99* nó ordaithe ag cúirt arna bunú faoi Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961.

Socruithe baincéireachta. **98.**—Faoi réir *alt 106*, féadfaidh údarás áitiúil nó comhchomhlacht cibé socruithe, lena n-áirítear socruithe infheistíochta, a dhéanamh le cibé forais chreidmheasa arna n-údarú chun gnó baincéireachta a sheoladh sa Stát nó forais airgeadais arna ráthú ag an Aire Airgeadais, a mheasfaidh sé is cuí, chun airgead a gheobhaidh sé a bhainistiú go stuama.

Íocaíochtaí a údarú. **99.**—(1) San alt seo, foláíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

(2) Féadfar íocaíochtaí a dhéanamh as cistí údaráis áitiúil ar údarú ón mbainisteoir nó ó fhostaí a bheidh ainmnithe faoi *fho-alt (3)* agus, i ngach cás den sórt sin, déanfaidh fostaí a bheidh ainmnithe faoi *fho-alt (3)*, seachas an bainisteoir nó an fostaí céadluaite, na híocaíochtaí a chomhúdarú.

(3) Féadfaidh an bainisteoir, le hordú, fostaí nó fostaithe údaráis áitiúil a bhfuil an bainisteoir freagrach as, a ainmniú chun críocha *fho-alt (2)*.

100.—(1) I gcás ina ndéanann comhairle contae seirbhís a sholáthar nó feidhm a chomhall i mbaile nó i ndáil le baile ag a bhfuil comhairle baile is údarás rátúcháin laistigh de limistéar riaracháin na comhairle contae, toibheoidh sí muirear (dá ngairtear “muirear contae” san alt seo) ar an gcomhairle baile sin as an tseirbhís sin a sholáthar nó as an bhfeidhm sin a chomhall (dá ngairtear “seirbhísí baile a sholáthar” san alt seo).

Caiteachas
comhairle contae:
seirbhísí baile.

(2) Le linn muirear contae a chinneadh, ullmhóidh an chomhairle contae ráiteas maidir le costais mheasta is dóigh a éireoidh le linn na tréimhse dar críoch an 31 Nollaig den bhliain airgeadais áitiúil a bheidh le teacht i ndáil le seirbhísí baile a sholáthar.

(3) Déanfar lamháltas sa ráiteas maidir le costais mheasta d’aon ioncam a fhabhróidh chuig an gcomhairle contae i leith seirbhísí baile a sholáthar agus féadfaidh coigeartú a bheith ann chun—

(a) costais iarbhír nó mheasta, agus

(b) ioncaim iarbhír nó mheasta,

a chur i gcuntas maidir le seirbhísí baile a sholáthar sa bhliain airgeadais áitiúil reatha nó sa bhliain airgeadais áitiúil roimhe sin.

(4) Déanfaidh comhairle contae sonrasc le haghaidh aon mhuirir contae, a mbeidh ráiteas maidir le costais mheasta ina theannta, a tharchur chuig an gcomhairle baile iomchuí.

(5) Íocfaidh comhairle baile an muirear contae leis an gcomhairle contae iomchuí laistigh den tréimhse a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire nó cibé tráth eile a chomhaontóidh na húdaráis áitiúla lena mbaineann.

(6) Le linn costais faoin alt seo a chinneadh, beidh aird ag comhairle contae ar aon treoirlínte, nó déanfaidh sí de réir aon ordachán, a eiseoidh an tAire ó am go ham.

101.—(1) Maidir le comhairle baile nach údarás rátúcháin í, soláthróidh an chomhairle contae ar ina contae atá an baile suite airgead is gá chun freastal dá caiteachais, ar bhonn éilimh arna ullmhú ag an gcomhairle baile i bhformáid a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

Caiteachais
comhairlí baile
áirithe.

(2) Beidh caiteachais na comhairle contae a thabhófar ag freastal d’éileamh faoi *fho-alt (1)* inmhuirearaithe ar limistéar an bhaile lena mbaineann agus tabharfar muirir bhaile orthu.

(3) Ní choisceann aon ní san alt seo ar chomhairle baile dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* airgead a chruinniú de réir *alt 109, 110* nó ar shlí eile.

Buiséad údarás áitiúil.

102.—(1) San alt seo, folaíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

(2) I ngach bliain airgeadais áitiúil, ullmhóidh gach údarás áitiúil dréachtbhuiséad údarás áitiúil ina leagfar amach don chéad bhliain airgeadais áitiúil eile—

(a) an caiteachas a measfar go mbeidh gá leis chun a fheidhmeanna a chomhall, agus

(b) an t-ioncam a mheasfar a fhabhróidh chuige.

(3) Ullmhófar an dréachtbhuiséad údarás áitiúil faoi stiúradh an bhainisteora i bhformáid a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus a thaispeánfaidh na méideanna is gá do chlár feidhme an údarás.

(4) De réir mar a fhoráiltear in *alt 133(4)(a)*, rachaidh an bainisteoir i gcomhairle leis an ngrúpa um beartas corparáideach le linn dréachtbhuiséad údarás áitiúil a ullmhú.

(5) Déanfar aon tagairt in aon achtachán do mheastachán nó do mheastachán ar chaiteachais údarás áitiúil a léamh mar thagairt do bhuiséad údarás áitiúil arna ullmhú faoin alt seo agus arna ghlacadh faoi *alt 103(7)*.

Cruinniú buiséid údarás áitiúil.

103.—(1) San alt seo, folaíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

(2) Déanfaidh an t-údarás áitiúil dréachtbhuiséad údarás áitiúil arna ullmhú de réir *alt 102* a bhreithniú ag cruinniú (dá ngairtear “cruinniú buiséid údarás áitiúil” nó cruinniú buiséid san Acht seo)—

(a) ag a mbeidh an bainisteoir nó fostaí lena mbaineann *fo-alt (3)* i láthair,

(b) a bheidh arna thionól le linn na tréimhse a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, agus

(c) a mbeidh fógra nach lú ná 7 lá tugtha do gach comhalta den údarás áitiúil maidir leis.

(3) I gcás nach mbeidh ar chumas an bhainisteora a bheith i láthair ag cruinniú buiséid údarás áitiúil nó, i gcás ina mbeadh sé ar neamhréir le comhlíonadh cuí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i leith na n-údarás áitiúil arb é nó í is bainisteoir dóibh é nó í a bheith i láthair ag cruinniú den sórt sin, freastalóidh cibé fostaí eile a bheidh arna ainmniú nó arna hainmniú chun na críche sin ag an mbainisteoir ar an gcruinniú ina ionad sin.

(4) Déanfaidh an bainisteoir, tráth nach lú ná 7 lá roimh an lá ar a mbeidh cruinniú buiséid údarás áitiúil le tionól—

(a) cóip den dréachtbhuiséad údarás áitiúil a chur i bpríomhoifigí an údarás áitiúil,

(b) cóip den dréachtbhuiséad údarás áitiúil, mar aon le tuarascáil ina mbeidh forálacha an dréachta sin leagtha amach, a chur chuig gach comhalta den údarás áitiúil, agus

(c) fógra poiblí a thabhairt go bhfuil an dréachtbhuiséad údarás áitiúil ullmhaithe agus go bhfuil cóip de curtha i

bpríomhoifigí an údaráis áitiúil agus ionad, dáta agus am an chruinnithe buiséid údaráis áitiúil a chur in iúl.

(5) Maidir le dréachtbhuiséad údaráis áitiúil—

- (a) déanfar cóip de a chur ar fáil ag príomhoifigí an údaráis áitiúil,
- (b) féadfaidh aon duine den phobal cóip de a iniúchadh le linn gnáth-uaireanta oscailte, agus
- (c) féadfar cóipeanna a cheannach ar phraghas nach mó ná an costas réasúnta atáirgthe.

(6) Féadfaidh comhaltaí údaráis áitiúil cruinniú buiséid údaráis áitiúil a chur ar atráth ó am go ham ach is go dtí lá a bheidh laistigh den tréimhse 21 lá dar tús an lá a thosaigh an cruinniú buiséid údaráis áitiúil ar dtús a dhéanfar aon atráth den sórt sin.

(7) Ag cruinniú buiséid údaráis áitiúil—

- (a) féadfaidh an t-údarás áitiúil, le rún, an dréachtbhuiséad údaráis áitiúil a leasú,
- (b) déanfaidh an t-údarás áitiúil, le rún, an dréachtbhuiséad údaráis áitiúil a ghlacadh, fara leasú nó gan leasú, agus—
 - (i) i gcás inar údarás áitiúil é ar údarás rátúcháin é, déanfaidh sé, faoi réir alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978, le rún, an ráta bliantúil ar luacháil a bheidh le tobhach a chinneadh de réir an bhuiséid údaráis áitiúil arna ghlacadh amhlaidh, nó
 - (ii) i gcás inar comhairle baile é nach údarás rátúcháin é nó i gcás inar comhchomhlacht é, ullmhóidh sé agus glacfaidh sé, le rún, de réir an bhuiséid údaráis áitiúil arna ghlacadh amhlaidh, éileamh ag comhairle baile faoi *alt 101* nó éileamh ag comhchomhlacht trína bhfaighfear an t-airgead chun freastal do chaiteachais na comhairle baile nó an chomhchomhlachta sa bhliain airgeadais áitiúil a bheidh le teacht.

(8) Maidir le buiséad údaráis áitiúil arna ghlacadh faoi *fho-alt (7)*—

- (a) déanfar cóip de a chur ar fáil ag príomhoifigí an údaráis áitiúil,
- (b) féadfaidh aon duine den phobal cóip de a iniúchadh le linn gnáth-uaireanta oscailte, agus
- (c) féadfar cóip de a cheannach ar phraghas nach mó ná an costas réasúnta atáirgthe.

(9) D'ainneoin fhorálacha eile an ailt seo agus *alt 102*, féadfar buiséad údaráis áitiúil a ghlacadh agus an ráta bliantúil ar luacháil a chinneadh an bhliain airgeadais áitiúil lena mbaineann an buiséad sin nó an ráta sin i gcás ina bhfuil sé seo de réir na tréimhse a bheidh forordaithe le rialacháin ón Aire chun an cruinniú buiséid údaráis áitiúil a thionól.

(10) I gcás nach mbeidh buiséad údaráis áitiúil glactha ag údarás áitiúil de réir na Caibidle seo roimh thosach bliana airgeadais áitiúla ar leith, is dleathach don údarás áitiúil airgead a úsáid nó dliteanas a thabhtú an bhliain airgeadais áitiúil sin chun aon chríche ar leith nó le haghaidh aon chlár feidhme ar leith a ndearna an t-údarás áitiúil airgead a úsáid nó dliteanas a thabhtú ina leith an bhliain airgeadais áitiúil díreach roimhe sin.

(11) (a) Ní mó an méid a úsáidfídh an t-údarás áitiúil nó an dliteanas a thabhóidh an t-údarás áitiúil de dhroim *fho-alt (10)*, ná trian den mhéid a d'úsáid an t-údarás áitiúil roimhe sin, nó trian den chostas is gá chun freastal don dliteanas a thabhaigh an t-údarás áitiúil roimhe sin an bhliain airgeadais áitiúil díreach roimhe sin.

(b) Féadfaidh an tAire, le hordú, an codán dá dtagraítear i *mír (a)* a athrú.

(12) (a) Léifear aon tagairt in aon achtachán do chruinniú meastachán údaráis áitiúil mar thagairt do chruinniú buiséid údaráis áitiúil de réir mar a fhoráiltear san alt seo.

(b) Léifear aon tagairt in aon achtachán do ráta sa phunt nó do rátaí sa phunt mar thagairt do ráta bliantúil ar luacháil.

Teorannú ar chaiteachas breise.

104.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “caiteachas breise” airgead a chaitheamh nó dliteanas a thabhtú nach ndéantar foráil maidir leis i mbuiséad údaráis áitiúil;

folaíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, aon tráth tar éis dó buiséad a ghlacadh, tar éis togra faoi *fho-alt (3)* nó ar shlí eile, a údarú caiteachas breise a thabhtú.

(3) Más rud é, maidir le haon bhliain airgeadais áitiúil, gur dóigh leis an mbainisteoir gur gá, chun feidhmeanna an údaráis áitiúil lena mbaineann a chomhlíonadh go cuí, caiteachas breise a thabhtú, cuirfidh sé nó sí togra faoi bhráid an údaráis áitiúil chun tabhtú an chaiteachais breise sin a údarú.

(4) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, scéim a ghlacadh lena n-údarófar don bhainisteoir caiteachas breise a thabhtú gan údarú roimh ré ón údarás áitiúil faoi *fho-alt (2)*; ach ní bheidh aon chaiteachas den sórt sin ina chúis leis an gcaiteachas iomlán a ndéanfar foráil maidir leis sa bhuiséad a shárú ach amháin i cibé imthosca agus faoi réir cibé ceanglas dá bhforálfar i rialacháin faoi *fho-alt (5)*.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, ó am go ham, scéim faoin bhfo-alt seo a leasú nó scéim nua a dhéanamh.

(5) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha *fho-alt (4)*.

(6) Ní choiscfidh aon ní san alt seo bainisteoir ó chaiteachas breise a thabhtú—

(a) más rud é, gur dóigh leis nó léi gur gá an caiteachas breise sin chun bagairt ar shláinte an phobail, ar shábháilteacht an phobail, ar mhaoin nó ar an gcomhshaol a sheachaint nó a mhaolú, nó

(b) i leith seirbhíse nó feidhme ar leith más rud é go ndéanann an tAire nó aon údarás poiblí eile cistiú breise, a dhéanfaidh fritháireamh substaintiúil ar an gcaiteachas breise sin, a chur ar fáil don údarás áitiúil don tseirbhís nó don fheidhm sin.

(7) Más rud é go mbeidh caiteachas breise faoi *fho-alt (6)*, nó caiteachas breise lena mbaineann scéim faoi *fho-alt (4)*, tabhaithe ag an mbainisteoir, déanfaidh sé nó sí—

(a) é sin a chur in iúl, gan mhoill, don Chathaoirleach, agus

(b) é sin a chur in iúl do chomhaltaí an údaráis áitiúil ag an gcéad chruinniú eile den údarás áitiúil tar éis caiteachas breise a thabhtú inar féidir é sin a dhéanamh,

ag tabhairt sonraí i dtaobh an chaiteachais breise agus a impleachtaí don bhuiséad údaráis áitiúil.

105.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil nó comhchomhlacht, le rún, a cheangal go n-ullmhófar agus go gcuirfear faoi bhráid a chomhaltaí ráitis i dtaobh staid airgeadais an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta, de réir mar a bheidh. Ráitis airgeadais agus tuarascálacha a chur isteach.

(2) I gcás comhairle contae nó comhairle cathrach, féadfaidh a grúpa um beartas corparáideach, más rud é nach mbeidh rún rite faoi *fho-alt (1)*, a cheangal go n-ullmhófar agus go gcuirfear faoina bráid ráitis i dtaobh staid airgeadais na comhairle contae nó na comhairle cathrach.

(3) Maidir le i ráiteas i dtaobh staid airgeadais arna chur isteach de dhroim *fho-alt (1)* nó (2), beidh cibé míneolas ann, agus ullmhófar agus cuirfear isteach é ag cibé agaí aimsire, a bheidh sonraithe—

(a) i rún an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta, de réir mar is cuí, nó

(b) i gceanglas an ghrúpa um beartas corparáideach.

106.—(1) (a) San alt seo—

folaíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht;

ciallaíonn “an tAire cuí”—

(i) más rud é, maidir leis an iasacht iomchuí a fháil nó an iasacht iomchuí a thabhairt, go ndéantar é i leith nithe nach mbaineann ach le freagracht nó leas aon Aire amháin den Rialtas seachas an tAire, an tAire sin den Rialtas,

(ii) má bhaineann na nithe sin le freagracht nó leas 2 Aire nó níos mó den Rialtas (nach duine acu an tAire) cibé duine de na hAirí sin den Rialtas is mó a bhfuil leas aige nó aici sna nithe, agus

Airgead a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar iasacht.

(iii) i ngach cás eile, an tAire.

(b) Más rud é, maidir le *mír (ii)* den mhíniú ar “an tAire cúí”, go mbíonn amhras ann i dtaobh cé acu duine de 2 Aire den Rialtas nó níos mó is mó a bhfuil leas aige nó aici, cinnfidh an tAire an t-amhras agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Aire.

(2) Faoi réir *fho-ailt (3)* agus (8) agus aon rialachán arna ndéanamh faoi *fho-alt (5)*, féadfaidh údarás áitiúil airgead a fháil ar iasacht ar aon slí is oiriúnach leis chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

(3) (a) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil iasacht a fháil faoin alt seo ach amháin le ceadú an Aire chuí.

(b) Ní bhaineann *mír (a)* le hiasachtaí a dhíolmhóidh an tAire cúí chun críocha an fho-ailt seo.

(4) Déanfar aon iarratas ar cheadú an Aire chuí faoi *fho-alt (3)* (a) i cibé formáid a bheidh sonraithe ag an Aire cúí ó am go ham.

(5) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh maidir le húdaráis áitiúla d’fháil airgid ar iasacht.

(6) (a) Féadfaidh údarás áitiúil airgead a thabhairt ar iasacht d’údarás áitiúil eile ar cibé téarmaí maidir le haisíoc agus nithe eile is cúí leis.

(b) Más rud é maidir le suim—

(i) go mbeidh sí ina páirt d’iasacht a thug comhairle contae ar airleacan faoin alt seo do chomhairle baile nach údarás rátúcháin í ach atá suite laistigh dá contae, nó

(ii) go mbeidh sí ina hús ar aon iasacht den sórt sin,

agus nach mbeidh sí curtha san áireamh san éileamh cúí faoi *alt 101*, ansin measfar an tsuim a bheith curtha san áireamh san éileamh agus beidh éifeacht dá réir sin le *halt 101(2)*.

(7) Is feidhm fhorchoimeáda cinneadh maidir le hiasacht a fháil nó a thabhairt faoin alt seo.

(8) Féadfaidh an tAire cúí, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, ceadú d’údarás áitiúil iasacht a fháil in airgeadra seachas airgeadra an Stáit.

(9) Ach amháin de réir an ailt seo, ní dhéanfaidh údarás áitiúil—

(a) airgead a fháil ar iasacht, nó

(b) airgead a thabhairt ar iasacht d’údarás áitiúil eile.

Cuntais a choimeád. **107.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, coimeádfaidh gach údarás áitiúil nó comhchomhlacht gach cuntas is cúí agus is gnáth ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé, lena n-áirítear cuntas ioncain agus caiteachais agus clár comhardaithe.

(2) Déanfaidh gach údarás áitiúil agus comhchomhlacht córais airgeadais, cuntais, nósanna imeachta maidir le tuairisciú agus coimeád taifead a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú, a bheidh ar comhréir le cibé cód cleachtais cuntasaióchta, nó leasuithe air, a eiseoidh an tAire ó am go ham.

(3) Maidir le haon chód cleachtais cuntasaióchta arna eisiúint ag an Aire ar cód cleachtais reatha é ar dháta thosach feidhme na forála seo, measfar é a bheith eisithe de réir an ailt seo agus a bheith infheidhme maidir le gach údarás áitiúil agus, i gcás inar cuí sin, maidir le gach comhchomhlacht.

108.—(1) San alt seo, tá le “caiteachas breise” an bhrí a thugtar dó le *halt 104(1)*. Ráiteas airgeadais bliantúil a bhreithniú.

(2) Déanfaidh gach údarás áitiúil nó comhchomhlacht ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú de réir an chóid cleachtais cuntasaióchta arna eisiúint ag an Aire faoi *alt 107*.

(3) A luaithe is indéanta, tar éis ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú, cuirfear an ráiteas sin, maille le tuarascáil air ón mbainisteoir, chuig gach comhalta den údarás áitiúil nó den chomhchomhlacht, de réir mar a bheidh.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, áireofar i dtuarascáil faoin bhfo-alt sin sonraí i dtaobh caiteachais breise a tabhaíodh le linn na tréimhse lena mbaineann an ráiteas airgeadais bliantúil agus i dtaobh údaruithe a tugadh faoi *alt 104*.

(5) Déanfar an ráiteas airgeadais bliantúil a bhreithniú ag an gcéad chruinniú eile den údarás áitiúil nó den chomhchomhlacht lena mbaineann inar féidir é sin a dhéanamh, ar cruinniú é nach dtionólfar tráth is luaithe ná 7 lá tar éis an ráiteas airgeadais bliantúil a chur faoi *fho-alt (3)*.

(6) A luaithe is féidir tar éis an ráiteas airgeadais bliantúil a chur faoi *fho-alt (3)*, déanfar é a tharchur chuig an Aire agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta.

109.—(1) San alt seo, ciallaíonn “tionscnamh pobail” aon tionscadal nó clár a mheasfaidh an t-údarás áitiúil a thiocfaidh chun sochair don phobal áitiúil agus folaíonn sé saoráidí taitneamhachta, áineasa, cultúir nó oidhreacht a sholáthar nó a fheabhsú, an comhshaol a chosaint nó a bhisiú, agus cláir chun uilechuimsitheacht shóisialach agus forbairt pobail a chur chun cinn. Ciste pobail.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, ciste a bhunú (dá ngairtear “ciste pobail” san alt seo) chun tacú le tionscnaimh phobail agus féadfaidh sé glacadh le ranníocaí leis an gciste sin ag aon ghrúpa saorálach, gnó nó pobail, údarás áitiúil nó údarás poiblí eile nó aon duine eile agus féadfaidh sé ranníocaí a dhéanamh leis an gciste sin é féin.

(3) Beidh an ciste pobail ar leithligh ón gciste áitiúil.

(4) (a) Déanfar cuntas a thabhairt ar leithligh i gcuntais ciste pobail agus beidh siad ina gcuid de thaifid agus de chuntais an údarais áitiúil nó na n-údarais áitiúil a bhunaigh an ciste.

(b) Beidh i gcuntais ciste pobail taifid ar leithligh do ranníocaí i leith tionscnamh pobail ar leith de réir mar is cuí leis údarás áitiúil a bhunaigh é.

(5) Féadfaidh údarás áitiúil comhaontú a dhéanamh le haon duine a dhéanann ranníocaí leis an gciste maidir le hairgead a chur chun feidhme faoi chomhair tionscnamh pobail ar leith.

(6) Féadfaidh údarás áitiúil cibé gníomhaíochtaí cruinnithe cistí is cuí leis chun críocha tionscnaimh pobail a ghabháil de lámh é féin nó cúnamh a thabhairt d'aon duine eile sa chéanna.

(7) Féadfar ciste pobail a bhunú i gcomhpháirt, le rún, ag 2 údarás áitiúla nó níos mó faoi réir cibé socruithe ar a gcomhaontóidh na húdaráis lena mbaineann.

(8) Beidh na feidhmeanna a thugtar d'údarás áitiúil leis an alt seo nó le *halt 110*—

(a) faoi réir cibé nithe a eisiamh, agus

(b) infheidhmithe faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha,

a fhorordóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, le rialacháin.

Scéim tionscnaimh pobail.

110.—(1) San alt seo—

tá le “ciste pobail” an bhrí a thugtar in alt *109(2)*;

tá le “tionscnamh pobail” an bhrí a thugtar in alt *109(1)*;

folaíonn “teaghais” cuid d'aon áitreabh atá ligthe mar theaghais ar leithligh cibé acu atá nó nach bhfuil an duine a bhfuil an chuid sin ligthe chuige nó chuici i bpáirt le haon duine eile in aon chóiríocht, taitneamhacht nó saoráid maidir leis sin nó le haon pháirt eile den áitreabh;

ciallaíonn “áititheoir” duine nó daoine a áitíonn an teaghais atá i gceist;

ciallaíonn “scéim” scéim arna glacadh ag údarás áitiúil faoin alt seo agus léifear “dréachtscéim” dá réir.

(2) Más cuí le húdarás áitiúil é, féadfaidh sé, de réir an ailt seo, le rún, scéim a ghlacadh chun áititheoir gach teaghaise sa limistéar lena mbaineann an scéim do dhéanamh ranníoc bliantúil faoi chomhair tionscnaimh pobail ar leith a bheidh sonraithe sa scéim.

(3) Déanfar ranníocaí bliantúla a gheofar de réir scéime a íoc isteach sa chiste pobail.

(4) Féadfaidh grúpa pobail áitiúil nó grúpa eile, an t-údarás áitiúil, aon duine eile nó aon dreamanna díobh i gcomhpháirt, tionscnamh pobail lena mbaineann scéim a ghabháil de lámh.

(5) Maidir le scéim—

(a) tabharfaidh sí tuairisc ar an tionscnamh nó ar na tionscnaimh ar leith a bhfuil ranníocaí bliantúla faoin scéim le cur chun feidhme maidir leo,

- (b) déanfaidh sí foráil maidir le taifead ar leithligh a choimeád sa chiste pobail maidir leis na ranníocaí bliantúla sin,
 - (c) sonródh sí méid an ranníoca bhliantúil a bheidh le hóc ag an áititheoir agus féadfar méideanna éagsúla a bheith sonraithe d'earnálacha éagsúla daoine a bheidh sonraithe sa scéim,
 - (d) déanfaidh sí foráil maidir leis an rannóc bliantúil a tharscaoileadh nó a mhaitheamh go hiomlán nó go páirteach i gcás cruatain phearsanta, cumais íoctha, nó imthosca sonraithe eile,
 - (e) sonródh sí an tréimhse blianta ar lena linn a bheidh an scéim le hoibriú,
 - (f) sonródh sí an tréimhse ar laistigh di a bheidh an rannóc bliantúil le hóc,
 - (g) sonródh sí an limistéar lena mbaineann an scéim, agus
 - (h) déanfaidh sí foráil maidir leis na nithe eile sin go léir a mheasfaidh an t-údarás áitiúil is gá chun oibriú sásúil na scéime a áirithiú.
- (6) (a) Sula nglacfaidh údarás áitiúil scéim, foilseoidh sé fógra i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear ina limistéar riaracháin ina gcuirfear in iúl go bhfuil dréachtscéim ullmhaithe.
- (b) Maidir leis an bhfógra—
- (i) tabharfaidh sé tuairisc ar an tionscnamh pobail nó ar na tionscnaimh phobail agus ar an limistéar ar ina leith a d'oibreodh an scéim,
 - (ii) luafaidh sé méid an ranníoca bhliantúil atá beartaithe,
 - (iii) cuirfidh sé in iúl go bhféadfar cóip den dréachtscéim a iniúchadh ag príomhoifigí an údaráis áitiúil nó ag cibé suímh eile a bheidh sonraithe agus go bhféadfar í a fháil saor in aisce ag na hoifigí nó na suímh sin, agus
 - (iv) cuirfidh sé in iúl go bhféadfaidh aon duine aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil i ndáil leis an dréachtscéim ar dháta nó roimh dháta a bheidh sonraithe san fhógra, agus is dáta é an dáta nach mbeidh níos luaithe ná mí amháin ar a laghad ón tráth a fhoilseofar amhlaidh an fógra ar dtús.
- (7) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, a chinneadh pobalbhreith a ghlacadh maidir le dréachtscéim sa chuid sin dá limistéar a mbeartaítear scéim a dhéanamh ina leith.
- (b) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena rialófar an tslí ina nglacfar pobalbhreitheanna agus nithe a bhaineann le pobalbhreitheanna.
- (8) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis ina fhabhar, scéim a ghlacadh, fara leasú nó gan leasú, aon tráth tar éis—

- (a) an dáta a bheidh sonraithe chun críocha *fho-alt (6)(b)(iv)*,
 - (b) aon aighneachtaí nó tuairimí a bheidh curtha faoina bhráid faoi *fho-alt (6)(b)(iv)* a bhreithniú, agus
 - (c) toradh aon phobalbhreithe arna glacadh faoi *fho-alt (7)* a bhreithniú.
- (9) (a) I gcás ina mbeidh scéim glactha, déanfaidh an t-údarás áitiúil, gach bliain ina n-oibríonn an scéim, fógra a chur chuig an áititheoir chun an ranníoc bliantúil a íoc.
- (b) Íocfaidh an t-áititheoir leis an údarás áitiúil an ranníoc bliantúil a bheidh sonraithe san fhógra laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe.
- (10) Más rud é, maidir le ranníoc bliantúil a bheidh le déanamh ag an áititheoir de réir fógra chun íoctha, nach mbeidh sé íoctha laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe chun íoctha san fhógra, féadfaidh an t-údarás áitiúil an ranníoc bliantúil sin a ghnóthú ón áititheoir mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.
- (11) Féadfaidh 2 údarás áitiúla nó níos mó scéim a dhéanamh i gcomhpháirt i leith limistéir a bheidh sonraithe sa scéim agus a mbeidh cuid de limistéar riaracháin gach ceann de na húdaráis áitiúla lena mbaineann nó limistéar iomlán an chéanna ann, ach ní dhéanfar scéim i leith aon limistéir a chuimsíonn contae nó cathair iomlán.
- (12) Cuirfidh fógra chun íoctha na nithe seo a leanas in iúl—
- (a) méid an ranníoca bhliantúil,
 - (b) an tréimhse ar laistigh di a bheidh sé le híoc, agus
 - (c) an tionscnamh pobail nó na tionscnaimh phobail lena mbaineann sé.
- (13) Féadfar fógra chun íoctha a dhíriú chuig aon áititheoir de chuid na teaghaise faoina ainm nó faoina hainm, ach i gcás nach féidir ainm an áititheora a fháil amach le fiosrú réasúnach féadfar an fógra a dhíriú chuig “an t-áititheoir” gan an t-áititheoir a ainmniú.
- (14) Ní bheidh ach aon ranníoc amháin iníoctha i leith aon teaghaise i leith bliana ar leith.

Rialacháin (*Caibidil 1*). **111.**—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le haon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas—

- (a) foirm cuntas a bheidh le coimeád ag údarás áitiúla nó comhchomhlachtaí, lena n-áirítear na cláir feidhme a bheidh le taispeáint sna cuntais sin agus na nithe a mbeidh méideanna ar leithligh le taispeáint ina leith,
- (b) formáid buiséid údarás áitiúil nó dréachtbhuiséid údarás áitiúil,
- (c) na tréimhsí chun cruinnithe buiséid údarás áitiúil a thionól,
- (d) foirm agus modh aon ráitis maidir le costais mheasta comhairle contae le haghaidh seirbhísí baile, agus an

tréimhse chun an ráiteas sin a tharchur chuig na comhairlí baile lena mbaineann,

- (e) foirm agus modh éilimh faoi *alt 101* ag comhairle baile nach údarás rátúcháin í agus an tréimhse chun an t-éileamh sin chun freastal do na caiteachais sin a sheirbheáil ar an gcomhairle contae iomchuí,
- (f) comhchomhlacht do sheirbheáil éilimh i leith a chuid caiteachas ar an gcomhairle contae iomchuí nó ar an gcomhairle cathrach iomchuí agus an fhormaid agus an tréimhse chun an t-éileamh sin a sheirbheáil,
- (g) na tréimhsí a shonrú ar laistigh díobh a dhéanfar íocaíochtaí a rinneadh le daoine a bheidh údaraithe chun airgead a fháil thar ceann údaráis áitiúil a íoc leis an údarás,
- (h) na nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin a mbeidh feidhm acu i ndáil le bronntanais arna bhfáil ag údarás áitiúil,
- (i) cibé nithe eile is dóigh leis an Aire is cuí i ndáil le bainistiú airgeadais agus nósanna imeachta airgeadais.

(2) Féadfar le rialacháin faoin alt seo foráil a dhéanamh maidir le haon ní faoi threoir cóid cleachtas cuntasáíochta arna eisiúint faoi *alt 107*.

112.—(1) I gcás ina ndéanfar togra ag cruinniú d'údarás áitiúil nó de chomhchomhlacht chun aon ghníomh, ní nó rud a dhéanamh nó a chur in éifeacht—

Oibleagáidí i gcás togra a dtiocfaidh íocaíocht neamhdhleathach, easnamh nó caillteanas dá dhroim.

- (a) is feidhm fhorchoimeáda nó a bheidh luaite i rún faoi *alt 140*, agus
- (b) a mbeidh íocaíocht neamhdhleathach le déanamh dá dhroim as cistí an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta, nó ar dóigh na cistí sin a bheith easnamhach nó caillteach dá dhroim,

déanfaidh an bainisteoir (nó, má bhíonn sé nó sí as láthair, cibé fostaí eile a bheidh ainmnithe ag an mbainisteoir) agóid agus luafaidh sé nó sí forais a agóide nó a hagóide, agus, má dhéantar cinneadh ar an togra, taifeadfar i miontuairiscí an chruinnithe ainmneacha na gcomhaltaí a bhí i láthair agus a vótáil ar son agus in aghaidh an chinnidh agus a staon ó vótáil ar an gcinneadh.

(2) I gcás ina dtaifeadfar, de réir *fho-alt (1)*, i miontuairiscí cruinnithe d'údarás áitiúil nó de chomhchomhlacht, ainmneacha na ndaoine a vótáil ar son cinnidh chun aon ghníomh, ní nó rud a dhéanamh nó a chur in éifeacht, cuirfear formhuirear ar na daoine sin i leith aon fhorhúirir, nó muirear orthu i leith aon mhúirir, a ghearrfar ina dhiaidh sin de thoradh an chinnidh amhail is dá mba iad a rinne an íocaíocht nó a d'údaraigh an íocaíocht a dhéanamh nó ba chúis leis an gcaillteanas nó leis an easnamh, agus ní chuirfear formhuirear nó muirear ar aon duine eile.

113.—(1) Ní dhéanann aon ní san Acht seo (lena n-áirítear aisghairm aon achtacháin) difear do rátaí a ghearradh, a thobhach, a bhailiú nó a ghnóthú nó don dliteanas a bheidh ar dhuine rátaí a íoc.

Cosaint.

(2) D'ainneoin aisghairm an Achta um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955, leis an Acht seo, leanfaidh alt 10A den Acht sin (arna chur isteach le halt 44 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994) d'fheidhm a bheith aige agus d'éifeacht a bheith leis agus chun na críche sin—

- (a) maidir leis an tagairt i bhfo-alt (1) den alt sin do “alt 10(4) den Acht seo” agus i bhfo-alt (3) den alt sin do “fho-alt (4) d'alt 10”, léifear iad araon mar thagairtí d'alt 103(7) den Acht seo, agus
- (b) maidir leis na tagairtí i bhfo-ailt (7) agus (8) do “Chuid IV den Acht Rialtais Áitiúil, 1941”, léifear gach ceann díobh mar thagairt do *Chuid 21* den Acht seo.

CAIBIDIL 2

Iniúchadh

Léiriú (*Caibidil 2*). **114.**—(1) Sa Chaibidil seo—

tá le “coiste iniúchóireachta” an bhrí a thugtar in *alt 122*;

tá le “ráiteas airgeadais iniúchta” an bhrí a thugtar in *alt 120(1)*;

tá le “tuairim iniúchóireachta” an bhrí a thugtar in *alt 120(1)*;

tá le “tuarascáil iniúchára” an bhrí a thugtar in *alt 120(1)*;

tá le “tuarascáil speisialta iniúchára” an bhrí a thugtar in *alt 120(2)*;

ciallaíonn “údarás áitiúil nó comhlacht eile” údarás áitiúil, comhchomhlacht agus aon chomhlacht eile a bheidh arna fhorordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 115*;

léifear “iniúcháir rialtais áitiúil” de réir *alt 116(1)*.

(2) Déanfar aon tagairt don Aire sa Chaibidil seo, i gcás ina mbaineann an tagairt le comhlacht arna fhorordú le rialacháin faoi *alt 115* a bhfuil Aire eile den Rialtas freagrach as, a léamh mar thagairt don Aire sin.

Feidhm (*Caibidil 2*). **115.**—(1) Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach údarás áitiúil agus gach comhchomhlacht agus déanfaidh iniúcháir rialtais áitiúil a gcuntais a iniúchadh de réir fhorálacha an Achta seo.

(2) (a) Féadfaidh an tAire le rialacháin, comhlacht a fhorordú chun bheith ina chomhlacht a mbeidh feidhm freisin ag an gCaibidil seo maidir leis.

(b) Ní dhéanfaidh an tAire rialacháin faoin bhfo-alt seo i leith comhlachta a bhfuil Aire eile den Rialtas freagrach as go díreach nó go neamhdhíreach, mura dtoileoidh an tAire sin leis na rialacháin sin a dhéanamh.

An tSeirbhís
Iniúchóireachta
Rialtais Áitiúil.

116.—(1) Bunaítear ar thosach feidhme an ailt seo seirbhís ar a dtabharfar an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus féadfaidh an tAire cibé daoine agus cibé líon daoine a bheidh cáilithe go cuí a cheapadh chun na seirbhíse sin, is daoine ar a dtabharfar iniúcháirí rialtais áitiúil, chun iniúchtaí a dhéanamh nó cúnamh a

thabhairt chun iniúchtaí a dhéanamh ar chuntais údarás áitiúil agus comhlachtaí eile.

(2) Beidh iniúcháirí rialtais áitiúil neamhspleách i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna gairmiúla.

(3) Féadfaidh an tAire duine (dá ngairtear an “Stiúrthóir Iniúcháireachta” san Acht seo) a cheapadh chun na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil chun na feidhmeanna a leagtar amach i *bhfo-alt (4)* a chur i gcrích.

(4) Is iad feidhmeanna an Stiúrthóra Iniúcháireachta—

- (a) acmhainní a eagrú, a stiúradh agus a leithroinnt laistigh den tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil,
- (b) iniúchtaí ar údarás áitiúla nó comhlachtaí eile ar leith a shannadh d’iniúcháirí rialtais áitiúil ar leith,
- (c) cibé comhairle agus cúnaimh a sholáthar a cheanglóidh an tAire ó am go ham chun críocha *alt 117(1)*,
- (d) socrú a dhéanamh maidir le hiniúcháirí do dheimhniú éileamh nó tuairisceán de réir *alt 126*,
- (e) an tAonad (Luach ar Airgead) Rialtais Áitiúil a bunaíodh le halt 14 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1997, a stiúradh, agus a chinntiú go gcorpraítear obair an aonaid i gcleachtas iniúcháireachta rialtais áitiúil,
- (f) tuarascáil a thabhairt don Aire ó am go ham maidir le nithe atá leagtha amach i *míreanna (a)* go *(e)* agus go ginearálta maidir le feidhmiú na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil,
- (g) imeachtaí a thionscnamh faoi *alt 119(4)*, agus
- (h) cibé feidhmeanna eile a chomhall a ordóidh an tAire ó am go ham.

(5) De bhua an fho-ailt seo, is cuid den tSeirbhís Inniúcháireachta Rialtais Áitiúil an tAonad (Luach ar Airgead) Rialtais Áitiúil dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(e)*.

- (6) (a) Aon duine, ar iniúcháir rialtais áitiúil é nó í díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, beidh sé nó sí arna shannadh nó arna sannadh chun na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil de bhua an fho-ailt seo ar an tosach feidhme sin.
- (b) Ní léifear aon ní san fho-alt seo mar ní a dhéanfaidh dochar do phost duine dá dtagraítear i *mír (a)* mar státseirbhíseach chun críocha Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956.

117.—(1) Tar éis breithniú a dhéanamh ar na caighdeáin iniúcháireachta ghairmiúla iomchuí agus tar éis dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Iniúcháireachta, féadfaidh an tAire cód cleachtas iniúcháireachta a eisiúint agus a leasú ó am go ham i ndáil le hiniúchadh a dhéanamh agus le cibé nithe gaolmhara is cuí leis an Aire.

Cód cleachtas
iniúcháireachta.

(2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh forálacha a bheith sa chód maidir le breithniú a dhéanamh—

- (a) ar sheasamh airgeadais ginearálta an chomhlachta iniúchta,
 - (b) ar leordhóthanacht chórais airgeadais an chomhlachta iniúchta,
 - (c) ar leordhóthanacht shocruithe an chomhlachta iniúchta chun calaois agus éilliú a chosc agus a bhrath,
 - (d) ar leordhóthanacht socruithe ag údarás áitiúil nó comhlacht eile chun barainneacht agus éifeachtúlacht a áirithiú ó thaobh acmhainní a úsáid agus na gcóras a úsáideann an t-údarás áitiúil nó an comhlacht eile lena mbaineann chun a chumasú dó éifeachtacht a oibríochtaí a mheas.
- (3) (a) Déanfaidh iniúcháir rialtais áitiúil de réir an chóid cleachtais iniúcháireachta dá bhforáiltear i *bhfo-alt (1)*, le linn iniúchadh a dhéanamh ar údarás áitiúil nó comhlacht eile.
- (b) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chaibidil seo dochar d'alt 15 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1997.

Nós imeachta iniúcháireachta.

118.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena leagfar amach na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag údarás áitiúil nó comhlacht eile agus ag iniúcháir rialtais áitiúil i ndáil le hiniúchadh ar chuntais an údaráis áitiúil nó an chomhlachta eile.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin maidir le haon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas—

- (a) fógra a thabhairt i dtaobh an trátha agus an ionaid chun an t-iniúchadh a dhéanamh;
- (b) an t-iniúchadh a chur ar atráth;
- (c) ceart poiblí chun cuntais a scrúdú;
- (d) earráidí sa ráiteas bliantúil airgeadais a leasú nó a cheartú;
- (e) ceart a thabhairt d'aon duine den phobal agóid a dhéanamh chuig an iniúcháir rialtais áitiúil maidir leis na cuntais agus an t-iniúcháir rialtais áitiúil do thabhairt breitheanna ar aon agóidí den sórt sin;
- (f) an t-iniúcháir rialtais áitiúil do chríochnú an iniúchta;
- (g) fógra poiblí i dtaobh na gcuntas iniúchta;
- (h) táillí nó scála táillí le haghaidh seirbhísí iniúchta.

(3) I gcúrsa cuntais an údaráis áitiúil nó an chomhlachta eile a iniúchadh, déanfaidh an t-iniúcháir rialtais áitiúil cibé tástálacha iniúchta is cuí leis nó léi d'fhonn a dheimhniú dó féin nó di féin—

- (a) an bhfuil an ráiteas bliantúil airgeadais ullmhaithe de réir *alt 107* nó na gceanglas cuntasáochta is infheidhme ar shlí eile maidir leis an gcomhlacht lena mbaineann,
- (b) an ndéanann an ráiteas bliantúil airgeadais staid airgeadais an údaráis nó an chomhlachta eile agus a ioncaim agus a chaiteachais don tréimhse atá i gceist a chur i láthair go cóir,
- (c) an bhfuil idirbhearta an chomhlachta iniúchta i gcomhréir leis an údarú reachtúil nó leis an údarú eile faoina n-airbheartaíonn siad a bheith déanta.

119.—(1) Chun críocha na Caibidle seo, maidir le hiniúcháir rialtais áitiúil i gcúrsa iniúchta—

Ceart iniúchóra chun doiciméid a scrúdú, faisnéis a fháil, etc.

- (a) tabharfar cibé cóiríocht oifige nó saoráidí eile a éileoidh sé nó sí le réasún dó nó di,
- (b) tabharfar rochtain dó nó di ar na leabhair, na gníomhais, na conarthaí, na cuntais, na dearbháin, na hadmhálacha, na léarscáileanna, na pleananna, na doiciméid, nó na sonraí, an fhaisnéis, na hábhair nó na rudaí eile go léir a éileoidh sé nó sí le réasún agus ceadófar dó nó di an céanna a scrúdú,
- (c) beidh sé nó sí i dteideal, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon talamh nó áitreabh nó déanmhas (seachas teaghais) atá ar úinéireacht, arna úsáid, arna rialú nó arna bhainistiú ag údarás áitiúil nó comhlacht eile, agus an céanna a iniúchadh.

(2) Tá sé de dhualgas ar údarás áitiúil (a chomhaltáí agus a fhostaithe) nó ar chomhlacht eile gach saoráid agus comhoibriú a thabhairt d'iniúcháir rialtais áitiúil lena n-áirítear faisnéis a iarrfaidh sé nó sí le réasún a thabhairt.

(3) Aon duine a chuirfidh cosc nó bac ar iniúcháir rialtais áitiúil, nó a dhiúltóidh déanamh de réir iarrata de chuid iniúchóra rialtais áitiúil, ag gníomhú dó nó di i bhfeidhmiú aon cheann de na feidhmeanna a thugtar dó nó di leis an alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Féadfaidh an Stiúrthóir Iniúcháireachta imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh.

120.—(1) Nuair a bheidh an t-iniúchadh ar chuntais údaráis áitiúil nó comhlachta eile críochnaithe—

Tuairim iniúcháireachta agus tuarascáil.

- (a) déanfaidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil a thuairim nó a tuairim (dá ngairtear “tuairim iniúcháireachta” sa Chaibidil seo) a thairfeadh i bhfoirm a bheidh ar comhréir leis an gcód cleachtais iniúcháireachta dá dtagraítear in *alt 117* ar an ráiteas bliantúil airgeadais iomchuí (dá ngairtear an “ráiteas airgeadais iniúchta” sa Chaibidil seo),
- (b) cuirfidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil cóipeanna den ráiteas airgeadais iniúchta gan mhoill chuig an údarás áitiúil nó

chuig an gcomhlacht eile lena mbaineann, chuig an Stiúrthóir Iniúchóireachta agus chuig an Aire, agus

(c) féadfaidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil tuarascáil a ullmhú (dá ngairtear “tuarascáil iniúchóra” sa Chaibidil seo) i dtaobh aon ní nó nithe a thagann ar a aird nó ar a haird i gcúrsa an iniúchta agus beidh an tuarascáil sin ag gabháil leis an ráiteas airgeadais iniúchta.

(2) (a) Má mheasann an t-iniúchóir rialtais áitiúil gur cuí, ar mhaithe le leas an phobail, déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí tuarascáil a ullmhú (dá ngairtear “tuarascáil speisialta iniúchóra” sa Chaibidil seo) i dtaobh aon ní nó nithe a thagann ar a aird nó ar a haird i gcúrsa an iniúchta sula mbeidh an t-iniúchadh sin críochnaithe.

(b) Cuirfear an tuarascáil speisialta iniúchóra gan mhoill chuig an údarás áitiúil nó chuig an gcomhlacht eile lena mbaineann, chuig an Stiúrthóir Iniúchóireachta agus chuig an Aire.

(3) Beidh tuairim iniúchóireachta, tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra dírithe chuig an údarás áitiúil nó chuig an gcomhlacht eile lena mbaineann.

(4) Sula gcríochnófar tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra, rachaidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil i gcomhairle le bainisteoir nó príomhoifigeach an chomhlachta iniúchta lena mbaineann, de réir mar a bheidh, i leith na nithe is ábhar don tuarascáil sin agus breithneoidh agus taifeadfaidh sé nó sí na tráchtáil de chuid an bhainisteora nó an phríomhoifigigh, de réir mar a bheidh, a bhfuil tábhacht ábhartha leo maidir leis na nithe sin.

Ráiteas airgeadais bliantúil agus tuarascáil iniúchóra a bhreithniú.

121.—(1) Tar éis don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht an ráiteas airgeadais iniúchta, an tuarascáil iniúchóra nó an tuarascáil speisialta iniúchóra a fháil, cuirfidh an bainisteoir don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht sin an ráiteas isteach lena bhreithniú ag an gcéad chruinniú eile den údarás áitiúil nó den chomhchomhlacht lena mbaineann inar féidir sin a dhéanamh.

(2) Aon tráth laistigh de 3 mhí ón tráth a cuireadh an ráiteas airgeadais iniúchta, an tuarascáil iniúchóra nó an tuarascáil speisialta iniúchóra faoi bhráid an údarás áitiúil nó an chomhchomhlachta de réir *alt 120*, féadfaidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil a rinne an t-iniúchadh fógra a thabhairt don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht gur mian leis nó léi labhairt leis an údarás nó leis an gcomhlacht sin ina thaobh nó ina taobh.

(3) Tar éis fógra a thabhairt faoi *fho-alt (2)*, beidh iniúchóir rialtais áitiúil i dteideal labhairt leis an údarás áitiúil nó leis an gcomhchomhlacht ag a chéad chruinniú eile tar éis an fógra a thabhairt i dtaobh an ráitis airgeadais iniúchta, na tuarascála iniúchóra nó na tuarascála speisialta iniúchóra nó ag cibé cruinniú eile a shonróidh sé nó sí.

Coiste iniúchóireachta.

122.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil nó comhchomhlacht, laistigh de 3 mhí ón gcruinniú dar cuireadh isteach ráiteas airgeadais iniúchta, tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra de réir *alt 121(1)*, coiste a bhunú (dá ngairtear “coiste iniúchóireachta” sa Chaibidil seo).

(2) Is éard a bheidh i gcoiste iniúchóireachta cibé comhaltaí den údarás áitiúil nó den chomhchomhlacht a chinnfidh an t-údarás nó an comhchomhlacht ach ní fhéadfaidh gur mó an líon, i gcás ar bith, ná a leath de líon iomlán na gcomhaltaí nó 7 gcomhalta, cibé líon acu is lú.

(3) Féadfaidh coiste iniúchóireachta ráiteas airgeadais iniúchta an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta, de réir mar a bheidh, a bhreithniú, mar aon le haon tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra ar an gcéanna agus aon nithe gaolmhara eile.

(4) Tionólfar na cruinnithe go léir de choiste iniúchóireachta go poiblí.

(5) Ar iarraidh ó choiste iniúchóireachta, freastalóidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil a rinne an t-iniúchadh ar chruinniú den choiste iniúchóireachta, chun soiléiriú a dhéanamh ar cibé saincheisteanna is gá i ndáil lena bhfuil sa tuarascáil iniúchóra nó sa tuarascáil speisialta iniúchóra nó thairis sin.

(6) Beidh na saincheisteanna a bheidh le plé ag coiste iniúchóireachta ag cruinniú ar a bhfreastalóidh iniúchóir rialtais áitiúil faoi réir cibé treoirlínte a eiseoidh an tAire ó am go ham, ach fad a bheidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil i láthair ní phléifear, i gcás ar bith, aon saincheist—

(a) a bhaineann le formhuirear faoi alt 12 den *Local Government (Ireland) Act*, 1871, nó

(b) a bhaineann le muirear faoi alt 20 den *Local Government (Ireland) Act*, 1902 (arna leasú ag alt 61(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 1925).

(7) Ar iarraidh ón gcoiste iniúchóireachta freastalóidh an bainisteoir don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht lena mbaineann ar chruinniú den choiste agus féadfaidh sé nó sí socrú a dhéanamh maidir le cibé fostaithe eile is cuí leis nó léi do dhéanamh freastail ar an gcruinniú.

(8) Tabharfaidh an coiste iniúchóireachta tuarascáil don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht ar a bhreithniú ar an ráiteas airgeadais iniúchta, ar an tuarascáil iniúchóra nó ar an tuarascáil speisialta iniúchóra.

(9) Beidh iniúchóir údaráis áitiúil i dteideal pribhléid cháilithe a bheith aige nó aici i ndáil le haon ráitis arna ndéanamh aige nó aici ag cruinniú coiste iniúchóireachta nó ag cruinniú dá dtagraítear in *alt 121(3)*.

123.—(1) Féadfaidh an tAire a ordú go ndéanfaidh iniúchóir rialtais áitiúil iniúchadh urghnách ar chuntais údaráis áitiúil nó comhlachta eile nó ar ghné de na cuntais sin más dóigh leis an Aire gur cuí déanamh amhlaidh, mar gheall ar fhaisnéis i dtuarascáil iniúchóra nó i dtuarascáil speisialta iniúchóra nó ar aon chúis eile. Iniúchadh urghnách.

(2) Beidh feidhm ag *ailt 117 go 119* maidir le hiniúchadh urghnách a dhéanamh, fara aon mhodhnuithe nó coigeartuithe is gá.

(3) Beidh feidhm ag *ailt 120 go 122* maidir le tuarascáil ag éirí as iniúchadh urghnách.

Cd.12 [Uimh. 37.] An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001. [2001.]

Iniúchadh a athshannadh.

124.—(1) I gcás ina bhfaighidh an t-iniúchóir rialtais áitiúil a rinne iniúchadh nó a bheidh ag déanamh iniúchadh bás, ina scoirfidh sé nó sí, ina n-éireoidh sé nó sí as oifig nó nach mbeidh sé nó sí ar fáil thairis sin, féadfaidh an Stiúrthóir Iniúchóireachta iniúchóir rialtais áitiúil eile a shannadh chun bheith ina iniúchóir rialtais áitiúil nó ina hiniúchóir rialtais áitiúil don iniúchadh.

(2) Aon tráth a fhreastalóidh iniúchóir rialtais áitiúil a bheidh sannta faoi *fho-alt (1)* ar aon chruinniú d'údarás áitiúil nó de chomhchomhlacht, measfar gurb é nó gurb í a rinne an t-iniúchadh.

Táillí iniúchóireachta.

125.—(1) Féadfaidh an tAire ó am go ham, táille nó scála táillí a fhorordú le rialacháin i leith iniúchtaí ar chuntais a cheanglaítear a iniúchadh de réir an Achta seo.

(2) Íocfaidh údarás áitiúil nó comhlacht eile leis an Aire cibé méid a bheidh cinnte de réir cibé rialacháin a bheidh déanta faoin alt seo.

Éilimh, tuairisceáin, etc. a dheimhniú.

126.—Má cheanglaíonn an tAire air nó uirthi é, déanfaidh an Stiúrthóir Iniúchóireachta socruithe maidir le hiniúcháir rialtais áitiúil do dheimhniú éileamh nó tuairisceán, nó aon aicme éileamh nó tuairisceán, i leith deontas, fóirdheontas nó airgid eile a bheidh dlite d'údarás áitiúil nó do chomhlacht eile de roinn Stáit, d'údarás poiblí nó d'údarás áitiúil eile.

CUID 13

ÚDARÁIS ÁITIÚLA AGUS AN POBAL ÁITIÚIL

Comhairliúchán leis an bpobal áitiúil.

127.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta is cuí leis a dhéanamh chun dul i gcomhairle leis an bpobal áitiúil agus chun rannpháirtíocht éifeachtach an phobail áitiúil i rialtas áitiúil a chur chun cinn.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* féadfaidh údarás áitiúil—

- (a) cibé gníomh faoi *alt 64* a mheasfaidh an t-údarás is cuí a ghabháil de láimh,
- (b) coistí um beartas straitéiseach nó coiste um beartas bardasach a bhunú de réir *Chuid 7*,
- (c) dul i gcomhairle le grúpaí áitiúla earnála, grúpaí áitiúla pobail agus grúpaí áitiúla eile,
- (d) socrú a dhéanamh maidir le hionadaíocht ar choistí limistéir nó ar choistí iomchuí eile de chuid an údaráis do dhaoine a bhfuil eolas nó taithí acu atá ábhartha maidir le hobair an choiste ar leith,
- (e) dul i gcomhairle le comhlachas aitheanta faoi *alt 128*,
- (f) socruithe a dhéanamh maidir le daoine leasmhara do fhreastal ar chruinnithe de chuid an údaráis nó aon choiste dá chuid, agus do thógáil saincheisteanna, de réir cibé rialacha a chinnfear le rún ón údarás,

(g) socrú a dhéanamh maidir le cruinnithe faisnéise a thionól agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le haon ní a ghabhann lena fheidhmeanna.

(3) (a) Más rud é, i ndáil le haon fheidhm de chuid údaráis áitiúil faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, go gceanglaítear leis an achtachán iomchuí fógra a fhoilsiú i nuachtán agus aighneachtaí nó tuairimí a lorg i dtaca le comhlíonadh na feidhme sin, féadfaidh an t-údarás áitiúil cibé bearta breise a mheasfaidh sé is cúí a dhéanamh chun an próiseas comhairliúcháin a phoibliú, a éascú nó a chur chun cinn lena n-áirítear úsáid a bhaint as foirmeacha eile cumarsáide, lena n-áirítear stáisiúin raidió áitiúil agus úsáid a bhaint as foirmeacha leictreonacha cumarsáide.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil, i leith tuarascálacha, pleananna nó aon ábhair eile i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna, socrú a dhéanamh maidir leis na hábhair sin a chur ar fáil nó a thaispeáint ag suímh oiriúnacha de bhreis orthu sin a cheanglaítear leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile.

(4) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena dteorannaítear an ról nó lena n-imítear ón ról atá ag údarás áitiúil mar chomhlacht tofa.

128.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil a dhearbhu go mbeidh aon chomhlacht, cibé acu corpraithe nó neamhchorpraithe, ina chomhlachas aitheanta chun críocha an ailt seo, i gcás inarb é tuairim an údaráis áitiúil gur cúram don chomhlacht leasanna an phobail áitiúil nó aon chuid den phobal áitiúil nó aon ghrúpa sa phobal áitiúil a chur chun cinn, nó leasanna limistéar riaracháin iomlán an údaráis áitiúil sin nó cuid de a chur chun cinn. Comhlachais aitheanta.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil—

(a) dul i gcomhairle le comhlachas aitheanta i dtaobh aon ní iomchuí,

(b) cúnamh airgid nó comhchineáil a sholáthar d'aon chomhlachas den sórt sin,

(c) socrúithe a dhéanamh le comhlachas aitheanta faoi alt 13(6) d'Acht na mBóithre, 1993, nó faoi *Chaibidil 4 de Chuid 9*,

(d) comhaontú a dhéanamh i scríbhinn le comhlachas aitheanta chun go gcomhallfaidh an comhlachas thar ceann an údaráis áitiúil feidhmeanna áirithe de chuid an údaráis arb é tuairim an údaráis ina leith go bhféadfadh an comhlachas aitheanta iad a chomhall go sásúil, faoi réir cibé téarmaí, coinníollacha, srianta agus ceanglas eile a mheasfaidh an t-údarás is gá agus a shonróidh sé sa chomhaontú.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)(d)* i leith feidhme forchoimeáda, i leith na feidhme chun socrúithe a dhéanamh faoi alt 13(6) d'Acht na mBóithre, 1993, nó faoi *Chaibidil 4 de Chuid 9* nó i leith aon fheidhme eile a fhorordóidh an tAire le rialacháin.

(4) Maidir le haon oibreacha nó rud eile a bheidh curtha i gcrích nó déanta ag comhlachas aitheanta de mheon macánta de thoradh

comhaontú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)(d)* agus de réir gach ceanglais den chomhaontú sin, measfar iad nó é amhail is gur oibreacha iad nó ní eile é a bhí údaraithe go cuí, curtha i gcrích nó déanta ag an údarás áitiúil.

(5) Chun críocha *fho-ailt (1)* agus (2), féadfaidh údarás áitiúil aird a bheith aige i dtaobh an amhlaidh, ina thuairim—

- (a) atá comhlacht comhdhéanta go cuí agus ionadaitheach,
- (b) atá socruithe leordhóthanacha airgeadais agus cuntasáíochta i bhfeidhm,
- (c) atá an comhlacht in ann déanamh de réir cibé ceanglas a mheasfaidh an t-údarás áitiúil in imthosca uile an cháis is gá agus is réasúnach chun na gcríoch sin.

(6) Is feidhm fhorchoimeáda dearbhú faoi *fho-alt (1)*.

(7) Féadfaidh an tAire le rialacháin cibé nithe a bhaineann le comhlachais aitheanta agus a mheasfaidh sé nó sí is cuí chun éifeacht a thabhairt don alt seo a fhorordú lena n-áirítear na nósanna imeachta a bheidh le leanúint chun comhaontú faoi *fho-alt (2)(d)* a fhoirceannadh.

Boird Forbartha
Contae nó
Cathrach.

129.—(1) Bunófar, le hordú ón Aire faoin bhfo-alt seo, i ngach contae agus i ngach cathair comhlacht ar a dtabharfar “Bord Forbartha Contae.....” nó “Bord Forbartha Cathrach.....” de réir mar a bheidh (dá ngairtear an “Bord” san alt seo) agus ainm an chontae chuí nó na cathrach cuí curtha ina dhiaidh.

(2) Oibreoidh Bord, a mhéid a fhoráiltear leis an alt seo, faoi chúram na comhairle contae iomchuí nó na comhairle cathrach iomchuí, ach beidh sé neamhspleách, thairis sin, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(3) Faoi réir agus de réir treoirlínte arna n-eisiúint faoi *fho-alt (9)*, is é a bheidh i gcomhaltas Boird—

- (a) comhaltaí ghrúpa um beartas corparáideach na comhairle contae nó comhaltaí ghrúpa um beartas corparáideach na comhairle cathrach (de réir mar a bheidh) agus an bainisteoir contae nó an bainisteoir cathrach iomchuí;
- (b) ionadaithe d’údaráis phoiblí atá ag oibriú sa chontae nó sa chathair lena mbaineann;
- (c) cibé ionadaithe do leasanna sóisialacha, ar a dtabharfar, i dteannta a chéile, i gcomhthéacs Boird, na comhpháirtithe sóisialacha, a ndéanfar foráil maidir leo sna treoirlínte sin;
- (d) cibé ionadaithe do chomhlachtaí forbartha áitiúla a mhaoinítear nó a dtacaítear leo go poiblí agus ar chúram dóibh fiontar áitiúil, forbairt tuaithe nó forbairt pobail, a ndéanfar foráil maidir leo sna treoirlínte sin;
- (e) cibé daoine eile (más ann) a ndéanfar foráil maidir leo sna treoirlínte sin.

(4) (a) Faoi réir *mhír (b)*, ceapfaidh Bord cathaoirleach an Bhoird ar ainmiú ó ghrúpa um beartas corparáideach na

comhairle contae nó na comhairle cathrach lena mbaineann as measc comhaltaí de chuid an ghrúpa.

- (b) Tar éis thosach feidhme *Chaibidil 3* de *Chuid 5* beidh cathaoirleach an Bhoird ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gcomhairle contae nó ar an gcomhairle cathrach lena mbaineann.

(5) Is iad feidhmeanna Boird—

- (a) cibé bearta a dhéanamh, a mheasfaidh an Bord is cuí, chun a chumasú do gach ceann de na comhlachtaí agus de na leasanna, a ndéanann a bhfeidhmeanna difear d'fhorbairt eacnamaíochta, shóisialach nó chultúrtha an chontae nó na cathrach nó aon chuid den chontae nó den chathair agus mhuintir an chéanna (dá ngairtear an “pobal” san alt seo), an sochar is mó is féidir le gach ceann díobh a sholáthar don fhorbairt sin go leithleach nó i dteannta a chéile;
- (b) straitéis (dá ngairtear an “straitéis” san alt seo) a tharraingt suas le haghaidh fhorbairt eacnamaíochta, shóisialach agus chultúrtha an chontae nó na cathrach agus an phobail;
- (c) féachaint lena áirithiú go mbeidh beartais agus oibríochtaí na gcomhlachtaí agus na leasanna a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord agus dreamanna eile de réir na straitéise go ginearálta;
- (d) comhordú ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí sin agus na leasanna a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord agus comhoibriú i gcoitinne idir na comhlachtaí sin agus na leasanna sin a spreagadh agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach ionas go mbarrfheabhsófar acmhainní agus comhiarracht ar mhaithe le leas coiteann an phobail.

- (6) (a) Maidir le húdarás poiblí, údarás áitiúil nó comhlacht eile a mbeidh ionadaíocht aige ar Bhord, sa mhéid nach mbeidh sé ar neamhréir le comhlíonadh a fheidhmeanna—

(i) comhoibreoidh sé leis an mBord ina chuid oibre, agus

(ii) féachfaidh sé le déanamh de réir iarrata ón mBord i leith faisnéise atá ábhartha maidir lena fheidhmeanna.

- (b) Féadfaidh Bord moltaí a chur faoi bhráid aon údarais phoiblí, údarais áitiúil nó aon duine eile i dtaobh na slí inar chóir do bheartais agus do chlár an chomhlachta sin nó an duine sin forbairt nó oibriú maidir leis an gcontae nó leis an gcathair lena mbaineann agus leis an bpobal.

- (c) Faoi réir cheanglais aon achtacháin eile, déanfaidh aon údarás poiblí, údarás áitiúil, nó comhlacht dá dtagraítear i *mír (a)*, ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó maidir le contae nó cathair, aird a thabhairt ar an straitéis agus ar aon mholtaí a bheidh déanta faoi *mhír (b)*.

(7) Déanfaidh Bord, ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó, aird a thabhairt ar bheartas an Rialtais agus déanfaidh sé de réir aon treoracha ginearálta beartais a thabharfaidh an tAire dó.

(8) Beidh príomhoifigeach Boird ina fhostaí nó ina fostaí den chomhairle contae nó den chomhairle cathrach iomchuí.

(9) Féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta a eisiúint chun críche an ailt seo—

- (a) maidir le hionadaíocht ar Bhord de réir *fho-alt (3)* agus roghnú agus seilbh na n-ionadaithe sin;
- (b) maidir le páirteachas comhlachtaí agus leasanna eile in obair Bhoird;
- (c) maidir le maoiniú agus riarachán Boird;
- (d) maidir leis an straitéis a ullmhú agus maidir lena daingniú ag an gcomhairle contae nó ag an gcomhairle cathrach lena mbaineann;
- (e) maidir le cibé nithe eile is cuí leis nó léi.

(10) Beidh ag Bord na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh nó a ghabhann lena gcomhlíonadh.

- (11) (a) Beidh feidhm ag an alt seo agus éifeacht leis i ndáil le bord forbartha contae nó bord forbartha cathrach arna chomhdhéanamh roimh thosach feidhme ordaithe faoi *fho-alt (1)*.
- (b) Beidh feidhm ag aon treoirlínte agus éifeacht le haon treoirlínte a bhaineann le boird forbartha contae agus boird forbartha cathrach arna n-eisiúint ag an Aire roimh thosach feidhme an ailt seo agus ar treoirlínte reatha iad tráth an tosach feidhme sin amhail is dá mbeidís eisiithe faoin alt seo.
- (c) Féadfaidh an tAire treoirlínte arna n-eisiúint faoin alt seo a athmheas ó am go ham de réir mar is gá, nó a tharraingt siar, agus treoirlínte nua a eisiúint.

CUID 14

AN TSEIRBHÍS RIALTAIS ÁITIÚIL

CAIBIDIL 1

An Chomhairle Thofa

Ról na comhairle tofa maidir le beartas.

130.—Is feidhm de chuid comhairle tofa údaráis áitiúil é beartas an údaráis áitiúil a chinneadh le rún faoi réir agus de réir an Achta seo agus na n-achtachán eile a bhaineann leis an údarás sin.

Feidhmeanna forchoimeádta.

131.—(1) (a) Déanfaidh comhairle tofa údaráis áitiúil nó comhaltaí comhchomhlachta gach feidhm lena mbaineann an t-alt seo a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go díreach le rún ag cruinniú den údarás áitiúil nó den chomhlacht.

(b) Tabharfar feidhmeanna forchoimeádta údaráis áitiúil nó comhchomhlachta, de réir mar a bheidh, ar na

feidhmeanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (a)* agus, san Acht seo, gairtear “feidhmeanna forchoimeáda” díobh.

- (2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le gach feidhm—
- (a) atá ainmnithe mar fheidhm fhorchoimeáda le haon fhoráil den Acht seo (lena n-áirítear ainmniú le hordú faoi *fho-alt (3)*) nó de réir mar a shonraítear i *Sceideal 14*;
 - (b) atá ainmnithe mar fheidhm fhorchoimeáda le haon fhoráil d’aon achtachán eile a bhaineann le húdarás áitiúil nó le comhchomhlacht;
 - (c) a ndeirtear go sainráite gur le rún faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile a bhaineann le húdarás áitiúil nó le comhchomhlacht agus a bheidh achtaithe tar éis an 13ú lá de Mheitheamh, 1940 atá sí infheidhmithe.
- (3) (a) Féadfaidh an tAire le hordú feidhm shonraithe údarás áitiúil nó comhchomhlachtaí a ainmniú chun bheith ina feidhm fhorchoimeáda agus fad a bheidh ordú i bhfeidhm is feidhm fhorchoimeáda í an fheidhm.
- (b) Aon ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)* d’alt 41 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, nó a coimeádadh i bhfeidhm le *fo-alt (5)* den alt sin, leanfaidh sé i bhfeidhm amhail is dá mba faoin bhfo-alt seo a rinneadh é agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.
- (4) Aon tagairt d’fheidhm fhorchoimeáda i leith údaráis áitiúil nó comhchomhlacht in aon achtachán arna achtú roimh thosach feidhme na forála seo nó aon tagairt d’fheidhm is infheidhmithe le rún lena mbaineann *fo-alt (2)(c)* déanfar í a léamh mar thagairt d’fheidhm fhorchoimeáda chun críocha an Achta seo.
- (5) Chun críocha an ailt seo, ní fholáíonn “feidhm” feidhm a bhaineann le fostaithe údaráis áitiúil nó comhchomhlachta nó le stiúradh, maoirseacht, seirbhís, luach saothair nó araíonacht na bhfostaithe sin nó aon chuid díobh, seachas feidhm dá dtagraítear in *alt 145 (1)*.

132.—(1) Is é dualgas gach bainisteora é na hordacháin dhleathacha go léir ó chomhairle thofa údaráis áitiúil nó ó chomhchomhlacht arb é nó í is bainisteoir dó i ndáil le feidhmiú agus le comhlíonadh feidhmeanna forchoimeáda an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta a chur in éifeacht.

Feidhmeanna
forchoimeáda:
dualgas bainisteora.

- (2) (a) Más rud é, i ndáil le feidhmiú nó le comhlíonadh feidhme forchoimeáda, go bhfuair údarás áitiúil nó comhchomhlacht tuairim dhlíthiúil, féadfaidh an chomhairle thofa nó an comhchomhlacht, gan dochar d’alt 153, a ordú le rún go bhfaighidh an t-údarás an dara tuairim den sórt sin.
- (b) Ní dhéanfaidh aon ní san *fho-alt* seo dochar d’údarás áitiúil nó do chomhchomhlacht le linn dó aon feidhm a chomhall is feidhm a cheanglaítear ar an údarás nó ar an gcomhchomhlacht le reacht nó faoi reacht nó le hordú ó chúirt a chomhall go cuí.

(3) Is é dualgas gach bainisteora é comhairle agus cúnamh a thabhairt do chomhairle thofa údaráis áitiúil nó do chomhchomhlacht arb é nó í is bainisteoir dó—

- (a) i gcoitinne maidir le feidhmiú nó comhlíonadh a feidhmeanna forchoimeádta nó a fheidhmeanna forchoimeádta ag an gcomhairle nó ag an gcomhlacht, agus
- (b) maidir le haon ní nó rud ar leith i ndáil leis an bhfeidhmiú nó leis an gcomhlíonadh sin a n-iarrfaidh an chomhairle nó an comhlacht comhairle nó cúnamh ón mbainisteoir maidir leis nó ina leith,

agus tabharfaidh an chomhairle nó an comhlacht aird ar an gcomhairle nó ar an gcúnamh sin.

Grúpa um beartas corparáideach.

133.—(1) Cruthóidh comhairle thofa gach comhairle contae agus comhairle cathrach coiste, ar a dtabharfar an grúpa um beartas corparáideach agus ar a mbeidh an Cathaoirleach agus cathaoirligh na gcoistí um beartas straitéiseach, agus dá ngairtear an “grúpa um beartas” san alt seo agus a mbeidh an Cathaoirleach i gceannas air.

- (2) (a) Féadfaidh an grúpa um beartas comhairle agus cúnamh a thabhairt don chomhairle thofa i dtaca le foirmlíú, forbairt, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas don údarás áitiúil agus chun na críche sin togra a dhéanamh maidir le socruithe le haghaidh breithniú nithe a bhaineann le beartas agus eagrú gnó ghaolmhair ag an gcomhairle thofa.
- (b) Féadfaidh an grúpa um beartas tograí a dhéanamh maidir le gnó a leithroinnt amhail idir na coistí um beartas straitéiseach agus maidir le comhordú ginearálta an ghnó sin.
- (c) Ní choisceann aon ní san fho-alt seo ar choiste um beartas straitéiseach tuarascáil a chur faoi bhráid na comhairle tofa go díreach.

(3) Déanfaidh an bainisteoir an plan corparáideach a ullmhú don údarás áitiúil i gcomhairle leis an ngrúpa um beartas de réir *alt 134*.

- (4) (a) Rachaidh an bainisteoir i gcomhairle leis an ngrúpa um beartas le linn dréachtbhuiséad an údaráis áitiúil a ullmhú agus, chun na críche sin, féadfaidh an grúpa um beartas leas a bhaint as cúnamh 3 dhuine breise ar a mhéad nach comhaltaí den údarás iad.
- (b) Na daoine breise dá dtagraítear i *mír (a)* is daoine iad a mbeidh, i dtuairim an ghrúpa um beartas, eolas nó taithí airgeadais nó eagrúcháin nó eolas nó taithí eile acu, ar dóigh dó nó di a bheith ábhartha ar shlí speisialta maidir le breithniú an ghrúpa um beartas ar dhréachtbhuiséad an údaráis.
- (5) (a) Féadfaidh an grúpa um beartas a iarraidh ar an mbainisteoir tuarascáil a sholáthar don ghrúpa um beartas ar aon ní nó rud a bhaineann le feidhm de chuid údaráis áitiúil agus a bheidh sonraithe ag an ngrúpa um beartas agus, faoi réir *mhír (b)*, déanfaidh an bainisteoir an tuarascáil sin a sholáthar.

- (b) Déanfaidh bainisteoir tuarascáil den sórt sin a sholáthar sa mhéid, maidir leis an iarraidh sin a chomhlíonadh—
- (i) nár dhúblú é sin ar iarraidh dá samhail ón gcomhairle thofa nó ar ordachán faoi alt 138(2), nó
- (ii) nach mbeadh sé contrártha don dlí.
- (6) (a) I gcás ina n-iarraíodh an grúpa um beartas tuarascáil faoi *fho-alt* (5), féadfaidh an Cathaoirleach tráth na hiarrata sin le hordachán i scríbhinn arna shíniú agus arna dhátú aige nó aici agus arna thabhairt don bhainisteoir, a cheangal ar an mbainisteoir staonadh ó aon ghníomh, ní nó rud ar leith a dhéanamh a bhaineann le hábhar na tuarascála agus a bheidh luaite go sonrathach san ordachán agus ar féidir leis an údarás áitiúil nó leis an mbainisteoir lena mbaineann staonadh go dleathach óna dhéanamh.
- (b) Faoi réir *mhír* (c), leanfaidh ordachán faoi *mhír* (a) d'éifeacht a bheith leis, mura ndéanfar é a tharraingt siar, go dtí an chéad chruinniú eile den údarás áitiúil agus féadfar é a leathnú le rún ag an gcruinniú sin agus i gcás nach leathnófar amhlaidh é scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis.
- (c) Ní bheidh éifeacht in aon chás le hordachán faoi *mhír* (a) (cibé acu a bheidh sé leathnaithe faoi *mhír* (b) nó nach mbeidh) ar feadh tréimhse is faide ná 3 mhí agus scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis ar 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a thabharfar é, mura túisce a tharraingeofar siar é nó mura mbeidh sé scortha d'éifeacht a bheith leis faoi *mhír* (b).
- (d) I gcás ina scoirfidh ordachán d'éifeacht a bheith leis, ní fhéadfar ordachán dá shamhail nó ordachán den éifeacht chéanna go substaintiúil i ndáil leis an ngníomh, ní nó rud a bheidh i gceist, a thabhairt.
- (e) Déanfaidh an bainisteoir de réir ordacháin arna thabhairt go cuí agus go dleathach faoin bhfo-alt seo.
- (7) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo dochar d'údarás áitiúil le linn dó, tráth ar bith, aon fheidhm a chomhall is feidhm a cheanglaítear le reacht nó faoi reacht nó le hordú ó chúirt ar údarás áitiúil nó ar bhainisteoir a chomhall agus aon ordachán a mhaífidh a bheith tugtha faoi *fho-alt* (6) agus a sháróidh an fo-alt seo, beidh sé neamhbhailí.
- (8) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo dochar do na feidhmeanna a thugtar do chomhairle thofa leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile ná ní bhainfidh aon ní san alt seo uathu.
- (9) Ní choiscfidh aon ní san alt seo ar an mbainisteoir déileáil láithreach le haon chor a mheasfaidh sé nó sí is cor éigeandála a dhlíonn gníomh láithreach agus beidh feidhm ag *alt* 138(5) chun críocha an fho-ailt seo.

134.—(1) San alt seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Plean
corparáideach.

ciallaíonn “údarás áitiúil” comhairle contae nó comhairle cathrach;

ciallaíonn “tréimhse shonraithe” tréimhse nach faide ná 6 mhí—

- (a) ó dháta an chruinnithe bhliantúil, i mbliain toghcháin áitiúil,
 - (b) ó dháta rúin nó ó dháta iarrata faoi *fho-alt (8)*, i gcás athbhreithnithe.
- (2) Déanfaidh gach údarás áitiúil, laistigh den tréimhse shonraithe agus de réir an ailt seo, ráiteas straitéise don údarás áitiúil (dá ngairtear “plean corparáideach” san alt seo) a ullmhú.
- (3) Déanfaidh an bainisteoir—
- (a) an plean corparáideach a ullmhú i gcomhairle leis an ngrúpa um beartas,
 - (b) sceideal cruinnithe a shocrú chun na críche sin, agus
 - (c) cibé cúnamh (lena n-áirítear cúnamh trí shainchomhairle nó ar shlí eile) a sholáthar is féidir chun cúnamh a thabhairt le linn an plean corparáideach a ullmhú agus le linn don ghrúpa um beartas é a bhreithniú.
- (4) (a) Tá sé de fhreagracht agus de dhualgas ar an ngrúpa um beartas agus ar an mbainisteoir gach beart is gá a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfean an plean corparáideach faoi bhráid na comhairle tofa lena cheadú laistigh den tréimhse shonraithe.
- (b) Más rud é nach mbeidh an plean corparáideach curtha isteach de réir *mhír (a)*—
- (i) comórfaidh an Cathaoirleach cruinniú speisialta laistigh de 14 lá ó dheireadh na tréimhse sin, agus
 - (ii) déanfaidh an Cathaoirleach agus an bainisteoir, ag an gcruinniú speisialta, comhaighneacht chuig an gcomhairle tofa ina leagfar amach na bearta a bheidh le déanamh lena chinntiú go gcríochnófar é agus an tráth a mbeidh sé beartaithe an plean corparáideach a chur faoi bhráid na comhairle tofa.
- (5) (a) Breithneoidh an chomhairle tofa an plean corparáideach arna chur isteach de réir *fho-alt (4)* agus féadfaidh sí cibé leasuithe is cúil léi a dhéanamh agus ceadóidh sí é fara leasuithe nó gan leasuithe.
- (b) Más rud é nach mbeidh an plean corparáideach ceadaithe de réir *mhír (a)* laistigh den tréimhse 2 mhí ón dáta a chuirfean faoi bhráid na comhairle tofa é, measfar é a bheith ceadaithe ar dhul in éag don tréimhse sin, faoi réir aon leasuithe—
- (i) arna ndéanamh air faoi *mhír (a)* laistigh den tréimhse sin, nó
 - (ii) a bheidh riachtanach nó iarmhartach thairis sin agus a dhéanfaidh an bainisteoir laistigh de 2 sheachtain tar éis don tréimhse sin dul in éag.

(6) Déanfar an plean corparáideach a ullmhú ar bhonn cur chuige eagrúcháin leathan straitéiseach a chuimseoidh gníomhaíochtaí éagsúla an údaráis áitiúil lena mbaineann agus áireofar ann—

- (a) ráiteas ar phríomhghníomhaíochtaí an údaráis áitiúil,
- (b) na cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le gach ceann de na príomhghníomhaíochtaí agus straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach,
- (c) an tslí ina mbeartaíonn an t-údarás a fheidhmíocht i leith gach gníomhaíochta den sórt sin a mheasúnú, ag cur i gcuntas dó táscairí seirbhíse iomchuí agus an gá atá ann oibriú i dtreo an chleachtais is fearr maidir le seirbhís a sheachadadh agus maidir le hoibriú ginearálta an údaráis áitiúil,
- (d) gníomhaíochtaí acmhainní daonna (lena n-áirítear oiliúint agus forbairt) a bheidh le gabháil de lámh d'fhoireann an údaráis áitiúil agus, i gcás inar cuí sin, don chomhairle thofa,
- (e) struchtúr eagrúcháin an údaráis áitiúil, idir chomhairle thofa agus fhoireann, lena n-áirítear tacaíocht chorparáideach agus teicneolaíocht faisnéise agus na feabhsuithe a bheidh beartaithe chun éifeachtúlacht oibríochta agus seirbhís do chustaiméirí a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt don phlean corparáideach i gcoitinne,
- (f) cibé nithe eile a bheidh leagtha amach i dtreoirínnte arna n-eisiúint faoi *fho-alt (10)* chun críocha an ailt seo.

(7) Le linn dó a phlean corparáideach a ullmhú, déanfaidh údarás áitiúil cibé beartais agus cuspóirí i ndáil le haon cheann dá chláir feidhme a bheidh leagtha amach in aon phlean eile, i ráiteas, i straitéis nó in aon doiciméad eile a bheidh ullmhaithe aige faoi aon fhoráil eile den achtachán seo nó d'aon achtachán eile a chur i gcuntas agus déanfaidh sé de réir *ailt 69, 71, agus 129*.

(8) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, tráth ar bith, a chinneadh le rún athbhreithniú a dhéanamh ar a phlean corparáideach agus beidh feidhm ag *fo-ailt (3) go (7)* i ndáil le haon athbhreithniú den sórt sin.

(b) Má iarrann an tAire air é, déanfaidh údarás áitiúil athbhreithniú agus tar éis an athbhreithnithe sin féadfaidh sé aon leasuithe nó plean corparáideach nua a dhéanamh agus beidh feidhm ag *fo-ailt (3) go (7)* i ndáil le haon athbhreithniú den sórt sin.

(9) Is feidhm fhorchoimeáda é an plean corparáideach a cheadú, fara leasuithe nó gan leasuithe.

(10) (a) Féadfaidh an tAire ó am go ham treoirínnte a eisiúint i dtaca le húdaráis áitiúla d'ullmhú pleananna corparáideacha chun críocha an ailt seo agus tabharfaidh údaráis áitiúla aird ar na treoirínnte sin.

(b) Féadfar foráil a dhéanamh le treoirínnte freisin, más iomchuí, maidir le príomhghníomhaíochtaí aon chomhairlí baile laistigh de limistéar riaracháin údaráis áitiúil a chur i gcuntas agus a thaispeáint ina phlean

corparáideach agus maidir le comhairle riachtanach a ghlacadh chun na críche sin.

- (c) Maidir le haon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire i ndáil le húdaráis áitiúla d'ullmhú pleananna corparáideacha ar treoirlínte reatha iad ar dháta thosach feidhme na forála seo, measfar iad a bheith eisithe de réir an ailt seo.
 - (d) Maidir le haon phlean corparáideach a mbeidh údarás áitiúil i mbun é a ghlacadh díreach sula n-eiseofar treoirlínte dá dtagraítear i mír (c), measfar go ndearnadh é a ghlacadh le haird chuí ar na treoirlínte sin.
- (11) (a) Ullmhóidh an bainisteoir tuarascáil bhliantúil faoi dhul chun cinn i leith phlean corparáideach an údaráis áitiúil agus cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid na comhairle tofa—
- (i) an tráth céanna a chuirfear dréachtbhuiséad an údaráis faoi bhráid na comhairle tofa, nó
 - (ii) cibé tráth eile a chinnfidh an chomhairle tofa, le rún.
- (b) Déanfar sonraí i dtaobh na tuarascála bliantúla faoi dhul chun cinn a thairfeadh i dtuarascáil bhliantúil an údaráis áitiúil.

Tuarascáil ar an gclár caipitil.

135.—(1) Roimh thosach gach bliana airgeadais áitiúil, ullmhóidh agus cuirfidh an bainisteoir faoi bhráid na comhairle tofa tuarascáil ina léireofar an clár tionscadal caipitil a bheidh beartaithe ag an údarás áitiúil don bhliain airgeadais áitiúil a bheidh le teacht agus don dá bhliain airgeadais áitiúla dá éis sin, ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil.

(2) Féadfar tuarascáil arna ullmhú faoi *fho-alt (1)* a bhreithniú ag cruinniú buiséid an údaráis áitiúil nó ag cibé cruinniú eile a chinnfidh an chomhairle tofa, le rún.

(3) Le linn d'údarás áitiúil an cheist i dtaobh na n-acmhainní ar dóigh dóibh a bheith ar fáil dó a bhreithniú déanfaidh sé breithniú amhlaidh—

- (a) ar bhonn measúnachta ar an staid a bheidh réadúil agus stuama, agus
- (b) ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil dó ag an am agus aird á tabhairt aige ar na bearta a bheidh beartaithe ag an údarás chun maoiniú a chruinniú é féin.

Faisnéis a thabhairt do chomhairle tofa.

136.—Gan dochar d'*ailt 105, 135, 137* nó *138*, déanfaidh bainisteoir, aon uair a iarrfaidh—

- (a) comhairle tofa údaráis áitiúil arb é nó í an bainisteoir dó, nó Cathaoirleach an chéanna, air nó uirthi é, nó
- (b) comhchomhlacht arb é nó í an bainisteoir dó, nó cathaoirleach an chéanna, air nó uirthi é,

gach faisnéis a bheidh i seilbh an bhainisteora sin nó a bheidh ar fáil aige nó aici maidir le haon ghníomh, ní nó rud a bhaineann le haon ghnó nó idirbheart nó maidir le haon ghnó nó idirbheart de chuid an

údarás áitiúil nó an chomhlachta sin agus a bheidh luaite san iarraidh a thabhairt don chomhairle, don Chathaoirleach, don chomhchomhlacht nó don chathaoirleach (de réir mar a bheidh).

137.—(1) Féadfaidh an chomhairle thofa nó comhchomhlacht, tráth ar bith, a cheangal le rún ar an mbainisteoir don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht lena mbaineann—

Pleananna, sonraíochtaí le hullmhú do chomhairle thofa.

- (a) pleananna agus sonraíochtaí maidir le haon obair ar leith a dhéanamh ar obair í a bheidh sonraithe sa rún agus is dleathach don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht a dhéanamh, agus
- (b) meastachán ar an gcostas is dócha a ghabhfaidh le déanamh na hoibre sin,

a ullmhú agus a chur faoi bhráid na comhairle tofa nó an chomhchomhlachta, de réir mar a bheidh.

(2) Aon uair a dhéanfaidh comhairle thofa nó an comhchomhlacht rún lena mbaineann *fo-alt (1)* a rith, déanfaidh an bainisteoir lena mbaineann, a luaithe is caoithiúil, pleananna agus sonraíochtaí agus meastachán a ullmhú agus a chur faoi bhráid na comhairle tofa nó an chomhchomhlachta de réir an rúin.

138.—(1) Déanfaidh an bainisteoir an chomhairle thofa nó an comhchomhlacht lena mbaineann a chur ar an eolas—

Faisnéis roimh ré do chomhairle thofa.

- (a) sula ndéanfar aon oibreacha (seachas oibreacha cothabhála nó deisiúcháin) de chuid an údarás áitiúil nó an chomhchomhlachta lena mbaineann a ghabháil de láimh, nó
- (b) sula gcuirfidh sé nó sí an t-údarás áitiúil nó an comhchomhlacht lena mbaineann faoi dhliteanas i leith aon chaiteachais i dtaca le hoibreacha a bheidh beartaithe (seachas oibreacha cothabhála nó deisiúcháin).

(2) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh comhairle thofa nó comhchomhlacht le rún, a ordú go ndéanfaidh an bainisteoir, sula gcomhlíonfaidh sé nó sí aon fheidhm fheidhmiúcháin shonraithe de chuid an údarás áitiúil nó an chomhchomhlachta, an chomhairle thofa nó an comhchomhlacht, de réir mar a bheidh, a chur ar an eolas faoi tslí ina mbeartaíonn sé nó sí an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus déanfaidh an bainisteoir de réir an rúin.

(3) Is féidir go mbainfidh rún faoi *fho-alt (2)* le haon chás nó ócáid ar leith nó le gach cás nó ócáid a gcomhlíonfar an fheidhm fheidhmiúcháin shonraithe agus féadfar a shainiú leis cén fhaisnéis a bheidh le tabhairt agus conas agus cathain a thabharfar í agus déanfaidh an bainisteoir de réir an rúin.

(4) Ní choiscfidh aon ní san alt seo ar an mbainisteoir déileáil láithreach le haon chor a mheasfaidh sé nó sí is cor éigeandála a dhlíonn gníomh láithreach gan féachaint *d'fho-ailt (1)* go (3).

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (4)*, measfar go bhfolaíonn cor éigeandála, chun críche an fho-ailt sin, cor inar oibreacha iad na hoibreacha lena mbaineann atá, i dtuairim an bhainisteora, práinneach agus riachtanach (ag féachaint do shláinte

phearsanta, do shláinte an phobail agus do chúinsí sábháilteachta) chun caighdeán réasúnach cóiríochta a sholáthar d'aon duine.

Ordachán gan dul ar aghaidh le hoibreacha.

139.—(1) I gcás ina gcuirfear an chomhairle thofa nó an comhchomhlacht ar an eolas de réir *alt 138* faoi aon oibreacha (nach oibreacha iad a cheanglaítear le reacht nó faoi reacht nó le hordú ó chúirt ar an údarás áitiúil nó ar an gcomhchomhlacht a ghabháil de lámh), féadfaidh an chomhairle thofa nó an comhchomhlacht, de réir mar a bheidh, le rún, a ordú nach rachaidh na hoibreacha sin ar aghaidh.

(2) Déanfaidh an bainisteoir de réir rúin ó chomhairle thofa nó ó chomhchomhlacht arna rith go cuí agus go dleathach faoin alt seo.

Ceanglas go ndéanfar rud ar leith.

140.—(1) San alt seo, folaíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

(2) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh comhairle thofa nó comhchomhlacht, le rún, a cheangal go ndéanfar nó go gcuirfear i gcrích, i gcomhlíonadh fheidhmeanna feidhmiúcháin an údaráis áitiúil, aon ghníomh, ní nó rud ar leith a bheidh luaite go sonracha sa rún agus a fhéadfaidh an t-údarás áitiúil nó an bainisteoir lena mbaineann a dhéanamh nó a chur i gcrích go dleathach.

(3) Déanfar fógra á rá go bhfuil ar intinn rún a mholadh faoin alt seo, a thabhairt i scríbhinn don bhainisteoir, agus maidir leis an bhfógra—

(a) beidh sé sínithe ag 3 chomhalta ar a laghad,

(b) beidh téacs an rúin atá beartaithe ann, agus

(c) féadfar a cheangal leis go mbreithneofar an rún atá beartaithe ag cruinniú speisialta agus sonrúidh sé, sa chás sin, lá (nach déanaí ná 7 lá tar éis an lae ar a mbeidh an fógra faighte ag an mbainisteoir) chun an cruinniú speisialta a thionól.

(4) Ní dhéanfar rún faoin alt seo a bhreithniú ag cruinniú den údarás áitiúil a thionólfar tráth is luaithe ná 7 lá tar éis an lae ar a mbeidh an fógra iomchuí faoi *fho-alt (3)* faighte ag an mbainisteoir.

(5) I gcás ina bhfaighidh an bainisteoir fógra faoi *fho-alt (3)*, cuirfidh sé nó sí, a luaithe is féidir, cóip den fhógra chuig gach comhalta den údarás áitiúil agus más rud é go gceanglófar leis an bhfógra cruinniú speisialta a thionól agus mura mbeidh feidhm ag *fo-alt (6)*, comórfar cruinniú speisialta den údarás áitiúil don lá a shonrófar chuige sin san fhógra.

(6) I gcás ina ndéanfar le fógra faoi *fho-alt (3)* lá a shonrú chun cruinniú speisialta a thionól agus go mbeidh gnáthchruinniú den údarás áitiúil le tionól lá a bheidh laistigh den tréimhse 14 lá tar éis an lae ar a mbeidh an fógra faighte ag an mbainisteoir, breithneofar an rún ag an ngnáthchruinniú sin agus ní chomórfar cruinniú speisialta.

(7) Gan dochar d'aon cheanglais iomchuí eile, chun rún a rith faoin alt seo is gá go vótálfadh trian ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i bhfabhar an rúin.

(8) Déanfar tairiscint chun rún a rith faoin alt seo a bhreithniú i dtosach ar aon ghnó eile ag an gcruinniú seachas—

- (a) toghadh Cathaoirligh ag aon chruinniú i gcás ina mbeidh an oifig sin le líonadh de réir *Chuid 5*, nó
- (b) aon ghnó eile a chinnfidh an chomhairle thofa nó an comhchomhlacht gur chóir tosaíocht a bheith aige.

(9) I gcás ina ndéanfar rún a rith go cúí agus go dleathach faoin alt seo, agus más rud é go mbeidh agus nuair a bheidh agus a mhéid a bheidh airgead soláthraithe chun críche an rúin, cuirfidh an bainisteoir faoi deara go ndéanfar an gníomh, ní nó rud a bheidh luaite sa rún a chur i ngníomh.

(10) Ní bheidh feidhm ná réim ag rún faoin alt seo—

- (a) maidir le comhlíonadh aon fheidhme de chuid údaráis áitiúil i gcoitinne,
- (b) maidir le gach cás nó ócáid a ndéanfar aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh nó maidir le líon nó aicme cásanna nó ócáidí den sórt sin atá chomh leathan sin gurb éard atá sa líon nó san aicme go substaintiúil nó go héifeachtach gach cás nó ócáid a ndéanfar aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh,
- (c) maidir le gach cás nó ócáid a ndéanfar aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh i limistéar ar leith nó maidir le líon nó aicme cásanna nó ócáidí den sórt sin atá chomh leathan sin gurb éard atá sa líon nó san aicme go substaintiúil nó go héifeachtach gach cás nó ócáid a ndéanfar aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh sa limistéar sin, nó
- (d) ionas go gcoiscfear comhlíonadh aon fheidhme de chuid údaráis áitiúil a bhfuil de cheangal le dlí nó le hordú ó chúirt ar an údarás nó ar an mbainisteoir í a chomhlíonadh,

agus aon rún a éileoidh gur faoin alt seo a ritheadh é agus a sháróidh an fo-alt seo, beidh sé ar neamhní.

(11) Is alt gan dochar d'alt 34 d'Acht 2000 é an t-alt seo, a mhéid a bhaineann an t-alt sin 34 le fógraí faoi *fho-alt (3)* agus le rún dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*.

141.—(1) I gcás ina ndéanfaidh údarás áitiúil comhalta amháin nó níos mó den údarás sin a thoghadh, a cheapadh nó a ainmniú chuig comhlacht eile, cibé acu arna bhunú le reacht nó faoi reacht nó ar shlí eile, beidh sé de dhualgas ar an gcomhalta sin nó ar na comhaltaí sin ionadaíocht a dhéanamh don údarás áitiúil agus tuarascáil a thíolacadh dó faoi ghníomhaíochtaí agus oibriú an chomhlachta sin—

Dualgas comhaltaí arna gceapadh chuig comhlachtaí eile.

- (a) gach bliain, nó
- (b) aon tráth eile, má iarrtar le rún é nó má iarrann an Cathaoirleach sin a dhéanamh.

(2) Déanfaidh an comhalta nó na comhaltaí lena mbaineann gach tuarascáil lena mbaineann *fo-alt (1)* a thíolacadh do chruinniú den údarás áitiúil.

(3) Ní cheanglóidh aon ní san alt seo go nochtfaí faisnéis don údarás ar faisnéis í atá faoi rún nó nach bhféadfaí í a nochtadh thairis sin.

(4) Baineann an t-alt seo freisin le haon duine a shealbhaíonn comhaltas de chomhlacht de bhua é nó í a bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach nó ina chomhalta eile nó ina comhalta eile d'údarás áitiúil.

Caiteachais, luach saothair, etc. comhaltaí.

142.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin arna ndéanamh le toiliú an Aire Airgeadais, a fhoráil go n-íocfaidh údarás áitiúil liúntais i leith caiteachas arna dtabhú ag a chomhaltaí—

- (a) i dtaca le freastal ar chruinnithe den údarás áitiúil, de choiste de chuid an údarás sin nó de chomhchoiste nó de chomhchomhlacht a bhfuil baint ag an údarás sin leis;
- (b) i dtaca le freastal ar chomhdhálacha, ar sheimineáir, ar imeachtaí oiliúna nó ar imeachtaí eile lena mbaineann *fo-alt (5)*;
- (c) i dtaca le post cathaoirligh ar choiste um beartas straitéiseach;
- (d) i dtaca le haon ní sonraithe eile.

(2) Féadfar le rialacháin faoin alt seo foráil a dhéanamh freisin—

- (a) maidir le luach saothair a íoc le comhaltaí nó le Cathaoirligh aicmí sonraithe údarás áitiúil, nó
- (b) faoi réir *fho-alt (4)(i)*, maidir le socruithe aoisliúntais a dhéanamh i leith comhaltaí aicmí sonraithe údarás áitiúil.

(3) Beidh aon íocaíochtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)* faoi réir rialachán arna ndéanamh faoin alt seo agus déanfar iad de réir rialachán arna ndéanamh faoin alt seo.

(4) Féadfar le rialacháin faoin alt seo foráil a dhéanamh—

- (a) maidir le méid bliantúil i leith luach saothair i cibé cásanna a bheidh sonraithe;
- (b) maidir le liúntas bliantúil ilchodach i leith freastail ar chruinnithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* agus i leith freastail ar cibé imeachtaí nó nithe eile a bheidh sonraithe;
- (c) maidir le socruithe a mbeidh feidhm acu maidir le húdarú faoi *fho-alt (5)* ón údarás áitiúil do fhreastal lena mbaineann an fo-alt sin;
- (d) maidir le coinníollacha, srianta nó ceanglais eile a mbeidh feidhm acu i ndáil le liúntais, luach saothair nó aoisliúntas agus le híocaíochtaí a dhéanamh (lena n-áirítear liúntais nó luach saothair a chealú nó a laghdú go hiomlán nó go páirteach in imthosca sonraithe nó do dhaoine sonraithe a bheidh ag fáil liúntas nó luach saothair arna soláthar nó arna sholáthar ag údarás poiblí nó ar shlí eile as cistí poiblí);

- (e) maidir le faisnéis shonraithe a thabhairt don údarás áitiúil chun críocha an ailt seo;
 - (f) maidir le liúntas a íoc le daoine nach comhaltaí d'údarás áitiúil;
 - (g) maidir le clár poiblí de fhreastal agus d'íocaíochtaí lena mbaineann an t-alt seo agus *alt 143*;
 - (h) maidir le hasbhaintí as íocaíochtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)* do cibé nithe a bheidh sonraithe;
 - (i) maidir le ceadú ón Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, i leith cibé socruithe chun críocha aoisliúntais a bheidh sonraithe;
 - (j) maidir le hordacháin a thabhairt ó am go ham i ndáil le haon ní is ábhar do rialacháin den sórt sin;
 - (k) maidir le haon nithe eile is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha an ailt seo.
- (5) (a) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le comhdháil, seimineár, cruinniú nó imeacht oiliúna nó cruinniú nó imeacht eile a thionólfar, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, chun faisnéis a phlé, a fháil nó a thabhairt ar faisnéis í maidir le haon ní nó a bhaineann le haon ní is cúram don údarás áitiúil i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna agus ar ní é is iomchuí dá limistéar riaracháin agus don phobal áitiúil.
- (b) Féadfaidh comhairle thofa a údarú do chomhalta amháin nó níos mó dá cuid ionadaíocht a dhéanamh don údarás ag cruinniú nó ag imeacht lena mbaineann an fo-alt seo agus féadfar, faoi réir rialachán faoin alt seo, an t-údarú sin a thabhairt i gcás ar leithligh nó i ndáil le freastal den sórt sin i gcoitinne le linn bliana ar leith.
- (c) Féadfaidh údarás áitiúil méid faoi chomhair caiteachais chun críocha an fho-alt seo a sholáthar ina bhuiséad.
- (d) Ní dhéanfaidh comhairle thofa údarú faoin bhfo-alt seo, mura rud é, tar éis aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas, gur deimhin léi gur cheart an t-údarú a dhéanamh faoi threoir—
- (i) na sochar is dóigh a fhabhróidh,
 - (ii) leasanna ginearálta a limistéir riaracháin agus an phobail áitiúil, agus
 - (iii) an chostais iomláin a bheidh i gceist.
- (e) Is feidhm fhorchoimeádta údarú faoin bhfo-alt seo agus ní mó údaruithe den sórt sin ná an méid dá bhforálfar de réir *mhír (c)*.
- (f) I gcás ina bhfreastalóidh comhalta de chomhairle thofa ar chruinniú nó ar imeacht de bhua údarú faoin alt seo, cuirfidh sé nó sí achoimre ar na himeachtaí faoi bhráid an chéad ghnáthchruinnithe eile den údarás áitiúil.

(g) Gan dochar do *mhíreanna* (a) go (f), féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta a eisiúint chun críocha an fho-ailt seo, lena n-áirítear treoirlínte maidir le caiteachas i ndáil le freastal ar imeachtaí sonraithe faisnéise nó oiliúna.

(6) Déanfaidh údarás áitiúil de réir aon treoirlínte arna n-eisiúint faoi *fho-alt* (5)(g).

(7) Féadfaidh údarás áitiúil d'aicme a bheidh sonraithe chun críocha *fho-alt* (2), i ndáil lena chomhaltaí nó le haicme nó le haicmí dá chomhaltaí agus faoi réir rialachán faoin alt seo, foráil a dhéanamh i ndáil le haoisliúntas a chomhaltaí nó le haoisliúntas aicme nó aicmí dá chomhaltaí.

(8) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, agus a bheidh i bhfeidhm tráth thosach feidhme na forála seo, leanfaidh siad i bhfeidhm agus beidh éifeacht leo amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh iad agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

Liúntas don Chathaoirleach agus don Leas-Chathaoirleach.

143.—(1) (a) Féadfaidh údarás áitiúil liúntas i leith caiteachas réasúnach a íoc lena Chathaoirleach.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil liúntas i leith caiteachas réasúnach a íoc lena Leas-Chathaoirleach.

(2) Is feidhm fhorchoimeádta é cinneadh a dhéanamh chun liúntas a íoc faoi *fho-alt* (1) agus méid an liúntais a chinneadh.

(3) (a) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, ordacháin a eisiúint chuig údarás áitiúla nó chuig aicmí sonraithe údarás áitiúil chun críocha an ailt seo.

(b) Gan dochar do *mhír* (a), féadfar na nithe seo a leanas a shonrú le hordacháin—

(i) cúinsí ar leith a dtabharfaidh an t-údarás áitiúil aird orthu, agus

(ii) méideanna uasta na liúntas is iníoctha faoin alt seo, lena n-áirítear méideanna éagsúla le haghaidh aicmí éagsúla údarás áitiúil.

CAIBIDIL 2

Post an Bhainisteora

Post an bhainisteora.

144.—(1) Beidh bainisteoir ann, do gach contae agus cathair, ar a dtabharfar “Bainisteoir Contae.....” nó “Bainisteoir Cathrach.....”, de réir mar is cuí (agus ainm an chontae nó ainm na cathrach curtha ina dhiaidh) agus sealbhóidh sé nó sí fostaíocht faoin gcomhairle contae nó faoin gcomhairle cathrach sin, de réir mar a bheidh.

(2) Aon fheidhm, ar feidhm de chuid cléirigh baile cathrach í, de bhua aon achtacháin, díreach roimh thosach feidhme na forála seo, beidh sí, ar an tosach feidhme sin agus dá éis, dílsithe do bhainisteoir an údarás áitiúil lena mbaineann agus ina feidhm de chuid an bhainisteora sin.

(3) De bhua a phoist nó a poist, beidh bainisteoir contae ina bhainisteoir nó ina bainisteoir—

(a) do gach comhairle baile a bhfuil a limistéar riaracháin suite laistigh den chontae lena mbaineann, agus

(b) do gach comhchomhlacht a bhfuil a limistéar feidhme suite go hiomlán laistigh den chontae sin.

(4) I gcás ina mbeidh limistéar feidhme comhchomhlachta ag síneadh isteach in 2 chontae nó níos mó nó isteach i gcathair agus i gcontae amháin nó níos mó, ansin beidh cibé bainisteoir contae nó cathrach a cheapfaidh an tAire le hordú ina bhainisteoir nó ina bainisteoir freisin don chomhchomhlacht sin.

(5) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme na forála seo, go mbeidh ordú i bhfeidhm faoi alt 8(1) den Acht um Bainistí Chontae, 1940, ag ceapadh bainisteora do chomhchomhlacht, measfar gur faoi *fho-alt (4)* a rinneadh an t-ordú sin.

(6) Aon duine a bhí, díreach roimh thosach feidhme na forála seo, i seilbh oifige bainisteora contae nó bainisteora cathrach i gcáil shealadach nó i gcáil bhuan nó a mbeidh a sheilbh oifige nó a seilbh oifige mar bhainisteoir faoi rialú ag *alt 147*, leanfaidh sé nó sí, ar an tosach feidhme sin agus dá éis, de bheith ina bhainisteoir sealadach nó ina bainisteoir sealadach nó ina bhainisteoir nó ina bainisteoir, de réir mar a bheidh, de réir bhrí agus chun críocha na Coda seo.

(7) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhorordú gur comhchomhlacht é aon chomhlacht agus beidh aon chomhlacht a bheidh forordaithe amhlaidh ina chomhchomhlacht chun críocha an ailt seo.

(8) Faoi réir *alt 145*, is oifig lena mbaineann Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, é post an bhainisteora.

(9) Déanfar tagairt in aon achtachán do bhainisteoir d'údarás áitiúil nó d'aon abairt ghaolmhar a léamh mar thagairt do bhainisteoir d'údarás áitiúil chun críocha an ailt seo.

145.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, is feidhmeanna forchoimeáda iad na feidhmeanna seo a leanas— Bainisteoir a cheapadh.

(a) comhairle contae nó comhairle cathrach do cheapadh bainisteora faoi alt 6 d'Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 (dá ngairtear “Acht 1926” san alt seo) de bhua moladh ó na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, agus

(b) bainisteoir a chur ar fionraí nó a chur as fostaíocht de réir *alt 146*.

(2) Chun críocha alt 6 d'Acht 1926, measfar gur cuireadh iarraidh isteach i leith bainisteoir a fhostú—

(a) i gcás bainisteora lena mbaineann *alt 147*,

(i) 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse seilbhe dá dtagraítear in *alt 147(1)*, nó

(ii) an dáta a scoirfidh an bainisteoir sin de bheith i seilbh fostaíochta,

cibé acu is luaithe, agus

- (b) in aon chás eile,
- (i) 6 mhí roimh an dáta a shroichfidh an bainisteoir sin an teorainn aoise dá fhostaíocht nó dá fostaíocht, nó
 - (ii) an dáta a scoirfidh an bainisteoir sin de bheith i seilbh fostaíochta,

cibé acu is luaithe.

(3) Más rud é, maidir le comhairle contae nó comhairle cathrach—

- (a) go ndéanfar duine a mholadh, faoi alt 6 d'Acht 1926, lena cheapadh nó lena ceapadh mar an bainisteoir, agus
- (b) ar 3 mhí a bheith caite tar éis dháta an mholta, nach mbeidh an duine tagtha chun bheith ceaptha, faoi *fho-alt (1)*,

ansin, d'ainneoin aon fhorála eile den achtachán seo nó d'aon achtachán eile, tiocfaidh an duine chun bheith agus beidh sé nó sí, air sin, ceaptha, de bhua an fho-ailt seo, mar an bainisteoir, má bhíonn sé nó sí fós ar fáil lena cheapadh nó lena ceapadh.

(4) I gcás ina dtiocfaidh post an bhainisteora chun bheith folamh, ceapfaidh an tAire duine chun bheith ina bhainisteoir nó ina bainisteoir go sealadach go dtí go ndéanfar ceapachán buan chun an phoist ach féadfaidh an tAire, tráth ar bith, an ceapachán sealadach sin a fhoirceannadh.

(5) Níl feidhm ag alt 5 d'Acht 1926 maidir le post bainisteora.

Bainisteoir a chur ar fionraí nó a chur as oifig.

146.—(1) (a) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh comhairle thofa comhairle contae nó comhairle cathrach, le rún, an bainisteoir don chomhairle contae nó don chomhairle cathrach sin, de réir mar a bheidh, a chur ar fionraí nó a chur as fostaíocht mar gheall ar mhí-iompar sonraithe nó más dealraitheach dóibh gur gá é nó í a chur ar fionraí nó a chur as fostaíocht le go ndéanfaidh an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach, de réir mar a bheidh, a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

(b) Déanfar cóip d'aon rún a rithfear faoin alt seo a chur gan mhoill chuig an Aire.

(2) Maidir le fógra i dtaobh é a bheith beartaithe rún a mholadh faoin alt seo—

- (a) beidh sé sínithe ag trian ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle contae nó na comhairle cathrach lena mbaineann,
- (b) beidh ráiteas ann maidir leis na cúiseanna atá leis an bhfionraí nó leis an gcur as fostaíocht atá beartaithe,
- (c) i gcás fionraí, sonrúidh sé tréimhse nach faide nach 2 mhí don fhionraí atá beartaithe,

(d) sonróidh sé lá chun cruinniú speisialta a thionól chun an fhionraí nó an cur as fostaíocht atá beartaithe a bhreithniú, ar lá é nach luaithe ná 21 lá tar éis an lae a sheachadfar an fógra faoi *mhír* (e),

(e) seachadfar é ar an riarthóir cruinnithe, agus

(f) seachadfar é ar an mbainisteoir lena mbaineann nó cuirfear chuige nó chuici é.

(3) Ar fhógra a fháil agus gan mhoill, déanfaidh an riarthóir cruinnithe cóip de a chur chuig gach comhalta den údarás áitiúil agus cruinniú speisialta a chomóradh le haghaidh an dáta a bheidh sonraithe amhlaidh chun an fhionraí nó an cur as oifig atá beartaithe a bhreithniú.

(4) Féadfaidh an bainisteoir ráiteas freagra a ullmhú i ndáil leis an bhfionraí nó leis an gcur as fostaíocht atá beartaithe agus cuirfear an ráiteas sin chuig gach comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann.

(5) Chun rún a rith faoin alt seo, is gá—

(a) go vótálfad tré cheathrú ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle contae nó na comhairle cathrach lena mbaineann i bhfabhar an rúin, agus

(b) go mbeidh breithniú déanta ag comhaltaí na comhairle lena mbaineann ar aon ráiteas a bheidh ullmhaithe ag an mbainisteoir faoi *fho-alt* (4).

(6) Féadfar duine a bheidh curtha ar fionraí faoin alt seo a chur as oifig dá éis sin de réir an ailt seo.

(7) (a) Ní dhéanfar bainisteoir a chur as oifig faoin alt seo gan ceadú ón Aire arna thabhairt faoin bhfo-alt seo.

(b) Féadfaidh an tAire painéal 3 dhuine a cheapadh—

(i) chun cur as oifig bainisteora is ábhar do rún faoin alt seo agus ráiteas freagra an bhainisteora a bhreithniú,

(ii) chun moladh a dhéanamh i dtaobh ar chóir don Aire ceadú a thabhairt don chur as oifig sin, agus

(iii) chun cibé moltaí eile (más ann) is cuí leis an bpainéal sna imthosca go léir a dhéanamh.

(c) Beidh painéal neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(d) Ar phainéal beidh cathaoirleach agus 2 dhuine eile a mbeidh eolas nó taithí acu ar rialtas áitiúil, ar acmhainní daonna nó ar bhainistíocht.

(e) Ní thabharfar ceadú faoin bhfo-alt seo ach amháin de bhua moladh faoi *mhír* (b).

(8) Féadfaidh an tAire le rialacháin aon ní nós imeachta a fhorordú chun críocha an ailt seo.

147.—(1) D'ainneoin aon achtacháin eile, beidh duine a cheapfar Seilbh oifige chun poist bainisteora i seilbh na fostaíochta, mura túisce a éagfaidh bainisteora.

sé nó sí, a éireoidh sé nó sí as nó a chuirfear é nó í as oifig, le linn cibé tréimhse díobh seo a leanas is giorra—

- (a) tréimhse de cibé fad a shonróidh an tAire le hordú,
- (b) an tréimhse ó dháta an cheapacháin go dtí an dáta a shroichfidh sé nó sí cibé aois a shonróidh an tAire le hordú,

agus ar dhul in éag don tréimhse sin scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh na fostaíochta.

(2) D’ainneoin aon achtacháin (lena n-áirítear *fo-alt (1)*) nó aon ionstraime arna déanamh faoin achtachán sin, déanfar, faoi réir agus de réir an ailt seo agus de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire chun críocha an fho-ailt seo, tréimhse seilbhe bainisteora dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* a fhadú más rud é, maidir le fógra (dá ngairtear an “fógra forordaithe” san alt seo)—

- (a) go dtabharfaidh an bainisteoir an fógra sin do Chathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann, agus
- (b) go mbeidh an fógra sin san fhoirm a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo,

ach i gcás ar bith ní faide an tréimhse seilbhe arna fadú amhlaidh ná 10 mbliana.

(3) Ar fhógra forordaithe a fháil, déanfaidh Cathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann—

- (a) é sin a chur in iúl do chomhaltaí an údaráis áitiúil ag an gcéad chruinniú eile den údarás áitiúil sin, agus
- (b) cóip de a tharchur chuig an Aire agus chuig na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla.

(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha *fho-alt (2)* agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin—

- (a) maidir leis an bhfoirm ina mbeidh an fógra forordaithe;
- (b) maidir leis an tréimhse (dá ngairtear an “tréimhse fógra” san alt seo) ar laistigh di a thabharfar fógra forordaithe;
- (c) faoi réir *fho-alt (2)*, maidir leis an tréimhse ar dá réir a dhéanfar an tréimhse seilbhe a fhadú;
- (d) maidir leis na poist bainisteora nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (5)* maidir leo;
- (e) maidir le tréimhsí éagsúla a fheidhmiú chun críocha *mhíreanna (b)* agus *(c)* agus i leith aicmí sonraithe bainisteora.

(5) Faoi réir rialachán arna ndéanamh faoin *fho-alt (4)(d)*:

- (a) ní dhéanfaidh bainisteoir a mbeidh a thréimhse nó a tréimhse seilbhe fadaithe faoi *fho-alt (2)* iarratas ar cheapachán chuig aon phost bainisteora le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thabharfaidh an bainisteoir fógra forordaithe agus dar críoch dáta a bheidh 6 mhí

roimh dheireadh na tréimhse seilbhe fadaithe (dá ngairtear an “tréimhse eisiata” san fho-alt seo), agus

(b) d’ainneoin alt 6 d’Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, ní dhéanfaidh na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla bainisteoir a mbeidh fógra forordaithe tugtha aige nó aici a mheas lena roghnú le haghaidh aon phoist bainisteora le linn na tréimhse eisiata.

(6) (a) Beidh tréimhse fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)* go hiomlán laistigh den tréimhse seilbhe.

(b) Aon fhógra forordaithe chun críocha an ailt seo a thabharfar lasmuigh den tréimhse fógra, beidh sé neamhbhailí.

(7) I gcás ina mbeidh tréimhse seilbhe bainisteora arna fadú de réir an ailt seo, is tréimhse seilbhe chun críocha *fho-alt (2) d’alt 145* í an tréimhse seilbhe fadaithe sin agus beidh feidhm ag an alt sin dá réir sin.

(8) Measfar gur faoi *fho-ailt (1)* agus *(4)*, faoi seach, a rinneadh an tOrdú Rialtais Áitiúil (Seilbh Oifige), 2000 (I.R. Uimh. 221 de 2000), agus na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Seilbh Oifige ag Bainisteoirí), 2000 (I.R. Uimh. 219 de 2000), agus leanfaidh siad d’éifeacht a bheith leo agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

(9) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun cur isteach, nó chun athrú a dhéanamh, ar sheilbh oifige bainisteora—

(a) a ceapadh roimh thosach feidhme alt 47 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (dá ngairtear “Acht 1991” san fho-alt seo), nó

(b) a mbeidh a sheilbh oifige nó a seilbh oifige faoi rialú ag ordú faoi alt 47 d’Acht 1991, nó

(c) a mbeidh a sheilbh oifige nó a seilbh oifige faoi rialú ag ordú den sórt sin agus ag alt 47A (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht Rialtais Áitiúil, 2000) d’Acht 1991,

d’ainneoin Acht 1991 agus an tAcht Rialtais Áitiúil, 2000 a aisghairm leis an Acht seo.

148.—(1) (a) Féadfaidh bainisteoir, tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach na comhairle contae nó na comhairle cathrach lena mbaineann (dá ngairtear an “Cathaoirleach iomchuí” san alt seo), le hordú, fostaí a cheapadh chun bheith ina leas-bhainisteoir chun críocha *fho-alt (2)* agus féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith, an ceapachán sin a fhoirceannadh. Leas-bhainisteoir.

(b) Féadfar a fhoráil le hordú faoi *mhír (a)*, i gcás nach mbeidh an duine a cheapadh agus a bheidh sonraithe san ordú ar fáil, go mbeidh cibé fostaí eile a shonrófar amhlaidh arna cheapadh nó arna cheapadh chun bheith ina leas-bhainisteoir fad nach mbeidh an duine céadluaite a cheapadh ar fáil.

- (c) Féadfar ceapachán faoin bhfo-alt seo a dhéanamh faoi threoir duine aonair ar leith nó faoi threoir an duine is sealbhóir fostaíochta ar leith de thuras na huaire.

(2) De bhua an ailt seo, gníomhóidh leas-bhainisteoir mar bhainisteoir agus beidh sé nó sí ina bhainisteoir nó ina bainisteoir ar feadh aon tréimhse a d'fhéadfadh tarlú ó am go ham (cibé acu trí shaoire, trí thinneas nó aon chúis eile) a bheidh an bainisteoir neamhábalta go sealadach gníomhú.

- (3) (a) I gcás ina mbeidh bainisteoir tagtha chun bheith neamhábalta go sealadach ar aon chúis gníomhú agus—

(i) nach mbeidh ceapachán déanta aige nó aici faoi *fho-alt (1)*,

(ii) nach mbeidh ceapachán a bheidh ar marthain ann, nó

(iii) go mbeidh an duine a ceapadh éagumasaithe nó neamhábalta ar shlí eile gníomhú,

féadfaidh an Cathaoirleach iomchuí fostaí de chuid an údaráis áitiúil a cheapadh chun bheith ina leas-bhainisteoir ar feadh na coda eile den tréimhse a bheidh an bainisteoir neamhábalta gníomhú agus féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith, an ceapachán sin a fhoirceannadh.

- (b) Cuirfear fógra faoi cheapachán faoi *fho-alt (1)* nó (3) chuig an Aire agus chuig gach comhalta de gach údarás áitiúil lena mbaineann a luaithe is féidir tar éis an ceapachán a dhéanamh.

- (4) (a) Féadfaidh an tAire fostaí de chuid údaráis áitiúil a cheapadh chun bheith ina leas-bhainisteoir más rud é go mbeidh bainisteoir, ar chúis ar bith, neamhábalta go sealadach gníomhú agus nach mbeidh ceapachán faoi *fho-alt (1)* nó (3) i bhfeidhm de thuras na huaire.

- (b) Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, ceapachán lena mbaineann *mír (a)* a fhoirceannadh.

(5) Gníomhóidh leas-bhainisteoir mar bhainisteoir agus beidh sé nó sí ina bhainisteoir nó ina bainisteoir fad a leanfaidh an bainisteoir de bheith neamhábalta gníomhú nó go dtí—

(a) go ndéanfar, níos luaithe ná sin, an ceapachán a fhoirceannadh faoi *fho-alt (1)*, (3) nó (4), nó

(b) mar gheall ar an leas-bhainisteoir d'fháil bháis, do scor nó d'éirí as nó mar gheall ar an mbainisteoir a bheidh neamhábalta, ar shlí eile, gníomhú.

(6) Déanfar tagairt do bhainisteoir in aon achtachán, lena n-áirítear an tAcht seo, a léamh mar thagairt a fholáionn leas-bhainisteoir ag gníomhú mar bhainisteoir de réir an ailt seo.

Feidhmeanna
feidhmiúcháin.

149.—(1) San alt seo—

foláionn “comhairle thofa” comhaltaí comhchomhlachta;

foláionn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

(2) Beidh bainisteoir freagrach, i leith gach údaráis áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó, as—

- (a) oibriú éifeachtúil éifeachtach gach údaráis áitiúil den sórt sin, agus
- (b) a chinntiú faoi *alt 132* go ndéanfar breitheanna na comhairle tofa a chur i ngníomh gan mhoill mhíchúí.

(3) D'fhonn na freagrachtaí atá leagtha amach faoi *fho-alt (2)* a chomhall, déanfaidh an bainisteoir—

- (a) i leith gach údaráis áitiúil arb é nó í an bainisteoir dó, feidhmeanna feidhmiúcháin an údaráis áitiúil sin (lena n-áirítear na feidhmeanna go léir i ndáil le fostaíthe gach údaráis áitiúil den sórt sin) a fheidhmiú agus a chomhlíonadh, agus
- (b) chun na críche sin, riarachán agus gnó an údaráis a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne.

(4) Gach feidhm de chuid údaráis áitiúil nach feidhm fhorchoimeáda í, is feidhm feidhmiúcháin de chuid an údaráis áitiúil sin í, chun críocha an Achta seo.

(5) Faoi réir an Achta seo nó aon rialachán arna ndéanamh faoi, déanfaidh an bainisteoir d'údarás áitiúil na nithe agus na rudaí sin go léir, lena n-áirítear conarthaí a dhéanamh agus an séala oifigiúil a ghreamú, is gá chun feidhmeanna feidhmiúcháin an údaráis áitiúil sin a fheidhmiú agus a chomhlíonadh nó a ghabhann leis an gcéanna.

(6) Faoi réir dlí, déanfar feidhmeanna bainisteora a chomhlíonadh de réir bheartas an údaráis áitiúil arna chinneadh ag an gcomhairle thofa de réir *Chaibidil 1* den Chuid seo.

CAIBIDIL 3

Nithe Nós Imeachta

150.—Sa Chaibidil seo—

Mínithe.

folaíonn “comhairle thofa” comhaltaí comhchomhlachta;

folaíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

151.—(1) Le linn don bhainisteoir na feidhmeanna feidhmiúcháin a chur i gcrích do gach údarás áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó, gníomhóidh sé nó sí le hordú i scríbhinn arna shíniú agus arna dhátú aige nó aici i leith na bhfeidhmeanna lena mbaineann an t-alt seo. An bainisteoir ag gníomhú trí ordú sínithe.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le gach feidhm feidhmiúcháin—

- (a) a gceanglaítear leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile í a dhéanamh le hordú bainisteora,
- (b) atá luaite i *Sceideal 15*,
- (c) atá ainmnithe le hordú arna dhéanamh ag an Aire faoi *fho-alt (9)*, nó

(d) ar dóigh leis an mbainisteoir go bhfuil tábhacht leordhóthanach léi chun go ndéanfaí í le hordú.

(3) Déanfaidh gach bainisteoir, i leith gach údaráis áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó, clár a choimeád ina dtaifeadfar cóip de gach ordú arna dhéanamh aige nó aici de réir an ailt seo don údarás áitiúil sórt sin.

(4) Ag gach cruinniú d'údarás áitiúil, beidh ar fáil lena iniúchadh ag an gcomhairle thofa an méid sin den chlár dá dtagraítear i *bhfó-alt (3)* ina mbeidh aon orduithe arna ndéanamh ag an mbainisteoir ó bhí an cruinniú deireanach roimhe sin den údarás áitiúil ann.

(5) Beidh aon chomhalta d'údarás áitiúil i dteideal, ar é a iarraidh, go ndéanfaidh an bainisteoir don údarás áitiúil cóip d'ordú ar leith arna dhéanamh ag an mbainisteoir a thabhairt dó nó di.

(6) Gach doiciméad a éilíonn gur ordú é arna dhéanamh agus arna shíniú ag bainisteoir—

(a) glacfar i bhfianaise é gan chruthúnas ar shíniú an duine a éilíonn gurb é nó gurb í a shínigh an doiciméad sin nó gurbh é nó í an duine sin an bainisteoir sin, agus

(b) go dtí go gcruthófar a mhalairt, measfar gur ordú é arna dhéanamh agus arna shíniú go cuí ag an mbainisteoir sin de réir an ailt seo agus measfar é a bheith sínithe amhlaidh ar an dáta a bheidh luaite sa doiciméad sin.

(7) Gach doiciméad a éilíonn gur dheimhnigh bainisteoir i scríbhinn gur cóip dhílis é d'ordú arna dhéanamh ag bainisteoir de réir an ailt seo—

(a) glacfar i bhfianaise é gan chruthúnas ar shíniú an duine a éilíonn go ndearna sé nó sí deimhniú amhlaidh nó gurbh é nó í an duine sin an bainisteoir sin, agus

(b) go dtí go gcruthófar a mhalairt, measfar gur fianaise é ar a bhfuil san ordú a n-éilíonn sé gur cóip de é agus ar an bhfóras go ndearna agus gur shínigh an bainisteoir sin an t-ordú go cuí de réir an ailt seo ar an dáta a bheidh luaite sa chóip dheimhnithe.

(8) I gcás ina mainnítear gníomhú, nó nach ngníomhaítear, le hordú sínithe de réir an ailt seo, ní oibreoidh sé sin uaidh féin chun aon ghníomh nó cinneadh arna dhéanamh ag bainisteoir nó ag údarás áitiúil a chur ó bhail.

(9) Féadfaidh an tAire le hordú feidhm feidhmiúcháin a ainmniú chun bheith ina feidhm lena mbaineann an t-alt seo.

(10) Faoi réir fhorálacha aon achtacháin eile ní léifear aon ní san alt seo mar ní a choisfidh ordú arna dhéanamh ag bainisteoir a chúlghairm nó a leasú le hordú den sórt sin ina dhiaidh sin.

(11) Ní léifear aon ní i *Scideal 15* mar ní a dhéanfaidh dochar do na feidhmeanna a thugtar do chomhairle thofa leis an Acht seo.

An bainisteoir do
fhreastal ar
chruinnithe údaráis
áitiúil.

152.—(1) Beidh sé de cheart ag gach bainisteoir—

(a) freastal ar chruinnithe, agus labhairt ag cruinnithe, d'údarás áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó, agus

(b) páirt a ghlacadh ina dhíospóireachtaí,

ach ní bheidh sé nó sí i dteideal vótáil ar aon cheist a chinnfear le vóta chomhaltaí an údaráis áitiúil sin.

(2) A mhéid nach mbeidh sé ar neamhréir le comhlíonadh cuí feidhmeanna ag bainisteoir i ndáil leis na húdaráis áitiúla arb é nó í is bainisteoir dóibh, freastalóidh bainisteoir—

(a) ar aon chruinniú d'údarás áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó i gcás ina n-iarrfaidh comhairle thofa an údaráis áitiúil sin air nó uirthi freastal, agus

(b) ar aon chruinniú de choiste de chuid údaráis áitiúil i gcás ina n-iarrfaidh comhairle thofa an údaráis áitiúil sin air nó uirthi freastal.

(3) Aon uair a fhreastalóidh bainisteoir ar chruinniú d'údarás áitiúil nó de choiste de chuid an údaráis áitiúil de réir *fho-alt (2)*—

(a) tabharfaidh sé nó sí do chomhairle thofa an údaráis áitiúil sin nó don choiste (de réir mar a bheidh) cibé comhairle agus cúnaimh a éileoidh an chomhairle nó an coiste air nó uirthi, le réasún, (agus tabharfaidh comhaltaí na comhairle nó an choiste aird ar an gcomhairle nó ar an gcúnaimh sin), agus

(b) socróidh sé nó sí go bhfreastalóidh ar an gcruinniú sin cibé fostaithe d'fhostaithe na n-údarás áitiúil arb é nó í is bainisteoir dóibh, a bheidh cuí, ag féachaint don ghnó a bheidh le déanamh ag an gcruinniú sin.

(4) Gan dochar *d'alt 154*, san alt seo folaíonn “bainisteoir” fostaí a mbeidh feidhmeanna an bhainisteora arna dtarlúigean chuige nó chuici de réir an ailt sin i leith an údaráis áitiúil a bheidh i gceist.

153.—(1) Maidir le bainisteoir d'údarás áitiúil—

Imeachtaí dlí.

(a) gníomhóidh sé nó sí don údarás áitiúil agus thar a cheann i ngach caingeán nó imeacht dlí eile, sibhialta nó coiriúil, arna thionscnamh ag an údarás áitiúil nó ina choinne, agus

(b) féadfaidh sé nó sí na gníomhartha, na nithe, agus na rudaí sin go léir a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá chun an caingeán nó an t-imeacht eile sin a ullmhú agus a thabhairt ar aghaidh nó a chosaint ar an tslí chéanna go huile agus go hiomlán agus dá mba é nó í an gearánaí, an t-ionchúisitheoir, an cosantóir nó an páirtí eile (de réir mar is gá sa chás) sa chingeán nó san imeacht eile sin é nó í.

(2) I gcás ina mbaineann caingeán nó imeacht eile le feidhmiú nó comhlíonadh feidhme forchoimeáda ag an údarás áitiúil, gníomhóidh an bainisteoir don údarás sin, le linn dó nó di aon ghníomh, ní nó rud den sórt sin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh, le húdarú sainráite chomhairle thofa an údaráis áitiúil sin, agus in aon imeachtaí measfar an t-údarú sin a bheith tugtha mura suífear, nó go dtí go suífear, a mhalairt.

Feidhmeanna a tharmligean.

154.—(1) Ní bheidh feidhm ag an alt seo chun críocha ceapacháin leas-bhainisteora, is ceapachán a mbeidh feidhm ag *alt 148* ina leith.

(2) Féadfaidh bainisteoir d'údarás áitiúil le hordú, cibé feidhmeanna dá chuid nó dá cuid is cuí leis nó léi a tharmligean chuig fostaí d'aon údarás áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó agus comhlíonfaidh an duine sin cibé dualgais is cuí maidir leis na feidhmeanna a tharmligfear amhlaidh agus, chun na críche sin agus faoi réir an ailt seo, gníomhóidh sé nó sí in ionad an bhainisteora.

(3) I gcás ina ndéanfar tarmligean faoin alt seo—

(a) comhlíonfaidh an fostaí an fheidhm tharmligthe faoi stiúradh agus rialú ginearálta an bhainisteora,

(b) comhlíonfaidh an fostaí an fheidhm tharmligthe de réir cibé teorainneacha (más ann) a shonrófar sa tarmligean maidir leis an limistéar ina gcomhlíonfaidh sé nó sí an fheidhm sin nó maidir leis an tréimhse nó leis an méid a chomhlíonfaidh sé nó sí an fheidhm sin,

(c) maidir le haon fhoráil den achtachán seo nó faoi nó d'aon achtachán eile nó faoi a dhílsíonn feidhmeanna don bhainisteoir nó a rialaíonn an tslí ina gcomhlíonfar aon fheidhm (lena n-áirítear ordú a dhéanamh faoi *alt 151*) más infheidhme agus a mhéid is infheidhme í maidir leis an bhfeidhm tharmligthe, beidh éifeacht leis an bhforáil sin chun críocha chomhlíonadh na feidhme sin ag an bhfostaí, ach an fostaí a chur in ionad an bhainisteora, agus léifear gach foráil den sórt sin dá réir sin.

(4) I gcás ina mbeidh feidhm tharmligthe faoin alt seo leanfaidh an fheidhm de bheith dílsithe don bhainisteoir ach beidh sí dílsithe amhlaidh i gcomhthráth leis an bhfostaí a mbeidh sí tharmligthe chuige nó chuici agus ar shlí go bhféadfaidh an bainisteoir sin nó an fostaí sin í a chomhlíonadh.

(5) Féadfaidh an bainisteoir le hordú tarmligean arna dhéanamh faoin alt seo, nó arna dhéanamh faoi aon fhoráil eile a aisghairtear leis an Acht seo, a leasú nó a chúlghairm.

(6) I gcás ina ndéanfaidh fostaí feidhm a chomhlíonadh de bhun tarmligin faoin alt seo agus go mbeidh aon fhormhuirear nó muirear le muirearú dá éis sin de dhroim an chomhlíonta sin, i gcás gurb é nó í an fostaí a rinne an íocaíocht nó a d'údaraigh an íocaíocht a dhéanamh nó ba chúis leis an gcaillteanas nó leis an easnamh, déileálfar leis an mbainisteoir amhail is go ndearna sé nó sí an íocaíocht nó gur údaraigh sé nó sí an íocaíocht a dhéanamh freisin nó amhail gurb é nó í ba chúis freisin leis an gcaillteanas nó leis an easnamh.

(7) Féadfar tarmligean faoin alt seo a dhéanamh chuig fostaí ar leith de chuid údaráis áitiúil nó chuig an duine is sealbhóir, de thuras na huairé, ar aicme shonraithe, ar thairisc shonraithe nó ar ghrád sonraithe fostaíochta faoi údarás áitiúil.

(8) Tabharfar fógra do chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i dtaobh tarmligean a dhéanamh faoin alt seo nó i dtaobh é a leasú nó a chúlghairm dá éis sin.

(9) Ní oibreoidh aon locht ar tharmligean, nó easpa tarmligin, i leith feidhme arna comhlíonadh ag fostaí, ag gníomhú dó nó di de mheon macánta thar ceann an údaráis áitiúil, mar ní a dhéanfaidh

uaidh féin aon ghníomhaíocht nó breith de chuid an údaráis áitiúil a chur ó bhail.

CAIBIDIL 4

Pearsanra Údaráis Áitiúil

155.—Sa Chaibidil seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Mínithe (*Caibidil 4*).

tá le “Aire cuí” an bhrí a thugtar le *halt 156*;

ciallaíonn “an Bord” an comhlacht a bunaíodh faoi airteagal 4 den Ordú um an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 1996 (I.R. Uimh. 410 de 1996), nó aon chomhlacht eile arna bhunú ag an Aire faoi alt 3 den Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971, nó ar shlí eile, chun seirbhísí atá cosúil le seirbhísí an Bhoird a sholáthar;

ciallaíonn “na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla” coimisinéirí arna gceapadh faoi alt 3 d’Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926;

folaíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

156.—(1) Sa Chaibidil seo, ciallaíonn “Aire cuí”— An tAire cuí.

(a) i gcás ina mbaineann dualgais fostaíochta ar leith nó fostaíochtaí d’aicme, de thuairisc nó de ghrád ar leith go hiomlán nó go formhór le feidhmeanna Aire den Rialtas seachas an tAire, an tAire sin den Rialtas,

(b) i ngach cás eile, an tAire.

(2) Más rud é go n-éiríonn aon cheist nó díospóid i dtaobh an mbaineann dualgais fostaíochta ar leith nó fostaíochtaí d’aicme, de thuairisc nó de ghrád ar leith go hiomlán nó go formhór le feidhmeanna Aire den Rialtas seachas an tAire, déanfar an ní a tharchur chuig an Aire lena chinneadh agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Aire.

(3) Féadfaidh an tAire cuí aon dearbhú a bheidh déanta, nó a mheasfar a bheith déanta, aige nó aici nó aon ordachán a bheidh tugtha aige nó aici faoin gCaibidil seo, a leasú nó a chúlghairm.

157.—(1) Faoi réir fhorálacha *fho-ailt (2)* agus *(3)*, beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach fostaíocht faoi údarás áitiúil agus maidir le gach fostaí de chuid údaráis áitiúil. Feidhm (*Caibidil 4*).

(2) (a) Chun críocha na Coda seo, folaíonn fostaí de chuid údaráis áitiúil gach duine is sealbhóir oifige faoi údarás áitiúil díreach roimh thosach feidhme an ailt seo.

(b) Ní foras é duine a bheith fostaithe ag údarás áitiúil ar thosach feidhme aon fhorála den Chaibidil seo lena mhaíomh nach mbeidh feidhm ag an bhforáil sin i ndáil leis nó léi.

(3) Chun críocha na Caibidle seo, measfar nach fostaíochtaí faoi údarás áitiúil iad na hoifigí seo a leanas, agus measfar nach sealbhóir

ar fhostaíocht faoi údarás áitiúil gach sealbhóir, i gcáil sealbhóra dó nó di, ar aon cheann de na hoifigí sin—

- (a) oifig chróinéara nó leas-chróinéara faoin Acht Cróinéirí, 1962,
- (b) oifigí airígh agus cúntóra don airíoch ar chóiríocht tí cúirte faoin Acht Tithe Cúirte (Soláthar agus Cothabháil), 1935,
- (c) oifigí coimeádaí póna agus cúntóra do choimeádaí póna faoin Acht Pónaí (Soláthar agus Cothabháil), 1935.

(4) Chun críche na Caibidle seo, ní foras é íocaíocht a dhéanamh le duine de bhua *alt 142(2)* lena mhaíomh gur fostaí de chuid údaráis áitiúil é nó í an duine sin.

Forálacha a bhaineann le fostaíocht daoine ag údaráis áitiúla.

158.—(1) (a) Faoi réir na Caibidle seo, *Chaibidil 2* den Chuid seo agus na nAchtanna um Údaráis Áitiúla (Oifigí agus Fostaithe), 1926 go 1983, féadfaidh údarás áitiúil cibé daoine agus cibé líon daoine is cuí leis an údarás áitiúil ó am go ham a fhostú.

(b) Cinnfidh údarás áitiúil luach saothair agus coinníollacha fostaíochta a fhostaithe agus féadfaidh sé, ó am go ham, luach saothair agus coinníollacha na bhfostaithe sin a athrú.

(c) Féadfaidh an tAire cuí—

(i) i ndáil le haon fhostaíocht arb é nó í an tAire cuí ina leith, nó

(ii) i ndáil le cibé fostaíochtaí arb é nó í an tAire cuí ina leith agus a bhaineann le haicme, tuairisc nó grád ar leith fostaíochtaí agus,

a dhearbhuí maidir le haon aois shonraithe gurb í an aois í ag a scoirfidh fostaí de bheith i seilbh fostaíochta faoi údarás áitiúil.

(d) Féadfaidh an tAire cuí, tráth ar bith, a ordú, maidir le haon cheann de na feidhmeanna a thugtar d'údarás áitiúil leis an gCaibidil seo, nach mbeidh sí infheidhmithe, i ndáil le fostaíocht nó fostaíochtaí arb é nó í an tAire cuí ina leith, cibé acu go ginearálta nó i ndáil le húdarás áitiúil ar leith nó le húdarás áitiúla shonraithe, ach amháin lena thoiliú nó lena toiliú, nó faoi réir cibé coinníollacha nó ceanglas eile a ordófar amhlaidh.

(2) Le linn d'údarás áitiúil aon fheidhm dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fheidhmiú i ndáil le fostaíocht arb é nó í an tAire an tAire cuí ina leith, déanfaidh sé, faoi réir *mhíreanna (c)* agus *(d)* den fho-alt seo aird a thabhairt ar aon treoirlínte, cóid chleachtais nó treoir eile a bheidh eisithe ag an mBord i ndáil leis an bhfeidhm sin.

(3) Ní bheidh feidhm ná réim ag na feidhmeanna a thugtar do chomhairle thofa nó do Chathaoirleach leis an gCuid seo, seachas na feidhmeanna sin dá dtagraítear in ailt *145(1)* agus *148*, maidir le fostaithe de chuid údaráis áitiúil nó maidir le haon fheidhm feidhmiúcháin a chomhlíonadh i ndáil leis na fostaithe sin nó lena stiúradh, a maoirseacht, a seirbhís, a luach saothair nó a n-araíonacht

agus beidh aon rún a éileoidh feidhm nó réim a bheith aige amhlaidh neamhbhailí.

159.—(1) Déanfaidh an bainisteoir, chun na freagrachtaí atá leagtha amach faoi *alt 149* a chomhall, cibé socrúithe foirne agus eagrúcháin is gá chun feidhmeanna na n-údarás áitiúil a bhfuil sé nó sí freagrach iontu a chur i gcrích. Socrúithe foirne agus eagrúcháin.

(2) Faoi réir na Coda seo féadfar na feidhmeanna de chuid údarás áitiúil a chomhall trí fhostaithe an údarás sin nó trí fhostaithe aon údarás áitiúil eile a bhfuil an bainisteoir freagrach ann nó ag fostaithe an chéanna.

(3) Déanfaidh fostaí údarás áitiúil—

- (a) cibé dualgais a chomhlíonadh a bheidh sannta dó nó di ó am go ham i ndáil lena fhostaíocht nó lena fostaíocht agus a bheidh cuí maidir le haon fheidhm ar leith de chuid aon údarás áitiúil a bhfuil an bainisteoir freagrach ann, agus
- (b) cibé treoracha a chur i gcrích a bheidh tugtha go cuí i ndáil lena dhualgas nó lena dualgas a chomhlíonadh.

(4) Más rud é go ndéanfaidh údarás áitiúil, trí chomhaontú nó socrú faoi *Chuid 10* nó ar shlí eile, feidhm de chuid comhlachta eile a fheidhmiú nó a chomhlíonadh nó seirbhís a sholáthar do chomhlacht eile,

- (a) beidh sé de dhualgas ar gach fostaí de chuid an údarás áitiúil cibé dualgais is cuí maidir le cineál na feidhme nó na seirbhíse sin, agus a chinnfidh an t-údarás áitiúil, a chomhlíonadh, agus
- (b) i gcás gur údarás áitiúil an comhlacht eile, beidh sé de dhualgas ar gach fostaí de chuid an údarás áitiúil sin staonadh ó cibé dualgais is cuí maidir le cineál na feidhme nó na seirbhíse sin, agus a chinnfidh an t-údarás áitiúil sin, a chomhlíonadh.

(5) (a) Ní ghabhfaidh fostaí de chuid údarás áitiúil—

- (i) d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid an údarás áitiúil, an méid sin go ndéanfaí dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí de chuid an údarás áitiúil, nó
- (ii) d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith—
 - (I) contrártha do leasanna an údarás áitiúil, nó
 - (II) ar neamhréir le comhall a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí údarás áitiúil.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, ní ghabhfaidh fostaí de chuid údarás áitiúil, ar cáilíochtaí gairmiúla go hiomlán nó go páirteach iad na cáilíochtaí le haghaidh a phoist nó a poist, do chleachtas príobháideach sa ghairm ina bhfuil sé nó sí fostaithe ag an údarás áitiúil nó ag na húdarás áitiúla nó in aon ghairm ghaolmhar.
- (c) I gcás ina sáróidh fostaí de chuid údarás áitiúil *mír (a)* nó *(b)*, cinnfidh an t-údarás áitiúil an gníomh araíonachta cuí

a bheidh le déanamh, ar gníomh é a bhféadfar fionraí, le pá nó gan phá, nó fostaíocht a fhoirceannadh nó cibé gníomh eile a mheasfaidh an t-údarás áitiúil is cuí a bheith ar áireamh ann.

- (d) Le linn an gníomh a bheidh le déanamh faoi *mhír* (c) a bhreithniú, féadfaidh údarás áitiúil aird a thabhairt ar an ngá atá ann muinín an phobail a chumhdach maidir leis an ionracas lena ndéantar a fheidhmeanna a chomhall.

Cáilíochtaí le
haghaidh
fostaíochta.

- 160.—(1)** (a) Féadfaidh an tAire cuí cáilíochtaí de cibé aicmí agus tuairiscí is cuí leis nó léi a dhearbhu le haghaidh fostaíochta sonraithe faoi údarás áitiúil nó le haghaidh cibé cinn de na fostaíochtaí a bhaineann le haicme, tuairisc nó grád a bheidh sonraithe.
- (b) Sula ndéanfaidh an tAire cuí cáilíochtaí a dhearbhu faoin alt seo, le haghaidh aon fhostaíochta faoi údarás áitiúil lena mbaineann na hAchtanna um Údarás Áitiúla (Oifigí agus Fostaithe), 1926 go 1983, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla.
- (c) Ní dhéanfar duine a cheapadh chuig aon fhostaíocht faoi údarás áitiúil a mbeidh cáilíochtaí dearbhaithe, de thuras na huair, faoin alt seo lena haghaidh mura rud é go mbeidh na cáilíochtaí sin aige nó aici.
- (d) Chun críocha an ailt seo, mura mbeidh calaois i gceist, is fianaise dhochloíte é, duine a bheith molta ag na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla lena cheapadh nó lena ceapadh chuig aon fhostaíocht, go raibh na cáilíochtaí arna ndearbhú de thuras na huair faoin alt seo le haghaidh na fostaíochta sin, aige nó aici tráth an mholta sin.
- (e) I gcás ina ndéanfaidh an tAire cuí cáilíochtaí a dhearbhu faoin alt seo le haghaidh fostaíochta sonraithe, ní dhéanfaidh údarás áitiúil cáilíochtaí breise a shocrú le haghaidh na fostaíochta sin gan toiliú an Aire chuí.
- (2) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú (dá ngairtear “ordú aistriúcháin” san alt seo), a fhoráil go ndéanfaidh an Bord dearbhuithe maidir le cáilíocht ar dearbhuithe iad a bheadh déanta go cuí aige nó aici faoin alt seo, murach sin, le haghaidh fostaíochtaí a bheidh sonraithe san ordú aistriúcháin.
- (b) Aon uair a bheidh ordú aistriúcháin i ngníomh, beidh an chumhacht ag an mBord leasú a dhéanamh ar aon cháilíochtaí a bheidh dearbhaithe roimhe sin ag an Aire i ndáil le haon fhostaíocht lena mbaineann an t-ordú.
- (c) Ní dhéanfaidh ordú aistriúcháin dochar do cheart an Aire aon cháilíochtaí arna ndearbhú faoin alt seo a dhéanamh nó a leasú.
- (d) I gcás ina ndéanfaidh an Bord cáilíochtaí a dhearbhu de bhua ordú aistriúcháin, beidh éifeacht ag an dearbhú sin amhail is dá mba é nó í an tAire a rinne é.
- (e) Ní dhéanfaidh cúlghairm ordaithe aistriúcháin ag an Aire difear d’aon cháilíochtaí láithreacha a bheidh

dearbhaithe ag an mBord mura bhforáilfear dá mhalairt go sainráite san ordú.

(3) (a) D'ainneoin *fho-ailt (1)* agus (2), féadfaidh údarás áitiúil, ó am go ham, cáilíochtaí a shocrú le haghaidh aon fhostaíochta, ar choinníoll nach mbeidh dearbhú faoi *fho-alt (1)* i ndáil leis an bhfostaíocht sin i bhfeidhm.

(b) Aon uair a dhéanfaidh an tAire cuí, nó an Bord de bhua ordú aistriúcháin, cáilíochtaí a dhearbhu faoin alt seo i ndáil le fostaíocht ar leith, scoirfidh aon cháilíochtaí a bheidh socraithe roimhe sin ag údarás áitiúil i ndáil leis an bhfostaíocht sin d'éifeacht a bheith leo.

(4) (a) Féadfaidh an tAire nó an Bord aon cháilíochtaí a bheidh dearbhaithe ag an mBord faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil leasú a dhéanamh ar na cáilíochtaí a bheidh socraithe aige le haghaidh aon fhostaíochta faoi *fho-alt (3)*.

(5) Aon dearbhú a bheidh déanta faoi alt 21 den Acht Rialtais Áitiúil, 1941, roimh thosach feidhme na forála seo, measfar, ar an agus ón tosach feidhme sin, gur faoin alt seo a rinneadh é.

161.—(1) (a) Faoi réir *mhír (b)*, ní dhéanfaidh údarás áitiúil comhalta d'údarás áitiúil a fhostú.

Srianta ar fhostú le húdarás áitiúil agus comhaltas d'údarás áitiúil.

(b) Féadfaidh an tAire, le hordú—

(i) an aicme, tuairisc nó grád sin fostaíochtaí nach mbeidh feidhm ag *mír (a)* maidir leis nó léi a ainmniú,

(ii) na coinníollacha sin nach mbeidh feidhm ag *mír (a)* fúthu a shonrú.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh agus beidh éifeacht leis ar an agus ón ngnáthlá scoir do chomhaltaí is túisce a tharlóidh tar éis achtú an Achta seo.

(3) I gcás ina mbeartófar ordú a dhéanamh faoin alt seo, leagfar dréacht de faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach den Oireachtas.

(4) Aon ordú a bheidh déanta faoi alt 25 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, agus a bheidh i bhfeidhm roimh thosach feidhme na forála seo, measfar, ar an agus ón tosach feidhme sin, gur faoi *fho-alt (1)(b)* a rinneadh é agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

162.—(1) (a) San alt seo, ciallaíonn “alt 70(1) mar a chuirtear chun feidhme é” alt 70(1) den Acht Rialtais Áitiúla, 1925, mar a chuirtear chun feidhme é le halt 26 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930, arna choimeád i ngníomh le halt 21(5) den Acht Rialtais Áitiúil, 1955, chun críocha na feidhme sin agus arna léamh de réir—

Modhnú ar an srian ar a bheith fostaíthe faoi chomhlachtaí gaolmhara áirithe.

- (i) alt 25(6) den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, agus
- (ii) alt 12 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú), 1999.
- (b) Gan dochar d'alt 6, agus d'ainneoin alt 70(1) den Acht Rialtais Áitiúla, 1925, agus alt 21(5) den Acht Rialtais Áitiúil, 1955, a aisghairm leis an Acht seo, leanfaidh alt 70(1) mar a chuirtear chun feidhme é de lánfeidhm a bheith aige agus de lánéifeacht a bheith leis.
- (2) (a) Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire chun críche *mhír* (b), féadfaidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, le hordú, aicme, tuairisc nó grád fostaíochtaí a ainmniú.
- (b) Fad a bheidh ordú faoin bhfo-alt seo i bhfeidhm, ní bhainfidh alt 70(1) mar a chuirtear chun feidhme é le fostaíocht ar d'aicme, de thuairisc nó de ghrád í a bheidh ainmnithe leis an ordú.
- (c) Aon ordú a bheidh déanta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta faoi alt 25(2) den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an fho-ailt seo, measfar gur faoin bhfo-alt seo a rinne an tAire sin é.
- (d) Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, féadfaidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, le hordú, ordú faoin bhfo-alt seo (lena n-áirítear ordú faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.
- (3) I gcás ina mbeartófar ordú faoi *fho-alt* (2) a dhéanamh, leagfar dréacht de faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach den Oireachtas.

Leasú ar Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926.

163.—Leasaítear alt 6 d'Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Beidh éifeacht le fo-alt (4) den alt seo faoi réir an choinníll, i gcás ina sonrúidh an t-údarás áitiúil tréimhse (nach lú ná mí) ar laistigh di a rachaidh an duine a bheidh molta ag na Coimisinéirí i mbun dualgais agus i gcás ina gcuirfidh an t-údarás áitiúil an tréimhse a bheidh sonraithe amhlaidh in iúl don duine, nach gceapfaidh an t-údarás áitiúil an duine sin mura dtéann sé nó sí i mbun an dualgais sin laistigh den tréimhse sin.”.

Leasú ar an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977.

164.—Leasaítear alt 2(1) den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (i):

“(i) bainisteoir d'údarás áitiúil chun críocha *alt 144* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*,”.

Cosaint (*Caibidil 4*).

165.—(1) Fanfaidh Rialacháin na nOifigí Áitiúla (*An Ghaeilge*), 1966 (I.R. Uimh. 221 de 1966), arna ndéanamh faoi ailt 13 agus 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 1941, i bhfeidhm ar thosach feidhme na bhforálacha lena n-aisghairtear na hailt sin agus féadfar, le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire cúí de bhua an fho-ailt seo, iad a leasú

go feadh an mhéid chéanna dá bhforáiltear leis na hait sin nó féadfar iad a chúlghairm.

(2) Gach dearbhú a bheidh déanta faoi alt 23 den Acht Rialtais Áitiúil, 1941, agus a bheidh i bhfeidhm i ndáil le duine ar thosach feidhme na forála lena n-aisghairtear an t-alt sin, fanfaidh sé i bhfeidhm i ndáil leis nó léi tar éis an tosach feidhme sin agus féadfar, trí dhearbhuú arna dhéanamh ag an Aire cuí de bhua an fho-ailt seo, é a leasú go feadh an mhéid chéanna dá bhforáiltear leis an alt sin nó féadfar é a chúlghairm.

(3) (a) D'ainneoin alt 10 (arna leasú le halt 12 den Acht Rialtais Áitiúil, 1955) den Acht Rialtais Áitiúil, 1941, a aisghairm, i gcás ina mbeidh achomharc faoin alt sin déanta chuig an Aire cuí roimh an aisghairm sin, leanfar den achomharc sin a bhreithniú agus féadfar é a chinneadh faoin alt sin.

(b) D'ainneoin alt 26 (arna leasú le halt 41 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946) den Acht Rialtais Áitiúil, 1941, a aisghairm, i gcás ina mbeidh iarraidh ar thoilíú an Aire chuí déanta faoin alt sin roimh an aisghairm sin, leanfar den iarraidh sin a bhreithniú agus féadfar í a chinneadh faoi na hait sin.

(c) San fho-alt seo, tá le “Aire cuí” an bhrí chéanna atá le “Aire oiriúnach” i gCuid II den Acht Rialtais Áitiúil, 1941.

CUID 15

CREAT EITICE DON TSEIRBHÍS RIALTAIS ÁITIÚIL

166.—(1) Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilíonn an Léiriú (*Cuid 15*), comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “eolas iarbhír ” eolas atá iarbhír, díreach agus pearsanta ar leith ó eolas atá inchiallaithe, intuigthe nó inbharúilte, agus foláíonn sé, i ndáil le fíoras, creidiúint gurb ann dó ar de chineál iad na forais le creidiúint amhlaidh nach bhféadfadh duine réasúnach atá feasach orthu a bheith in amhras gurb ann don fhíoras nó gan a chreidiúint gurb ann dó;

ciallaíonn “tréimhse chuí”—

(a) i gcás an chéad dearbhaithe de chuid duine lena mbaineann *alt 167(1)*, an tréimhse dar chríoch deireadh an 12 mhí anuas go dtí dáta a chéad dearbhaithe nó a céad dearbhaithe, agus an dáta sin san áireamh, agus

(b) i gcás dearbhuithe dá éis sin, an tréimhse idir dáta a dhearbhaithe nó a dearbhaithe dheireanaigh roimhe sin agus dáta an chéad dearbhaithe eile dá éis sin;

ciallaíonn “Coimisiún” an Coimisiún um Oifigí Poiblí arna bhunú le halt 21 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, nó aon chomhlacht arna bhunú in ionad an Choimisiúin sin;

ciallaíonn “duine bainteach” deartháir, deirfiúr, tuismitheoir nó céile an duine nó leanbh de chuid an duine nó de chuid an chéile;

tá le “leas indearbhaithé” an bhrí a leagtar amach in *alt 175*;

ciallaíonn “fostaí”, i ndáil le húdarás áitiúil, fostaí lena mbaineann an Chuid seo agus, faoi réir *fho-alt (2)*, folaíonn sé bainisteoir d’údarás áitiúil mura sonraítear a mhalairt;

tá le “cláraitheoir eitice” an bhrí a thugtar le *halt 173(1)*;

folaíonn “bronntanas” bronntanas airgid nó maoin eile;

ciallaíonn “maoin” maoin réadach nó phearsanta;

ciallaíonn “cód iompair iomchuí” an Cód Iompair Náisiúnta do Chomhaltaí Údarás Áitiúil nó an Cód Iompair Náisiúnta d’Fhostaithe Údarás Áitiúil, dá dtagraítear in *alt 169*;

ciallaíonn “tréimhse thuairiscithe” tréimhse nach faide ná 28 lá ón dáta thosach feidhme a shonrófar san fhógra iomchuí arna eisiúint ag an gcláraitheoir eitice faoi *alt 174* nó cibé tréimhse eile a fhorordófar le rialacháin ón Aire faoi *alt 171(4)*;

folaíonn “céile”, i ndáil le duine, duine a bhfuil an duine céadluaite ag maireachtáil ina fhochair nó ina fochair.

(2) Chun críocha na Coda seo—

(a) measfar, maidir le bainisteoir, gur fostaí é nó í de chuid gach údaráis áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó,

(b) measfar, maidir le fostaí de chuid údaráis áitiúil atá, de bhua socrú nó comhaontú arna dhéanamh faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, ag comhlíonadh dualgas faoi údarás áitiúil eile nó ina leith, gur fostaí é nó í freisin de chuid an údaráis eile.

(3) I gcás ina measfar faoi *alt 155* d’Acht na gCuideachtaí, 1963, aon chomhlacht is cuideachta de réir bhrí an ailt sin a bheith ina fhochuideachta do chuideachta eile nó a bheith ina chuideachta shealbhaíochta de chuid cuideachta eile den sórt sin, measfar, chun críocha *alt 171* agus *ailt 175 go 179*, duine is comhalta den chuideachta chéadluaite sin a bheith, freisin, ina chomhalta nó ina comhalta den chuideachta eile.

Feidhm (*Cuid 15*).

167.—(1) Beidh feidhm ag an gCuid seo—

(a) maidir le comhalta d’údarás áitiúil,

(b) maidir le fostaí de chuid údaráis áitiúil ar d’aicme, de thuairisc nó de ghrád é nó í a bheith forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire chun críocha na Coda seo, agus

(c) maidir le haon fhostaí eile nó duine eile is sealbhóir ar phost a bheith ainmnithe le hordú arna dhéanamh ag an mbainisteoir d’údarás áitiúil chun críocha na Coda seo.

(2) Beidh feidhm ag an gCuid seo, seachas *ailt 171, 175* agus *178*, freisin, más iomchuí, maidir le haon duine nach mbaineann *fo-alt (1)* leis nó léi agus—

(a) is comhalta de choiste d’údarás áitiúil, nó

- (b) a mbeidh leas á bhaint ag an údarás áitiúil as a sheirbhísí nó a seirbhísí,

agus féadfar forálacha i ndáil le daoine den sórt sin a bheith i gcód iompair faoi *alt 169*.

(3) I gcás ina mbeidh ag duine lena mbaineann an Chuid seo leas i dtalamh nó leas a bhaineann le talamh nó le haon ghnó déileála i dtalamh nó forbartha talún, de bhíthin amháin go bhfuil úinéireacht thairbhiúil scaireanna i gcuideachta nó i gcomhlacht eile aige nó aici nó ag a ainmnitheach nó a hainmnitheach nó ag duine bainteach nó ag ainmnitheach duine bhaintigh agus nach mó luach ainmniúil iomlán na scaireanna sin ná an ceann is lú díobh seo a leanas—

- (a) £10,000, nó
- (b) an céadú cuid de luach ainmniúil iomlán scairchaipiteal eisithe na cuideachta nó an chomhlachta nó, i gcás inar eisíodh an caipiteal sin ina scaireanna d'aicmí de bhreis ar aon aicme amháin, scairchaipiteal eisithe na haicme nó na n-aicmí scaireanna ina bhfuil leas aige nó aici,

ní bheidh éifeacht le ceanglais *alt 171* agus *ailt 175 go 179* i ndáil leis an leas nó na leasanna sin.

(4) D'ainneoin *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire, le rialacháin, cuid d'fhorálacha *ailt 171* agus *175*, nó gach ceann díobh, a fhorordú mar fhorálacha a mbeidh feidhm acu maidir le duine lena mbaineann *fo-alt (2)*, faoi réir cibé modhnuithe nó oiriúnuithe is gá.

(5) (a) Scoirfidh Cuid VII d'Acht 2000 d'fheidhm a bheith aici—

- (i) maidir le comhalta d'údarás pleanála,
- (ii) maidir le comhalta de choiste d'údarás pleanála, agus
- (iii) maidir le hoifigeach d'údarás pleanála.

(b) Maidir le dearbhú arna thabhairt de réir *alt 147* d'Acht 2000—

- (i) ag comhalta d'údarás pleanála, nó
- (ii) ag oifigeach d'údarás pleanála,

leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige agus d'éifeacht a bheith leis go dtí go gcuirfear dearbhú arna thabhairt don chlárathóir eitice faoi *alt 171* den Acht seo ina áit.

168.—Is é dualgas gach comhalta d'údarás áitiúil agus gach fostaí de chuid údarás áitiúil agus gach comhalta de gach coiste, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhall faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, caighdeán chuí a chothabháil maidir le hionracas, iompar agus aird a thabhairt ar leas an phobail.

Caighdeán ionracais.

169.—(1) (a) Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis an Aire Airgeadais, féadfaidh an tAire cóid iompair a eisiúint mar threoir do chomhaltaí d'údarás áitiúla agus d'fhostaithe de chuid údarás áitiúil.

Cóid iompair don tSeirbhís Rialtais Áitiúil.

- (b) Déileálfaidh cód iompair le hiompar agus caighdeáin ionracais comhaltaí agus fostaithe le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh nó i ndáil le haon ní eile a bhaineann leis an gCuid seo.
- (c) I dteannta na nithe dá bhforáiltear le *mír (b)*, déileálfaidh cód iompair freisin le nithe a chuideoidh, i dtuairim an Aire, chun muinín an phobail a chumhdach maidir leis an ionracas lena ndéantar feidhmeanna údaráis áitiúil a chomhall.
- (d) Tabharfar an Cód Iompair Náisiúnta do Chomhaltaí Údarás Áitiúil agus an Cód Iompair Náisiúnta d'Fhostaithe Údarás Áitiúil nó cibé ainm eile a chinnfidh an tAire ó am go ham ar na cóid lena mbaineann an t-alt seo.
- (2) Féadfaidh an tAire tráth ar bith cód iompair a athbhreithniú agus féadfaidh sé nó sí an cód iompair a leasú nó é a tharraingt siar agus cód iompair nua a eisiúint.
- (3) (a) Beidh aird ag gach comhalta ar an gcód iompair iomchuí, agus glacfaidh sé nó sí treoir uaidh, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú.
- (b) Beidh aird ag gach fostaí ar an gcód iompair, sa mhéid go mbeidh feidhm ag an gcód iompair maidir leis an bhfostaí sin, agus glacfaidh sé nó sí treoir uaidh, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú.
- (c) Measfar a bheith ar áireamh i dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta fostaí gealltanais arna thabhairt aige nó aici go mbeidh aird aige nó aici ar an gcód iompair, agus go nglacfaidh sé nó sí treoir uaidh, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú.
- (4) (a) (i) A luaithe is indéanta tar éis duine a thoghadh nó a chomhthoghadh ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil, tabharfaidh an clárathoír eitice do gach comhalta den sórt sin cóip den Chód Iompair Náisiúnta do Chomhaltaí Údarás Áitiúil.
- (ii) Tarraingeoidh an fógra a eiseoidh an clárathoír eitice faoi *alt 174* aird an chomhalta ar an gcód iompair agus ar *fho-alt (3)(a)*.
- (b) (i) Tabharfaidh an clárathoír eitice do gach fostaí, a luaithe is indéanta, cóip den Chód Iompair Náisiúnta d'Fhostaithe Údarás Áitiúil.
- (ii) Tarraingeoidh an fógra a eiseoidh an clárathoír eitice faoi *alt 174* aird an fhostaí ar an gcód iompair agus ar *fho-alt (3)(b)* agus (c).
- (5) (a) Féadfaidh cúirt aird a bheith aici ar chód iompair arna eisiúint faoin alt seo in aon imeachtaí i leith ciona faoin gCuid seo.
- (b) Féadfaidh an Coimisiún aird a bheith aige ar chód iompair arna eisiúint faoin alt seo le linn dó a fheidhmeanna i ndáil le húdarás áitiúil a chur i gcrích.

(6) Leanfaidh cód iompair arna ghlacadh ag údarás pleanála faoi alt 150 d’Acht 2000 d’fheidhm a bheith aige agus d’éifeacht a bheith leis go dtí go gcuirfear cód iompair arna eisiúint faoin alt seo ina áit.

170.—(1) Ní dhéanfaidh fostaí nó comhalta d’údarás áitiúil nó de choiste de chuid údaráis áitiúil aon luach saothair, táille, luaíocht nó fabhar eile a lorg, a bhaint nó a ghlacadh ó aon duine, seachas ón údarás áitiúil lena mbaineann as ucht aon rud a rinneadh nó nach ndearnadh de bhua a fhostaíochta nó a fostaíochta nó a oifige nó a hoifige, agus féadfaidh treoir chun críocha an fho-ailt seo a bheith ar áireamh i gcód iompair faoi *alt 169*.

Toirmeasc ar fhabhair, luaíochtaí, etc.

(2) Ní léifear *fo-alt (1)* ionas go n-eisiatar na daoine lena mbaineann an fo-alt sin ó fheidhm na nAchtanna um Éilliú a Chosc, 1889 go 1995, agus aon Achta a bheidh le forléiriú leis na hAchtanna sin mar aon ní amháin.

171.—(1) Is é dualgas duine lena mbaineann *alt 167(1)* dearbhú bliantúil i scríbhinn (dá ngairtear sa Chuid seo “dearbhú bliantúil” nó “dearbhú”, de réir mar a bheidh) a ullmhú agus a thabhairt don chláraitheoir eitice de réir *fho-alt (2)* nó *(3)*, de réir mar a bheidh, san fhoirm a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, ar dearbhú é a bheidh arna shíniú agus arna dhátú aige nó aici agus ina mbeidh—

Dearbhú bliantúil.

(a) sonraí a leasanna indearbhaithe (de réir bhrí *alt 175*), agus

(b) gealltanais arna thabhairt aige nó aici go mbeidh aird aige nó aici ar an gcód iompair iomchuí, agus go nglacfaidh sé nó sí treoir uaidh, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú.

(2) Déanfaidh gach comhalta d’údarás áitiúil dearbhú bliantúil agus ráiteas nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na forais le haghaidh dícháilíochta dá dtagraítear in *alt 13* nó *182*, nó faoi alt 20 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Sintiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, a ullmhú agus a thabhairt don chláraitheoir eitice laistigh den tréimhse thuairiscithe gach bliain.

(3) Déanfaidh gach fostaí de chuid údaráis áitiúil dearbhú bliantúil a ullmhú agus a thabhairt don chláraitheoir eitice laistigh den tréimhse thuairiscithe gach bliain.

(4) D’ainneoin an mhínte ar thréimhse thuairiscithe in *alt 166*, féadfaidh an tAire dáta tosach feidhme nó tréimhse thuairiscithe a bheidh éagsúil leis na dátaí tosach feidhme nó na tréimhsí tuairiscithe dá dtagraítear sa mhíniú ar thréimhse thuairiscithe a fhorordú le rialacháin mar an dáta tosach feidhme nó an tréimhse ar uaidh nó laistigh di a thabharfar dearbhú.

(5) Ní gá méid nó luach airgid aon leasa indearbhaithe de réir bhrí *alt 175* a shonrú i ndearbhú bliantúil faoin alt seo.

172.—(1) Chun críocha na Coda seo, déanfaidh an cláraitheoir eitice, thar ceann an údaráis áitiúil lena mbaineann, clár poiblí a choimeád arb éard a bheidh ann 2 chuid, a mbeidh leasanna comhaltaí i gcuid amháin agus leasanna fostaithe agus daoine dá dtagraítear in *alt 167(2)* sa chuid eile (agus ar clár leasanna é dá ngairtear san alt seo an “clár leasanna”).

Clár poiblí leasanna.

(2) Taifeadfar sa chlár leasanna na sonraí a bheidh i ndearbhuithe faoi *alt 171* nó i nochtaí faoi *ailt 177 go 179* a bheidh tugtha don chláraitheoir eitice.

(3) (a) Coimeádfar an clár leasanna in oifigí an údaráis áitiúil lena mbaineann, agus beidh sé ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal le linn gnáthuaireanta oifige agus féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh ar chóip den chlár nó d'aon taifead sa chlár.

(b) Féadfaidh aon duine cóip den chlár leasanna, nó d'aon taifead sa chlár, a fháil ar cibé táille (más ann) a shocróidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann a íoc leis an údarás áitiúil, is táille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh leis an gcóip a dhéanamh.

(4) I gcás ina scoirfidh duine de bheith ina dhuine nó ina duine lena mbaineann *alt 167*, déanfaidh an cláraitheoir eitice iomchuí aon sonraí a bheidh taifeadta sa chlár leasanna de thoradh dearbhú nó nochtadh a thabhairt don chláraitheoir eitice iomchuí faoin gCuid seo a bhaint as an gclár sin a luaithe is féidir tar éis éag don tréimhse 15 bliana dar tosach an lá a scoirfidh an duine de bheith ina dhuine nó ina duine den sórt sin.

Cláraitheoir eitice.

173.—(1) Sa Chuid seo, ciallaíonn “cláraitheoir eitice” duine nó daoine a bheidh sannta le hordú ón mbainisteoir d’údarás áitiúil chun dualgais cláraitheora eitice de réir na Coda seo a chomhlíonadh i leith cibé údaráis nó údarás a bheidh sonraithe san ordú.

(2) Ní dhéanfaidh aon duine feidhmeanna cláraitheora eitice a chomhlíonadh ar feadh tréimhse leanúnaí is faide ná 2 bhliain.

Dualgas cláraitheora eitice, etc.

174.—(1) (a) Is é dualgas an chláraitheora eitice é fógra i scríbhinn, arna shíniú agus arna dhátú, a eisiúint chuig gach comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann roimh gach cruinniú bliantúil den údarás, nó cibé tráth eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, ar fógra é lena gcuirfear in iúl don chomhalta an ceanglas a fhorchuirtear air nó uirthi faoi *alt 171* dearbhú bliantúil a ullmhú agus a thabhairt agus beidh an fhoirm a fhorordófar amhlaidh chun na críche sin istigh leis an bhfógra sin.

(b) Tabharfar ar aird chomhaltaí an údaráis áitiúil gur eisíodh fógra faoi *mhír (a)* ag an gcéad chruinniú eile den údarás tar éis an fógra sin a eisiúint.

(2) Is é dualgas an chláraitheora eitice é fógra i scríbhinn, arna shíniú agus arna dhátú, a eisiúint i leith gach fostaí agus chuig gach fostaí dá dtagraítear in *alt 167(1)* gach bliain i mí Eanáir, nó cibé tráth eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, ar fógra é lena gcuirfear in iúl don fhostaí an ceanglas a fhorchuirtear air nó uirthi faoi *alt 171* dearbhú bliantúil a ullmhú agus a thabhairt agus beidh an fhoirm a fhorordófar amhlaidh chun na críche sin istigh leis an bhfógra sin.

(3) Is é dualgas an chláraitheora eitice é fógra i scríbhinn, arna shíniú agus arna dhátú, a eisiúint, a luaithe is indéanta, chuig duine a thiochfaidh chun bheith ina dhuine nó ina duine lena mbaineann *alt 167(1)* tar éis fógra a eisiúint faoi *fho-alt (1)* nó (2), ar fógra é lena gcuirfear in iúl don chomhalta nó don fhostaí sin, de réir mar a

bheidh, an ceanglas a fhorchuirtear air nó uirthi faoi *alt 171* dearbhú bliantúil san fhoirm a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire a ullmhú agus a thabhairt agus beidh an fhoirm a fhorordófar chun na críche sin istigh leis an bhfógra sin.

(4) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo, lena n-áirítear cás nach bhfaighidh duine fógra nó foirm ar chúis ar bith, difear don cheanglas a fhorchuirtear ar dhuine faoi *alt 171* dearbhú bliantúil a ullmhú agus a thabhairt.

(5) I gcás ina n-aimseoidh an cláraitheoir eitice mionearráid nó easnamh i ndearbhú, déanfaidh sé nó sí sonraí i scríbhinn maidir leis an earráid nó leis an easnamh, de réir mar a bheidh, a thabhairt don duine lena mbaineann agus cuirfidh an cláraitheoir eitice in iúl don duine sin go bhféadfaidh sé nó sí an earráid a cheartú nó an t-easnamh a shlánú laistigh den tréimhse 21 lá ón dáta a eisíodh an fógra chuig an duine sin.

(6) D'ainneoin *alt 169(4)*, féadfaidh an cláraitheoir eitice, tráth ar bith i gcás ina measfaidh sé nó sí gur gá déanamh amhlaidh, fógra a eisiúint nó aird aon duine dá dtagraítear in *alt 167* a dhíriú ar shlí eile ar cheanglais chuí na Coda seo, lena n-áirítear ceanglais chuí cóid iompair iomchuí arna eisiúint faoi *alt 169*.

(7) I gcás ina dtiocfaidh an cláraitheoir eitice, nó an bainisteoir i ndáil le *mír (c)*, ar an eolas mar gheall ar shárú a d'fhéadfadh a bheith déanta ar an gCuid seo is é a dhualgas nó a dualgas é an ní a thabhairt ar aird na ndaoine seo a leanas—

- (a) an bainisteoir don údarás áitiúil, i gcás go mbainfidh an ní le haon fhostaí eile,
 - (b) Cathaoirleach an údaráis áitiúil, i gcás go mbainfidh an ní leis an mbainisteoir,
 - (c) Cathaoirleach an údaráis áitiúil, i gcás go mbainfidh an ní leis an gcláraitheoir eitice,
 - (d) an bainisteoir don údarás áitiúil, i gcás go mbainfidh an ní leis an gCathaoirleach,
 - (e) an Cathaoirleach agus an bainisteoir don údarás áitiúil i gcás go mbainfidh an ní le comhalta den údarás áitiúil seachas an Cathaoirleach, agus
 - (f) in aon chás eile, an bainisteoir don údarás áitiúil.
- (8) (a) Déanfaidh an duine nó na daoine a dtabharfar an ní ar a aird nó ar a haird nó ar a n-aird faoi *fho-alt (7)* breithniú i dtaobh an ghnímh is ceart a dhéanamh agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar a áireamh sa ghníomh—
- (i) aon nósanna imeachta imscrúdaithe nó araíonachta is féidir a fheidhmiú i ndáil leis an duine lena mbaineann, cibé acu faoi aon fhoráil eile den achtachán seo nó d'aon achtachán eile nó ar shlí eile,
 - (ii) an ní a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí de réir *fho-alt (1)(b)* nó *(4)(b) d'alt 181* de réir mar a bheidh,

- (iii) aon bhearta eile a mheasfar a bheith cúí sna himthosca.
- (b) Déanfaidh an duine nó na daoine a dtabharfar an ní ar a aird nó ar a haird nó ar a n-aird faoi *fho-alt (7)*—
 - (i) a chur faoi deara tuarascáil ar a bhreithniú nó ar a breithniú nó ar a mbreithniú ar an ní, de réir mar a bheidh, a ullmhú, agus
 - (ii) a chur faoi deara an tuarascáil sin a chur chuig an geláraitheoir eitice agus go gcoinneoidh sé nó sí í mura mbeidh feidhm ag *fo-alt (7)(c)* agus, sa chás sin, coinneoidh an bainisteoir an tuarascáil sin, agus ní choinneoidh an bainisteoir í ach go dtí go scoirfidh an duine lena mbaineann de bheith ina chláráitheoir eitice nó ina cláráitheoir eitice.

Leasanna
indearbhaithe.

175.—Is leas indearbhaithe chun críocha na Coda seo gach ceann de na leasanna seo a leanas:

- (a) aon ghairm, gnó nó slí bheatha dá mbeidh an duine lena mbaineann ag gabháil nó ina mbeidh sé nó sí fostaithe, cibé acu dó féin nó di féin nó ar shlí eile, agus a bhaineann le déileáil i dtalamh nó le forbairt talún le linn na tréimhse cúí;
- (b) aon trádáil, gairm, fostaíocht, gairm bheatha eile lena ngabhann luach saothair, nó aon slí bheatha eile de chuid an duine lena mbaineann a bheidh ar seilbh ag an duine sin le linn na tréimhse cúí;
- (c) aon eastát nó leas a bheidh ag an duine lena mbaineann (faoi réir *alt 167(3)*) i dtalamh lena n-áirítear an cás inar comhalta de chuideachta nó de chomhlacht eile ag a mbeidh eastát nó leas i dtalamh an duine lena mbaineann, nó aon ainmnitheach dá chuid nó dá cuid agus gan dochar don mhéid sin roimhe seo measfar go bhfolaíonn leas i dtalamh—
 - (i) leas an duine in aon chonradh arna dhéanamh aige nó aici chun talamh a cheannach nó a dhíol, cibé acu a bheidh taisece nó páirt-íocaíocht faoin gconradh déanta nó nach mbeidh, agus
 - (ii) leas an duine—
 - (I) in aon rogha a bheidh ar seilbh aige nó aici chun talamh a cheannach nó a dhíol, cibé acu a bheidh aon chomaoin íoctha ina leith nó nach mbeidh, nó
 - (II) i dtalamh a mbeidh rogha den sórt sin feidhmithe ag an duine ina leith ach nach mbeidh tíolactha chuig an duine fós;
- (d) aon ghnó déileála i dtalamh nó forbartha talún arna sheoladh le linn na tréimhse cúí ag cuideachta nó comhlacht eile ar comhalta di nó de an duine lena mbaineann nó aon ainmnitheach de chuid an duine;

- (e) sealúchas scaireanna, i gcuideachta, i bhfiontar nó i ngnóthas eile ar leith (nach mbaineann le talamh ná le haon ghnó déileála i dtalamh nó forbartha talún), sealúchas bannaí nó bintiúr de chuid an chéanna, nó sealúchas infheistíochtaí eile dá samhail sa chéanna, ag an duine lena mbaineann, má ba rud é gur mhó luach comhiomlán an tsealúchais aon tráth le linn na tréimhse cuí ná £10,000 ach ní fholáíonn sealúchas airgead i gcuntas reatha nó taisce nó i gcuntas eile dá shamhail le foras airgeadais;
- (f) stiúrthóireacht nó stiúrthóireacht fholaitheach aon chuideachta a bheidh ar seilbh ag an duine lena mbaineann aon tráth le linn na tréimhse cuí, agus sa mhír seo ciallaíonn “stiúrthóireacht fholaitheach” an post a bheidh ar seilbh ag duine is stiúrthóir folaitheach chun críocha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999;
- (g) bronntanas, lena n-áirítear saoráidí taistil coigríche, arna thabhairt don duine lena mbaineann le linn na tréimhse cuí, ach gan áireamh a dhéanamh—
 - (i) ar bhronntanas arna thabhairt don duine ag gaol nó cara de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile nó de chuid linbh de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile, ar chúiseanna pearsanta amháin,
 - (ii) ar bhronntanas arna thabhairt don duine nó ar bhronntanais arna dtabhairt don an duine ag an duine céanna, le linn na tréimhse cuí, arbh amhlaidh, maidir leis nó leo, nár mhó ná £500 aon tráth le linn na tréimhse cuí luach nó luach comhiomlán na maoine b’ábhar don bhronntanas nó do na bronntanais;
- (h) maoín arna soláthar nó arna thabhairt ar iasacht don duine lena mbaineann nó seirbhís arna soláthar dó nó di uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse cuí, ar chomaoín nó ar chomaoineacha nó ar phraghas nó ar praghsanna ba lú ná an chomaoín nó na comaoineacha tráchtála nó an praghas nó na praghsanna tráchtála de mhéid ba mhó ná £500, nó ba mhó go comhiomlán ná £500, seachas maoín arna soláthar nó arna thabhairt ar iasacht don duine lena mbaineann nó seirbhís arna soláthar dó nó di ag gaol nó cara de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile i gcás inar de ghné bronntanais don duine agus ar chúiseanna pearsanta amháin an soláthar nó an iasacht sin;
- (i) maoín arna soláthar nó arna thabhairt ar iasacht don duine lena mbaineann nó seirbhís arna soláthar dó nó di uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse cuí saor ó mhuirear má ba rud é gur mhó ná £500, nó gur mhó go comhiomlán ná £500, an chomaoín nó na comaoineacha tráchtála nó an praghas nó na praghsanna tráchtála, seachas maoín arna soláthar nó arna thabhairt ar iasacht don duine lena mbaineann nó seirbhís arna soláthar dó nó di ag gaol nó cara de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile i gcás inar de ghné bronntanais don duine agus ar chúiseanna pearsanta amháin an soláthar nó an iasacht sin;

- (j) aon chonradh ar pháirtí ann an duine lena mbaineann nó ina raibh leas aige nó aici ar aon slí eile, go díreach nó go neamhdhíreach chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'údarás áitiúil le linn na tréimhse cúí má ba rud é gur mhó ná £5,000 luach na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar le linn na tréimhse sin nó, i gcás inar soláthraíodh earraí nó seirbhísí eile faoi chonradh den sórt sin d'údarás áitiúil le linn na tréimhse sin, má ba rud é gur mhó ná £5,000 comhiomlán a luacha;
- (k) post lena ngabhann luach saothair a bheidh ar seilbh ag an duine lena mbaineann mar bhrústocaire, sainchomhairleoir nó comhairleoir polaitíochta nó cúrsaí poiblí le linn na tréimhse cúí;
- (l) aon leas breise eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;
- (m) aon leas breise eile nach sonraítear i míreanna (a) go (k) nó i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi mhír (l) is mian leis an duine lena mbaineann a chur in iúl ar a chonlán nó ar a conlán féin.

Leasanna tairbhiúla.

176.—(1) Maidir le rún, tairiscint, ceist nó ní eile a mholfar, nó a éireoidh ar shlí eile ón údarás áitiúil do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, nó maidir leis an gcéanna, folaíonn “leas tairbhiúil” chun críocha na Coda seo, i ndáil le duine, leas arbh amhlaidh ina leith—

- (a) gur comhalta de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil in aon ní den sórt sin, nó ag a bhfuil leas is leas atá ábhartha i ndáil le haon ní den sórt sin, é nó í nó duine bainteach, nó aon ainmnitheach dá chuid nó dá cuid nó de chuid duine bhaintigh,
- (b) go mbeidh sé nó sí nó duine bainteach i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a mbeidh leas tairbhiúil in aon ní den sórt sin, nó ag a mbeidh leas is leas atá ábhartha i ndáil le haon ní den sórt sin,
- (c) gur páirtí é nó í nó duine bainteach in aon socrú nó comhaontú (cibé acu a bheidh sé infhorfheidhmithe nó nach mbeidh) maidir le talamh a bhaineann le haon ní den sórt sin,
- (d) go mbeidh leas tairbhiúil in aon ní den sórt sin nó leas is leas atá ábhartha i ndáil le haon ní den sórt sin aige nó aici nó ag duine bainteach i gcáil iontaobhaí nó tairbhí i leith iontaobhais,
- (e) go mbeidh sé nó sí nó duine bainteach ag gníomhú in éineacht le duine eile chun rialú a fháil nó a fheidhmiú ar chuideachta ag a bhfuil leas tairbhiúil in aon ní den sórt sin nó ag a bhfuil leas is leas atá ábhartha i ndáil le haon ní den sórt sin.

(2) Measfar freisin leas tairbhiúil nach foláir a nochtadh faoin gCuid seo a bheith ag duine más rud é go bhfuil eolas iarbhír aige nó aici go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas indearbhaithe (de réir bhrí *alt 175*) i rún, tairiscint, ceist nó ní eile a mholfar, nó a éireoidh ar shlí eile ón údarás do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán

eile, nó maidir leis an gcéanna, nó go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas atá ábhartha i ndáil leis an gcéanna.

(3) Ní mheasfar leas tairbhiúil nach foláir a nochtadh faoin gCuid seo a bheith ag duine i gcás ina mbeidh *alt 167(3)* infheidhme nó—

- (a) de bharr leasa atá chomh cianda nó chomh beagthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dóigh dó tionchar a imirt ar dhuine le linn aon cheist i leith an ní a bhreithniú nó a phlé, nó le linn vótáil ar aon cheist i leith an ní, nó le linn aon fheidhm a chomhlíonadh i ndáil leis an ní sin,
- (b) de bharr é nó í a bheith ina rátíocóir nó ina thionónta nó ina tionónta údaráis áitiúil agus é nó í i gcoiteannas le rátíocóirí nó tionóntaí eile, nó
- (c) de bharr aon imthosca eile a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

177.—(1) I gcás ina dtarlóidh ag cruinniú d'údarás áitiúil nó d'aon choiste, comhchoiste nó comhchomhlacht d'údarás áitiúil, go molfar, nó go n-éireoidh ar shlí eile, rún, tairiscint, ceist nó ní eile—

Comhalta d'údarás áitiúil do nochtadh leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile.

- (a) de bharr aon cheann dá fheidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, nó
- (b) maidir leis an údarás, coiste, comhchoiste nó comhchomhlacht do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile,

ansin, maidir le haon comhalta den údarás, coiste, comhchoiste nó comhchomhlacht a bheidh i láthair ag an gcruinniú, i gcás ina mbeidh eolas iarbhír aige nó aici go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas airgid nó leas tairbhiúil eile sa ní nó leas is leas atá ábhartha maidir leis an ní—

- (i) ag an gcruinniú agus sula dtosófar ag plé nó ag breithniú an ní, déanfaidh sé nó sí cineál a leasa a nochtadh, nó a nochtadh go bhfuil leas ag duine bainteach, agus
- (ii) tarraingeoidh sé nó sí siar ón gcruinniú fad a bheidh an ní á phlé nó á bhreithniú,

agus, dá réir sin, ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt i bplé nó i mbreithniú an ní agus ní vótálfaidh sé nó sí i ndáil leis.

(2) I gcás ina mbeidh eolas iarbhír ag comhalta d'údarás áitiúil, coiste, comhchoiste nó comhchomhlacht den údarás áitiúil gur dóigh go n-éireoidh ní ag cruinniú nach mbeidh an comhalta sin i láthair aige, agus go gceanglófaí, dá mbeadh sé nó sí i láthair, nochtadh a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, ansin, déanfaidh an duine sin, roimh an gcruinniú sin, an nochtadh sin i scríbhinn agus tabharfaidh sé nó sí don chláráitheoir eitice é.

(3) Taifeadfar i miontuairiscí aon chruinnithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó (2) tagairt d'aon nochtadh arna dhéanamh chun críocha aon cheann de na fo-ailt sin agus aon duine do tharraingt siar ón gcruinniú dá éis sin agus taifeadfar an nochtadh sin sa chlár leasanna.

(4) Ní imreoidh comhalta d'údarás áitiúil nó d'aon choiste, comhchoiste nó comhchomhlacht de chuid údaráis áitiúil aon tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le haon tionchar a imirt, ar bhreith de chuid an údaráis i leith aon ní a bhfuil eolas iarbhír aige nó aici go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas airgid nó leas tairbhiúil eile in aon ní a mholfar nó a éireoidh ar shlí eile ón údarás do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile nó maidir leis an gcéanna, nó go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas atá ábhartha i ndáil leis an gcéanna.

Bainisteoir d'údarás áitiúil do nochtadh leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile.

178.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás ina mbeidh eolas iarbhír ag bainisteoir d'údarás áitiúil go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas airgid nó leas tairbhiúil eile in aon ní a mholfar nó a éireoidh ar shlí eile ón údarás do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile nó maidir leis an gcéanna, nó go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas atá ábhartha i ndáil leis an gcéanna.

(2) Déanfaidh an bainisteoir lena mbaineann *fo-alt (1)* de réir na gceanglas seo a leanas:

- (a) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith de chuid an údaráis áitiúil maidir leis an ní;
- (b) déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir, cineál a leasa a nochtadh i scríbhinn do Chathaoirleach an údaráis áitiúil, nó a nochtadh dó nó di i scríbhinn, go bhfuil leas ag duine bainteach, agus tabharfaidh an Cathaoirleach an nochtadh i scríbhinn sin don chláraitheoir eitice gan mhoill.

(3) Déanfaidh an cláraitheoir eitice nochtadh arna thabhairt faoi *fho-alt (2)* a thairbhí sa chlár leasanna.

(4) I gcás inar ghnách gurbh é an bainisteoir a dhéileálfadh le feidhm, déanfaidh sé nó sí, tar éis nochtadh a dhéanamh faoi *fho-alt (2)*, an fheidhm a tharmligean, de réir *alt 154*, chuig fostaí.

(5) Cuirfidh an bainisteoir aon tarmligean faoi *fho-alt (4)* in iúl don Chathaoirleach.

Fostaí, etc. de chuid údaráis áitiúil do nochtadh leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile.

179.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo más rud é—

- (a) maidir le fostaí d'údarás áitiúil seachas an bainisteoir, nó
- (b) maidir le haon duine eile a mbeidh leas á bhaint ag an údarás áitiúil as a sheirbhísí nó a seirbhísí,

go mbeidh eolas iarbhír aige nó aici go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas airgid nó leas tairbhiúil eile in aon ní a mholfar nó a éireoidh ar shlí eile ón údarás do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile nó maidir leis an gcéanna, nó go bhfuil aige nó aici nó ag duine bainteach leas atá ábhartha i ndáil leis an gcéanna.

(2) Déanfaidh an fostaí nó an duine eile lena mbaineann *fo-alt (1)* de réir na gceanglas seo a leanas:

- (a) ní imreoidh sé nó sí aon tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le haon tionchar a imirt, ar bhreith de chuid an údaráis áitiúil maidir leis an ní;
- (b) i gcás ina mbeidh baint aige nó aici leis an ní mar fhostaí, i gcúrsa a dhualgas nó a dualgas, déanfaidh sé nó sí cineál a leasa a nochtadh i scríbhinn do bhainisteoir an údaráis áitiúil, nó a nochtadh dó nó di i scríbhinn go bhfuil leas ag duine bainteach, agus déanfaidh sé nó sí de réir aon ordachán (lena n-áirítear an ní a bheidh i gceist a athshannadh d'fhostaí eile) a thabharfaidh an bainisteoir dó nó di i ndáil leis an ní;
- (c) i gcás ina mbeidh baint aige nó aici leis an ní mar dhuine a mbeidh leas á bhaint ag an údarás áitiúil as a sheirbhísí nó a seirbhísí, i gcúrsa a dhualgas nó a dualgas, déanfaidh sé nó sí cineál a leasa a nochtadh i scríbhinn don bhainisteoir, nó a nochtadh dó nó di i scríbhinn go bhfuil leas ag duine bainteach, agus déanfaidh sé nó sí de réir aon ordachán a thabharfaidh an bainisteoir dó nó di i ndáil leis an ní.

(3) Déanfaidh an bainisteoir nochtadh lena mbaineann *fo-alt (2)(b)* nó *(2)(c)* a chur ar aghaidh chuig an gcláráitheoir eitice agus taifeadfaidh sé nó sí é sa chlár leasanna.

180.—(1) San alt seo, ciallaíonn “na hAchtanna” an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus aon Acht eile atá le forléiriú mar aon ní amháin leis an Acht sin. Feidhm an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, etc.

(2) Beidh feidhm ag na hAchtanna maidir le húdarás áitiúil faoi réir fhorálacha an ailt seo agus maille le cibé modhnuithe eile is gá agus chun na críche sin—

- (a) tá feidhm ag na cumhachtaí imscrúdaithe agus tuairiscithe a thugtar don Choimisiún i ndáil le duine lena mbaineann *fo-alt (1)* nó *(2) d'alt 167*,
 - (b) beidh feidhm ag *fo-alt (3)* maidir le tuarascáil arna hullmhú ag an gCoimisiún,
 - (c) beidh feidhm ag *fo-alt (4)* maidir le breithniú na tuarascála sin ag údarás áitiúil.
- (3) (a) I gcás ina mbainfidh tuarascáil arna hullmhú ag an gCoimisiún—
- (i) le bainisteoir, tabharfar í do Chathaoirleach na comhairle contae nó na comhairle cathrach lena mbaineann,
 - (ii) le Cathaoirleach údaráis áitiúil, tabharfar í do Leas-Chathaoirleach an údaráis agus dá bhainisteoir,
 - (iii) le haon chomhalta eile d'údarás áitiúil, tabharfar í do Chathaoirleach an údaráis agus dá bhainisteoir,
 - (iv) le haon fhostaí d'údarás áitiúil seachas an bainisteoir, tabharfar í do bhainisteoir an údaráis áitiúil lena mbaineann, agus

(v) le haon duine eile lena mbaineann *fo-alt (1)* nó *(2) d'alt 167*, tabharfar í do bhainisteoir an údaráis áitiúil lena mbaineann.

(b) Ní dhéanfar aon ní san fho-alt seo a léamh ionas go gcoiscfead tuarascáil dá dtagraítear i *mír (a)* a thabhairt d'aon duine eile de réir na nAchtanna.

(4) (a) I gcás ina dtabharfar tuarascáil dá dtagraítear i *bhfomhír (i), (ii)* nó *(iii) d'fho-alt (3)(a)* d'údarás áitiúil déanfaidh an chomhairle thofa í a bhreithniú. Cinnfidh an chomhairle thofa cibé beart a bheidh le déanamh agus a mheasfar is cuí sna himthosca go léir lena n-áirítear, i gcás *fhomhír (i) d'fho-alt (3)(a)*, cumhachtaí chun duine a fhionraí nó a chur as oifig de bhun *alt 146* a fheidhmiú.

(b) I gcás ina dtabharfar tuarascáil dá dtagraítear i *bhfomhír (iv)* nó *(v) d'fho-alt (3)(a)* d'údarás áitiúil déanfaidh a bhainisteoir í a bhreithniú. Cinnfidh an bainisteoir cibé beart a bheidh le déanamh agus a mheasfar is cuí sna himthosca go léir lena n-áirítear, i gcás fostaí, fionraí le pá nó gan phá nó fostaíocht a fhoirceannadh.

(c) Cuirfidh an bainisteoir toradh breithnithe faoi *mhír (b)* in iúl don chomhairle thofa.

(5) Ní dhéanfar aon ní san alt seo a léamh mar ní lena ndéantar dochar don Choimisiún le linn na feidhmeanna a thugtar dó leis na hAchtanna a chomhall.

181.—(1) (a) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás ina mainníonn duine déanamh de réir cheanglais *alt 171* nó ina dtugann sé nó sí, agus é nó í á éileamh go bhfuil sé nó sí ag déanamh de réir na gceanglas sin, sonraí atá bréagach nó is eol dó nó di a bheith míthreorach i bponc ábhartha, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(b) Ní dhéanfar imeachtaí i leith ciona faoin bhfo-alt seo a thionscnamh ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú uaidh nó uaithi.

(2) Maidir le duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* dlitear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) In aon imeachtaí i leith ciona faoi *fho-alt (1)* is cosaint mhaith don chosantóir a chruthú gur chreid sé nó sí, de mheon macánta agus ar fhorais réasúnacha, an tráth iomchuí—

(a) go raibh na sonraí iomchuí fíor,

(b) nach raibh aon ní ann a raibh sé nó sí faoi cheangal faoi *alt 171* an uair sin dearbhú a dhéanamh maidir leis,

- (c) nár ní é an ní a bhfuil an cion líomhnaithe i ndáil leis a raibh sé nó sí faoi cheangal amhlaidh maidir leis dearbhú den sórt sin a dhéanamh.
- (4) (a) Faoi réir *fho-alt (6)*, i gcás ina mainníonn duine déanamh de réir aon cheann de cheanglais *alt 177, 178* nó *179* nó a thugann, agus é nó í á éileamh go bhfuil sé nó sí ag déanamh de réir na gceanglas sin, sonraí atá bréagach nó is eol dó nó di a bheith míthreorach i bponc ábhartha, tá sé nó sí ciontach i gcion.
- (b) Ní dhéanfar imeachtaí i leith ciona faoin bhfo-alt seo a thionscnamh ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú uaidh nó uaithi.
- (5) Maidir le duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (4)* dlitear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (6) In aon imeachtaí i leith ciona faoi *fho-alt (4)*, is cosaint mhaith don chosantóir a chruthú nach raibh eolas iarbhír aige nó aici, agus nach raibh aon chúis aige nó aici chun a chreidiúint, tráth an chiona líomhnaithe, go raibh ní a raibh leas tairbhiúil aige nó aici nó ag duine bainteach ann nó i ndáil leis éirithe nó tagtha os comhair an údaráis áitiúil lena mbaineann, nó á bhreithniú aige nó ag coiste nó comhchomhlacht de chuid an údaráis áitiúil, de réir mar is cuí, nó gur leas lenar bhain ceanglas de chuid *alt 177, 178*, nó *179* é an leas tairbhiúil lena mbaineann an cion líomhnaithe.
- (7) Féadfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann, faoi réir *fho-alt (1)(b)* nó *(4)(b)*, imeachtaí a choimre i leith ciona faoin gcuid seo a thionscnamh.
- (8) D'ainneoin *alt 10(4)* den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, féadfar imeachtaí a choimre i leith ciona faoin gCuid seo a thosú—
- (a) aon tráth laistigh de 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion,
- (b) aon tráth laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh fianaise is leor, i dtuairim an údaráis áitiúil a thionscnóidh na himeachtaí, chun na himeachtaí a fhírinniú, ar iúl an údaráis sin,
- cibé acu is déanaí, ach ní thionscnófar aon imeachtaí den sórt sin tráth is déanaí ná 5 bliana ón dáta a rinneadh an cion lena mbaineann.
- 182.—(1)** (a) I gcás ina gciontófar duine i gcion faoi *alt 181* (a bhaineann le *halt 171, 177, 178* nó *179*) dícháileofar an duine sin chun a bheith tofa nó comhthofa chuig údarás áitiúil nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.
- (b) Tosóidh dícháilíocht a éireoidh faoi *mhír (a)*—

Iarmhairtí a bheidh ar mhainneachtain déanamh de réir *ailt 171, 177, 178* agus *179*.

- (i) i gcás nach ndéanfar achomharc i gcoinne an chiontaithe, nuair a bheidh an teorainn ama chun achomharc a dhéanamh caite, nó
- (ii) i gcás ina ndéanfar achomharc i gcoinne an chiontaithe agus go ndícheadófar an t-achomharc, ón tráth a chinnfear an t-achomharc,

agus mairfidh an dícháilíocht go ceann 5 bliana ó dháta an chiontaithe nó ón dáta a chinnfear an t-achomharc, de réir mar a bheidh.

(2) I gcás ina sáróidh duine ceanglas, nó ina mainneoidh sé nó sí déanamh de réir ceanglais, de chuid *alt 171, 177, 178* nó *179* nó i gcás ina ngníomhóidh sé nó sí mar chomhalta d'údarás áitiúil, de choiste, de chomhchoiste nó de chomhchomhlacht de chuid údaráis áitiúil le linn dó nó di a bheith dícháilithe le haghaidh comhaltais de bhua an ailt seo, ní dhéanfaidh an sárú nó an mhainneachtain sin nó an gníomhú amhlaidh aige nó aici, de réir mar a bheidh, aon ghníomh nó imeacht de chuid an údaráis, an choiste, an chomhchoiste nó an chomhchomhlachta lena mbaineann a chur ó bhail.

CUID 16

TALAMH

Diúscairtí talún, fógra a thabhairt do chomhaltaí.

183.—(1) Beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas maidir le haon diúscairt (nach forléasadh go ceann téarma is faide ná bliain) a bheartófar a dhéanamh ar thalamh a bheidh ar seilbh ag údarás áitiúil:

- (a) déanfar fógraí, ina dtabharfar sonraí na nithe seo a leanas, a chur chuig comhaltaí an údaráis áitiúil nó a sheachadadh orthu—
 - (i) an talamh,
 - (ii) ainm an duine óna bhfuarthas an talamh sin, más féidir sin a fhionnadh trí fhiosruithe réasúnacha,
 - (iii) an duine a bhfuil an talamh le diúscairt chuige nó chuici,
 - (iv) an chomaoin a bheartaítear a thabhairt i leith na diúscairthe,
 - (v) aon chúnaínt, coinníollacha nó comhaontuithe a mbeidh éifeacht le bheith acu i dtaca leis an diúscairt;
- (b) ag an gcéad chruinniú den údarás áitiúil a thionólfar tar éis 10 lá a bheith caite tar éis an lae a cuireadh nó a seachadadh na fógraí sin, féadfaidh an t-údarás áitiúil a bheartú le rún nach ndéanfar an diúscairt nó go ndéanfar í de réir téarmaí a bheidh sonraithe sa rún;
- (c) má bheartaíonn an t-údarás áitiúil le rún de bhua *mhír (b)* nach ndéanfar an diúscairt, ní dhéanfar í;
- (d) mura rithfidh an t-údarás áitiúil rún de bhun *mhír (b)*, féadfar an diúscairt a dhéanamh;

- (e) má bheartaíonn an t-údarás áitiúil le rún de bhua *mhír (b)* go ndéanfar an diúscairt de réir téarmaí a bheidh sonraithe sa rún, féadfar an diúscairt a dhéanamh de réir na dtéarmaí sin;
- (f) ní dhéanfar an diúscairt seachas de réir *mhír (d)* nó *(e)* agus faoi réir thoiliú an Aire i gcás inar gá toiliú faoi alt 211(2) d'Acht 2000.

(2) Leasaítear alt 90 (a cuireadh isteach le halt 26 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992) d'Acht na dTithe, 1966, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

- “(4) (a) Faoi réir aon rialachán arna ndéanamh faoin alt seo, beidh feidhm ag *alt 183* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, maidir le teaghais a dhíol faoi fhomhír (ii) nó (iii) de *mhír (a)* nó faoi *mhír (b)*, d'fho-alt (1) den alt seo ach ní bheidh feidhm aige thairis sin maidir le teaghais a dhíol faoin alt seo.
- (b) Ní dochar an fo-alt seo d'fheidhm *alt 183* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, maidir le diúscairt talún ag údarás tithíochta faoi alt 211 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus chun críocha na míre seo ní fholaíonn ‘talamh’ teaghais.”.

184.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht nó d'fheidhm alt 210, 211 nó 213 d'Acht 2000, déanfar na feidhmeanna a thugtar d'údarás áitiúil le *halt 11(7)(a)*— Feidhmeanna áirithe talún a fheidhmiú.

- (a) maidir le talamh a fháil, a fhorléiriú de réir alt 213 d'Acht 2000,
- (b) maidir le talamh a dhiúscairt, a fhorléiriú de réir alt 211 d'Acht 2000,

agus beidh feidhm ag alt 210 d'Acht 2000 maidir le talamh a leithreasú.

(2) Chun amhras a sheachaint dearbhaítear leis seo go bhféadfar na feidhmeanna a thugtar d'údarás áitiúil le halt 213(2)(a) d'Acht 2000 a chomhlíonadh i ndáil le haon éasúint, cead slí, ceart uisce nó ceart eile lena mbaineann an mhír sin a bheidh deonaithe ag an údarás áitiúil atá ag fáil na talún nó a bheidh ar seilbh uaidh, agus forléireofar “talamh a fháil” dá réir sin chun críocha an Achta sin.

- (3) San alt seo, foláíonn “údarás áitiúil” comhchomhlacht.

CUID 17

COMHAIRLÍ BAILE NUA A BHUNÚ, ETC.

185.—(1) Chun críocha an ailt seo—

ciallaíonn “toghthóirí cáilithe” duine arb amhlaidh maidir leis nó léi, i ndáil leis an mbaile atá i gceist—

- (a) go bhfuil sé nó sí cláraithe mar thoghthóir rialtais áitiúil i gclár na dtoghthóirí atá i bhfeidhm de thuras na huaire, nó

Comhairle baile a bhunú.

(b) i gcás nach bhfuil sé nó sí cláraithe amhlaidh, gur áititheoir ráitithe oidhreachtaín, seachas oidhreachtán a bhfuil lamháltas is ionann agus laghdú iomlán faoi alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978, ar na rátaí is iníoctha i leith a luachála, é nó í.

(2) (a) Féadfaidh toghthóirí cáilithe baile ina bhfuil daonra 7,500 ar a laghad arna fhionnadh sa daonáireamh deireanach roimhe sin nó cibé figiúr eile a fhorordóidh an tAire ó am go ham le rialacháin, agus ar baile é nach bhfuil comhairle baile aige, togra a dhéanamh de réir *mhír* (b) chun comhairle den sórt sin a bhunú.

(b) Maidir le togra faoin bhfo-alt seo—

(i) déanfar é i scríbhinn agus cuirfear é faoi bhráid na comhairle contae a bhfuil an baile suite ina contae,

(ii) beidh sé sínithe ag 100 toghthóir cáilithe don bhaile ar a laghad, nó ag 10 faoin gcéad ar a laghad den líon iomlán toghthóirí den sórt sin, cibé acu is mó (dá ngairtear na “hiarratasóirí” san alt seo).

(iii) beidh léarscáil ann ina dtaispeánfar an limistéar foirgnithe agus na teorainneacha a bheartaítear don bhaile,

(iv) leagfar amach ann léiriú ar chostais dhóchúla na comhairle baile a bheartaítear agus ar na himpleachtaí dóchúla don bhaile agus don chomhairle contae araon, idir impleachtaí airgeadais, eagrúcháin agus eile,

(v) beidh sé de réir cibé ceanglas eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(3) Déanfaidh na hiarratasóirí nó duine amháin nó níos mó díobh, an tráth a chuirfear an togra faoi bhráid na comhairle contae, £1,000 nó cibé suim eile a fhorordóidh an tAire ó am go ham le rialacháin a thaisceadh i suim aonair leis an gcomhairle contae.

(4) (a) Foilseoidh an chomhairle contae fógra poiblí ina gcuirfear in iúl go bhfuair sí togra chun comhairle baile a bhunú.

(b) Déarfar i bhfógra faoin bhfo-alt seo—

(i) go bhféadfar cóip den togra a iniúchadh in áit a luafar agus tráthanna a luafar le linn tréimhse a luafar nach giorra ná mí amháin,

(ii) go ndéanfar aighneachtaí nó tuairimí, i leith an togra, a chuirfear faoi bhráid na comhairle contae laistigh den tréimhse luaite sin a bhreithniú,

(iii) go bhféadfaidh aon duine a dhéanfaidh aighneachtaí nó a thabharfaidh tuairimí iarraidh a chur isteach ann go dtabharfar deis dó nó di a chás nó a cás a shonrú os comhair duine nó daoine a bheidh ceaptha ag an gcomhairle.

(c) Déanfaidh an chomhairle contae na bearta sin go léir is gá chun go mbeidh lánéifeacht le *mír* (b).

(5) Tar éis an togra agus aon aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn nó ó bhéal a dhéanfar nó a thabharfar faoin alt seo a bhreithniú cinnfidh an chomhairle—

- (a) glacadh leis an togra,
- (b) glacadh leis faoi réir modhnuithe sonraithe, lena n-áirítear na teorainneacha beartaithe a athrú,
- (c) gan glacadh leis, nó
- (d) tograí, ar leith ó bhunú comhairle baile, a chur ar aghaidh chun rialtas áitiúil feabhsaithe a sholáthar don bhaile.

(6) Is feidhm fhorchoimeádta cinneadh faoi *fho-alt (5)* agus leagfar amach na cúiseanna leis an gcinneadh i dtaifead an chinnidh.

(7) I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag comhairle contae faoi *fho-alt (5)* déanfaidh sí an togra, aon aighneachtaí nó tuairimí a bheidh curtha faoi bhráid na comhairle contae agus cinneadh na comhairle, a chur faoi bhráid an Choimisiúin Rialtais Áitiúil.

(8) (a) Déanfaidh an Coimisiún Rialtais Áitiúil an t-ábhar a chuirfear faoina bhráid faoi *fho-alt (7)* agus cibé nithe eile a mheasann sé is iomchuí a bhreithniú agus tuarascáil i dtaobh an togra maille lena mholadh a ullmhú agus an tuarascáil sin a thabhairt don Aire.

(b) Féadfaidh an Coimisiún Rialtais Áitiúil a mholadh—

- (i) go mbunófar comhairle baile faoi réir cibé coinníollacha (lena n-áirítear na teorainneacha beartaithe a athrú) a shonróidh sé,
- (ii) nach mbunófar é, nó,
- (iii) go ndéanfaidh an chomhairle contae cibé bearta eile a shonróidh sé i ndáil leis an mbaile.

(9) I gcás ina mbeidh molta ag an gCoimisiún Rialtais Áitiúil go mbunófar comhairle baile féadfaidh an tAire le hordú a fhoráil go mbunófar an chomhairle baile agus, faoi réir *fho-alt (11)*, féadfaidh foráil a bheith san ordú sin do na nithe seo a leanas—

- (a) aon ní nó rud dá bhféadfar foráil a dhéanamh le hordú faoi *alt 62*,
- (b) an chéad toghchán comhairleoirí baile a dhéanamh de réir *alt 186* agus de réir na *nAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2001*, faoi réir aon mhodhnuithe nó coigeartuithe is gá,
- (c) cibé nithe eile is gá ag éirí as an mbunú sin nó a bhaineann leis.

(10) Más rud é, de bhua *fho-alt (8)*, go molfaidh an Coimisiún Rialtais Áitiúil go ndéanfaidh comhairle contae bearta sonraithe i ndáil le baile féadfaidh an tAire a ordú go ndéanfaidh an chomhairle contae lena mbaineann cibé bearta is cúil leis nó léi agus a shonróidh sé nó sí i scríbhinn don chomhairle sin agus déanfaidh an chomhairle sin de réir aon ordaithe den sórt sin.

(11) Beidh feidhm ag an Acht seo maidir le comhairle baile arna bunú le hordú faoin alt seo amhail is dá mba bhaile a áirítear i gCuid 2 de *Sceideal 6* é an baile sin.

(12) (a) I gcás ina mbunaítear comhairle baile, beidh an tsuim dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* nó a fhorordaítear faoi le hóc leis an gcomhairle baile ag an gcomhairle contae lena mbaineann.

(b) I gcás nach mbunaítear comhairle baile, beidh an tsuim dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* nó a fhorordaítear faoi le cur chun feidhme ag an gcomhairle contae lena mbaineann i leith an bhaile chun críocha *alt 66* nó *67*.

An chéad toghchán chun comhairle baile.

186.—(1) Déanfaidh an chomhairle contae a mbunófar comhairle baile ina contae le hordú faoi *alt 185* an toghchán dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)* den alt sin a stiúradh de réir cheanglais an ordaithe.

(2) Beidh na comhairleoirí baile a thogfar sa toghchán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i seilbh oifige go dtí an chéad ghnáthlá scoir eile ina dhiaidh sin.

Comhairle baile a dhíscaoileadh.

187.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “iarratasóir” comhairle baile a dhéanfaidh iarratas faoi *fho-alt (2)*;

déanfar “comharba” i ndáil le hiarratasóir a léamh de réir *fho-alt (4)(b)*.

(2) Féadfaidh comhairle baile le rún iarratas a dhéanamh chun an Aire á iarraidh air nó uirthi ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (4)* i leith na comhairle baile.

(3) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar an gCoimisiún Rialtais Áitiúil tuarascáil a ullmhú i ndáil le haon iarratas faoi *fho-alt (2)*.

(4) Féadfaidh an tAire, tar éis aon tuarascáil faoi *fho-alt (3)* a bhreithniú, le hordú a fhoráil go ndíscaoilfear an t-iarratasóir ó dháta a shonrófar san ordú agus ar an agus ón dáta sin (dá ngairtear an “lá aistrithe” san alt seo)—

(a) déanfar limistéar an bhaile lena mbaineann, chun críocha na bhfeidhmeanna go léir den chomhairle contae (faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile) a bhfuil an baile suite ina contae, a áireamh mar chuid den chontae sin agus beidh sé ina chuid de;

(b) beidh an t-iarratasóir díscaoilte agus scoirfidh sé de bheith ann agus tiocfaidh an chomhairle contae iomchuí chun bheith agus beidh sé ina chomharba, chun gach críoch, ar an iarratasóir.

(5) Le héifeacht ón lá aistrithe aistrítear na nithe seo a leanas chuig an gcomharba—

- (a) an talamh agus an mhaoín eile go léir (agus na cearta go léir a bhaineann leis an talamh sin agus leis an maoín eile sin) a bheidh, díreach roimh an lá sin, ar seilbh nó ar teachtadh ag an iarratasóir,
- (b) na dliteanais go léir a bheidh tabhaithe roimh an lá sin ag an iarratasóir agus nach mbeidh urscaoilte roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, amhail ar an agus ón lá sin, gan tíolacadh, aistriú ná sannadh ar bith eile—

- (i) dílseoidh an mhaoín sin, réadach agus pearsanta, don chomharba ar feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir dá raibh sí, díreach roimh an lá sin, dílsithe don iarratasóir ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoín agus atá inchomhlíonta,
- (ii) beidh na cearta sin le teachtadh ag an gcomharba, agus
- (iii) beidh na dliteanais sin ina ndliteanais de chuid an chomharba.

(6) Beidh an t-airgead agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an gcomharba leis an alt seo agus a bheidh, díreach roimh an lá aistrithe, in ainm an iarratasóra, ar an gcomharba é a iarraidh, le haistriú isteach ina ainm.

(7) Gach ceart agus dliteanas a aistreofar chuig an gcomharba leis an alt seo, féadfaidh an comharba an lá aistrithe agus dá éis agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm féin nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne an chomharba ina ainm féin agus ní gá dó fógra faoin aistriú a thabhairt don duine a ndéantar a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas a aistriú leis an alt seo.

(8) Gach conradh nó comhaontú arna dhéanamh idir an t-iarratasóir agus aon duine eile agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá aistrithe, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm an lá sin agus dá éis agus—

- (a) léifear é agus beidh éifeacht leis amhail is dá ndéanfaí a chomharba a chur sa chonradh nó sa chomhaontú in ionad an iarratasóra, agus
- (b) beidh sé infhorfheidhmithe i gcoinne an iarratasóra sin.

(9) Más rud é, díreach roimh an lá aistrithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh in aon chúirt nó binse agus gur páirtí sna himeachtaí an t-iarratasóir, déanfar ainm a chomharba a chur in ionad ainm an iarratasóra sna himeachtaí, agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an ionadú sin.

(10) Féadfar foráil a bheith in ordú faoi *fho-alt (4)* d'aon ní nó rud dá ndéantar foráil sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993, nó dá bhféadfar foráil a dhéanamh le hordú faoi *alt 62(2)* nó a mheasfaidh an tAire is gá thairis sin chun éifeacht a thabhairt don díscailleadh nó is ní nó rud a bhaineann leis.

AINMNEACHA LIMISTÉAR A ATHRÚ AGUS AINMNEACHA SRÁIDEANNA,
ETC., A THAISPEÁINT.

Léiriú (*Cuid 18*). **188.**—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “limistéar feidhme”—

- (a) maidir le comhairle cathrach, an chathair,
- (b) maidir le comhairle contae, an contae gan aon bhaile ag a bhfuil comhairle baile agus atá suite ann a áireamh,
- (c) maidir le comhairle baile, an baile;

ciallaíonn “líomatáiste” aon limistéar is páirt de chontae, de chathair nó de bhaile (nó aon teaghlaim díobh) ar a dtugtar go coitianta ainm ar leithligh, agus nach baile, baile fearainn, baile neamhbhardasach nó sráid an pháirt sin;

ciallaíonn “toghthóirí cáilithe” gach duine arb amhlaidh maidir leis nó léi, i ndáil leis an mbaile, leis an mbaile fearainn, leis an mbaile neamhbhardasach, leis an tsráid nó leis an líomatáiste, de réir mar a bheidh—

- (a) go bhfuil sé nó sí cláraithe mar thoghthóir rialtais áitiúil i gclár na dtoghthóirí atá i bhfeidhm de thuras na huaire, nó
- (b) mura bhfuil sé nó sí cláraithe amhlaidh, gur áititheoir ráitithe oidhreachtáin, seachas oidhreachtán a bhfuil lamháiltas is ionann agus laghdú iomlán faoi alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978, ar na rátaí is infoctha i leith a luachála, é nó í;

folaíonn “sráid” cuid de shráid agus freisin an t-iomlán nó cuid d’aon bhóthar, cearnóg, lána nó áit phoiblí eile, cibé ainm faoina n-aithnítear é nó í.

Ainm baile a athrú. **189.**—(1) Féadfaidh comhairle baile, le rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle ina fhabhar, togra a ghlacadh chun ainm an bhaile a athrú go dtí ainm nua a bheidh beartaithe.

(2) I gcás ina ndéanfaidh comhairle baile togra a ghlacadh faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh sí—

- (a) an togra a chur in iúl do cibé daoine a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus beidh na daoine sin i dteideal aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an gcomhairle laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a cuireadh an togra in iúl dóibh, agus
- (b) fógra poiblí faoin togra a fhoilsiú lena n-iarrfar aighneachtaí maidir leis ó aon duine lena mbaineann laistigh de thréimhse 2 mhí ó dháta an fhógra phoiblí, agus
- (c) aon aighneachtaí a gheofar a bhreithniú.

(3) Féadfaidh an chomhairle baile, tar éis déanamh de réir *fho-alt (2)*, le rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle ina fhabhar, a chinneadh—

- (a) dul ar aghaidh leis an togra (dá ngairtear an “togra bunaidh” san alt seo) de réir an rúin faoi *fho-alt (1)*, nó
- (b) dul ar aghaidh le togra (dá ngairtear an “togra leasaithe” san alt seo) chun ainm an bhaile a athrú go cibé ainm eile is cúí leis, nó
- (c) gan dul ar aghaidh leis an togra bunaidh.

(4) I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag an gcomhairle baile faoi *mhír (a)* nó *(b) d’fho-alt (3)*, lorgóidh an chomhairle baile, de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*, toiliú thromlach na dtoghthóirí cáilithe sa bhaile lena mbaineann leis an ainm nua a bheidh beartaithe mar a bheidh sé leagtha amach sa togra bunaidh nó sa togra leasaithe, de réir mar a bheidh.

- (5) (a) I gcás ina dtoileoidh tromlach de na toghthóirí cáilithe leis an ainm nua a bheidh beartaithe déanfaidh Cathaoirleach na comhairle baile lena mbaineann dearbhú, i bhfoirm a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*, lena ndaingneofar an toiliú sin agus lena sonrúfar an t-ainm nua a bheidh beartaithe agus an dáta a thiofáidh sé i ngníomh de réir *mhír (b)*.
 - (b) Tiofáidh togra arna dhaingniú le dearbhú faoin bhfo-alt seo i ngníomh—
 - (i) an 1ú lá d’Eanáir díreach tar éis dháta an dearbhaithe sin i gcás nach giorra ná 3 mhí an tréimhse idir dáta an dearbhaithe lena mbaineann agus an 1ú lá d’Eanáir, nó
 - (ii) in aon chás eile, cothrom bliana an 1ú lá sin d’Eanáir.
 - (c) Déanfar gach dearbhú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo a fhoilsiú ar an modh a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196* agus a chur in iúl do cibé daoine a fhorordófar amhlaidh.
 - (d) Foilseofar gach dearbhú faoin bhfo-alt seo san Iris Oifigiúil, a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.
- (6) Beidh feidhm ag *alt 196* maidir leis an alt seo, de réir mar is cúí.

190.—(1) San alt seo, ciallaíonn “baile neamhbhardasach” limistéar, nach cathair nó baile, ar a dtugtar baile i dtuarascáil an daonáirimh arb é an daonáireamh is deireanaí é de thuras na huairé.

Ainm baile fearainn nó baile neamhbhardasaigh atá suite go hiomlán laistigh d’aon chontae amháin nó d’aon chathair amháin a athrú.

(2) I gcás ina bhfuil baile fearainn suite go hiomlán laistigh d’aon chontae amháin nó d’aon chathair amháin nó ina bhfuil baile neamhbhardasach suite go hiomlán laistigh d’aon chontae amháin, féadfaidh an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach lena mbaineann, de réir mar is cúí, le rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle ina fhabhar, togra a ghlacadh chun an t-ainm a athrú go ainm nua a bheidh beartaithe ar an mbaile fearainn nó ar an mbaile neamhbhardasach sin.

(3) Déanfar limistéar an bhaile neamhbhardasaigh lena mbaineann an togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a thuairisciú sa togra sin cibé acu faoi threoir léarscáile nó ar shlí eile.

(4) I gcás ina ndéanfaidh comhairle contae nó comhairle baile togra a ghlacadh faoi *fho-alt (2)* déanfaidh sí—

(a) an togra a chur in iúl do cibé daoine a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196* agus beidh na daoine sin i dteideal aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an gcomhairle lena mbaineann laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a cuireadh an togra in iúl dóibh, agus

(b) fógra poiblí faoin togra a fhoilsiú lena n-iarrrfar aighneachtaí maidir leis ó aon duine lena mbaineann laistigh de thréimhse 2 mhí ó dháta an fhógra phoiblí, agus

(c) aon aighneachtaí a gheofar a bhreithniú.

(5) Féadfaidh an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach, tar éis déanamh de réir *fho-alt (4)*, le rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle ina fhabhar, a chinneadh—

(a) dul ar aghaidh leis an togra (dá ngairtear an “togra bunaidh” san alt seo) de réir an rúin faoi *fho-alt (2)*, nó

(b) dul ar aghaidh le togra (dá ngairtear an “togra leasaithe” san alt seo) chun ainm an bhaile fearainn nó an bhaile neamhbhardasaigh a athrú go cibé ainm eile is cuí léi, nó

(c) gan dul ar aghaidh leis an togra bunaidh.

(6) I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag an gcomhairle contae nó ag an gcomhairle cathrach faoi *mhír (a)* nó *(b) d’fho-alt (5)*, lorgóidh an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach, de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*, toiliú thromlach na dtoghthóirí cáilithe sa bhaile fearainn nó sa bhaile neamhbhardasach lena mbaineann leis an ainm nua a bheidh beartaithe mar a bheidh sé leagtha amach sa togra bunaidh nó sa togra leasaithe de réir mar a bheidh.

(7) I gcás ina dtoileoidh tromlach de na toghthóirí cáilithe leis an ainm nua a bheidh beartaithe déanfaidh Cathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann dearbhú lena ndaingneofar an toiliú sin agus lena sonrú an t-ainm nua a bheidh beartaithe agus an dáta a thiocfaidh sé i ngníomh de réir *fho-alt (9)*.

(8) Beidh dearbhú arna dhéanamh ag Cathaoirleach údaráis áitiúil faoi *fho-alt (7)* i cibé foirm a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*.

(9) Tiocfaidh togra a dhaingneofar le dearbhú faoi *fho-alt (7)* i ngníomh—

(a) an 1ú lá d’Eanáir díreach tar éis dháta an dearbhaithe sin i gcás nach giorra ná 3 mhí an tréimhse idir dáta an dearbhaithe lena mbaineann agus an 1ú lá d’Eanáir, nó

(b) in aon chás eile, cothrom bliana an 1ú lá sin d’Eanáir.

(10) Déanfar gach dearbhú arna dhéanamh faoi *fho-alt (7)* a fhoilsiú ar an modh a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196* agus a chur in iúl do cibé daoine a fhorordófar amhlaidh.

(11) Foilseofar gach dearbhú faoi *fho-alt (7)* san Iris Oifigiúil, a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(12) Beidh feidhm ag *alt 196* maidir leis an alt seo, de réir mar is cuí.

191.—(1) I gcás ina bhfuil baile fearainn nó baile neamhbhardasach suite i níos mó ná aon chontae amháin nó go páirteach i gcontae agus go páirteach i gcathair, féadfaidh ceann de na comhairlí contae nó an chomhairle cathrach lena mbaineann, de réir mar a bheidh, le rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle sin ina fhabhar, togra a ghlacadh chun ainm an bhaile fearainn nó an bhaile neamhbhardasaigh a athrú go ainm nua a bheidh beartaithe ar an mbaile fearainn nó ar an mbaile neamhbhardasach sin.

Ainm baile fearainn nó baile neamhbhardasaigh atá suite i níos mó ná aon chontae amháin etc. a athrú.

(2) Déanfar limistéar an bhaile neamhbhardasaigh lena mbaineann an togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thuairisciú sa togra sin cibé acu faoi threoir léarscáile nó ar shlí eile.

(3) Sula nglacfaidh an chomhairle contae nó an chomhairle baile lena mbaineann togra faoi *fho-alt (1)*, beidh toiliú na comhairle contae nó na comhairle cathrach iomchuí eile leis an togra sin faighte aici trí rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí na comhairle sin ina fhabhar.

(4) Beidh feidhm ag *alt 190*, seachas *fo-alt (2)*, maidir le togra a ghlacadh chun ainm baile fearainn nó baile neamhbhardasaigh atá suite i níos mó ná aon chontae amháin nó go páirteach i gcontae agus go páirteach i gcathair a athrú, faoi réir cibé modhnuithe nó oiriúnuithe is gá.

192.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, togra a ghlacadh chun ainm sráide ina limistéar feidhme a athrú go ainm nua a bheidh beartaithe.

Ainm sráide atá suite in aon limistéar údaráis áitiúil amháin a athrú.

(2) Déanfar an tsráid lena mbaineann an togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thuairisciú sa togra sin faoi threoir léarscáile nó ar shlí eile.

(3) I gcás ina nglacfaidh údarás áitiúil togra faoi *fho-alt (1)*, lorgóidh sé, de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*, toiliú thromlach na dtoghthóirí cáilithe sa tsráid leis an ainm nua a bheidh beartaithe.

(4) I gcás ina dtoileoidh tromlach de na toghthóirí cáilithe leis an ainm nua a bheidh beartaithe, déanfaidh Cathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann dearbhú lena ndaingneofar an toiliú sin agus lena sonrúfar an t-ainm nua a bheidh beartaithe agus an dáta a thiocfaidh sé i ngníomh.

(5) Beidh dearbhú arna dhéanamh ag Cathaoirleach údaráis áitiúil faoi *fho-alt (4)* i cibé foirm a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*.

(6) Beidh feidhm ag *alt 196* maidir leis an alt seo, de réir mar is cuí.

Ainm sráide atá suite i níos mó ná aon limistéar údarás áitiúil amháin a athrú.

193.—(1) I gcás ina bhfuil sráid suite i limistéar feidhme níos mó ná aon údarás áitiúil amháin, féadfaidh ceann de na húdarás lena mbaineann, le rún, togra a ghlacadh chun ainm sráide a athrú go ainm nua a bheidh beartaithe.

(2) Déanfar an tsráid lena mbaineann an togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thuairisciú sa togra sin, cibé acu faoi threoir léarscáile nó ar shlí eile.

(3) Sula ndéanfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann togra a ghlacadh faoi *fho-alt (1)* beidh toiliú an údarás iomchuí eile leis an togra sin faighte aige trí rún.

(4) Beidh feidhm ag *fo-ailt (3)* go *(6) d'alt 192* maidir le togra a ghlacadh chun ainm sráide atá suite i limistéar feidhme níos mó ná aon údarás amháin a athrú, faoi réir cibé modhnuithe nó oiriúnuithe is gá.

Ainm líomatáiste atá suite in aon limistéar údarás áitiúil amháin a athrú.

194.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, togra a ghlacadh chun ainm líomatáiste ina limistéar feidhme a athrú go ainm nua a bheidh beartaithe.

(2) Déanfar limistéar an líomatáiste lena mbaineann an togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thuairisciú sa togra sin, cibé acu faoi threoir léarscáile nó ar shlí eile.

(3) I gcás ina ndéanfaidh údarás áitiúil togra a ghlacadh faoi *fho-alt (1)*, lorgóidh sé, de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*, toiliú thromlach na dtoghthóirí cáilithe sa líomatáiste lena mbaineann leis an ainm nua a bheidh beartaithe.

(4) I gcás ina dtoileoidh tromlach de na toghthóirí cáilithe leis an ainm nua a bheidh beartaithe, déanfaidh Cathaoirleach an údarás áitiúil lena mbaineann dearbhú lena ndaingneofar an toiliú sin agus lena sonrúfar an t-ainm nua a bheidh beartaithe agus an dáta a thiocfaidh sé i ngníomh.

(5) Beidh dearbhú arna dhéanamh ag Cathaoirleach údarás áitiúil faoi *fho-alt (4)* i cibé foirm a fhorordófar le rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 196*.

(6) Beidh feidhm ag *alt 196* maidir leis an alt seo, de réir mar is cuí.

Ainm líomatáiste atá suite i níos mó ná aon limistéar údarás áitiúil amháin a athrú.

195.—(1) I gcás ina bhfuil líomatáiste suite i limistéar feidhme níos mó ná aon údarás áitiúil amháin, féadfaidh ceann de na húdarás lena mbaineann, le rún, togra a ghlacadh chun ainm líomatáiste a athrú go ainm nua a bheidh beartaithe.

(2) Déanfar limistéar an líomatáiste lena mbaineann an togra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thuairisciú sa togra sin, cibé acu faoi threoir léarscáile nó ar shlí eile.

(3) Sula ndéanfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann togra a ghlacadh faoi *fho-alt (1)* beidh toiliú an údarás iomchuí eile leis an togra sin faighte aige trí rún.

(4) Beidh feidhm ag *fo-ailt* (3) go (6) *d'alt 194* maidir le togra a ghlacadh chun ainm líomatáiste atá suite i limistéar feidhme níos mó ná aon údarás amháin a athrú, faoi réir cibé modhnuithe nó oiriúnuithe is gá.

196.—(1) Is feidhm fhorchoimeáda é aighneachtaí a bheidh faighte faoin gCuid seo a bhreithniú.

Forálacha ginearálta maidir le hainmneacha a athrú.

(2) I gcás ina ndéanfar ainm a athrú faoin gCuid seo ansin, ar an agus ón dáta a thioctaidh an togra i bhfeidhm, déanfar gach tagairt in aon ionstraim, doiciméad nó léarscáil don ainm láithreach a léamh mar thagairt don ainm nua.

(3) Ní dhéanfaidh athrú ainm faoin gCuid seo difear d'aon chearta nó oibleagáidí de chuid aon údaráis nó duine nó ní fhágfaidh sé go mbeidh aon imeachtaí dlí lochtach, agus féadfar leanúint d'aon imeachtaí dlí nó iad a thosú amhail is nár tharla aon athrú ainm.

(4) Tabharfaidh údarás áitiúil aird chuí ar thraidisiúin áitiúla agus dhúchasacha i bhforbairt aon togra chun ainm a athrú faoin gCuid seo.

(5) (a) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh i leith ainm baile, baile fearainn, baile neamhbhardasaigh, sráide nó líomatáiste a athrú.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír* (a), féadfaidh foráil i leith na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheith i rialacháin faoin alt seo—

(i) na daoine a bheidh forordaithe chun críocha na Coda seo,

(ii) na nósanna imeachta is inleanta chun a fhionnadh, chun críocha *ailt 189 go 195*, an dtoilíonn tromlach na dtoghthóirí cáilithe lena mbaineann leis an ainm nua a bheidh beartaithe,

(iii) an fhoirm a bheidh forordaithe le haghaidh dearbhú faoin gCuid seo,

(iv) fógra a fhoilsiú maidir le dearbhú faoin gCuid seo a dhéanamh,

(v) na socruithe chun costais a roinnt idir údaráis i leith *ailt 191, 193 agus 195*, agus aon chomhshocruithe riachtanacha eile agus is cuí,

(vi) fógra poiblí a fhoilsiú agus aon togra faoi *ailt 192 go 195* a chur in iúl do dhaoine sonraithe agus aighneachtaí a bheidh faighte a bhreithniú.

197.—Féadfaidh údarás áitiúil a chur faoi deara ainm sráide, áite nó limistéir a thaispeáint ar chuid fheiceálach d'aon fhoirgneamh caoithiúil, nó de dhéanmhas nó talamh eile.

Ainm sráide, etc. a thaispeáint.

CUID 19

FODHLÍTHE

Léiriú (*Cuid 19*). **198.**—(1) Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilfionn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “Aire cuí”, i ndáil le haon ní, an tAire den Rialtas a mbeidh feidhmeanna arna dtabhairt dó nó di nó a bheidh freagrach i gcoitinne as an ní a bheidh i gceist nó i dtaca leis;

ciallaíonn “limistéar feidhme”—

- (a) maidir le comhairle cathrach, an chathair;
- (b) maidir le comhairle contae, an contae gan aon bhaile ag a bhfuil comhairle baile agus atá suite ann a áireamh,
- (c) maidir le comhairle baile, an baile.

(2) Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilfionn an comhthéacs a mhalairt, aon tagairt d’fhodhlí is tagairt í d’fhodhlí a bheidh déanta, nó a mheasfar a bheith déanta, faoin gCuid seo.

Cumhacht chun
fodhlí a dhéanamh.

199.—(1) Faoi réir *fho-alt (7)*, féadfaidh údarás áitiúil fodhlí a dhéanamh maidir le haon talamh, seirbhísí, nó aon ní eile a sholáthraíonn an t-údarás áitiúil nó atá faoina rialú nó faoina bhainistiú a úsáid, a oibriú, a chosaint, a rialáil nó a bhainistiú, cibé acu laistigh dá limistéar feidhme nó lasmuigh de, nó i ndáil leis an gcéanna, nó fodhlí a dhéanamh i ndáil le haon ní comhghaolmhar.

(2) (a) Faoi réir an *fho-ailt* seo agus *fho-alt (7)*, féadfaidh údarás áitiúil fodhlí a dhéanamh i gcás inar inmhianaithe ina thuairim ar mhaithe le leas coiteann an phobail áitiúil—

- (i) go ndéanfaí aon ghníomhaíocht nó ní eile a rialáil nó a rialú le fodhlí, nó
- (ii) go ndéanfaí aon núis a rialú nó deireadh a chur léi le fodhlí.

(b) Ní fhéadfar fodhlí a dhéanamh faoin bhfo-alt seo maidir le críoch a ndéantar foráil i leith na críche ar leith sin le haon achtachán eile nó faoi nó a bhféadfar foráil a dhéanamh ina leith faoin achtachán sin.

(3) Maidir le haon fhodhlí, féadfaidh cibé forálacha a bheith ann is dóigh leis an údarás áitiúil is cuí chun é a chur i bhfeidhm, a oibriú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus chun na críocha dá ndéantar é a bhaint amach i gcoitinne, lena n-áirítear—

- (a) é a chur i bhfeidhm gach tráth nó tráthanna a bheidh sonraithe;
- (b) é a chur i bhfeidhm ar fud limistéar feidhme an údaráis áitiúil nó in aon chuid shonraithe den limistéar feidhme sin;

- (c) toirmeasc a chur ar aon ghníomhaíocht, ní nó rud;
 - (d) caighdeáin nó ceanglais shonraithe maidir le gníomhaíochtaí, nithe nó rudaí sonraithe, nó i ndáil leo, a fhorordú;
 - (e) aicmí daoine nó rudaí a eisceadh ón bhfodhlí faoi réir iad a bheith faoi réir coinníollacha sonraithe nó gan iad a bheith dá réir;
 - (f) iompar daoine in áiteanna sonraithe nó in imthosca sonraithe;
 - (g) an t-údarás áitiúil d'eisiúint ceadúnas nó údaruithe eile faoi réir coinníll nó gan choinníoll agus a mbeidh éifeacht leo go buan nó ar feadh tréimhse sonraithe;
 - (h) aon duine d'íoc táille nó muirir tráth sonraithe i leith aon ní shonraithe a bheidh faoi rialú ag fodhlí;
 - (i) fíneáil a shonrú mar gheall ar shárú ar fhoráil shonraithe de chuid fodhlí, mar a fhoráiltear le *halt 205*;
 - (j) íocaíocht sheasta a shonrú mar mhalairt ar ionchúiseamh mar gheall ar shárú ar fhoráil shonraithe de chuid fodhlí de réir mar a fhoráiltear le *halt 206*.
- (4) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, faoi réir na Coda seo, aon fhodhlí arna dhéanamh aige a leasú.
- (b) Féadfaidh údarás áitiúil aon fhodhlí arna dhéanamh aige a chúlghairm le héifeacht ó cibé lá a shonrófar sa rún.
- (5) Is feidhmeanna forchoimeáda iad gach feidhm díobh seo a leanas, dréacht-fhodhlí a cheadú, aighneachtaí i ndáil leis an dréacht-fhodhlí sin a bhreithniú agus fodhlí a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm.
- (6) Folaíonn cumhacht údaráis áitiúil chun fodhlí a dhéanamh i leith a limistéir feidhme cumhacht chun fodhlí a dhéanamh i leith na hurthrá agus i leith uiscí cósta a bheidh i dtadhall leis an limistéar feidhme sin agus le comhaontú aon údaráis áitiúil eile, i leith na n-uiscí cósta a bheidh i dtadhall le limistéar feidhme an údaráis áitiúil eile sin.
- (7) Féadfaidh an tAire cúí le rialachán nithe nó aicmí nithe nach mbeidh údaráis áitiúla i dteideal fodhlí a dhéanamh ina leith a fhorordú.
- (8) (a) I gcás ina measfaidh an tAire cúí, ar chúiseanna a thabharfar, go bhfuil fodhlí nó aon fhoráil dá chuid míchuibhiúil agus ina dtabharfaidh sé nó sí fógra dá réir don údarás áitiúil i scríbhinn ansin, mura ndéanfaidh an t-údarás áitiúil an fodhlí a chúlghairm nó a leasú i gcomhréir leis an bhfógra, féadfaidh an tAire le hordú faoin bhfo-alt seo déanamh amhlaidh le héifeacht ó lá a bheidh sonraithe.
- (b) Beidh feidhm ag *alt 4(4)(c)* maidir le hordú arna dhéanamh faoi *mhír (a)*.

An nós imeachta
chun fodhlí a
dhéanamh.

200.—(1) Foilseoidh údarás áitiúil, 2 mhí ar a laghad sula ndéanfaidh an t-údarás áitiúil fodhlí, i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa limistéar lena mbaineann an togra, fógra—

- (a) ina gcuirfear in iúl go bhfuil beartaithe fodhlí a dhéanamh agus ina luafar an chríoch ghinearálta atá leis agus más cuí, go ndéanfar foráil maidir le híocaíochtaí seasta a fhorchur de réir *alt 206*,
 - (b) ina gcuirfear in iúl na tráthanna ag a mbeidh agus an tréimhse, nach giorra ná aon mhí amháin, ar lena linn a bheidh, cóip den dréacht-fhodhlí ar fáil don phobal lena hiniúchadh, i cibé áit a shonrófar san fhógra,
 - (c) ina luafar go dtabharfar cóip den dréacht-fhodhlí d'aon duine a dhéanfaidh iarratas ar chóip ar an duine sin d'íoc cibé suim shonraithe, más ann, a bheidh socraithe ag an údarás áitiúil,
 - (d) ina luafar go mbreithneoidh an t-údarás áitiúil aon aighneachtaí i ndáil leis an dréacht a chuirfidh aon duine faoi bhráid an údaráis i scríbhinn roimh cibé dáta a shonrófar, nach giorra ná seacht lá tar éis dheireadh na tréimhse chun an dréacht-fhodhlí a iniúchadh, agus
 - (e) i gcás ina mbeidh fodhlí faoi réir ceadú ón Aire cuí beidh an fógra de réir *alt 201(2)(b)*.
- (2) (a) Coimeádfaidh an t-údarás áitiúil, le linn na tréimhse a léirítear faoi *fho-alt (1)(b)*, cóip den dréacht-fhodhlí ar fáil lena a hiniúchadh ag an bpobal, le linn gnáthuaireanta oifige san áit a shonraítear san fhógra agus féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh ar chóip de.
- (b) Féadfaidh aon duine cóip den dréacht-fhodhlí a fháil ar cibé táille (más ann) a shocróidh an t-údarás áitiúil nach mó ná costas réasúnach a chóipeála a íoc leis an údarás áitiúil lena mbaineann.
- (3) Déanfaidh údarás áitiúil ar fhógra faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú, nó a luaithe is féidir dá éis, cóip den fhógra sin mar aon le cóip den dréacht-fhodhlí iomchuí a chur chuig cibé daoine a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus féadfar forálacha éagsúla a fhorordú le haghaidh haicmí éagsúla fodhlí.
- (4) Breithneoidh an t-údarás áitiúil aon aighneachtaí a dhéanfar chuige faoi *fho-alt (1)* agus nach dtarraingeofar siar agus féadfaidh sé ansin—
- (a) an fodhlí a dhéanamh de réir an dréachta nó faoi réir cibé athruithe a chinnfidh an t-údarás áitiúil, dá rogha féin, nó
 - (b) gan an fodhlí a dhéanamh.
- (5) (a) Tiocfaidh fodhlí arna dhéanamh ag údarás áitiúil, seachas fodhlí lena mbaineann *alt 201*, i bhfeidhm cibé dáta a shonrófar san fhodhlí, nach giorra ná 30 lá tar éis a dhéanta.
- (b) Ní thiocfaidh fodhlí lena mbaineann *alt 201* i bhfeidhm mura gceadóidh an tAire cuí é faoin alt sin.

201.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le fodhlí a cheanglaítear, de bhua rialachán faoi *fho-alt* (2), a chur faoi bhráid an Aire chuí. Fodhlíthe áirithe le cur faoi bhráid an Aire chuí.

(2) (a) Féadfaidh an tAire cuí rialacháin a dhéanamh faoin alt seo chun aon ní nó aicmí nithe a ainmniú a gceanglaítear ceadú ón Aire sin a fháil d'aon fhodhlí i ndáil leis nó leo agus ní thiocfaidh aon fhodhlí den sórt sin a dhéanfar tar éis thosach feidhme na rialachán sin i ngníomh mura gceadófar amhlaidh é.

(b) Faoi réir an ailt seo, beidh feidhm ag *alt 200* maidir le fodhlí lena mbaineann an t-alt seo ach luafaidh fógra a bheidh le foilsiú ag an údarás áitiúil faoi *alt 200(1)* go mbeidh fodhlí a bheidh le déanamh ag an údarás áitiúil faoi réir ceadú ón Aire cuí agus go gceanglaítear ar an údarás gach aighneacht a gheobhaidh sé a chur faoi bhráid an Aire sin mar aon lena thráichtaí (más ann) orthu.

(3) Déanfaidh údarás áitiúil, a luaithe is féidir tar éis fodhlí lena mbaineann an t-alt seo a dhéanamh faoi *alt 200*, cóip a chur faoi bhráid an Aire chuí mar aon le cóip d'aon aighneachtaí a bheidh déanta chuig an údarás faoi *alt 200(1)* agus nach mbeidh tarraingthe siar agus aon tráichtaí is mian leis a dhéanamh ar na haighneachtaí sin.

(4) Féadfaidh an tAire cuí, tar éis dó nó di na doiciméid a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid ag an údarás áitiúil faoi *fho-alt* (3)—

(a) an fodhlí a cheadú, nó

(b) an fodhlí a cheadú faoi réir cibé leasuithe a chuirfidh an tAire sin ann, nó

(c) diúltú an fodhlí a cheadú.

(5) Déanfaidh an tAire cuí, le linn dó nó di fodhlí a cheadú faoin alt seo, ráiteas gur ceadaíodh an fodhlí amhlaidh a fhormhuiniú air agus an dáta a thiocfaidh sé i ngníomh a shonrú.

202.—(1) Déanfar fógra i dtaobh fodhlí a dhéanamh, nó i dtaobh ceadú i gcás fodhlí lena mbaineann *alt 201*, agus i dtaobh na háite inar féidir cóipeanna den fhodhlí a cheannach nó a iniúchadh a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa limistéar lena mbaineann an fodhlí. Fodhlí a fhoilsiú.

(2) Beidh i bhfógra dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)—

(a) ráiteas i dtaobh na gcríoch ginearálta dá ndearnadh an fodhlí,

(b) an dáta a thiocfaidh sé i ngníomh,

(c) ráiteas go bhféadfar cóip den fhodhlí a iniúchadh le linn gnáthuaireanta oifige, i bpríomhoifigí an údaráis áitiúil, agus

(d) ráiteas go dtabharfar cóip den fhodhlí d'aon duine a dhéanfaidh iarratas ar chóip ar an duine sin d'foc táille shonraithe, nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh leis an gcóip sin a dhéanamh.

(3) (a) Coimeádfaidh an t-údarás áitiúil cóip den fhodhlí ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal le linn gnáthuaireanta oifige i bpríomhoifigí an údaráis áitiúil agus féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh ar chóip de.

(b) Féadfaidh aon duine cóip den fhodhlí a fháil ar cibé táille (más ann) a shocróidh an t-údarás áitiúil agus nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh le cóip a dhéanamh, a íoc leis an údarás áitiúil lena mbaineann.

(4) Ní dhéanfaidh mainneachtain fógra a fhoilsiú i dtaobh aon fhodhlí a dhéanamh, nó de réir mar is cuí, i dtaobh é a cheadú, nó mainneachtain cóip de a chur ar fáil, an fodhlí sin a chur ó bhail.

(5) (a) I gcás ina mbaineann fodhlí le talamh arna sholáthar ag údarás áitiúil a úsáid, a rialáil nó a bhainistiú, féachfaidh údarás áitiúil le fógra a choimeád ar taispeáint ar an talamh sin nó gar dó i dtaobh feidhm a bheith ag fodhlí maidir leis an talamh.

(b) In aon ionchúiseamh mar gheall ar shárú ar fhoráil de chuid fodhlí ní cosaint é mainneachtain fógra a sholáthar nó a choimeád faoi *mhír* (a).

(6) Coimeádfaidh údarás áitiúil clár d'fhodhlíthe arna ndéanamh aige faoin gCuid seo agus faoi Chuid VII den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus, maidir leis an gclár—

(a) beidh sé ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal i bpríomhoifigí an údaráis áitiúil le linn gnáthuaireanta oifige, agus

(b) beidh ann dáta theacht i ngníomh, limistéar feidhme, agus léiriú ar ábhar gach fodhlí arna ndéanamh ag an údarás.

Cruthú ar fhodhlí.

203.—Is é dualgas údaráis áitiúil é, aon uair a cheanglóidh aon chúirt air déanamh amhlaidh, cóip dhílis d'aon fhodhlí a thabhairt ar aird don chúirt sin agus an chóip a fhíorú don chúirt sin trína chur faoi deara go bhformhuineofar ar an gcóip deimhniú arna shíniú ag fostaí (nach gá a phost nó a post oifigiúil a chruthú) de chuid an údaráis áitiúil, a rinne an fodhlí agus glacfaidh an chúirt sin an chóip i bhfianaise agus, dá réir sin, beidh an chóip arna deimhniú amhlaidh ina fianaise ar an bhfodhlí mura suítear a mhalairt.

Duine údaraithe a chosc, etc.

204.—(1) San alt seo, ciallaíonn “duine údaraithe” duine a bheidh údaraithe i scríbhinn ag údarás áitiúil chun críche an ailt seo nó, ach amháin i gcás *fho-alt* (4), comhalta den Gharda Síochána.

(2) Féadfaidh duine údaraithe a iarraidh ar aon duine ar dealraitheach go bhfuil foráil de chuid fodhlí a bhaineann le haon talamh, seirbhís nó aon rud eile a sholáthraíonn an t-údarás áitiúil nó atá faoina rialú nó faoina bhainistiú á sárú nó sáráithe aige nó aici an talamh sin a fhágáil nó staonadh ó aon ghníomhaíocht agus féadfaidh sé nó sí aon duine a mhainneoidh déanamh de réir na hiarrata sin a chur amach.

(3) (a) Aon duine a chuirfidh cosc nó bac ar dhuine údaraithe, nó a dhiúltóidh déanamh de réir iarrata de chuid duine údaraithe, ag gníomhú dó nó di i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a thugtar do dhuine údaraithe leis an gCuid seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

- (b) I gcás ina mbeidh duine údaraithe den tuairim go bhfuil cion lena mbaineann an t-alt seo nó *alt 205* á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh an duine údaraithe ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear don éileamh sin nó má thugann an duine ainm nó seoladh a bheidh bréagach nó míthreorach, beidh an duine sin ciontach i gcion.
- (c) Aon duine a chiontófar i gcion faoin bhfo-alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi.
- (d) I gcás ina mbeidh comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion lena mbaineann an t-alt seo nó *alt 205* á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh an comhalta sin an duine a ghabháil gan bharántas.

(4) Ní bheidh de cheangal ar dhuine déanamh de réir iarrata ó dhuine údaraithe faoin alt seo mura rud é go ndéanfaidh an duine údaraithe fianaise ar a cheapachán nó a ceapachán mar dhuine údaraithe chun críche na Coda a thabhairt ar aird, má iarrann an duine air nó uirthi é.

205.—(1) Aon duine a sháróidh foráil de chuid aon fhodhlí beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó cibé méid is lú ná sin a shonrófar san fhodhlí i leith an tsáraithe sin, a chur air nó uirthi. Cionta agus pionóis maidir le fodhlíthe.

(2) Má leantar d'fhoráil de chuid fodhlí a shárú tar éis ciontú, beidh an duine is cúis leis an sárú ciontach i gcion ar gach lá a leanfar den sárú sin agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair i ngach cion díobh sin, fíneáil nach mó ná £100 nó cibé méid is lú ná sin a shonrófar san fhodhlí i leith an tsáraithe sin, a chur air nó uirthi.

206.—(1) Féadfar a fhoráil le fodhlí go seirbheálfar ar dhuine fógra, lena sonrófar íocaíocht sheasta, nach mó ná cibé méid a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, i leith sárú ar fhodhlí, mar mhalairt ar ionchúiseamh mar gheall ar an sárú agus i gcás ina bhforálfar amhlaidh leis an bhfodhlí sonrófar ann— Fógraí i dtaobh íocaíochta seasta.

- (a) méid na híocaíochta seasta, agus
- (b) an tréimhse ar laistigh di a chaithfear í a íoc chun ionchúiseamh a sheachaint.

(2) Sonrófar i bhfógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

- (a) ainm agus seoladh an chiontóra líomhnaithe,
- (b) i dtéarmaí ginearálta cineál an tsáraithe a líomhnaítear a bheith déanta,
- (c) dáta agus ionad an tsáraithe líomhnaithe,
- (d) méid na híocaíochta,
- (e) an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar, agus an áit ina bhféadfar, an íocaíocht sheasta a dhéanamh, agus

(f) go bhfuil an ciontóir líomhnaithe i dteideal neamhaird a dhéanamh den fhógra agus ionchúiseamh i leith an tsáraithe líomhnaithe a chosaint sa chúirt.

(3) Ní mó íocaíocht sheasta ná an fhíneáil uasta dá bhforáiltear go cuí i leith an tsáraithe líomhnaithe lena mbaineann.

(4) I gcás ina mbeidh íocaíocht sheasta íoctha go cuí i leith sárú a líomhnaítear a rinne duine, ní thionscnófar aon imeachtaí i gcoinne an duine i leith an tsáraithe líomhnaithe.

Cionta a ionchúiseamh (*Cuid 19*). **207.**—Féadfaidh an t-údarás áitiúil a rinne an fodhlí iomchuí, aon údarás eile a bheidh ag gníomhú thar a cheann nó comhalta den Gharda Síochána cion faoin gCuid seo a ionchúiseamh.

Íocaíochtaí fíneálacha agus íocaíochtaí seasta. **208.**—Íocfar na fíneálacha go léir i leith cionta faoin gCuid seo agus na híocaíochtaí seasta go léir lena mbaineann *alt 206* leis an údarás áitiúil a rinne an fodhlí iomchuí.

Fodhlíthe láithreacha etc. do leanúint i bhfeidhm. **209.**—(1) Maidir le gach fodhlí arna dhéanamh faoi Chuid VII den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus a bheidh ar marthain tráth thosach feidhme na forála seo, leanfaidh sé i bhfeidhm amhail is dá mba faoin gCuid seo a rinneadh é agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm amhail is dá mba faoin gCuid seo a rinneadh é.

(2) Gan dochar d'alt 20 den Acht Léiriúcháin, 1937, déanfar tagairtí—

(a) in alt 35 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996,

(b) in alt 89 den Acht Cuanta, 1996,

(c) in alt 13 den Acht um Rialú Capall, 1996, agus

(d) in alt 21(3) den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997,

do Chuid VII den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, nó d'aon alt den Chuid sin a léamh mar thagairt do *Chuid 19* den Acht seo nó don alt comhréireach de *Chuid 19*, de réir mar a bheidh.

(3) D'ainneoin an *Towns Improvement (Ireland) Act*, 1854, a aisghairm leis an Acht seo, leanfaidh ailt 78 go 88 den Acht sin d'fheidhm a bheith acu agus d'éifeacht a bheith leo agus chun na críche sin léifear aon tagairt d'fhodhlíthe san alt sin 88 mar thagairt d'fhodhlí arna dhéanamh faoin gCuid seo.

(4) Maidir le gach fodhlí arna dhéanamh faoi alt 30, 41 nó 42(2) den Acht Rialtais Áitiúil (*Seirbhísí Sláintíochta*), 1948, nó faoi alt 88 den *Towns Improvement (Ireland) Act*, 1854, agus a bheidh ar marthain tráth thosach feidhme na forála seo, leanfaidh sé i bhfeidhm amhail is dá mba faoin gCuid seo a rinneadh é agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm amhail is dá mba faoin gCuid seo a rinneadh é.

(5) Chun amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo go bhféadfaidh aon ní a d'fhéadfadh a bheith faoi rialú ag fodhlí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a bheith ina ábhar d'fhodhlí arna dhéanamh faoin gCuid seo.

(6) Sa mhéid go leanfaidh fodhlíthe áirithe d'fheidhm a bheith acu chun críocha áirithe faoi alt 22(2) den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, leanfaidh na fodhlíthe sin d'fheidhm a bheith acu amhlaidh de réir an ailt sin.

210.—(1) Gan dochar *d'alt 3* nó *4*, féadfaidh an tAire cuid den Chuid seo nó í go léir a chur chun feidhme le rialacháin faoin alt seo i ndáil le haon fhoráil d'aon achtachán lena dtugtar cumhacht d'údarás áitiúil chun fodhlíthe a dhéanamh agus beidh aon fhodhlí den sórt sin faoi réir cibé forálacha a chuirfear chun feidhme amhlaidh agus déanfar an fhoráil den achtachán iomchuí a léamh dá réir sin. Cumhacht cuir chun feidhme (*Cuid 19*).

(2) Leanfaidh na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil, 1994 (Fodhlíthe), 1999 (I.R. Uimh. 78 de 1999), i bhfeidhm amhail is dá mba faoi na forálacha comhréireacha den Acht seo a rinneadh iad agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir.

211.—(1) Leasaítear leis seo alt 17 den Acht um Rialú Madraí, 1986, arna leasú leis an Acht um Rialú Madraí (Leasú), 1992, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin— Leasú ar an Acht um Rialú Madraí, 1986.

“17.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil fodhlíthe a dhéanamh a bhaineann le madraí a rialú laistigh dá limistéar feidhme.

(2) Faoi réir fho-alt (3), déanfar fodhlí faoi fho-alt (1) de réir *Chuid 19* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, agus léifear é amhail is dá mba faoi *Chuid 19* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, a rinneadh é.

(3) Beidh feidhm ag alt 27(1)(d) agus alt 30 maidir le fodhlí faoi *fho-alt (1)* agus *míreanna (h)* agus *(i) d'alt 199(3)* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, agus ní bheidh feidhm ag *ailt 205* go *208* den Acht sin maidir leis an bhfodhlí sin.

(4) Féadfaidh fodhlíthe faoi fho-alt (1), gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt sin nó *alt 199(3)* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, foráil a dhéanamh maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) limistéir a shonrú i cibé cuid de limistéar feidhme an údaráis áitiúil a bheidh sonraithe sna fodhlíthe ina gceanglófar ar an duine a bheidh i bhfeighil madra an madra a choimeád ar éill,

(b) limistéir a shonrú i cibé cuid de limistéar feidhme an údaráis áitiúil a bheidh sonraithe sna fodhlíthe nach gceadófar madra iontu, seachas madra a bheidh á úsáid ag duine dall nó ag duine a bhfuil a radharc chomh holc sin nach bhfuil ar chumas an duine a bhealach nó a bealach a dhéanamh gan treoir.

(5) Ní bheidh feidhm ag fodhlíthe a dhéanfar faoin alt seo maidir le madra a bheidh á úsáid—

(a) ag comhalta den Gharda Síochána i bhforghníomhú a dhualgais nó a dualgais, nó

(b) le haghaidh cibé críoch eile a fhorordóidh an tAire.”.

(2) Leasaítear alt 27 den Acht um Rialú Madraí, 1986, arna ionadú le halt 9 den Acht um Rialú Madraí (Leasú), 1992, trí “£1,500” a chur in ionad “£1,000” i bhfo-alt (2) den alt sin.

(3) Leasaítear alt 28 den Acht um Rialú Madraí, 1986, arna leasú le halt 10 den Acht um Rialú Madraí, 1992, trí “faoi mhír (a), (b), (c) nó (d) d’alt 27(1) den Acht seo” a chur in ionad “faoi mhír (a), (b) nó (c) d’alt 27(1) den Acht seo” i bhfo-alt (1) agus (3).

(4) Leasaítear alt 30 den Acht um Rialú Madraí, 1986, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis:

“(3) Íocfar na fíneálacha go léir i leith cionta faoin Acht seo leis an údarás áitiúil a ndearnadh an cion ina limistéar.”.

(5) Aon fhodhlíthe a bheidh déanta faoi alt 17 den Acht um Rialú Madraí, 1986, roimh thosach feidhme na forála seo leanfaidh siad i bhfeidhm agus measfar gur faoi alt 17 den Acht sin arna ionadú leis an alt seo a rinneadh iad agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

CUID 20

FIOSRÚCHÁIN PHOIBLÍ ÁITIÚLA

Cumhacht chun fiosrúcháin phoiblí áitiúla a thionól.

212.—(1) Féadfaidh an tAire a chur faoi deara go dtionólfar cibé fiosrúcháin phoiblí áitiúla a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is inmhianaithe—

(a) chun críocha *alt 216(1)(a)* nó na bhfeidhmeanna a bheidh tugtha dó nó di nó le haon achtachán eile, nó

(b) i ndáil le feidhmeanna aon údaráis áitiúil a chomhlíonadh.

(2) Déanfaidh duine (dá ngairtear “cigire” sa Chuid seo) a bheidh ceaptha ag an Aire chun na críche sin fiosrúcháin phoiblí áitiúil faoi *fho-alt (1)* a sheoladh agus, gan dochar d’aon cheanglais shonracha sna hachtacháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí tuarascáil ar an bhfiosrúchán a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(3) Chun críocha fiosrúcháin phoiblí áitiúil dá bhforáiltear leis an alt seo—

(a) féadfaidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais, duine amháin nó níos mó a fhostú ag a mbeidh cáilíochtaí a bheidh i dtuairim an Aire iomchuí maidir le seoladh an fhiosrúcháin agus chun críocha na Coda seo measfar gur cigire nó cigirí an duine nó na daoine sin, de réir mar a bheidh, agus

(b) féadfaidh an tAire cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le duine a bheidh fostaithe faoin bhfo-alt seo.

(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le fiosrúcháin phoiblí áitiúil a sheoladh, i ndáil leis na nósanna imeachta ag fiosrúcháin den sórt sin agus i ndáil le duine a chur in ionad cigire a bheidh ceaptha chun fiosrúcháin a sheoladh agus a gheobhaidh bás, a scoirfidh, a éireoidh as oifig nó nach mbeidh ar fáil thairis sin.

213.—(1) (a) Féadfaidh cigire a bheidh ceaptha faoi *alt 212(2)* chun fiosrúchán poiblí áitiúil a sheoladh fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc ag an bhfiosrúchán agus, chun na críche sin, féadfaidh sé nó sí daoine a chur faoi mhionn agus faoi dhearbhasc. Cumhacht cigire a bheidh ag seoladh fiosrúchán poiblí áitiúil.

(b) Aon duine a bheidh ag tabhairt fianaise ag fiosrúchán lena mbaineann *mír (a)*, beidh sé nó sí i dteideal na ndíolúintí agus na bpríbhleáidí céanna amhail is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.

(c) Ní bheidh ráiteas nó admháil a dhéanfaidh duine os comhair cigire a bheidh ag seoladh fiosrúchán poiblí áitiúil inghlactha i bhfianaise i gcoinne an duine sin in aon imeachtaí coiriúla seachas imeachtaí i ndáil le cion faoi *fho-alt (4)* nó *(5)*.

(2) Féadfaidh cigire a beidh a ceaptha chun fiosrúchán poiblí áitiúil a sheoladh faoin gCuid seo a cheangal ar aon fhostaí nó comhalta de chuid údaráis áitiúil aon fhaisnéis a éileoidh sé nó sí le réasún chun críocha an fhiosrúcháin a thabhairt dó nó di, agus beidh sé mar dhualgas ar an duine sin déanamh de réir an cheanglais sin.

(3) (a) Faoi réir an ailt seo féadfaidh an cigire a bheidh ag seoladh fiosrúchán poiblí áitiúil faoin gCuid seo a cheangal ar aon duine le fógra i scríbhinn ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh:

(i) freastal ar an bhfiosrúchán cibé ionad agus tráth a bheidh sonraithe san fhógra chun fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní a bheidh i gceist ag an bhfiosrúchán sin, agus

(ii) aon leabhair, admhálacha, gníomhais, conarthaí, cuntais, dearbháin, léarscáileanna, pleananna, doiciméid nó sonraí, faisnéis, ábhair nó rudaí eile a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh, faoina choimeád nó faoina coimeád nó faoina rialú agus a bhaineann le haon ní den sórt sin a thabhairt ar aird.

(b) Féadfar fógra faoi *mhír (a)* a sheirbheáil—

(i) trína sheachadadh ar an duine lena mbaineann sé, nó

(ii) trína chur leis an bpost i gclúdach cláraithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine sin ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin.

(4) Más rud é, maidir le duine ar ar seirbheáladh fógra faoi *fho-alt (3)*—

(a) go ndiúltoídh sé nó sí nó bhfailleoidh sé nó sí go toiliúil freastal de réir an fhógra sin,

(b) go ndéanfaidh sé nó sí go toiliúil aon doiciméad nó faisnéis eile lena mbaineann an fógra sin a athrú, a cheilt, a fholú nó a scriosadh,

(c) nó tar éis dó nó di freastal amhlaidh, de réir an fhógra sin, go ndiúltoídh sé nó sí fianaise a thabhairt,

- (d) go ndiúltóidh sé nó sí nó go bhfailleoidh sé nó sí go toiliúil aon doiciméad nó faisnéis eile lena mbaineann an fógra sin a thabhairt ar aird,

beidh an duine sin ciontach i gcion faoin alt seo agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Más rud é, maidir le duine ar ar seirbheáladh fógra faoi *fho-alt* (3) nó aon duine eile—

- (a) go dtabharfaidh sé nó sí go toiliúil fianaise atá ábhartha maidir leis an bhfiosrúchán agus is eol dó nó di a bheith bréagach nó nach gcreideann sé nó sí a bheith fíor,
- (b) go ndéanfaidh sé nó sí trí ghníomh nó neamhghníomh, bac nó treampán a chur ar an gcigire atá ag seoladh an fhiosrúcháin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna,
- (c) go ndiúltóidh sé nó sí mionn a ghlacadh nó dearbhasc a dhéanamh nuair a cheanglóidh cigire atá ag seoladh an fhiosrúcháin sin air nó uirthi go cuí,
- (d) go ndiúltóidh sé nó sí aon cheist a fhreagairt a bhféadfaidh an cigire atá ag seoladh fiosrúcháin a cheangal le dlí freagra a thabhairt uirthi,
- (e) go ndéanfaidh sé nó sí aon rud eile nó go bhfágfaidh sé nó sí aon rud eile gan déanamh agus más rud é, i gcás gurbh í an Ard-Chúirt an fhiosrúchán, go mbeadh sé ina dhíspeagadh ar an gCúirt sin an rud eile sin a dhéanamh nó a fhágáil gan déanamh,

beidh an duine sin ciontach i gcion faoin alt seo agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

- (6) (a) Chun críoch fiosrúcháin faoin gCuid seo, maidir le cigire gach tráth réasúnach (ach tabharfaidh sé nó sí ar aird, má éilítear air nó uirthi é, a údarás nó a húdarás i scríbhinn gur duine den sórt sin é nó í)—
- (i) féadfaidh sé nó sí, i gcás teaghaise le toiliú an áititheora nó aon duine ar dealraitheach don chigire é nó í a bheith i bhfeighil na teaghaise, dul isteach sa teaghais agus í a iniúchadh agus gach ní a dhéanamh inti is gá le réasún chun na críche a ndeachaigh sé nó sí isteach inti, agus
- (ii) i gcás talún nach teaghais, beidh sé nó sí i dteideal dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh ar an talamh sin nó ar aon ní ar an talamh sin nó faoi agus gach ní a dhéanamh is gá le réasún chun na críche a ndeachaigh sé nó sí isteach ann agus, go sonrath, féadfaidh sé nó sí suirbhéireacht a dhéanamh, pleananna, tolladh nó tástálacha a dhéanamh, leibhéil a thógáil, tochailt a dhéanamh, samplaí agus grianghraif a thógáil agus scrúdú a dhéanamh ar dhoimhneacht agus ar chineál na fo-ithreach.

- (b) Féadfaidh cigire, cibé duine nó trealamh a thabhairt isteach in aon teaghais nó ar aon talamh nach teaghais, is duine nó trealamh is dóigh leis nó léi is gá chun cuidiú leis nó léi maidir le haon cheann de na críocha dá dtagraítear i *mír (a)*.
- (7) (a) I gcás ina ndiúltofar cead a thabhairt do chigire dul isteach i dteaghais nó ar thalamh nach teaghais agus gur chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a fheidhmiú an dul isteach sin, féadfaidh an tAire iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar bharántas á údarú don chigire dul isteach amhlaidh.
- (b) Más rud é, ar iarratas a dhéanamh chuige nó chuici faoin bhfo-alt seo, gur deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, ar fhaisnéis faoi mhionn ón iarratasóir, gur coisceadh ar an gcigire dul isteach sa teaghais nó ar an talamh lena mbaineann, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint faoina láimh á údarú—
- (i) don chigire aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta eisithe an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh, dul isteach, le forneart más gá, sa teaghais nó ar an talamh lena mbaineann agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a fheidhmiú, agus
- (ii) má mheasann an breitheamh gur cuí a fhoráil amhlaidh, go mbeidh comhaltaí den Gharda Síochána i dteannta an chigire le linn dó nó di dul isteach sa teaghais nó ar an talamh lena mbaineann.
- (8) (a) Más rud é ar éileamh chun an Aire go suítear go bhfuil, mar thoradh aon fheidhm faoi *fho-alt (6)* a fheidhmiú, damáiste déanta d'aon duine, beidh an duine sin i dteideal go n-íocfadh an tAire cúiteamh i leith an damáiste leis nó léi agus, cheal comhaontú, féadfaidh aon chúirt dlínse inniúla méid an damáiste a chinneadh.
- (b) Déanfar éileamh faoin alt seo—
- (i) laistigh de 6 mhí tar éis an damáiste a bhaint don duine sin agus ní dá éis sin, nó
- (ii) laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an chúirt más dealraitheach don chúirt go bhfuil forais réasúnacha ann le tréimhse níos faide a bheith ag teastáil agus go mbeadh sé cóir agus cothromasach an tréimhse a fhadú, agus ní dá éis sin.
- (9) Aon duine a chuirfidh cosc nó bac nó a chuideoidh le duine cosc nó bac a chur—
- (a) ar chigire le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *fho-alt (6)* a chomhlíonadh (seachas duine lena mbaineann *mír (a)(i)* den *fho-alt* sin mura rud é go mbeidh feidhm freisin ag *fo-alt (7)(b)*), nó
- (b) ar chigire nó ar chomhalta den Gharda Síochána le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *fho-alt (7)(b)* a chomhlíonadh,

beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(10) Féadfaidh an tAire imeachtaí achoimre i leith ciona faoin gcuid seo a thionscnamh.

Cumhacht chun íoc caiteachas áirithe i ndáil le fiosrúchán poiblí áitiúil a ordú, etc.

214.—(1) I gcás ina dtionólfar fiosrúchán poiblí áitiúil faoin gCuid seo féadfaidh an tAire dá lánrogha féin a ordú—

- (a) go n-íocfaidh aon údarás áitiúil a mbeidh baint aige leis an bhfiosrúchán sin leis nó léi cibé suim is réasúnach leis an Aire faoi chomhair na gcostas a thabhóidh an tAire ag tionól an fhiosrúcháin lena n-áirítear aon íocaíocht a dhéanfar faoi *alt 213(8)*,
- (b) go n-íocfaidh aon údarás áitiúil a mbeidh baint aige leis an bhfiosrúchán sin le haon duine a láithreoidh ag an bhfiosrúchán cibé suim is réasúnach leis an Aire faoi chomhair na gcostas a thabhóidh an duine sin, seachas costais den chineál sin dá bhforáiltear i *bhfo-alt (3)*,
- (c) go n-íocfaidh aon duine a láithreoidh ag an bhfiosrúchán leis an Aire nó le haon údarás áitiúil a mbeidh baint aige leis an bhfiosrúchán sin cibé suim is réasúnach leis an Aire faoi chomhair na gcostas a thabhóidh an tAire nó an t-údarás sin.

(2) Léifear tagairt do chostais i *bhfo-alt (1)* mar thagairt do cibé costais a gcinneadh an tAire dá lánrogha féin gurb iad na costais réasúnacha iad agus gan aird a thabhairt ar aon suim a éileofar a bheith tabhaithe.

- (3) (a) Déanfaidh údarás áitiúil a mbeidh baint aige le fiosrúchán áitiúil arna thionól ag cigire faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, má ordaíonn an cigire dó amhlaidh, caiteachais chothaithe agus taistil réasúnacha a íoc le haon duine, nó a thairiscint d'aon duine, a gceanglóidh an cigire sin air nó uirthi le fógra faoi *alt 213(3)* freastal ar an bhfiosrúchán.
- (b) Déanfaidh an t-údarás áitiúil sin na caiteachais dá dtagraítear i *mír (a)* a chinneadh de réir na rátaí a bheidh infheidhme de thuras na huaire maidir le fostaithe sinsearacha údaráis áitiúil.

(4) I gcás ina dtabharfaidh an tAire ordachán faoi *fho-alt (1)* nó ina dtabharfaidh cigire ordachán faoi *fho-alt (3)* agus ina mainneoidh údarás áitiúil nó duine is ábhar don ordachán cibé suim a shonrófar san ordú a íoc leis an Aire, leis an údarás áitiúil nó leis an duine eile, de réir mar a bheidh, féadfaidh an tAire, an t-údarás áitiúil nó an duine sin (de réir mar is cuí) an tsuim sin a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(5) Ní oibreoidh aon ní in *alt 153* chun dochair do láithriú nó d'ionadaíocht ar leithligh bainisteora, faoi réir thoiliú an Aire, ag fiosrúchán poiblí áitiúil lena mbaineann *alt 212(1)(a)* i ndáil le húdarás áitiúil arb é nó í is bainisteoir dó agus in imthosca den sórt sin i dtaca le comhaltaí an údaráis áitiúil, faoi réir an toilithe sin, le rún, d'fhostú agus do threorú ionadaíochta thar ceann an údaráis áitiúil.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

CUID 21

FORÁLACHA A LEANANN AS MAINNEACHTAIN FEIDHMEANNA A
CHOMHLÍONADH

215.—(1) Sa Chuid seo—

Mínithe (*Cuid 21*).

ciallaíonn “coimisinéir” duine a bheidh ceaptha mar choimisinéir amhlaidh ag an Aire faoi *alt 218*;

tá le “toghchán nua” an bhrí a thugtar le *halt 217(1)(a)*;

tá le “tréimhse an chuir as oifig” an bhrí a thugtar le *halt 217(1)(e)*;

ciallaíonn “alt 10A” alt 10A (arna chur isteach le *halt 44* den Acht Rialtais Áitiúil, 1994) den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955, arna bhuanú le *halt 113(2)* den Acht seo.

(2) Sa Chuid seo, léifear gach tagairt do chur as oifig mar thagairt do chur as oifig faoi *alt 216*.

216.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú comhaltaí údaráis áitiúil a chur as oifig má tharlaíonn agus aon uair a tharlóidh—

Mainneachtain feidhmeanna a chomhlíonadh, etc.

- (a) gur deimhin leis an Aire, tar éis dó nó di fiosrúchán poiblí áitiúil a thionól i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna ag údarás áitiúil, nach bhfuil na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach, nó
 - (b) go ndiúltoídh údarás áitiúil nó go bhfailleoidh sé déanamh de réir breithiúnais, ordú nó forairne ó aon chúirt, nó
 - (c) go mainneoidh údarás áitiúil déanamh de réir ceanglais arna dhéanamh le fógra faoi fho-alt (1) d’alt 10A, laistigh de 21 lá tar éis dháta an fhógra, nó
 - (d) go nglacfaidh údarás áitiúil sna himthosca a leagtar amach i bhfo-alt (6) d’alt 10A, meastachán athbhreithnithe ar chaiteachais nach mbeidh leordhóthanach, de réir an ailt sin, nó
 - (e) go ndiúltoídh údarás áitiúil nó go bhfailleoidh sé go toiliúil déanamh de réir aon cheanglais shainráite arna fhorchur air le haon achtachán nó faoi, lena n-áirítear an tAcht seo, nó
 - (f) gur lú líon comhaltaí údaráis áitiúil ná an córam do chruinnithe an údaráis áitiúil sin.
- (2) (a) I gcás ina ndéanfar comhaltaí údaráis áitiúil a chur as oifig faoin alt seo, gach duine a bhí, díreach roimh an gcur as oifig, ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlacht nasctha de réir bhrí *alt 220* nó d’aon chomhlacht eile agus i gceachtar cás de bhua gur ainmnigh, gur thogh nó gur cheap an t-údarás áitiúil sin é nó í nó de bhua gurbh é nó í an Cathaoirleach é nó í nó trí aon oifig nó post eile a bhain le comhaltas den údarás sin a shealbhú, scoirfidh sé nó sí freisin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chomhlacht nasctha nó den chomhlacht eile lena mbaineann.

(b) Beidh feidhm ag *alt 220*, de réir mar is cuí, maidir leis an gcomhlacht nasctha lena mbaineann.

(3) Ní dhéanfaidh sé difear, ná ní dhéanfaidh sé dochar ar bhealach ar bith, do mharthanacht údaráis áitiúil mar chomhlacht corpraithe faoin teideal is cuí dó faoin Acht seo comhaltaí an údaráis áitiúil sin a chur as oifig.

(4) Féadfaidh na rudaí sin go léir a bheith in ordú faoi *fho-alt (1)* is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun a chumasú d'údarás áitiúil a ndearnadh a chomhaltaí a chur as oifig feidhmiú go cuí agus go héifeachtach agus, chun a chumasú, i gcoitinne, lánfheidhm a bheith ag an gCuid seo agus lánéifeacht a bheith léi.

(5) Gan dochar d'alt 20 den Acht Léiriúcháin, 1937, déanfar an tagairt in ailt 16 agus 17 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, do Chuid IV den Acht Rialtais Áitiúil, 1941, a léamh mar thagairt don Chuid seo.

Toghchán nua a dhéanamh tar éis comhaltaí a chur as oifig.

217.—(1) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, faoi réir *mhír (b)*, lá a shocrú chun toghchán (dá ngairtear “toghchán nua” sa Chuid seo) comhaltaí aon údaráis áitiúil a ndearnadh a chomhaltaí a chur as oifig a dhéanamh agus déanfar an toghchán sin an lá sin.

(b) Ní shocrófar toghchán nua le haghaidh lae a bheidh laistigh de 12 mhí den tréimhse ar laistigh di a bheidh na chéad toghcháin áitiúla eile le déanamh de réir *alt 26*.

(c) Déanfar dírtoghchán faoi *Chuid 5*, más iomchuí, i dteannta toghcháin nua faoi *mhír (a)*.

(d) I gcás nach mbeidh lá socraithe faoin bhfo-alt seo chun toghchán nua a dhéanamh, ansin déanfar toghchán comhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann lá na gcéad toghchán áitiúil eile agus measfar, chun críocha na Coda seo, gur toghchán nua an toghchán sin.

(e) Gairtear tréimhse an chuir as oifig sa Chuid seo den tréimhse idir comhaltaí a chur as oifig agus an lá a thiocfaidh na comhaltaí nua a thoghfair i dtoghchán nua in oifig.

(2) Féadfaidh an tAire le hordú cibé foráil is gá a dhéanamh maidir le teacht in oifig daoine arna dtoghadh i dtoghchán nua nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)(d)* maidir leis; lena n-áirítear foráil maidir leis an gcrúinniú bliantúil a thionól tar éis dóibh teacht in oifig, maidir le gnó an chruinnithe sin agus maidir le nithe gaolmhara.

(3) I gcás ina mbeidh toghchán nua déanta de réir na Coda seo rachaidh téarma oifige comhaltaí arna dtoghadh sa toghchán nua in éag i gcomhthráth leis an gcéad ghnáthlá scoir eile do chomhaltaí údaráis áitiúil dá dtagraítear in *alt 17*.

Coimisinéirí a cheapadh, etc.

218.—(1) Chun a chumasú d'údarás áitiúil a ndearnadh a chomhaltaí a chur as oifig feidhmiú le linn thréimhse an chuir as oifig, déanfaidh an tAire ó am go ham aon duine nó daoine a cheapadh chun bheith ina choimisinéir nó ina coimisinéir nó ina gcoimisinéirí d'aon údarás áitiúil den sórt sin.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire—

- (a) aon choimisinéir d'údarás áitiúil a bheidh ceaptha faoin alt seo a chur as oifig agus duine eile a cheapadh chun bheith ina choimisinéir nó ina coimisinéir don údarás áitiúil sin ina áit nó ina háit,
- (b) i gcás ina mbeidh aon choimisinéir amháin nó níos mó ceaptha faoin alt seo d'údarás áitiúil, aon duine amháin nó níos mó a cheapadh chun bheith ina gcoimisinéirí breise don údarás áitiúil sin,
- (c) i gcás ina mbeidh 2 choimisinéir nó níos mó ceaptha faoin alt seo d'údarás áitiúil líon na gcoimisinéirí sin a laghdú agus chun na críche sin aon duine amháin nó níos mó de na coimisinéirí sin a chur as oifig,
- (d) foráil a dhéanamh maidir le hionadaí d'fheidhmiú feidhmeanna coimisinéara a bheidh as láthair de dheasca easláinte nó ar shlí eile, agus
- (e) i gcás ina mbeidh 2 choimisinéir nó níos mó ann d'údarás áitiúil, foráil a dhéanamh, i gcoitinne nó i dtaca le nithe ar leith, maidir leis na coimisinéirí sin do ghníomhú go leithleach nó i dteannta a chéile nó trí thromlach.

(3) Féadfaidh an tAire seilbh oifige aon choimisinéara a shocrú.

(4) Féadfaidh an tAire a ordú go n-íocfar luach saothair nó liúntais i gcomhair caiteachas le haon choimisinéir agus féadfaidh sé nó sí méid na híocaíochta a shocrú, agus déanfar an luach saothair sin nó na liúntais sin arna shocrú nó arna socrú amhlaidh a íoc as ioncaim an údaráis áitiúil iomchuí mar chuid dá chaiteachais ghinearálta.

219.—(1) (a) Faoi réir *fho-alt (3)*, le linn thréimhse an chuir as oifig déanfaidh an coimisinéir nó na coimisinéirí don údarás áitiúil sin gach feidhm a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, ar feidhm fhorchoimeáda í de chuid an údaráis áitiúil sin, nó ar feidhm í atá le feidhmiú ag an gCathaoirleach.

Coimisinéirí
d'fheidhmiú a
bhfeidhmeanna.

(b) Folaíonn tagairtí i *mír (a)* d'fheidhmeanna gach cumhacht cheadaitheach chun coiste a cheapadh.

(2) Le linn thréimhse an chuir as oifig maidir le haon achtachán lena ndéantar comhaltas coiste a shrianadh go hiomlán nó go páirteach go comhaltaí an údaráis áitiúil, beidh sé arna fhionraí.

(3) Ní dhéanfaidh aon choimisinéir nó aon choimisinéirí, de bhua gur coimisinéir é nó í nó gur coimisinéirí iad—

- (a) iarrthóir a ainmniú lena thoghadh nó lena toghadh chun oifig an Uachtaráin,
- (b) ainmniúcháin do Sheanad Éireann nó vótáil i dtoghcháin do Sheanad Éireann,
- (c) iarratas ar athrú ar líon comhaltaí an údaráis áitiúil faoi *alt 22*, nó
- (d) cibé feidhmeanna eile de chuid údaráis áitiúil a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire a fheidhmiú.

Comhlachtaí
nasctha.**220.**—(1) San alt seo—

ciallaíonn “an tAire cuí” an tAire den Rialtas a mbeidh feidhmeanna arna dtabhairt dó nó di i ndáil leis an gcomhlacht nasctha a bheidh i gceist;

ciallaíonn “comhlacht nasctha” bord sláinte arna bhunú faoin Acht Sláinte, 1970, Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, Bord Sláinte Limistéir arna bhunú faoin Acht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir), 1999, coiste gairmoideachais, coiste freastail scoile, bord cuain, comhchomhlacht agus aon chomhlacht eile—

- (a) a gceanglaítear le dlí é a bheith comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de dhaoine arna n-ainmniú, arna dtoghadh nó arna gceapadh ag údarás áitiúil nó ag 2 údarás áitiúla nó níos mó, nó
- (b) a gceanglaítear le dlí go mbeidh air aon duine amháin nó níos mó a shealbhaíonn comhaltas den chomhlacht nasctha sin de bhua gurb é nó í an Cathaoirleach é nó í nó trí aon oifig nó post eile a bhaineann le comhaltas d’údarás áitiúil a shealbhú.

(2) I gcás ina ndéanfar comhaltaí údarais áitiúil a chur as oifig faoin gCuid seo, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire cuí, ordú a dhéanamh faoin alt seo i ndáil le haon chomhlacht nasctha dá ndéanann an cur as oifig sin difear a mhéid a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an comhlacht lena mbaineann d’ainneoin an chuir as oifig sin agus, go háirithe, féadfaidh an t-ordú sin foráil a dhéanamh—

- (a) i gcás ina gceanglaítear le dlí an comhlacht nasctha lena mbaineann a bheith comhdhéanta go hiomlán de dhaoine arna n-ainmniú, arna dtoghadh nó arna gceapadh ag an údarás áitiúil lena mbaineann—
 - (i) maidir le feidhmeanna an chomhlachta nasctha sin a aistriú chuig an gcoimisinéir nó chuig na coimisinéirí don údarás áitiúil sin agus maidir leis an gcoimisinéir nó na coimisinéirí sin d’fheidhmiú agus do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin go díreach, nó
 - (ii) maidir le cibé socrú a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is fóirsteanach do cheapadh comhaltaí an chomhlachta nasctha sin, lena n-áirítear—
 - (I) daoine ar leith a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí, agus
 - (II) líon comhaltaí agus córam an chomhlachta nasctha sin a laghdú,

agus

- (b) i gcás go gceanglaítear le dlí an comhlacht nasctha lena mbaineann gan a bheith comhdhéanta ach go páirteach de dhaoine arna n-ainmniú, arna dtoghadh nó arna gceapadh ag an údarás áitiúil lena mbaineann, maidir le cibé socrú is cuí leis nó léi chun go líonfaí gach ceann nó aon cheann de na hionaid sin i gcomhaltas an chomhlachta nasctha sin a cheanglaítear le dlí a líonadh le daoine arna n-ainmniú, arna dtoghadh nó arna gceapadh ag an údarás áitiúil sin, lena n-áirítear—

- (i) duine nó daoine ar leith a cheapadh chun na hionaid sin a líonadh, agus
- (ii) líon na n-ionad sin a laghdú agus, de dhroim an laghdaithe sin, líon iomlán chomhaltaí agus córam an chomhlachta sin a laghdú.

(3) Le linn thréimhse an chuir as oifig, maidir le haon achtachán lena ndéantar comhaltas comhlachta nasctha a shrianadh go hiomlán nó go páirteach go comhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann, beidh sé arna fhionraí.

(4) Ní dhéanfaidh sé difear do mharthanacht comhlachta nasctha mar chomhlacht corpraithe an chumhacht a thugtar don Aire faoin gCuid seo a fheidhmiú.

CUID 22

ILGHNÉITHEACH

- 221.**—(1) (a) Tráth nach déanaí ná an 30ú lá de Mheitheamh gach bliain, déanfaidh gach comhairle contae agus comhairle cathrach tuarascáil (ar a dtabharfar an tuarascáil bhliantúil) a ullmhú agus a ghlacadh maidir le comhlíonadh a feidhmeanna i rith na bliana roimhe sin agus déanfaidh sí, a luaithe is féidir, cóip den tuarascáil bhliantúil a thabhairt do gach comhalta den chomhairle contae nó den chomhairle cathrach, de réir mar a bheidh, agus do cibé daoine eile a mheasfaidh sí is cuí. Tuarascáil bhliantúil.
- (b) Cuirfear dréacht den tuarascáil bhliantúil faoi bhráid chomhaltaí na comhairle contae nó na comhairle cathrach lena mbaineann tráth nach déanaí ná an 30ú lá d'Aibreán gach bliain.
- (2) Déanfar an méid seo a leanas a áireamh i dtuarascáil bhliantúil comhairle contae nó comhairle cathrach:
- (a) sonraí maidir leis na beartais, na cláir, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí eile a ndearna an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach iad a ghabháil de lámh;
 - (b) cibé sonraí a cheanglaítear le hait 48, 66, 75, 76, 134 agus 228;
 - (c) cibé sonraí a cheanglófar le foráil d'aon achtachán eile;
 - (d) sonraí i ndáil le haon achtanna ar glacadh leo nó orduithe, fodhlíthe, rialacha nó ionstraimí eile a rinneadh faoi reacht le rún ó chomhaltaí na comhairle contae nó na comhairle cathrach i rith na bliana lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil; agus
 - (e) cibé sonraí eile (lena n-áirítear ráitis airgeadais) a chinnfidh an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach nó a ordóidh an tAire.
- (3) Is feidhm fhorchoimeáda é comhairle contae nó comhairle cathrach do ghlacadh a tuarascála bliantúla.

- (4) (a) Déanfar cóipeanna de thuarascáil bhliantúil comhairle contae nó comhairle cathrach a chur ar fáil—
- (i) ag a príomhoifigí le linn gnáthuaireanta oifige lena n-
iniúchadh nó lena gceannach ag daoine den phobal,
agus
- (ii) i leabharlanna poiblí laistigh den chontae nó den
chathair lena mbaineann.
- (b) Féadfaidh comhairle contae nó comhairle cathrach lena
mbaineann an praghas ceannaigh ar thuarascáil bhliantúil
na comhairle contae nó na comhairle cathrach a
chinneadh.
- (c) Tabharfaidh comhairle contae nó comhairle cathrach fógra
poiblí faoin dáta óna ndéanfar tuarascáil bhliantúil a chur
ar fáil amhlaidh de réir *mhír (a)*.
- (5) (a) Maidir le tuarascáil bhliantúil arna hullmhú ag comhairle
contae, chun caoithiúlacht an phobail, féadfaidh faisnéis
a bheith inti maidir le comhlíonadh feidhmeanna aon
chomhairle baile atá suite laistigh dá contae.
- (b) Féadfaidh comhairle baile tuarascáil bhliantúil, nó
tuarascáil le haghaidh cibé tréimhse eile a chinnfidh sí,
maidir le comhlíonadh a feidhmeanna le linn na tréimhse
sin a ghlacadh.
- (c) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* go *(4)* maidir le haon tuarascáil
dá dtagraítear i *mír (b)* amhail is dá mba thagairtí do
chomhairle baile tagairtí do chomhairle contae nó do
chomhairle cathrach agus faoi réir cibé modhnuithe eile
is gá.

Tuairisceáin,
faisnéis don Aire.

222.—Déanfaidh údarás áitiúil cibé tuairisceáin thréimhsiúla nó
tuairisceáin eile nó faisnéis eile maidir le comhlíonadh a
fheidhmeanna a éileoidh an tAire ó am go ham a sholáthar dó nó di.

Toghranna.

223.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, limistéar aon chontae,
aon chathrach nó aon bhaile a roinnt ina limistéir ar a dtabharfar
toghranna agus féadfaidh sé nó sí ainm aon roinne den sórt sin a
athrú nó coigeartuithe a dhéanamh ar theorainneacha aon roinne nó
ranna den sórt sin.

(2) Léifear aon tagairt in aon achtachán do thoghroinn ceantair
nó do bharda mar thagairt do thoghroinn.

Tuarascáil ó dhuine
údaraithe.

224.—(1) San alt seo, ciallaíonn “duine údaraithe” duine a bheidh
údaraithe i scríbhinn chun críocha an ailt seo ag an Aire.

(2) (a) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar dhuine údaraithe
tuarascáil a ullmhú don Aire i ndáil le haon ní a éireoidh
as aon cheann de na feidhmeanna a bheidh tugtha don
Aire de thuras na huairé nó a bhainfidh leis nó i ndáil le
comhlíonadh aon cheann d’fheidhmeanna údaráis áitiúil
amháin nó níos mó.

(b) Beidh duine atá údaraithe chun críocha an ailt seo i
dteideal, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon talamh

nó áitreabh nó déanmhas (seachas teaghais) atá ar úinéireacht, arna úsáid, arna rialú nó arna bhainistiú ag údarás áitiúil agus an céanna a iniúchadh, agus tabharfaidh an t-údarás áitiúil (a chomhaltaí agus a fhostaithe) gach saoráid agus gach comhoibriú dó nó di lena n-áirítear faisnéis a thabhairt a éileoidh sé nó sí le réasún agus beidh rochtain aige nó aici ar na doiciméid, na hábhair, na rudaí, nó ar an bhfaisnéis eile go léir a éileoidh sé nó sí le réasún.

(3) Aon duine a chuirfidh cosc nó bac ar dhuine údaraithe, nó a dhiúltóidh déanamh de réir iarrata ó dhuine údaraithe, ag gníomhú dó nó di i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a thugtar dó nó di le *fo-alt (2)(b)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Féadfaidh an tAire imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thabhairt.

225.—(1) San alt seo, ciallaíonn “comhlachas údarás áitiúil” Ardchomhairle na gComhairlí Contae agus Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann nó aon chomhlacht eile a bhunófar in ionad ceachtar de na comhlachtaí sin nó in ionad an dá cheann acu, agus a mbeidh comhaltas an chomhlachais sin arna chomhdhéanamh ag údarás áitiúla agus arb í feidhm ghinearálta an chomhlachais sin a bheith ionadaitheach do leasanna comhchoiteanna na n-údarás áitiúil a chomhdhéanann a chomhaltas (dá ngairtear “comhúdarás” san alt seo). Comhlachais údarás áitiúil.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil comhaltas comhlachais údarás áitiúil a shealbhú.

(3) Féadfaidh comhlachas údarás áitiúil cibé gníomhaíochtaí a dhéanamh is gá chun a bheith ionadaitheach do leasanna comhchoiteanna na n-údarás áitiúil a chomhdhéanann a chomhaltas, lena n-áirítear—

- (a) taighde agus staidéar eile a ghabháil de lámh,
- (b) oideachas agus oiliúint a chur chun cinn,
- (c) tacaíocht i leith beartais agus cabhair eile a sholáthar dá chomhúdarás maidir le haon ní a bhaineann le rialtas áitiúil, nó
- (d) aighneachtaí a dhéanamh chuig an Aire nó chuig údarás phoiblí eile maidir le nithe den sórt sin.

(4) Oibreoidh comhlachas údarás áitiúil de réir a bhunreachta nó de réir rialacha nós imeachta eile (cibé ainm a thabharfar orthu).

(5) Gan dochar d’aon fhorálacha eile a fhéadfaidh a bheith i rialacha nós imeachta comhlachais údarás áitiúil, leagfaidh na rialacha sin amach feidhmeanna agus cuspóirí ginearálta an chomhlachais agus déanfar foráil iontu—

- (a) maidir leis an gcomhlachas do ghlacadh meastacháin bhliantúla caiteachais agus ioncaim,

- (b) maidir leis na cuntais go léir a choimeád is cuí agus is leordhóthanach ar an airgead go léir a fuair sé nó a chaith sé agus ar a shócmhainní agus a dhliteanais,
- (c) maidir leis na cuntais sin a iniúchadh,
- (d) maidir le tuarascáil bhliantúil faoi chomhlíonadh a fheidhmeanna a ghlacadh, agus
- (e) maidir le cibé nithe eile is gá d'fhonn éifeacht a thabhairt don fheidhm atá aige a bheith ionadaitheach do leasanna comhchoiteanna a chomhúdarás agus d'fhonn éifeacht a thabhairt do na nithe a leagtar amach i *bhfo-alt (6)*.

(6) I gcás ina sealbhóidh údarás áitiúil comhaltas comhlachais údarás áitiúil, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) féadfaidh an t-údarás áitiúil cibé líon toscairí chun an comhlachais a bheidh sonraithe i rialacha nós imeachta an chomhlachais sin a thoghadh;
- (b) féadfaidh an t-údarás áitiúil ranníocaí bliantúla a dhéanamh le cistí an chomhlachais;
- (c) féadfaidh an comhlachas íocaíochtaí a dhéanamh lena toscairí le haghaidh costas arna dtabhú i leith taistil agus cothú a bhaineann le gnó an chomhlachais ar an mbonn a bheidh leagtha amach ina rialacha nós imeachta;
- (d) soláthróidh an comhlachas don údarás áitiúil cóip dá rialacha nós imeachta agus rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás áitiúil maidir le haon athruithe beartaithe ar na rialacha sin;
- (e) soláthróidh an comhlachas don údarás áitiúil agus don Aire—
 - (i) cóip dá dhréacht-mheastacháin,
 - (ii) cóip de na meastacháin, ar iad bheith glactha,
 - (iii) cóip de na cuntais iniúchta, den tuarascáil bhliantúil, agus
 - (iv) cibé tuarascálacha nó ráitis eile de chuid an chomhlachais is cuí leis;
- (f) leagfaidh na meastacháin bhliantúla amach na príomhearnálacha caiteachais agus ioncain agus léireoidh siad conas a bhaineann siad seo le riachtanais airgeadais mheasta an chomhlachais don tréimhse iomchuí;
- (g) déanfaidh an t-údarás áitiúil agus an comhlachas de réir cibé ordacháin ghinearálta a eiseoidh an tAire—
 - (i) i ndáil leis an bhfoirm agus leis na hearnálacha ina ndéanfar ioncam agus caiteachas faoin alt seo a thaispeáint i meastacháin agus i gcuntais, agus
 - (ii) i ndáil le cibé nithe eile is cuí leis an Aire chun críocha an ailt seo.

(7) Chun críocha an ailt seo, beidh aird ag comhlachas údarás áitiúil i gcúrsa a ghníomhaíochtaí—

- (a) ar an bhfeidhm ghinearálta atá aige a bheith ionadaitheach do leasanna comhchoiteanna a chomhúdarás,
- (b) ar leasanna rialtais áitiúil i gcoitinne agus na hionadaíochta daonlathaí do phobail áitiúla a chur chun cinn,
- (c) ar chostais agus sochair dhóchúla a ghníomhaíochtaí dá chomhúdarás,
- (d) ar an ngá atá le héifeachtacht, le héifeachtúlacht agus le tíos i gcomhall a ghnó, agus chun éilimh ar acmhainní a chomhúdarás a mhaolú, agus
- (e) ar aon aighneachtaí arna ndéanamh chuige ag comhúdarás de bhun *fho-alt (6)(d)* nó *(e)* nó ar shlí eile, nó ag an Aire.

(8) Is feidhm fhorchoimeáda é an cinneadh chun comhaltas comhlachais údarás áitiúil a shealbhú nó chun scor den chomhaltas sin a shealbhú.

(9) Léifear aon tagairt in aon achtachán do “comhlachas chomhairlí contae na hÉireann”, “Comh-chomhairle Chomhairlí Contae na hÉireann”, nó “Ardchomhairle na gComhairlí Contae” nó d’aon abairt chomhchosúil mar thagairt d’Ardchomhairle na gComhairlí Contae dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó mar thagairt don chomhlacht sin faoi cibé ainm a bheidh air de thuras na huaire.

226.—(1) Féadfaidh comhalta d’údarás áitiúil, as a cheart nó as a ceart féin, comhaltas a shealbhú sa chomhlachas ar a dtugtar Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil agus féadfaidh comhaltaí údarás áitiúil duine a cheapadh chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh ar an gcomhlachas sin.

Cumann
Chomhaltaí na
nÚdarás Áitiúil.

(2) Beidh feidhm ag *fo-ailt (3)* go *(8) d’alt 225* fara aon mhodhnuithe is gá chun críocha an ailt seo.

(3) Ní léifear aon ní i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)* nó in *alt 225* mar ní lena gcoisctear comhlacht aontaithe a bhunú chun é chur in ionad na gcomhlachtaí a luaitear sna forálacha sin agus chun ionadaíocht a dhéanamh do rialtas áitiúil agus a chomhaltaí tofa.

227.—(1) Measfar teorainn mhuirí contae, cathrach nó baile, an lá bunaithe de bhua an fho-ailt seo, a bheith cothrom leis an ngnáthlíne bharr láin de thuras na huaire, ach amháin más rud é de réir *alt 10(4)*, go sroicheann an teorainn sin thar an líne bharr láin sin cheana féin.

Talamh míntírthe
agus déanmhais a
bheith mar chuid de
limistéar údarás
áitiúil.

- (2) (a) Chun amhras a sheachaint agus gan dochar *d’fho-alt (1)* dearbhaítear leis seo go ndéanfar, d’ainneoin fhorálacha aon achtacháin eile, chun gach críoch, lena n-áirítear na feidhmeanna go léir a thugtar d’údarás áitiúil leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile, an talamh go léir atá taobh thuas den ngnáthlíne bharr láin de thuras na huaire agus a fhoirmítear trí mhíntíríú nó trí oibreacha foirgníochta eile nó trí bhreisiú nádúrtha nó ar shlí eile a áireamh sa chontae nó sa chathair lena bhfuil sé sínte nó ceangailte agus go mbeidh sé mar chuid den chéanna nó i gcás ina bhfuil sé tadhach nó ceangailte le níos mó ná

aon chontae nó aon chathair amháin den sórt sin i gcoibhneas le méid na comhtheorann agus beidh teorainn an chontae sin nó na cathrach sin arna hathrú dá réir sin.

(b) I gcás ina bhfoirmíonn talamh dá dtagraítear i *mír (a)* cuid de chontae nó de chathair déanfar é a áireamh chun gach críoch de bhua na míre seo freisin in aon bhaile nó aon cheantar riaracháin, toghcheantar, nó ceantar geografaíochta eile lena bhfuil sé tadhlaigh agus atá suite laistigh den chontae nó den chathair sin agus beidh sé mar chuid den chéanna nó i gcás ina bhfuil sé tadhlaigh le níos mó ná aon cheantar amháin den sórt sin i gcoibhneas le méid chomhtheorainn na gceantar sin.

(c) San alt seo agus chun críocha léiriúcháin amháin agus gan srian ar an míniú ar thalamh in *alt 2* mar ní a fholáíonn déanamhas, léifear talamh mar ní a fholáíonn píaraí, calaí, lamairní, tonnchoscanna, siúlbealaí, droichid, piolín, umair nó suiteálacha, trealamh nó gaireas eile.

(3) I gcás ina dtiocfaidh údarás áitiúil ar an eolas go bhfuil, de bhua an ailt seo, talamh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)* tagtha chun bheith ina chuid dá limistéar riaracháin, cuirfidh an t-údarás an méid sin in iúl don Phríomh-Shuirbhéir Teorann.

Údarás áitiúil do ghlacadh bronntanas.

228.—(1) San alt seo, foláíonn “údarás áitiúil” comhchoiste leabharlainne.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil bronntanais airgid, talún nó maoinne eile a ghlacadh ar na hiontaobhais nó na coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.

(3) Ní ghlacfaidh údarás áitiúil bronntanas más rud é go mbeadh na hiontaobhais nó na coinníollacha a ghabhann leis ar neamhréir le comhlíonadh éifeachtach a fheidhmeanna, nó go ndéanfaidís dochar don chéanna.

(4) Foilseoidh údarás áitiúil, de réir mar is cuí, ina thuarascáil bhliantúil sonraí i dtaobh na mbronntanas go léir a ghlac sé le linn thréimhse na tuarascála.

(5) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena srianfar an ceart atá ag aon údarás áitiúil chun leanúint de bhronntanais mhaoine a bheidh glactha aige roimh an lá bunaithe faoin Acht Údarás Áitiúla (Bronntais do Ghlacadh), 1945, a shealbhú agus a riaradh.

Cumhacht údarás áitiúil chun conarthaí a dhéanamh, etc.

229.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil conradh a dhéanamh le haon duine i ndáil le haon ní a éireoidh maidir le feidhmeanna an údaráis áitiúil.

(2) Déanfaidh údarás áitiúil de réir aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire nó ag Aire eile den Rialtas maidir le conarthaí nó maidir le tairiscintí a lorg, a ghlacadh agus a scrúdú.

(3) Aon chonradh nó ionstraim nach gceanglaítear é nó í a bheith faoi shéala i gcás gur phearsa aonair a dhéanfaidh nó a fhorghníomhóidh é nó í féadfaidh an bainisteoir de réir *alt 149(5)* nó fostaí a bheidh ainmnithe go ginearálta nó go speisialta le hordú ón mbainisteoir chuige sin é nó í a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann an údaráis áitiúil.

(4) Féadfaidh údarás áitiúil cibé sainchomhairleoirí, comhairleoirí nó daoine eile a fhrúiliú a mheasfaidh sé is gá lena fheidhmeanna a chomhall.

(5) Ní léifear an t-alt seo ionas go gcuirfear teorainn le scóip *alt* 65 maidir le feidhmeanna coimhdeacha údarás áitiúil.

(6) Ní léifear an t-alt seo ionas go gceadófar feidhm fhorchoimeáda údarás áitiúil a fheidhmiú seachas ag údarás áitiúil.

230.—(1) San alt seo—

Comhbhoird
adhlacktha.

ciallaíonn “údarás áitiúil iomchuí”—

- (a) i gcás ina ndéanann dhá chomhairle contae ranníoc le cistiú an chomhlachta shonraithe, an chomhairle contae a bhfuil an talamh adhlacktha suite laistigh dá chontae,
- (b) i gcás ina ndéanann comhairle contae agus aon údarás áitiúil eile ranníoc amhlaidh, faoi réir *mhír (c)*, an chomhairle contae a bhfuil an talamh adhlacktha suite laistigh dá chontae,
- (c) i gcás ina ndéanann an chomhairle contae agus an t-údarás áitiúil eile lena mbaineann dearbhú le rún arna rith laistigh de 6 mhí ón tráth a dhéanfar ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* ach roimh an lá aistrithe gurb é an t-údarás áitiúil eile sin a bheidh ina údarás áitiúil iomchuí, cibé údarás áitiúil eile a bheidh dearbhaithe amhlaidh;

ciallaíonn “comhlacht sonraithe” comhbhord adhlacktha nó comhchoiste reilige a bheidh sonraithe in ordú arna dhéanamh faoin alt seo.

(2) (a) Féadfaidh an tAire le hordú lá a shocrú (dá ngairtear an “lá aistrithe” san alt seo) i leith comhlachta shonraithe is lá ar a mbeidh an comhlacht díscailte agus ar a scoirfidh sé de bheith ann agus tiocfaidh an t-údarás áitiúil iomchuí chun bheith agus beidh sé, chun gach críoch, ina chomharba ar an gcomhlacht sonraithe sin.

(b) Ní thitfidh an lá aistrithe a shocrófar le hordú ar lá is luaithe ná 6 mhí tar éis an t-ordú a dhéanamh.

(3) Le héifeacht ón lá aistrithe aistreofar na nithe seo a leanas chuig an údarás áitiúil iomchuí—

- (a) an talamh agus an mhaoín eile go léir (agus na cearta go léir a bhaineann leis an talamh agus leis an maoín eile sin) a bheidh ar seilbh nó ar teachtadh díreach roimh an lá sin ag an gcomhlacht sonraithe,
- (b) na dliteanais go léir a bheidh tabhaithe roimh an lá sin ag an gcomhlacht sonraithe agus nach mbeidh urscailte roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, amhail ar an agus ón lá sin, gan tíolacadh, aistriú nó sannadh ar bith eile—

- (i) dílseoidh an mhaoín sin, réadach agus pearsanta, an lá sin, don údarás áitiúil iomchuí ar feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir dá raibh sí, díreach roimh an lá sin,

dílsithe don chomhlacht sonraithe, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann dífeáir don mhaoín agus atá inchomhlíonta,

- (ii) beidh na cearta sin le teachtadh ag an údarás áitiúil iomchuí, agus
- (iii) beidh na dliteanais sin ina ndliteanais de chuid an údaráis sin.

(4) Déanfar an t-airgead agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an údarás áitiúil iomchuí leis an alt seo agus a bheidh, díreach roimh an lá aistrithe, in ainm an chomhlachta shonraithe, ar an údarás áitiúil iomchuí é a iarraidh, a aistriú isteach ina ainm.

(5) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear chuig an údarás áitiúil iomchuí leis an alt seo, féadfaidh an t-údarás áitiúil iomchuí, ar an lá aistrithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú, nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, nó é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú i gcoinne an údaráis áitiúil iomchuí, ina ainm féin agus ní gá don údarás fógra faoin aistriú a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an alt seo.

(6) Gach conradh nó comhaontú a bheidh déanta idir comhlacht sonraithe, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire de chuid an chomhlachta ag gníomhú dó nó di thar a cheann, agus aon duine eile, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá aistrithe, leanfaidh sé i bhfeidhm ar an lá sin agus dá éis agus—

- (a) léifear é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an t-údarás áitiúil iomchuí sa chonradh nó sa comhaontú in ionad an chomhlachta shonraithe nó, de réir mar a bheidh, in ionad a iontaobhaí nó a gníomhaire ag gníomhú dó nó di thar a cheann, agus,
- (b) beidh sé infhorfheidhmithe i gcoinne an údaráis áitiúil iomchuí sin.

(7) Más rud é, díreach roimh an lá aistrithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh in aon chúirt nó binse agus gur páirtí sna himeachtaí an comhlacht sonraithe, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire de chuid comhlachta shonraithe ag gníomhú dó nó di thar a cheann, cuirfear ainm an údaráis iomchuí in ionad ainm an chomhlachta shonraithe nó, de réir mar a bheidh, in ionad ainm an iontaobhaí nó an gníomhaire sin de chuid an chomhlachta shonraithe, sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an ionadú sin.

Comhchoistí siltin.

231.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, le hordú, a fhoráil go mbeidh éifeacht leis an alt seo i leith comhchoiste siltin a bheidh sonraithe san ordú ó dháta a shonrófar amhlaidh.

- (2) (a) San fho-alt seo, ciallaíonn “na húdaráis áitiúla iomchuí” na comhairlí contae nó na comhairlí cathrach a dhlífidh cistí a sholáthar don chomhchoiste siltin lena mbaineann.
- (b) I gcás ina ndéanfar ordú faoi *fho-alt (1)*, ansin, ón dáta a bheidh sonraithe san ordú, díscailfear an comhchoiste siltin arna shonrú amhlaidh agus scoirfidh sé de bheith ann agus tiocfaidh feidhmeanna an choiste sin chun

bheith agus beidh siad ina bhfeidhmeanna de chuid na n-údarás áitiúil iomchuí agus beidh siad dílsithe do na húdaráis áitiúla iomchuí ar feadh an oiread sin den cheantar siltin atá laistigh dá limistéir riaracháin.

- (c) Féadfaidh na húdaráis áitiúla iomchuí cibé comhshocruithe a dhéanamh is gá chun feidhmeanna an chomhchoiste siltin dhíscaoilte a chur i gcrích.
- (3) (a) Déanfaidh an bainisteoir do chomhchoiste siltin lena mbaineann ordú faoi *fho-alt (1)* gach beart is gá—
- (i) mar ullmhúchán chun an coiste a dhíscaoileadh agus ag éirí as, agus chun a ghnóthaí a fhoirceannadh go ginearálta, agus
- (ii) chun cibé comhshocruithe nó socrúithe eile a dhéanamh is gá chun a fheidhmeanna a chur i gcrích.
- (b) Beidh sé de dhualgas ar na húdaráis áitiúla lena mbaineann comhoibriú maidir le haon socrúithe faoi *mhír (a)(ii)* a oibriú.

232.—Más rud é, maidir le haon ní, go n-éireoidh aon deacracht i ndáil le haon fhoráil den Acht seo a thabhairt i ngníomh nó i ndáil le hoibriú aon fhorála den sórt sin, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní a dhéanamh is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an deacracht sin a dhíchur, chun an fhoráil sin a thabhairt i ngníomh nó chun a hoibriú a áirithiú nó a éascú agus féadfar, le haon rialacháin den sórt sin, aon fhoráil den Acht seo nó d'aon achtachán eile a mhodhnú a mhéid is riachtanach nó is fóirsteanach chun na gcríoch sin, ach ní dhéanfar aon rialacháin faoin alt seo i ndáil le foráil den Acht seo tar éis 3 bliana a bheith caite ó thosach feidhme na forála sin.

Rialacháin chun deacrachtaí a dhíchur.

233.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, más rud é, i dtuairim an Aire, gur mhainnigh údarás áitiúil nó gur mhainnigh sé go substainteach déanamh de réir dualgais reachtúil faoi aon achtachán, féadfaidh an tAire íocaíocht aon deontais nó aon airgid eile a bheith dlíte don údarás áitiúil nó iníoctha leis ar shlí eile a laghdú nó a choimeád siar.

Deontais etc. a laghdú in imthosca áirithe.

(2) Tabharfaidh an tAire fógra i scríbhinn don údarás áitiúil lena mbaineann go bhfuil ar intinn aige nó aici na feidhmeanna a thugtar le *fo-alt (1)* a fheidhmiú agus luafaidh sé nó sí na cúiseanna atá leis agus féadfaidh an t-údarás áitiúil sin, laistigh den tréimhse 3 seachtaine tar éis an fógra sin a thabhairt, aighneacht a dhéanamh i scríbhinn chuig an Aire maidir leis an ní agus beidh aird ag an Aire ar aon aighneacht den sórt sin a gheofar amhlaidh.

234.—(1) I gcás ina ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúltheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon stiúrthóra, bainisteora, rúnaí nó oifigigh eile dá shamhail de chuid an chomhlachta, nó aon duine a d'éiligh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an t-oifigeach nó an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mba é nó í a rinne an cion céadluaite.

Cion ag comhlacht corpraithe.

(2) I gcás inarb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn a ghnóthaí, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna bainistíochta nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrtóir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

Imeachtaí achoimre a thosú.

235.—D’ainneoin fhorálacha alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, maidir le himeachtaí achoimre i ndáil le cion faoin Acht seo féadfar, faoi réir *alt 181(8)* i dtaca le himeachtaí den sórt sin i leith ciona faoi *Chuid 15*, iad a thosú tráth ar bith laistigh de 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion.

Comhall feidhmeanna áirithe ag an Aire.

236.—(1) San alt seo, ciallaíonn “oifigeach” oifigeach don Aire ar státseirbhíseach bunaithe chun críocha Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, é nó í.

(2) Féadfaidh an tAire tarmligean a dhéanamh ar aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna—

(a) faoin Acht seo,

(b) faoi aon achtachán a luaitear i *gCuid 1* de *Sceideal 12*, nó

(c) faoi aon achtachán eile, a mhéid a bhaineann sé le húdaráis áitiúla nó nithe gaolmhara,

ar feidhmeanna iad a bheidh sonraithe sa tarmligean.

(3) Beidh gach tarmligean faoin alt seo i scríbhinn chuig oifigeach ainmnithe nó chuig oifigeach de ghrád sonraithe, de phost sonraithe nó de thairisc shonraithe.

(4) Féadfaidh an tAire tarmligean faoin alt seo a chúlghairm.

(5) Aon tarmligean faoin alt seo is tarmligean é gan dochar do cheart an Aire an fheidhm lena mbaineann a fheidhmiú.

(6) Feidhmeoidh agus comhlíonfaidh an t-oifigeach tarmligthe gach feidhm a tharmligfear faoin alt seo faoi réir mhaoirseacht ghinearálta agus rialú an Aire agus cibé teorainneacha (más ann) a bheidh sonraithe sa tarmligean nó a fhéadfaidh an tAire a shonrú i scríbhinn aon tráth dá éis sin.

(7) Measfar gur tarmligean faoin alt seo tarmligean arna dhéanamh faoi alt 61 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, agus leanfaidh sé d’éifeacht a bheith leis dá réir sin agus léifear aon tagairt sa tarmligean sin d’fheidhm de chuid an Aire faoi aon achtachán a aisghairtear leis an Acht seo mar thagairt don fhoráil chomhréire den Acht seo.

Údaráis réigiúnacha, feidhmeanna.

237.—Beidh agus measfar go raibh riamh ag údarás réigiúnach a bunaíodh leis an Ordú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údaráis Réigiúnacha) (Bunú), 1999 (I.R. Uimh. 226 de 1999), a rinneadh faoi alt 43 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, cibé feidhmeanna i dtaca le cúnaimh ó na Comhphobail Eorpacha a bheidh sonraithe san ordú sin.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001.* [Uimh. 37.]

CUID 23

Temple Bar Properties Limited A AISTRIÚ CHUIG COMHAIRLE
CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

238.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1991” an tAcht um Míniú (*Cuid 23*).
Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991.

239.—Déanfaidh an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a *Temple Bar*
scairsealbhán in *Temple Bar Properties Limited* a aistriú chuig *Properties Limited* a
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. aistriú chuig
Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath.

240.—Leasaítear Acht 1991 tríd an méid seo a leanas a chur in Scairshealbhóir in
ionad alt 10— *Temple Bar*
Properties Limited.

“10.—D’ainneoin aon fhorála d’Achtanna na gCuideachtaí,
1963 go 1999, is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, trína
hainmnithigh, an t-aon scairsealbhóir amháin a bheidh ag
Temple Bar Properties Limited.”.

241.—I gcás ina dtiocfaidh *alt 239* nó an leasú dá bhforáiltear le Idirthréimhseach
halt 240 i ngníomh roimh an lá bunaithe dá bhforáiltear le *halt 9*, (*Cuid 23*).
léifear tagairtí sna forálacha sin do Chomhairle Cathrach Bhaile
Átha Cliath, go dtí go dtiocfaidh siad i ngníomh, mar thagairtí d’Ard-
Mhéara, Seanóirí agus Buirgéisigh chathair Bhaile Átha Cliath.

242.—Aisghairtear ailt 12, 13, 14 agus 16 d’Acht 1991. Aisghairm (*Cuid*
23).

CUID 24

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA

243.—I dteannta na leasuithe dá bhforáiltear le *halt 42* (a Leasú ar an Acht
bhaineann le dírtoghcháin), déantar an tAcht Toghcháin, 1992, a Toghcháin, 1992.
leasú tuilleadh in alt 165(8)(b) trí “an *Achta Rialtais Áitiúil, 2001*” a
chur in ionad “Chuid VI den Acht Toghcháin, 1963”.

244.—Leasaítear alt 31 d’Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Leasú ar Acht na
Siúil), 1998, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 31: dTithe (Cóiríocht
don Lucht Siúil),
1998.

“Tuarascáil 31.—Taifeadfar i dtuarascáil bhliantúil údaráis
bhliantúil agus áitiúil arna hullmhú de réir *alt 221* den *Acht*
gníomhaíochtaí *Rialtais Áitiúil, 2001*, sonraí maidir le
coiste gníomhaíochtaí an choiste chomhairligh áitiúil
chomhairligh agus maidir leis na bearta a rinneadh chun a
áitiúil agus maidir leis na bearta a rinneadh chun a
áirithiú go gcuirfí clár cóiríochta i ngníomh don
limistéar feidhme lena mbaineann le linn na
tréimhse dá dtagraíonn an tuarascáil.”.

245.—Leasaítear Acht na mBóithre, 1993, tríd an méid seo a Leasú ar Acht na
leanas a chur isteach tar éis alt 15 den Acht sin: mBóithre, 1993.

“Ceanglais 15A.—Ní thógfaidh ná ní atógfaidh údarás
maidir le bóithre—
hiarnróid,
canálacha etc.

- (a) droichead nó tarbhealach thar iarnród, nó tollán faoi iarnród, ach amháin le toiliú an Aire Fiontar Poiblí, nó
- (b) droichead nó tarbhealach thar aon uiscebhealach intíre de réir bhrí Acht an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (Cumhachtaí agus Feidhmeanna), 1998, nó thar aon uisce inseolta, nó tollán faoi aon cheann den chéanna, ach amháin le toiliú an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.”.

Leasú ar Acht na Seamlas, 1988.

246.—Leasaítear alt 35 d’Acht na Seamlas, 1988—

(a) trí “nó páirtaimseartha” a chur isteach tar éis “lánaimseartha” i bhfo-alt (1)(a);

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Beidh feidhm ag forálacha *alt 85 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001*, maidir le cigire tréidliachta lánaimseartha nó páirtaimseartha a cheapadh de bhun an ailt seo faoi réir an mhodhnaithe nach ndéanfaidh údarás áitiúil an comhaontú dá dtagraítear san *alt sin 85* mura mbeidh toiliú an Aire faighte i dtosach.”;

(c) trí “*alt 85* (arna mhodhnú le fo-alt (4) den alt seo) den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001*,” a chur in ionad “*alt 59* (arna mhodhnú le fo-alt (4) den alt seo) den Acht Rialtais Áitiúil, 1955,” i bhfo-ailt (5) agus (6).

Leasuithe breise ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

247.—I dteannta leasuithe ar Acht 2000 dá bhforáiltear i Sceideal 4 (a bhaineann le leasuithe ar mionleasuithe iad agus atá iarmhartach ar an Acht seo) déantar Acht 2000 a leasú tuilleadh—

(a) trí “chuig aon choimisinéirí baile agus aon bhoird forbartha cathrach agus contae laistigh den limistéar,” a scriosadh i mír (a) d’alt 12(1),

(b) in alt 106(3)—

(i) trí “líon comhaltaí breise nach mó ná 6” a chur in ionad “líon comhaltaí breise nach mó ná 5” i mír (a), agus

(ii) trí “líon comhaltaí breise is mó ná 6 ach nach mó ná 12” a chur in ionad “líon comhaltaí breise is mó ná 5 ach nach mó ná 10”, i mír (b),

(c) in alt 134, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) (a) Faoi réir alt 218, i gcás ina measann an Bord é a bheith riachtanach nó fóirsteanach d’fhonn breith a thabhairt i leith aon cheann dá fheidhmeanna faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, féadfaidh sé, dá lánrogha féin, éisteacht ó bhéal a sheoladh, agus déanfaidh sé, i dteannta aon cheanglas eile faoin Acht seo

nó faoi achtachán eile, de réir mar is cuí, an tuarascáil agus aon mholtaí ón duine a bheidh ag seoladh na héisteachta ó bhéal a bhreithníú sula dtabharfaidh sé an bhreith sin.

- (b) Beidh feidhm ag alt 135 maidir le haon éisteacht ó bhéal a sheolfar de réir mhír (a) agus forléireofar an t-alt sin dá réir sin.”,
- (d) trí “an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997” a chur in ionad “an Achta um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973”, gach áit a bhfuil sé, in alt 141,
- (e) in alt 156(1)—
- (i) trí “alt” a chur in ionad “ailt”, agus
- (ii) trí “239 nó 247” a chur in ionad “239 agus 247”,
- (f) trí “iarratas ar chead chun forbairt neamh-údaraithe a choinneáil” a chur in ionad “iarratas ar chead a choinneáil” in alt 162(3),
- (g) trí “Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992” a chur in ionad “Acht seo” in alt 175(10)(e),
- (h) trí mhír (c) d’alt 179(1) a scriosadh,
- (i) trí “, nó chun cibé críocha a cheadóidh an tAire cibé acu go ginearálta nó i ndáil le cásanna nó imthosca sonrathite” a chur isteach tar éis “a chaitheamh go cuí chuici”, in alt 211 (4),
- (j) in alt 214(2)(f)—
- (i) tríd “agus 80” a chur in ionad “, 80 agus 85”, i bhfomhír (i), agus
- (ii) trí fhomhír (ii) a scriosadh,
- (k) in alt 221 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):
- “(9) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe breise, teagmhasacha, iarmhartacha nó forlíontacha i ndáil le nós imeachta i leith na bhfeidhmeanna a aistrítear don Bhord faoi alt 214 nó 215 is dealraitheach don Aire is gá nó is fóirsteanach.”,
- (l) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 249(2)—
- “(2) I gcás ina gceanglaítear le haon fhoráil den Acht seo nó d’aon rialacháin arna ndéanamh faoi, fógra a thabhairt d’aon duine a mbeidh uiríll nó aighneachtaí déanta aige nó aici chuig údarás pleanála nó chuig an mBord nó tuairimí tugtha aige nó aici dó, féadfaidh an t-údarás pleanála nó an Bord an ceanglas sin a ligean thar ceal más rud é—
- (a) go mbeidh líon mór uiríoll nó aighneachtaí déanta nó líon mór tuairimí tugtha mar chuid d’fheachtas eagraithe, nó

- (b) nach bhféadfar go héasca ainm agus seoladh iomlán na ndaoine sin a rinne na huirill nó na haighneachtaí nó a thug na tuairimí a fhionnadh,

ar choinníoll go n-úsáidfídh an t-údarás nó an Bord modh éigin eile chun fógra a thabhairt don phobal ar modh é ar deimhin leis an údarás nó leis an mBord gur féidir leis aird an phobail a tharraingt go leormhaith ar an bhfógra sin lena n-áirítear, i gcás feachtais eagraithe dá dtagraítear i mír (a), fógra a thabhairt d'aon duine a rinne, i dtuairim an údarais pleanála nó an Bhoird, an feachtas a eagrú.”,

agus

- (m) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 20 den Cheathrú Sceideal:

“20A. Ní bheadh an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le scéim pleanála a bheidh i bhfeidhm i leith creasa forbartha straitéisí.”.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001.* [*Uimh. 37.*]

SCEIDEAL 1

Alt 1(2).

NA hACHTANNA A FHOLAÍTEAR SA CHOMHLUA – *Na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2001*

Uimhir agus Bliain	Gearrtheideal
Uimh. 5 de 1925	An tAcht Rialtais Áitiúla, 1925
Uimh. 3 de 1927	An tAcht Rialtais Áitiúla, 1927
Uimh. 23 de 1941	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941
Uimh. 24 de 1946	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946
Uimh. 9 de 1955	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1955
Uimh. 40 de 1960	An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960
Uimh. 2 de 1968	An tAcht Rialtais Áitiúil (Bun Cranncha), 1968
Uimh. 15 de 1971	An tAcht Rialtais Áitiúil (Inráititheacht Chíosanna) (Cealú), 1971
Uimh. 35 de 1978	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978
Uimh. 10 de 1983	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1983
Uimh. 21 de 1983	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais) (Uimh. 2), 1983
Uimh. 7 de 1985	An tAcht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985
Uimh. 11 de 1991	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1991
Uimh. 8 de 1994	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994
Uimh. 29 de 1997	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1997
Uimh. 16 de 1998	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1998
Uimh. 6 de 2000	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 2000

Alt 3(2).

SCEIDEAL 2

FORLÉIRIÚ AR THÉARMAÍ ÁIRITHE IN ACHTACHÁIN EILE

Abairt a úsáidtear in aachtachán eile 1	Forléiriú faoi threoir <i>an Achta Rialtais Áitiúil, 2001</i> 2
“contaebhuirg”	Cathair.
“contae riaracháin”	Contae agus i gcás ina n-éilfonn an t-aachtachán eile lena mbaineann amhlaidh, foláíonn sé freisin tagairt do chathair.
“buirg” (nach contaebhuirg)	Buirg atá luaite i <i>gCaibidil 1 de Chuid 1 de Sceideal 6</i> .
“ceantar uirbeach”	Baile atá luaite i <i>gCaibidil 2 de Chuid 1 de Sceideal 6</i> .
“baile ag a bhfuil coimisinéirí baile”	Baile atá luaite i <i>gCuid 2 de Sceideal 6</i> .
“ceantar sláinte contae”	Contae gan aon bhailte atá luaite i <i>gCuid 1 de Sceideal 6</i> a áireamh; ach sin faoi réir <i>alt 83</i> .
“údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941”	Comhairle contae, comhairle cathrach, comhairle baile, agus má éilfonn an comhthéacs amhlaidh foláíonn sé comhchomhlacht.
“comhairle contae” nó “comhairle chontae”	Comhairle contae.
“bardas contaebhuirge”	Comhairle cathrach.
“bardas buirge” (nach bardas contaebhuirge)	Comhairle buirge buirge atá luaite i <i>gCaibidil 1 de Chuid 1 de Sceideal 6</i> .
“comhairle ceantair uirbigh” nó “comhairle cheantair uirbigh”	Comhairle baile baile atá luaite i <i>gCaibidil 2 de Chuid 1 de Sceideal 6</i> .
“coimisinéirí baile”	Comhairle baile baile atá luaite i <i>gCuid 2 de Sceideal 6</i> .

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

SCEIDEAL 3

Alt 5(1).

NA hACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR AGUS A CHÚLGHAIRTEAR

CUID 1

Na hAchtanna a Aisghairtear

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain 1	Gearrtheideal 2	Méid na hAisghairme 3
6 & 7 Will. 4 c. 116	<i>Grand Jury (Ireland) Act</i> , 1836	Ailt 35, 43, 44, 46, 54, 58, 66 go 68, 78, 82, 86, 108, 126 agus 178 go 180 agus an Sceideal (R).
3 & 4 Vict. c. 108	<i>Municipal Corporations (Ireland) Act</i> , 1840	An tAcht go léir.
3 & 4 Vict. c. 109	<i>Counties and Boroughs (Ireland) Act</i> , 1840	An tAcht go léir.
6 & 7 Vict. c. 93	<i>Municipal Corporations (Ireland) Act</i> , 1843	An tAcht go léir.
7 & 8 Vict. c. 106	<i>County Dublin Grand Jury Act</i> , 1844	Ailt 40 agus 110.
10 & 11 Vict. c. 16	<i>Commissioners Clauses Act</i> , 1847	An tAcht go léir.
10 & 11 Vict. c. 34	<i>Towns Improvement Clauses Act</i> , 1847	An tAcht go léir.
16 & 17 Vict. c. 136	<i>Grand Jury (Ireland) Act</i> , 1853	Alt 9.
17 & 18 Vict. c. 103	<i>Towns Improvement (Ireland) Act</i> , 1854	An tAcht go léir.
23 & 24 Vict. c. 16	<i>Municipal Corporations Mortgages etc. Act</i> , 1860	An tAcht go léir.
30 & 31 Vict. c. 46	<i>County Treasurers (Ireland) Act</i> , 1867	An tAcht go léir.
34 & 35 Vict. c. 109	<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1871	Ailt 18, 24, 25 agus 30.
35 & 36 Vict. c. 69	<i>Local Government Board (Ireland) Act</i> , 1872	Alt 12.
41 & 42 Vict. c. 52	<i>Public Health (Ireland) Act</i> , 1878	Ailt 7, 200, 201 agus 277.
45 & 46 Vict. c. 50	<i>Municipal Corporations Act</i> , 1882	An tAcht go léir.
47 & 48 Vict. c. 70	<i>Municipal Elections (Corrupt and Illegal Practices) Act</i> , 1884	An tAcht go léir
53 & 54 Vict. c. 59	<i>Public Health Acts Amendment Act</i> , 1890	Alt 38.
61 & 62 Vict. c. 37	<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1898	Ailt 1, 4, 6(b), 10, 11, 12, 14, 18, 21 go 23, 27, 31, 33, 35, 40, 41, 48 go 50, 58, 59, 68, 72, 77, 78, 81 go 84, 86, 100 agus 108 agus an Dara agus an Tríú Sceideal.
63 & 64 Vict. c. 63	<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1900	Alt 9.
2 Edw. 7. c. 38	<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1902	Ailt 6, 8, 14, 15, 21 agus 22.

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain 1	Gearrtheideal 2	Méid na hAisghairme 3
9 Edw. 7. c. 47	<i>Development and Road Improvement Funds Act, 1909</i>	An tAcht go léir.
Uimh. 13 de 1924	An tAcht Rialtais Áitiúla (Forálacha Sealadacha) (Leasú), 1924	An tAcht go léir.
Uimh. 5 de 1925	An tAcht Rialtais Áitiúla, 1925	Ailt 2, 3, 5, 6, 9, 16, 58, 64, 70, 73, 74, 81, 86 agus 87 agus an Chéad Sceideal.
Uimh. 1 de 1929	Acht Bainistí Chathair Chorcaighe, 1929	An tAcht go léir.
Uimh. 27 de 1930	An tAcht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930	Ailt 7, 17 go 19, 30, 31, 37 go 41, 45, 51, 53 go 57, 59 go 62, 67, 80, 95 agus 103 agus an Chéad Sceideal.
Uimh. 35 de 1934	Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934	Ailt 2 go 5, 9, 11 go 14, 16 go 19, 21 go 24, 31 go 34, 39, 40 agus an Chéad Sceideal.
Uimh. 44 de 1934	An tAcht Rialtais Áitiúla (Leasú) (Uimh. 2), 1934	An tAcht go léir.
Uimh. 55 de 1936	Acht na nÚdarás nÁitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1936	Ailt 2, 3 agus 6.
Uimh. 3 (Príobháideach) de 1937	An tAcht Rialtais Áitiúla (Gaillimh), 1937	An tAcht go léir.
Uimh. 13 de 1937	Acht na nÚdarás nÁitiúil (Fostaithe Leictreiciúla), 1937	An tAcht go léir.
Uimh. 36 de 1937	An tAcht Rialtais Áitiúla (Ainmniú Iarrthóirí d'Oifig an Uachtaráin), 1937	An tAcht go léir.
Uimh. 25 de 1939	Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939	Ailt 2 go 4, 8, 10 go 13, 15 go 18, 20 go 23, 30 go 32 agus 37 go 39.
Uimh. 12 de 1940	An tAcht um Bainistí Chontae, 1940	An tAcht go léir.
Uimh. 22 de 1940	Acht na nÚdarás nÁitiúil (Costas Beatha), 1940	An tAcht go léir.
Uimh. 34 de 1940	Acht Díomhaointis (Oibreacha Fóirthe), 1940	An tAcht go léir.
Uimh. 5 de 1941	Acht Bainistí Chathair Chorcaighe (Leasú), 1941	Ailt 7, 8, 10 go 12, 14, 15, 22, 23 agus 26.
Uimh. 15 de 1941	An tAcht Oifigeach agus Seirbhíseach Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1941	An tAcht go léir.
Uimh. 23 de 1941	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	Codanna II, III agus IV (sa mhéid nach bhfuil siad aisghairthe cheana), ailt 67 go 69, Cuid VIII (sa mhéid nach bhfuil sí aisghairthe cheana) agus ailt 76 go 78, 83 go 86 agus 90.
Uimh. 13 de 1942	An tAcht um Bainistí Chontae (Leasú), 1942	An tAcht go léir.

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain 1	Gearrtheideal 2	Méid na hAisghairme 3
Uimh. 8 de 1945	An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1945	An tAcht go léir.
Uimh. 13 de 1945	Acht na nÚdarás Áitiúla (Costas Beatha) (Leasú), 1945	An tAcht go léir.
Uimh. 30 de 1945	An tAcht Údarás Áitiúla (Bronntais do Ghlacadh), 1945	An tAcht go léir.
Uimh. 24 de 1946	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946	Ailt 7 go 9, 15 go 17, 22, 25 go 27, 34, Cuid III (sa mhéid nach bhfuil sí aisghairthe cheana) agus Cuid IV agus ailt 62 go 66, 70, 71, 73, 76 go 79, 80 go 83, 88 go 93, 95 agus 98.
Uimh. 3 de 1948	An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948	Ailt 30, 41 agus 42(2) agus an Dara, an Trú agus an Ceathrú Sceideal.
Uimh. 24 de 1950	Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1950	An tAcht go léir.
Uimh. 9 de 1955	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1955	Caibidil 1 de Chuid II seachas alt 24(2), ailt 31 go 33, 40, 41, 48, 51, 53, 54, 58 go 65 agus Cuid 1 den Dara Sceideal.
Uimh. 12 de 1955	An tAcht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955	An tAcht go léir.
Uimh. 9 de 1958	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1958	An tAcht go léir.
Uimh. 10 de 1959	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1959	An tAcht go léir.
Uimh. 40 de 1960	An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960	Cuid II agus ailt 11 agus 12.
Uimh. 3 de 1962	An tAcht Ród-Chiste (Deontais) (Forálacha Sealadacha), 1962	An tAcht go léir.
Uimh. 8 de 1965	Acht Bainistí Chathair Chorcaí (Leasú), 1965	An tAcht go léir.
Uimh. 21 de 1966	Acht na dTithe, 1966	Ailt 85, 87, 88 agus 108.
Uimh. 6 de 1968	An tAcht Rialtais Áitiúil (Bóithre agus Siltean), 1968	An tAcht go léir.
Uimh. 32 de 1972	An tAcht um Bainistí Chontae (Leasú), 1972	An tAcht go léir.
Uimh. 8 de 1974	An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíochta agus Dícháilíochtaí), 1974	Alt 25.
Uimh. 35 de 1978	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978	Ailt 11 go 13 agus alt 14.
Uimh. 21 de 1983	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais) (Uimh. 2), 1983	Alt 9.

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain 1	Gearrtheideal 2	Méid na hAisghairme 3
Uimh. 7 de 1985	An tAcht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985	Ailt 5 go 7, Cuid III (sa mhéid nach bhfuil sí aisghairthe cheana) agus ailt 19 go 23, 25 agus 27 agus an Chéad, an Dara, an Tríú, an Ceathrú agus an Cúigiú Sceideal.
Uimh. 3 de 1986	Acht na gCanálacha, 1986	Alt 15.
Uimh. 28 de 1988	Acht na dTithe, 1988	Alt 27.
Uimh. 11 de 1991	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1991	Codanna II go VI agus ailt 41, 42 agus 46 go 54.
Uimh. 31 de 1993	An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993	Cuid II agus ailt 39 agus 40.
Uimh. 8 de 1994	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994	Codanna II go VII, ailt 44, 46 agus Codanna IX agus X, ailt 61 agus 63 go 67 agus an Tríú, an Ceathrú agus an Cúigiú Sceideal.
Uimh. 12 de 1997	An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997	Fo-ailt (1) agus (2) d'alt 35.
Uimh. 29 de 1997	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1997	Ailt 8, 13 agus 16.
Uimh. 16 de 1998	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1998	Ailt 9 agus 10.
Uimh. 25 de 2000	An tAcht Rialtais Áitiúil, 2000	An tAcht go léir.

Alt 5(2).

CUID 2

Na hOrduithe a Chúlghairtear

Bliain agus Uimhir 1	Gearrtheideal 2	Méid na Cúlghairme 3
1898 No. 1120	<i>Local Government (Application of Enactments) Order</i> , 1898	An tOrdú go léir.
1899 No. 44	<i>Local Government (Adaptation of Irish Enactments) Order</i> , 1899	Airteagail 4 go 7, 13, 15 go 17, 19 go 36 agus 42 go 45.

SCEIDEAL 4

Alt 5(3).

MIONLEASUITHE AGUS LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain 1	Gearrtheideal 2	An Cineál Leasaithe 3
61 & 62 Vict. c. 37	<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1898	I bhfo-alt (10) d'alt 54, san abairt dheireanach, na focail "and the said secretary shall be entitled to such payment for each certificate" a scriosadh.
Uimh. 35 de 1978	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978	<p>I bhfo-alt (1) d'alt 10, "a cheanglaítear le <i>halt 102(3)</i> den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i>," a chur in ionad "a cheanglaítear le <i>halt 9(1)</i> d'Acht 1955".</p> <p>I bhfo-alt (2)(a) d'alt 10, "le <i>halt 103(7)(b)(i)</i> den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i>," a chur in ionad "le <i>halt 10(4)(c)</i> d'Acht 1955" agus i bhfo-alt (3)(b)(ii) d'alt 10, "<i>alt 103(7)(b)(i)</i> den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i>," a chur in ionad "<i>alt 10(4)(c)</i> d'Acht 1955".</p> <p>I bhfo-alt (3)(b)(i) d'alt 10, "<i>alt 101(1)</i> den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i>" a chur in ionad "<i>alt 26(1)</i> den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 1946</i>".</p>
Uimh. 29 de 1997	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1997	I bhfo-alt (1) d'alt 1, sa mhíniú ar "iniúchóir rialtais áitiúil", "dá dtagraítear in <i>alt 116</i> den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i> ;" a chur in ionad "dá dtagraítear in <i>alt 68(2)</i> den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 1941</i> ;".
Uimh. 33 de 1998	Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998	In alt 24, "faoi <i>fho-alt (4)</i> agus <i>(5)</i> d'alt 138 den <i>Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i> ," a chur in ionad "faoi alt 2(9) den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955 (arna leasú le <i>halt 27</i> d'Acht 1988)".

Sc.4

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001.* [2001.]

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain 1	Gearrtheideal 2	An Cineál Leasaithe 3
Uimh. 30 de 2000	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000	<p>I bhfo-alt (6)(c) agus (7) d'alt 34, "<i>alt 140 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i>" a chur in ionad "alt 4 den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955" agus i mír (a) den fho-alt sin (7), "i <i>bhfo-alt (3)</i>" a chur in ionad "i bhfo-alt (2)".</p> <p>In alt 179(5), "<i>ailt 138, 139 agus 140 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001</i>," a chur in ionad "ailt 2, 3 agus 4 den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955".</p>

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

SCEIDEAL 5

Alt 10(2).

LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL (CONTAETHA AGUS CATHRACHA)

CUID 1

Contaetha

Ceatharlach	Maigh Eo
An Cabhán	An Mhí
An Clár	Muineachán
Corcaigh	Tiobraid Árann Thuaidh
Dún na nGall	Uíbh Fhailí
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ros Comáin
Fine Gall	Sligeach
Gaillimh	Baile Átha Cliath Theas
Ciarraí	Tiobraid Árann Theas
Cill Dara	Port Láirge
Cill Chainnigh	An Iarmhí
Laois	Loch Garman
Liatroim	Cill Mhantáin
Luimneach	
An Longfort	
Lú	

CUID 2

Cathracha

Corcaigh	Luimneach
Baile Átha Cliath	Port Láirge
Gaillimh	

Alt 10(3).

SCEIDEAL 6

LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL (BAILTE)

CUID 1

CAIBIDIL 1

Buirgí

Cluain Meala
Droichead Átha
Cill Chainnigh
Sligeach
Loch Garman

CAIBIDIL 2

Iar-Cheantair Uirbeacha

An tInbhear Mór	Cill Rois
Baile Átha Luain	Cionn tSáile
Baile Átha Í	Leitir Ceanainn
Béal an Átha	Lios Tuathail
Béal Átha na Sluaighe	An Longfort
Biorra	Maigh Chromtha
Bré	Mala
Bun Cranncha	Mainistir na Corann
Bun Dobhráin	Muineachán
Ceatharlach	An Nás
Carraig Mhachaire Rois	An Uaimh
Carraig na Siúire	An tAonach
Caiseal	Ros Mhic Thriúin
Caisleán an Bharraigh	An Sciobairín
Baile na Lorgan	An Teampall Mór
An Cabhán	Durlas
Cloich na Coillte	Tiobraid Árann
Cluain Eois	Trá Lí
An Cóbh	Baile Átha Troim
Dún Dealgan	Tulach Mhór
Dún Garbháin	Cathair na Mart
Inis	Cill Mhantáin
Inis Córthaidh	Eochaill
Mainistir Fhear Maí	
Ceanannas	
Cill Airne	

CUID 2
Iar-Choimisinéirí Baile

Baile Átha Fhirdhia	Cill Chaoi
Baile Brigín	Léim an Bhradáin
Béal Átha Beithe	Lios Mór
Béal Átha Seanaidh	Baile Locha Riach
Droichead na Bandan	Móinteach Mílic
Beantraí	Muine Bheag
Béal Tairbirt	An Muileann gCearr
Mainistir na Búille	An Pasáiste
Muinchille	Port Laoise
Droichead Nua	Sionainn
Éadan Doire	Trá Mhór
Guaire	Tuaim
Gránard	
Na Clocha Liatha	

Alt 21.

SCEIDEAL 7

AN LÍON COMHALTAÍ D'ÚDARÁIS ÁITIÚLA

CUID 1

Comhairlí Contae

<i>An Chomhairle Contae</i>		<i>An Líon Comhaltaí</i>
Ceatharlach	21	
An Cabhán	25	
An Clár	32	
Corcaigh	48	
Dún na nGall	29	
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	28	
Fine Gall	24	
Gaillimh	30	
Ciarraí	27	
Cill Dara	25	
Cill Chainnigh	26	
Laois	25	
Liatroim	22	
Luimneach	28	
An Longfort	21	
Lú	26	
Maigh Eo	31	
An Mhí	29	
Muineachán	20	
Tiobraid Árann Thuaidh	21	
Uíbh Fhailí	21	
Ros Comáin	26	
Sligeach	25	
Baile Átha Cliath Theas	26	
Tiobraid Árann Theas	26	
Port Láirge	23	
An Iarmhí	23	
Loch Garman	21	
Cill Mhantáin	24	

CUID 2

Comhairlí Cathrach

<i>An Chomhairle Cathrach</i>	<i>An Líon Comhaltaí</i>
Corcaigh	31
Baile Átha Cliath	52
Gaillimh	15
Luimneach	17
Port Láirge	15

CUID 3

Comhairlí Baile/Buirge le 12 chomhalta

Bré
Cluain Meala
Droichead Átha
Dún Dealgan
Cill Chainnigh
Sligeach
Trá Lí
Loch Garman

Alt 32(4).

SCEIDEAL 8

TEIDIL MHALARTACHA AR CHATHAOIRLEACH AGUS LEAS-
CHATHAOIRLEACH, ETC.

CUID 1

- (1) Maidir le húdarás áitiúil is comhairle contae, nó is comhairle baile dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Chuid 1 de Sceideal 6 nó i gCuid 2 de Sceideal 6, féadfaidh sé le rún na teidil seo a leanas a thabhairt d'oifig a Chathaoirligh nó a Leas-Chathaoirligh:
 - (a) sa Ghaeilge an teideal “Méara” nó “Leas-Mhéara”, faoi seach, agus
 - (b) sa Bhéarla, an teideal “Mayor” nó “Deputy Mayor”, faoi seach.
- (2) I gcás ina dtabharfar teidil de réir *mhír (1)*, tabharfar ar shealbhóirí na n-oifigí, de réir mar is cuí—
 - (a) i gcás comhairle contae, sa Ghaeilge “Méara Chontae.....” agus “Leas-Mhéara Chontae.....” agus ainm an chontae i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Mayor of the County of.....” agus “Deputy Mayor of the County of.....” agus ainm an chontae i mBéarla ina dhiaidh,
 - (b) i gcás comhairle baile dá dtagraítear i *mír (1)*, sa Ghaeilge “Méara Baile.....” agus “Leas-Mhéara Bhaile.....” agus ainm an bhaile i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Mayor of the Town of.....” agus “Deputy Mayor of the Town of.....” agus ainm an bhaile i mBéarla ina dhiaidh.
- (3) Féadfaidh údarás áitiúil a rinne, le rún faoi *mhír (1)*, na teidil a sholáthraítear sa *mhír sin* a thabhairt, le rún, filleadh ar theidil an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh dá bhforáiltear in *alt 31* agus ar teidil iad a thabharfar de réir an ailt sin.

SCEIDEAL 9

Alt 42.

MIONLEASUITHE AGUS LEASUITHE IARMHARTACHA A BHAINNEANN LE
DÍRTHOGHCHÁIN ETC.

1.—Leasaítear an tAcht Toghcháin, 1992—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach in alt 2 i ndiaidh an mhíneithe ar “Óglaigh na hÉireann”:
“ciallaíonn ‘díorthoghchán’ toghchán arna dhéanamh faoi Chuid 5 den *Acht Rialtais Áitiúil*, 2001, agus forléireofar tagairt do ‘díreach’, i gcomhthéacs toghcháin, dá réir sin;”,
- (b) trí “agus i ndíorthoghcháin” a chur isteach in alt 13(1) i ndiaidh “i dtoghcháin áitiúla”,
- (c) in alt 15A (a cuireadh isteach le halt 76 den Acht Toghcháin, 1997)—
- (i) trí “nó i ndíorthoghcháin” a chur isteach i bhfo-alt (4) i ndiaidh “i dtoghcháin áitiúil”, agus
- (ii) trí “, díreach” a chur isteach i bhfo-alt (5) i ndiaidh “Eorpach”,
- (d) in alt 15B (a cuireadh isteach le halt 76 den Acht Toghcháin, 1997)—
- (i) trí “nó i ndíorthoghcháin” a chur isteach i bhfo-alt (4) i ndiaidh “i dtoghcháin áitiúil”, agus
- (ii) trí “, díreach” a chur isteach i bhfo-alt (5) i ndiaidh “Eorpach”,
- (e) in alt 25—
- (i) trí “nó i ndíorthoghcháin” a chur isteach i ndiaidh “i dtoghcháin áitiúil” gach áit a bhfuil sé, agus
- (ii) trí “nó i ndíorthoghcháin” a chur isteach i ndiaidh “i dtoghcháin áitiúla” gach áit a bhfuil sé,
- (f) trí “, díorthoghcháin” a chur isteach in alt 28(1) i ndiaidh “toghcháin Eorpach”,
- (g) in alt 41—
- (i) trí “nó” a chur isteach i ndeireadh mhír (k) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na míre sin:
“(l) is cathaoirleach dírthofa údaráis áitiúil,”
- (ii) trí “agus, i gcás mhír (l), beidh duine dícháilithe le haghaidh ainmniúcháin lena thoghadh ina chomhalta agus mairfidh an dícháiliú ar feadh 12 mhí tar éis scor ar aon chúis den oifig sin a shealbhú.” a chur isteach i ndiaidh “Dáil” san áit dheireanach a bhfuil sé,

(h) trí “, dírthoghchán faoi *Chuid 5* den *Acht Rialtais Áitiúil, 2001,*” a chur isteach in alt 164(1) i ndiaidh “toghchán áitiúil”,

(i) in alt 165—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur ionad mhír (f) i bhfo-alt (1):

“(f) an vótaíocht i dtoghchán áitiúil;

(g) an vótaíocht i ndírthoghchán faoin *Acht Rialtais Áitiúil, 2001.*”

agus

(ii) trí “nó dírthoghcháin” a chur isteach i bhfo-alt (2) i ndiaidh “toghcháin áitiúil” i mír (f),

(j) sa Dara Sceideal—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (d) de Riail 6(1):

“(d) le haghaidh toghlimistéir áitiúil — chun gach comhalta údaráis áitiúil don limistéar sin;

(e) le haghaidh an limistéir clárúcháin — chun an Chathaoirligh dhírthofa.”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (d) de Riail 13(4):

“(d) le haghaidh toghlimistéir áitiúil — chun gach comhalta údaráis áitiúil don limistéar sin;

(e) le haghaidh an limistéir clárúcháin — chun an Chathaoirligh dhírthofa.”,

(iii) i Riail 14—

(I) trí “agus” i bhfomhír (ii) a scriosadh i mír (4)(a), “agus” a chur isteach i ndiaidh “i dtoghchán áitiúil,” i bhfomhír (iii) agus an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii)—

“(iv) gach iarrthóir a bheidh cuí-ainmnithe do thoghlimistéar i ndírthoghchán,”

(II) trí “nó i ndírthoghchán” a chur isteach i ndiaidh “nó i dtoghchán áitiúil” i mír (4)(c), agus

(III) trí “nó i ndírthoghchán” a chur isteach i ndiaidh “nó i dtoghchán áitiúil” i mír (5).

2.—Leasaítear an tAcht Toghcháin, 1997—

(a) in alt 22(2)—

- (i) trí “nó i ndírthoghchán” a chur isteach i mír (b)(iii) i ndiaidh “áitiúil” i gclásail (I) agus (II) (a cuireadh isteach le halt 5 den Acht Toghcháin (Leasú), 1998), agus
- (ii) trí “nó i ndírthoghchán” a chur isteach i mír (c) i ndiaidh “i dtoghchán áitiúil” i bhfomhír (1) (a cuireadh isteach le halt 5 den Acht Toghcháin (Leasú), 1998),

agus

- (b) trí “nó i ndírthoghchán” a chur isteach in alt 24A(1) (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht Toghcháin (Leasú), 1998) i ndiaidh “áitiúil” i mír (a).

3.—Leasaítear an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997—

- (a) trí “toghchán áitiúil nó dírtoghchán de réir bhrí an *Achta Rialtais Áitiúil, 2001*” a chur in ionad “toghchán áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 1994” in alt 19(7)(b)(ii), agus
- (b) trí “toghchán áitiúil nó dírtoghchán de réir bhrí an *Achta Rialtais Áitiúil, 2001*” a chur in ionad “toghchán áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 1994” in alt 21(2)(b).

SCEIDEAL 10

CRUINNITHE AGUS IMEACHTAÍ ÚDARÁS ÁITIÚIL

Cruinnithe údaráis áitiúil.

1.—(1) Gach bliain tionólfaidh údarás áitiúil—

- (a) cruinniú bliantúil dá bhforáiltear i *mír 3*,
- (b) cruinniú buiséid údaráis áitiúil dá dtagraítear i *mír 5*,
- (c) cibé cruinnithe eile is gá chun a ghnó a dhéanamh, ar cruinnithe iad dá ngairtear gnáthchruinnithe san Acht seo.

(2) Ina theannta sin, féadfaidh údarás áitiúil cibé cruinnithe speisialta a thionól a fhoréileofar de bhua *mhír 6* nó *alt 140* nó a chinnfear le rún.

(3) Déanfar, maidir le cruinniú speisialta arna chomóradh chun críocha *alt 34* nó *146*, an Sceideal seo a léamh faoi réir agus de réir cheanglais an ailt iomchuí.

Ionad, dáta agus tráth na gcruinnithe.

2.—(1) Soláthróidh údarás áitiúil nó socróidh sé go soláthrófar cóiríocht le haghaidh cruinnithe a thionól.

(2) A mhéid is indéanta, is iad príomhoifigí an údaráis an t-ionad le haghaidh cruinnithe a thionól agus tionólfar cruinnithe de ghnáth san ionad sin.

(3) Faoi réir an Achta seo, tionólfar cruinnithe cibé laethanta agus cibé tráthanna a cheapfaidh an t-údarás áitiúil le rún nó a shocróidh sé le buanorduithe.

(4) A mhéid is indéanta, socróidh údarás áitiúil sceideal rialta le haghaidh gnáthchruinnithe a thionól, a bhféadfar a leagan amach i mbuanorduithe nó a cheapadh le rún.

(5) Faoi réir na míre seo, féadfar laethanta, tráthanna agus ionaid éagsúla (cibé acu laistigh nó lasmuigh de limistéar riaracháin an údaráis) a cheapadh ó am go ham le rún nó a shocrú le buanorduithe le haghaidh cruinnithe éagsúla.

Lá an chruinnithe bhliantúil.

3.—(1) Gach bliain ina ndéanfar toghchán áitiúil, tionólfar cruinniú bliantúil údaráis áitiúil—

- (a) i gcás gur comhairle contae é an t-údarás áitiúil, an ceathrú lá déag, agus
- (b) in aon chás eile, an deichiú lá,

tar éis an lae vótaíochta nó, i gcás ina ndéanfar ar aon chúis an vótaíocht a chur ar ceal, a stopadh nó a chur ar atráth, tar éis an lae a chríochnófar an vótaíocht nó a dhéanfar an vótaíocht úr.

(2) I gcás inar lá eisiata é an ceathrú lá déag nó an deichiú lá dá dtagraítear i *bhfomhír (1)*, tionólfar an cruinniú an chéad lá eile dá éis sin nach lá eisiata é.

(3) Gach bliain eile tionólfaidh an t-údarás áitiúil cruinniú bliantúil cibé lá, i mí na Bealtaine nó i mí an Mheithimh, a cheapfaidh an t-údarás áitiúil le rún nó a shocróidh sé le buanorduithe.

(4) Aon uair nach ndéanfar ar aon chúis cruinniú bliantúil údaráis áitiúil a thionól an lá a bheidh ceaptha nó socraithe leis an mír seo nó de bhua na míre seo le haghaidh an cruinniú sin a thionól, déanfaidh an riarthóir cruinnithe, tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach, más féidir, nó i gcás go mbeidh oifig an Chathaoirligh folamh, nó nach mbeidh an Cathaoirleach in ann gníomhú, leis an Leas-Chathaoirleach, cruinniú den údarás áitiúil a chomórath d'uair chaoithiúil lá is dealraitheach don riarthóir sin gurb é an dáta caoithiúil is luaithe é chun na críche sin agus measfar chun gach críoch gur cruinniú bliantúil arna thionól an lá a ceapadh faoi *fhomhír (1)*, (2) nó (3), de réir mar is cuí, aon chruinniú arna thionól amhlaidh.

Gnó agus fógra poiblí i dtaobh an chruinnithe bhliantúil.

4.—(1) Ag cruinniú bliantúil i mbliain toghcháin léifidh an riarthóir cruinnithe amach ainmneacha na ndaoine a bheidh tofa go cuí ina gcomhaltaí den údarás áitiúil agus más iomchuí ainm an Chathaoirligh a bheidh tofa trí dhírthoghchán.

(2) Faoi réir *fhomhír (1)*, is é an chéad ghnó a bheidh ann ag cruinniú bliantúil, Cathaoirleach a thoghadh de réir *ailt 36* agus *37*, ach amháin i gcás ina mbeidh an Cathaoirleach sin tofa trí dhírthoghchán agus sa chás sin, is é an chéad ghnó an Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

(3) I gcás ina mbeidh an Cathaoirleach tofa de réir *ailt 36* agus *37* is é an chéad ghnó eile an Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

(4) I gcás cruinnithe bhliantúil údaráis áitiúil i mbliain toghcháin, faoi réir na míre seo, áireofar ar an ngnó a bheidh le déanamh, breithniú a dhéanamh ar thoghadh, ceapadh nó ainmniú comhaltaí comhchomhlachtaí nó comhlachtaí eile a thoghtar, a cheaptar nó a ainmnítear ag an údarás áitiúil sin.

(5) Gach comhalta de chomhchomhlacht a bheidh tofa, ceaptha nó ainmnithe ag údarás áitiúil agus a bheidh in oifig mar chomhalta den sórt sin ar dháta toghcháin chuig an údarás áitiúil sin, leanfaidh sé nó sí d'oifig a shealbhú mar an comhalta sin den chomhchomhlacht sin go dtí go gceapfar a chomharba nó a comharba mura tuisce a éagfaidh sé nó sí, a éireoidh sé nó sí as oifig, a dhícháileofar é nó í, a chuirfear é nó í as oifig nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil nó den chomhchomhlacht, de réir mar a bheidh, seachas tríd an ngnáthlá scoir do chomhaltaí d'údarás áitiúil a bhaint amach.

(6) (a) I mbliain toghcháin foilseoidh údarás áitiúil fógra i dtaobh an chruinnithe bhliantúil i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear ina limistéar riaracháin—

(i) ina luafar dáta an chruinnithe bhliantúil agus más cuí gurb é céad ghnó an chruinnithe é Cathaoirleach a thoghadh, agus

- (ii) ina sonrúfar na comhchomhlachtaí agus na comhlachtaí eile a bhfuil an t-údarás áitiúil i dteideal ceapacháin a dhéanamh chucu ag an gcruinniú sin nó dá éis.
- (b) Sa mhír seo, folaíonn “ceapacháin”—
 - (i) ceapacháin comhaltaí den údarás áitiúil, cibé acu de bhua oifig ar leith a shealbhú nó trí ainmniúchán, toghchán nó ar shlí eile, agus
 - (ii) ceapacháin daoine nach comhaltaí den údarás áitiúil.
- (7) (a) Beidh an fógra faoi *fhomhír (6)(a)* i dtaobh cruinnithe bhliantúil i bhfoirm, agus foilseofar é laistigh de thréimhse, a fhorordóidh an tAire le rialacháin.
- (b) Féadfaidh rialacháin faoin bhfomhír seo foráil a dhéanamh freisin maidir le húdarás áitiúil d'fhoilsiú fógra poiblí dá éis sin laistigh de cibé thréimhse a bheidh sonraithe, ina liostófar na ceapacháin a rinne sé chuig comhchomhlachtaí nó comhlachtaí eile dá dtagraítear i *bhfomhír (6)(a)*, nó a chuirfidh in iúl gur féidir liosta den sórt sin a iniúchadh i bpríomhoifigí an údaráis áitiúil.
- (c) Ní dhéanfaidh mainneachtain ag údarás áitiúil fógra i dtaobh an chruinnithe bhliantúil a fhoilsiú mar a cheanglaítear leis an mír seo nó é a fhoilsiú le haon easnamh nó earráid ann aon chruinniú den údarás áitiúil nó aon ceapachán arna dhéanamh ag an gcruinniú nó aon ní eile arna dhéanamh ag an gcruinniú a chur ó bhail.

Cruinniú buiséid údaráis áitiúil.

5.—Tionólfaidh údarás áitiúil a chruinniú buiséid de réir *alt 103* laistigh den thréimhse a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire chun críocha an ailt sin.

Cruinnithe speisialta.

6.—(1) Maidir le foréileamh chun cruinniú speisialta d'údarás áitiúil a chomóradh (dá ngairtear “foréileamh” sa mhír seo), féadfaidh na daoine seo a leanas é a dhéanamh—

- (a) an Cathaoirleach,
 - (b) i gcás go mbeidh oifig an Chathaoirligh folamh nó nach féidir leis an gCathaoirleach gníomhú, an Leas-Chathaoirleach, nó
 - (c) an Cathaoirleach de bhun iarrata arna tabhairt dó nó di ag aon 5 chomhalta.
- (2) I gcás ina ndiúltoídh nó ina bhfailleoidh an Cathaoirleach gníomhú de bhun iarrata dá dtagraítear i *bhfomhír (1)(c)* laistigh de 7 lá ón tráth a thabharfar dó nó di í, féadfaidh na comhaltaí a dhéanfaidh an iarraidh an cruinniú a chomóradh de réir na míre seo.
- (3) Déanfar foréileamh i scríbhinn agus déanfaidh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach nó, i gcás ina mbeidh feidhm ag *fomhír (2)*, na comhaltaí a bheidh ag déanamh an fhoréilimh, de réir mar a bheidh, é a sheachadadh ar an riarthóir cruinnithe.

(4) Beidh foréileamh sínithe ag an duine nó na daoine a dhéanfaidh é, de réir mar a bheidh, agus—

- (a) beidh ráiteas maidir leis an ngnó a bheartaítear a dhéanamh ag an gcruinniú ann mar chlár oibre, agus
- (b) sonródh sé lá, (seachas lá eisiata), nach lú ná 3 lá glan tar éis an lae a bheidh sé faighte ag an riarthóir cruinnithe, chun an cruinniú a thionól.

(5) Ar fhoréileamh a fháil, déanfaidh an riarthóir cruinnithe, murar cás é lena mbaineann *fomhír (6)*, fógra faoi *mhír 7* a eisiúint, agus fógra poiblí faoi *mhír 8* a thabhairt le haghaidh an chruinnithe speisialta a éileofar leis an bhforéileamh.

(6) Más rud é—

- (a) go sonródh foréileamh faoi *fhomhír (1)(c)* lá chun cruinniú speisialta a thionól, agus
- (b) go mbeidh gnáthchruinniú den údarás áitiúil le tionól lá a bheidh laistigh den tréimhse 10 lá tar éis an lae a bheidh an foréileamh faighte ag an riarthóir cruinnithe,

breithneofar an gnó a bheidh luaite san fhoréileamh ag an ngnáthchruinniú sin agus ní chomórfar an cruinniú speisialta.

Fógra i dtaobh cruinnithe agus clár oibre.

7.—(1) Maidir le fógra chun freastal ar chruinniú, seachas cruinniú buiséid údaráis áitiúil—

- (a) déanfar é a chur chuig gach comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann nó a sheachadadh air nó uirthi,
- (b) beidh ionad, dáta agus tráth an chruinnithe sonraithe ann, agus
- (c) tabharfaidh sé fógra nach lú ná 3 lá glan i dtaobh an chruinnithe.

(2) Beidh feidhm ag *mír 5* maidir le cruinniú buiséid údaráis áitiúil.

(3) I gcás cruinnithe a fhoréileofar faoi *alt 140* nó a chomórfar faoi *alt 34* nó *146* beidh feidhm ag an alt iomchuí i ndáil leis an gcruinniú sin.

- (4) (a) Beidh clár oibre ina liostaítear an gnó a bheartaítear a dhéanamh ag an gcruinniú i bhfógra nó ag gabháil leis.
- (b) Féadfar clár a bheidh curtha nó seachadta chun críocha *fhomhír (1)* a athrú (cibé acu trí chur leis, trí scriosadh nó ar shlí eile) más rud é go ndéanfar páipéar cláir oibre ina sonrú an t-athrú a sheachadadh ar gach comhalta nó a chur chuige nó chuici tráth nach lú ná 3 lá glan roimh an lá a bheidh an cruinniú le tionól.

(5) I gcás cruinnithe speisialta arna chomóradh faoi *mhír 6*, cuirfear cóip den fhoréileamh i dteannta an fhógra.

(6) Faoi réir *fhomhír (7)*, beidh síniú an riarthóra cruinnithe le fógra agus measfar aon doiciméad a éilíonn an síniú sin a bheith leis,

go dtí go gcruthófar a mhalairt, a bheith eisithe nó tugtha go cuí le húdarás an údaráis áitiúil.

(7) Más rud é nach bhfaighidh comhalta fógra nó nach mbeidh síniú leis an bhfógra nó go mbeidh máchail éigin eile ar an bhfógra, ní dhéanfaidh sé sin difear do bhailíocht cruinnithe nó aon ghnímh nó rud arna dhéanamh ag an gcruinniú.

(8) Chun críocha na míre seo folaíonn “síniú” macasamhail de shíniú cibé próiseas trínar atáirgeadh í nó leagan clóite, cibé acu is bunchóip nó macasamhail é, d’ainm an riarthóra cruinnithe agus measfar leagan clóite den ainm sin, cibé acu is bunchóip nó macasamhail é, a bheith curtha go cuí ar an doiciméad ag an riarthóir cruinnithe nó lena thoilíú nó lena toiliú go dtí go gcruthófar a mhalairt.

(9) Déanfaidh an riarthóir cruinnithe, más indéanta é, comhairle a thabhairt don Chathaoirleach maidir le gnó cruinnithe.

Fógra poiblí i dtaobh cruinnithe.

8.—(1) (a) Déanfar fógra i dtaobh ionaid, dáta agus trátha cruinnithe seachas cruinniú buiséid údaráis áitiúil a thaispeáint tráth nach lú ná 3 lá glan roimh lá an chruinnithe i bpríomhoifigí nó ag príomhoifigí an údaráis áitiúil in áit a bheidh caoithiúil le haghaidh iniúchadh ag an bpobal le linn gnáthuaireanta oifige.

(b) Beidh i bhfógra dá dtagraítear i *gclásal (a)* an clár oibre don chruinniú nó sonróidh sé ionad inar féidir an clár oibre a iniúchadh agus i gcás cruinnithe arna fhoréileamh faoi *mhír 6* nó faoi *alt 140* beidh cóip den fhoréileamh sa chlár oibre nó ag gabháil leis.

(c) Beidh feidhm ag *mír 5* i gcás cruinnithe buiséid údaráis áitiúil.

(2) (a) Ar é a iarraidh, déanfaidh údarás áitiúil cóip d’fhógra poiblí agus de chlár oibre a sholáthar d’aon duine a iarrfaidh an chóip sin.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil socruithe a dhéanamh chun cóipeanna d’fhógra poiblí agus de chlár oibre dá dtagraítear i *gclásal (a)* a sholáthar do na meáin.

(c) Féadfaidh údarás áitiúil cibé táille a ghearradh, más ann, a shocróidh sé chun an chóip den fhógra poiblí agus den chlár oibre a sholáthar ach ní mó aon táille ná an costas réasúnach chun an chóip a sholáthar.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil le rún nó le buanorduithe, cibé socruithe breise a dhéanamh chun fógra poiblí i dtaobh cruinnithe a thabhairt, lena n-áirítear fógra a thaispeáint ag suímh bhreise, lena n-áirítear leabharlanna poiblí ach gan a bheith teoranta dóibh sin, nó foilsíú i nuachtán, go leictreonach nó ar shlí eile, de réir mar is cuí leis.

(4) Ní dhéanfaidh mainneachtain cóip d’fhógra a thaispeáint nó a sholáthar de bhua na míre seo difear do bhailíocht cruinnithe nó aon ghnímh nó rud arna dhéanamh ag an gcruinniú.

Gnó cruinnithe.

9.—Faoi réir *mhír 16* ní dhéanfar aon ghnó ag cruinniú seachas an gnó sin a bheidh sonraithe sa chlár oibre a bhaineann leis an gcuinniú nó gnó a cheanglaítear leis an Acht seo nó ar shlí eile le dlí a dhéanamh ag an gcuinniú.

Ceannas ar chruinnithe.

10.—(1) Má bhíonn an Cathaoirleach i láthair ag cruinniú beidh sé nó sí i gceannas air.

(2) Mura mbeidh agus fad nach mbeidh an Cathaoirleach i láthair, nó má bhíonn oifig an Chathaoirligh folamh, rachaidh an Leas-Chathaoirleach i gceannas ar an gcuinniú má bhíonn sé nó sí i láthair ach éireoidh sé nó sí as an gceannas ar theacht don Chathaoirleach chuig an gcuinniú, nó i gcás cruinnithe chun corrholúntas in oifig an Chathaoirligh a líonadh de réir *alt 38* nó *41(2)*, tar éis Cathaoirleach a thoghadh ag an gcuinniú sin.

(3) In aon chás eile, rachaidh an cruinniú ar aghaidh le duine de na comhaltaí a bheidh i láthair a thoghadh chun dul i gceannas ar an gcuinniú agus éireoidh an comhalta sin as an gceannas ar theacht don Chathaoirleach nó don Leas-Chathaoirleach chuig an gcuinniú.

(4) Is é dualgas Cathaoirligh, Leas-Chathaoirligh, nó aon chomhalta eile a gceanglaítear air nó uirthi de réir na míre seo a bheith i gceannas ar chruinniú é dul i gceannas agus dul ar aghaidh le gnó an chruinnithe.

(5) Déanfar an nós imeachta chun dul i gceannas ar chruinniú bliantúil i mbliain toghcháin go dtí go dtoghfad Cathaoirleach ag an gcuinniú sin de bhua *alt 36* a shonrú i mbuanorduithe agus, faoi réir *fhomhír (6)*, féadfaidh foráil a bheidh ann maidir le comhalta nó fostaí den údarás áitiúil lena mbaineann do dhul i gceannas ar feadh na tréimhse sin.

(6) Ní bheidh an dara vóta nó vóta réitigh ag aon chomhalta a bheidh roghnaithe chun dul i gceannas ar chruinniú bliantúil faoi *fhomhír (5)* agus ní bheidh aon vóta ag an bhfostaí den údarás áitiúil, má roghnaítear amhlaidh é nó í de réir na fomhíre sin.

Córam.

11.—(1) Is é is córam do chruinniú d'údarás áitiúil an ceathrú cuid de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil móide a haon nó, i gcás nach slánuimhir í an ceathrú cuid den líon iomlán sin, is é an chéad slánuimhir eile is airde móide a haon an córam.

(2) Aon uair a ligfear cruinniú d'údarás áitiúil ar lár toisc gan córam a bheith ar fáil, déanfaidh an riarthóir cruinnithe ainmneacha na gcomhaltaí sin a bhí i láthair an tráth agus ag an ionad a bhí ceaptha don chruinniú sin a thairfeadh agus measfar, chun gach críoch gur fhreastail siad ar chruinniú a bhí comhdhéanta go cuí.

Gníomhartha a dhéanamh agus ceisteanna a chinneadh.

12.—oo(1) Beidh vóta ag gach comhalta a bheidh i láthair ag cruinniú d'údarás áitiúil mura dtoirmisctear air nó uirthi vótáil leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile.

(2) Déanfar na gníomhartha go léir de chuid údaráis áitiúil ar feidhmeanna forchoimeáda iad nó na ceisteanna go léir a thiocfaidh nó a éireoidh go cuí os comhair cruinnithe d'údarás áitiúil a chinneadh—

- (a) le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, nó
- (b) i gcás inar comhionann líon na vótaí, le dara vóta nó vóta réitigh an duine a bheidh i gceannas ar an gcruinniú (ar duine é nó í a mbeidh vóta den sórt sin aige nó aici agus a fhéadfaidh roghnú vóta den sórt sin a thabhairt).

(3) Ní dochar an mhír seo d'fhorálacha eile an Achta seo (lena n-áirítear forálacha a cheanglaítear a bheith i mbuanorduithe de bhua *mhír 16*) nó d'fhorálacha aon achtacháin eile, lena gceanglaítear líon nó cion sonraithe de na comhaltaí a bheidh i láthair nó go vótálfadh líon nó cion sonraithe i bhfabhar go ndéanfaí aon ghníomh ar leith.

(4) Ní léifear aon ní sa mhír seo mar ní lena dtoirmisctear ar údarás áitiúil na nósanna imeachta agus na modhanna vótála a leagan amach sna buanorduithe lena n-áirítear an uair is gá vótáil a ghlacadh trí rolla a ghlaoch.

Iompar mí-ordúil.

13.—(1) Más rud é—

- (a) i dtuairim an duine atá i gceannas ar chruinniú (dá ngairtear an “cathaoirleach” sa mhír seo), go raibh nó go bhfuil aon chomhalta mí-ordúil trí neamhaird a thabhairt de shíor ar rialú an chathaoirligh, trí é féin nó í féin a iompar go mírialta, go míchuí nó go maslach nó trí ghnó an chruinnithe a chosc ar shlí eile, agus
- (b) gur chuir an cathaoirleach a thuairim nó a tuairim in iúl do na comhaltaí atá i láthair tríd an gcomhalta lena mbaineann a ainmniú,

ansin féadfaidh an cathaoirleach nó aon chomhalta a thairiscint “go bhfágfaidh an comhalta a ainmníodh an cruinniú” agus déanfar an tairiscint, má chuidítear léi, a chur agus a chinneadh gan díospóireacht.

(2) Más rud é go gcinneadh údarás áitiúil de réir *fhomhír (1)* go bhfágfaidh comhalta cruinniú, fágfaidh an comhalta sin an cruinniú láithreach agus ní bheidh sé nó sí i dteideal labhairt nó aon pháirt a ghlacadh a thuilleadh sa chruinniú sin an lá sin.

(3) Más rud é i dtuairim an chathaoirligh—

- (a) go bhfuil mí-ord ginearálta ann atá ina bhac ar ghnó an chruinnithe a dhéanamh go hordúil, nó
- (b) i gcás ina ndiúltaíonn comhalta ar beartaíodh ina leith go bhfágfaidh sé nó sí an cruinniú de bhua na míre seo, déanamh amhlaidh,

féadfaidh an cathaoirleach an cruinniú a chur ar fionraí ar feadh cibé tréimhse is dóigh leis nó léi is gá ar mhaithe leis an ord.

Miontuairiscí.

14.—(1) Déanfaidh an riarthóir cruinnithe miontuairiscí imeachtaí cruinnithe d'údarás áitiúil a dhréachtú.

(2) Beidh na nithe seo a leanas sna miontuairiscí—

- (a) dáta, tráth agus ionad an chruinnithe,
- (b) ainmneacha na gcomhaltaí a bhí i láthair ag an gcruinniú,
- (c) liosta de na fostaithe sinsearacha de chuid an údaráis áitiúil a bhí i láthair ag an gcruinniú,
- (d) tagairt d'aon tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí ag an gcruinniú,
- (e) i gcás ina ndéantar vótáil trí rolla a ghlaoch, líon agus ainmneacha na gcomhaltaí a vótáil ar son agus i gcoinne na tairisceana agus na gcomhaltaí a staon,
- (f) sonraí maidir leis na rúin go léir a ritheadh ag an gcruinniú, agus
- (g) cibé nithe eile a mheastar is cuí.

(3) Déanfaidh an riarthóir cruinnithe cóip de mhiontuairiscí cruinnithe a chur chuig gach comhalta den údarás áitiúil nó a thabhairt dó nó dí.

(4) Déanfar miontuairiscí cruinnithe a chur faoi bhráid an chéad ghnáthchruinnithe eile dá éis sin, más féidir, nó, mura féidir, faoi bhráid an chéad chruinnithe eile dá éis sin, lena ndaingniú mar thaifead beacht agus déanfar iad a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe sin.

(5) Nuair a bheidh miontuairiscí cruinnithe daingnithe, fara leasú nó gan leasú, déanfaidh an duine atá i gceannas ar an gcruinniú ar cuireadh iad faoina bhráid lena ndaingniú iad a shíniú agus glacfar i bhfianaise gan chruthúnas aon mhiontuairiscí a éileoidh a bheith sínithe amhlaidh.

(6) Go dtí go gcruthófar a mhalairt, measfar maidir le gach cruinniú ar daingníodh miontuairiscí i leith a imeachtaí go ndearnadh é a chomóradh agus a thionól go cuí agus measfar na comhaltaí go léir a bhí ag an gcruinniú a bheith cáilithe go cuí.

(7) Beidh cóip de mhiontuairiscí cruinnithe, nuair a bheidh siad daingnithe de réir *fhomhír* (5), ar fáil lena hiniúchadh ag príomhoifigí an údaráis áitiúil agus féadfaidh aon duine na miontuairiscí a iniúchadh nó cóip a dhéanamh díobh nó achoimre a thógáil astu le linn ghnáthuaireanta oifige an údaráis.

(8) Soláthrófar cóip de na miontuairiscí d'aon duine a iarrfaidh iad ar cibé suim réasúnach, más ann, a íoc ar suim í nach mó ná an costas réasúnach chun an chóip a sholáthar, de réir mar a bheidh socraithe ag an údarás áitiúil.

(9) Déanfaidh gach údarás áitiúil socrúithe cuí chun miontuairiscí an údaráis a choimeád go sábháilte.

Taifead maidir le freastal ar chruinnithe agus seoladh le haghaidh comhfhreagrais.

15.—(1) Tá gach údarás áitiúil freagrach as taifead a chothabháil maidir le freastal ar a chruinnithe.

(2) Déanfar freastal gach comhalta a bheidh i láthair ag cruinniú a thaifeadadh ag an gcomhalta sin i dtaifead a choimeádfaidh an t-údarás áitiúil chun na críche sin.

(3) I gcás ina bhforáiltear le haon fhoráil den Acht seo do dhoiciméad a sheachadadh ar chomhalta nó a chur chuige nó chuici cuirfean an doiciméad sin chuig an seoladh a bheidh soláthraithe i scríbhinn ag an gcomhalta.

(4) I gcás ina bhforáiltear le haon fhoráil den Acht seo d'fhógra a sheachadadh ar an mbainisteoir, ar an riarthóir cruinnithe nó ar phríomhoifigí údarás áitiúil nó a chur chuig an gcéanna déanfar an fógra sin a chur chuig seoladh cibé oifig den údarás áitiúil a bheidh socraithe chun na críche sin ag an mbainisteoir nó a sheachadadh ar an gcéanna agus beidh an seoladh sin i mbuanorduithe an údarás áitiúil.

Buanorduithe.

16.—(1) (a) Déanfaidh údarás áitiúil, faoi réir an Achta seo agus le rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údarás ina fhabhar, buanorduithe chun a chruinnithe agus a imeachtaí a rialáil.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil cibé forálacha teagmhasacha, iarmhartacha nó forlfontacha is dealraitheach don údarás áitiúil a bheith cuí chun na críche sin a chur i mbuanorduithe.

(c) Déanfaidh údarás áitiúil de réir *alt 19(3)(c)* le linn dó buanorduithe a dhéanamh.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún a vótálfaidh a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údarás áitiúil ina fhabhar buanorduithe a leasú nó a chúlghairm agus buanorduithe nua a dhéanamh.

(3) (a) Déanfaidh an riarthóir cruinnithe cóip de na buanorduithe a chur chuig gach comhalta nó a sheachadadh ar gach comhalta ar theacht in oifig dó nó di, nó a luaithe is indéanta dá éis sin agus a luaithe is indéanta tar éis buanorduithe nua a dhéanamh.

(b) Déanfar cóip d'aon leasú ar na buanorduithe a sholáthar ar an tslí chéanna do gach comhalta.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fhomhír (1)*, cuirfidh údarás áitiúil forálacha maidir leis na nithe seo a leanas i mbuanorduithe:

(a) sceideal de ghnáthchruinnithe;

(b) cruinnithe a thosú, a chur ar atráth agus a scor;

(c) an ceannas ar chruinniú bliantúil i mbliain toghcháin i gcás ina mbeidh an Cathaoirleach le toghadh de réir *alt 36*;

- (d) rúin a chúlghairm faoi réir ceanglais go vótálfaidh cibé líon comhaltaí a bheidh sonraithe sna buanorduithe, agus arb éard é a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis, i bhfabhar an chéanna agus faoi réir cibé ceanglas eile a bheidh sonraithe amhlaidh;
- (e) déileáil le gnó práinneach a bhaineann le feidhm de chuid an údaráis áitiúil, faoi réir ceanglais go vótálfaidh cibé líon comhaltaí a bheidh sonraithe sna buanorduithe, agus arb éard é a leath ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis, i bhfabhar an chéanna agus faoi réir cibé ceanglas eile a bheidh sonraithe amhlaidh;
- (f) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint chun gníomhartha a dhéanamh agus ceisteanna a chinneadh, lena n-áirítear na nósanna imeachta agus na modhanna vótála agus an uair is gá vótáil a ghlacadh trí rolla a ghlaoch;
- (g) aon fhoráil de na buanorduithe a chur ar fionraí seachas na forálacha sin lena mbaineann *clásail* (d), (e) agus (f) agus faoi réir ceanglais go vótálfaidh dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí a bheidh i láthair i bhfabhar an chéanna agus faoi réir cibé ceanglais eile a bheidh sonraithe sna buanorduithe;
- (h) an seoladh chun críocha *mhír 15(4)*.

(5) Féadfaidh an tAire ordacháin ghinearálta a eisiúint d'údaráis áitiúla i ndáil le buanorduithe agus leis na forálacha a bheidh le cur iontu.

- (6) (a) Faoi réir an Achta seo agus aon achtacháin iomchuí eile, féadfaidh forálacha a bheith i mbuanorduithe údaráis áitiúil ar forálacha iad chun imeachtaí agus gnó coistí arna mbunú ag an údarás a rialáil, de réir mar is cuí leis.
- (b) Faoi réir *chlásal* (a), féadfaidh coiste a ghnó agus a imeachtaí féin a rialáil trína bhuanorduithe féin nó ar shlí eile.

Coistí.

17.—(1) Beidh feidhm ag *míreanna 12, 13, 14*, agus *15* agus ag *mír 16* a mhéid is iomchuí, maidir le coiste de chuid údaráis áitiúil nó le comhchoiste fara aon mhodhuithe is gá.

(2) Is é is córam do chruinniú coiste cibé líon a shocróidh an t-údarás áitiúil a bhunaigh é ach ní lú é in aon chás ná 3.

An ceart chun grúpaí a chruthú le haghaidh ceapachán áirithe.

18.—(1) I gcás ina mbeidh 2 dhuine nó níos mó le ceapadh ag údarás áitiúil chuig comhlacht lena mbaineann an mhír seo, ansin—

- (a) féadfaidh aon ghrúpa comhaltaí a bheidh i láthair ag an gcruinniú an tráth a shroichfear an gnó maidir le ceapacháin a dhéanamh agus ar grúpa é ina mbeidh an líon comhaltaí is gá chun críocha na míre seo duine a ainmniú chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chomhlacht sin agus beidh an duine ceaptha amhlaidh ar an ainmniúchán sin gan aon vóta a ghlacadh, agus

- (b) na comhaltaí den chomhlacht a bheidh fágtha lena gceapadh dá éis sin, ceapfar iad go leanúnach ag na comhaltaí den údarás áitiúil nach comhaltaí d'aon ghrúpa dá dtagraítear i *gclásal (a)* agus a bhí i láthair ag an gcruinniú an tráth a sroicheadh an gnó maidir leis na ceapacháin a dhéanamh.
- (2) (a) Faoi réir *chlásal (b)* déanfar an líon comhaltaí is gá chun grúpa a chruthú chun críocha na míre seo a fháil trí líon iomlán na gcomhaltaí a bheidh i láthair ag an gcruinniú den údarás an tráth a shroichfear an gnó maidir leis na ceapacháin iomchuí a dhéanamh a roinnt ar an líon ceapachán a bheidh le déanamh amhlaidh, nó, i gcás nach slánuimhir í an uimhir a gheofar amhlaidh, an chéad slánuimhir eile os cionn na huimhreach a gheofar amhlaidh.
- (b) Ní bheidh aon chomhalta de chuid údaráis áitiúil ina chomhalta nó ina comhalta de níos mó ná aon ghrúpa amháin chun críocha na míre seo.
- (3) Beidh feidhm ag an mír seo maidir leis na comhlachtaí seo a leanas:
- (a) coiste de chuid údaráis áitiúil;
- (b) comhchoiste nó comhchomhlacht de chuid údaráis áitiúil amháin nó níos mó;
- (c) coiste gairmoideachais de réir bhrí an Achta Oideachais Ghairme Beatha, 1930;
- (d) údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946;
- (e) coiste freastal scoile de réir bhrí an Achta Freastal Scoile, 1926;
- (f) údarás réigiúnach arna bhunú le hordú faoi alt 43 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991;
- (g) eagraíocht turasóireachta réigiúnach;
- (h) Ardchomhairle na gComhairlí Contae;
- (i) Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann;
- (j) bord fiontar contae de réir bhrí an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1995;
- (k) grúpa LEADER arna bhunú laistigh de chreat tionscnaimh Comhphobail AE maidir le forbairt tuaithe.
- (l) Coiste Comhairleach Oifig Iompras Bhaile Átha Cliath;
- (m) Bord Comhpháirtíochta Limistéir;
- (n) cibé comhlacht nó comhlachtaí eile a bheidh sonraithe le hordú ón Aire go ginearálta nó i leith údaráis áitiúil shonraithe amháin nó níos mó.
- (4) (a) Beidh feidhm ag an mír seo maidir le ceapachán—
- (i) comhaltaí d'údarás áitiúil, agus

(ii) daoine eile nach comhaltaí (i gcás ina mbeidh an ceapachán sin údaraithe le haon achtachán nó faoi),

chuig comhlacht dá dtagraítear i *bhfomhír (3)*, cibé acu trí ainmniúchán nó toghchán.

(b) Ní bheidh feidhm ag *clásal (a)* maidir le ceapachán daoine nach comhaltaí d'údarás áitiúil chuig comhaltas coiste um beartas straitéiseach, coiste um beartas bardasach, coiste chomhairligh áitiúil, coiste gairmoideachais nó coiste freastal scoile.

(5) Ní léifear an mhír seo ionas nach gá, le haghaidh ceapacháin chun oifige, poist nó ionaid ar bith, aon eolas speisialta, taithí nó cáilíocht eile a bheith ag duine nach foláir de réir dlí a bheith aige nó aici le haghaidh ceapacháin chun na hoifige, chun an phoist nó chun an ionaid.

(6) Ní léifear an mhír seo mar ní a dhéanann difear do dhul i gcomhaltas nó do sheilbh comhaltais aon chomhlachta nó aon oifige eile a shealbhaítear de bhua gur sealbhóir oifige é nó í an duine.

(7) Beidh éifeacht le halt 5 den Acht Sláinte, 1970, agus leis na forálacha iomchuí den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin i ndáil le ceapacháin ag údarás áitiúil chuig bord sláinte.

Cothromas i gceapacháin, etc.

19.—(1) Féachfaidh údarás áitiúil leis an gcuspóir maidir le cothromaíocht chuí inscne a chur chun cinn le linn dó ceapacháin a dhéanamh chuig comhlachtaí lena mbaineann *mír 18* agus chuig comhlachtaí eile.

(2) Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint maidir leis an gcuspóir dá dtagraítear i *bhfomhír (1)*, agus déanfaidh údarás áitiúil de réir aon treoirlínte den sórt sin le linn dó a cheapacháin a dhéanamh chuig na comhlachtaí lena mbaineann.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil le rún rialacha a dhéanamh chun a chinntiú, maidir le ceapacháin a dhéanfaidh sé chuig na comhlachtaí lena mbaineann i *mír 18* agus chuig comhlachtaí eile, go ndéanfar iad go cothrom agus go cothromasach ag cur na leasanna éagsúla a ndéantar ionadaíocht dóibh ar an údarás agus iomláine na gceapachán a bheidh le déanamh chuig na comhlachtaí sin i gcuntas.

(4) Ní léifear aon ní sa mhír seo mar ní lena dtoirmisctear ar aon ghrúpa comhaltaí *mír 18* a oibriú ach amháin maidir le haon chomhalta a vótáil ar son rúin faoin mír seo—

(a) ní bheidh sé nó sí mar aon chuid de ghrúpa de bhua *mhír 18* i ndáil le comhlacht lena mbaineann rialacha dá dtagraítear i *bhfomhír (3)*, nó

(b) ní vótálfad sé nó sí de réir *mhír 18* i ndáil le ceapachán chuig an gcomhlacht sin.

Alt 62.

SCEIDEAL 11

ATHRÚ AR THEORAINN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Nithe a bhféadfar foráil a dhéanamh maidir leo in ordú forlíontach faoi alt 62(2).

1. Is iad seo a leanas na nithe dá dtagraítear in *alt 62(2)*:
 - (a) feidhmeanna aon údaráis lena mbaineann i ndáil le limistéar iomchuí;
 - (b) limistéar iomchuí a áireamh in aon toghlimistéar áitiúil nó in aon cheantar riaracháin nó geografaíochta nó i roinn eile a úsáidtear chun aon chríche riaracháin phoiblí;
 - (c) feidhm nó neamhfheidhm aon achtacháin maidir le limistéar iomchuí;
 - (d) leanúint d'imeachtaí dlíthiúla a thosaigh aon údarás lena mbaineann nó a tosaíodh in aghaidh aon údaráis lena mbaineann sula ndearnadh an t-ordú príomha lena mbaineann i gcás ina mbaineann na himeachtaí sin le haon ní, ceart, dualgas nó dliteanas a éiríonn, a d'fhabhraigh nó a tabhaíodh in aon limistéar iomchuí nó a bhaineann le haon limistéar iomchuí;
 - (e) cibé modhnuithe, oiriúnú nó leasú ar aon achtachán is gá chun críocha an ordaithe phríomha;
 - (f) coigeartú idir aon údaráis lena mbaineann (agus féadfar foráil a bheith ann go n-íocfaidh údarás nó údaráis lena mbaineann airgead, trí íocaíocht amháin nó ina 2 thráthchuid nó níos mó, le haon údarás nó údaráis eile lena mbaineann) i ndáil leis na nithe seo a leanas go léir nó le haon cheann díobh:
 - (i) aon ghlanchailteanas ioncaim, iarbhír nó ionchasach, a thabhaíonn nó a thabhóidh aon údarás lena mbaineann de dhroim an ordaithe phríomha,
 - (ii) maoin, cibé acu réadach nó pearsanta (lena n-áirítear ábhair i gcaingean), atá dílsithe in aon údarás lena mbaineann nó is le haon údarás lena mbaineann nó a shealbhaítear ar iontaobhas d'aon údarás lena mbaineann agus atá suite go hiomlán nó go páirteach in aon limistéar iomchuí nó a bhaineann le haon limistéar iomchuí,
 - (iii) fiacha (lena n-áirítear fiacha morgáiste), muirir arna gcruthú le reacht agus dliteanais eile (lena n-áirítear méideanna neamhleachtaithe, damáistí neamhleachtaithe a éiríonn as tortanna nó sáruithe ar chonradh agus dliteanais atá ag fabhrú nó dliteanais ionchasacha) atá dlite agus gan íoc, nó a tabhaíodh agus nár urscaoileadh, agus a bhaineann go hiomlán nó go páirteach le haon limistéar iomchuí,
 - (iv) comhaontuithe nó socruithe idir aon údaráis lena mbaineann maidir le cúrsaí airgeadais,

- (v) athrú chun críoch sonraithe sna réimsí muirir dá bhforáiltear in alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946,
- (vi) rátaí agus muirir atá dlite agus iníoctha nó atá ag fabhrú chun bheith dlite,
- (vii) rátaí agus muirir a mheasúnú agus a thobhach in aon limistéar iomchuí, (lena n-áirítear laghdú sealadach ar luachálacha agus cealú a dhéanamh),

agus chun éifeacht a thabhairt d'aon ní dá dtagraítear i *gclásal (v), (vi) nó (vii)*;
- (g) fostaithe údaráis nó údarás lena mbaineann a aistriú go dtí aon údarás nó údarás eile lena mbaineann,
- (h) a chumasú foráil a dhéanamh i leith aon ní dá dtagraítear i *bhfomhír (f)* (i gcás nach ndéantar foráil ina leith ar shlí eile le hordú forlíontach) trí chomhaontú idir na húdaráis lena mbaineann nó i gcás nach ndéanfaidh na húdaráis lena mbaineann comhaontú, ar cibé slí a shonrófar san ordú;
- (i) léarscáileanna oifigiúla a ullmhú ina dtaispeánfar teorainn aon limistéir iomchuí agus luach fianaiseach na léarscáileanna sin;
- (j) nithe idirthréimhseacha a bhaineann le haon phlean forbartha (de réir bhrí na nAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1999) a mhéid a bhaineann sé le haon limistéar iomchuí;
- (k) leanúint d'aon rud arna dhéanamh, nó a mheastar, de bhua aon achtacháin, a bheith déanta maidir le haon limistéar iomchuí ag aon údarás lena mbaineann, ar aon údarás lena mbaineann nó maidir le haon údarás lena mbaineann;
- (l) clár na dtoghthóirí agus na gceantar vótaíochta a úsáidfear in aon toghchán comhairleoirí d'aon toghlimistéar áitiúil;
- (m) comhaltaí d'aon údarás lena mbaineann do leanúint in oifig;
- (n) athrú ar líon na gcomhaltaí d'aon chomhairle contae, d'aon chomhairle cathrach nó d'aon chomhairle baile lena mbaineann;
- (o) athrú ar aon toghlimistéir áitiúla agus ar líon na gcomhaltaí a shanntar don limistéar sin don údarás áitiúil lena mbaineann;
- (p) aon ní eile a mheastar is gá nó is cuí chun an t-ordú príomha a thabhairt i ngníomh agus éifeacht iomlán a thabhairt dó.

2. I mír 1(k) folaíonn “rud” an méid seo a leanas—

- (a) aon chomhaontú scríofa nó aon ionstraim eile i scríbhinn nó aon scéim, plean, ráiteas, beartas, straitéis, cinneadh, dearbhú, gealltanas arna dhéanamh nó arna déanamh nó arna ghlacadh nó glacadh ag údarás lena mbaineann, nó thar a cheann, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh

déanta nó glactha ag údarás lena mbaineann nó thar a cheann;

- (b) aon ordachán arna thabhairt, nó aon chúlghairm arna déanamh, ag údarás lena mbaineann nó dó nó a bheidh le meas mar ní a bheidh déanta nó tugtha ag údarás lena mbaineann nó dó;
- (c) aon cheadúnas, ceadúchán, deimhniú, cead, toiliú, ceadú, údarú, díolúine, maolú, admháil nó dispeansáid arna dheonú nó arna deonú nó arna thabhairt nó arna tabhairt ag údarás lena mbaineann nó dó, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh deonaithe nó tugtha ag údarás lena mbaineann nó dó;
- (d) aon iarratas, togra nó agóid arna dhéanamh nó arna déanamh ag údarás lena mbaineann nó chuige nó a bheidh le meas mar ní a bheidh déanta ag údarás lena mbaineann nó chuige;
- (e) aon choinníoll nó ceanglas arna fhorchur, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh forchurtha, ag údarás lena mbaineann nó air nó aon fhógra arna sheirbheáil, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh seirbheáilte, ag údarás lena mbaineann nó air.

3. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gcoigeartú faoi *mhír 1(f)* nó i gcomhaontú faoi *mhír 1(h)*—

- (a) i gcás maoiné dá dtagraítear i *mír 1(f)(ii)*, foráil maidir le haon údarás lena mbaineann do choinneáil na maoiné nó maidir lena haistriú chuig údarás eile lena mbaineann nó maidir le comhúsáid na maoiné sin ag 2 údarás nó níos mó lena mbaineann, agus
- (b) i gcás féich nó dliteanais eile dá dtagraítear i *mír 1(f)(iii)*, foráil maidir le haon údarás lena mbaineann d'iompar iomlán an fhéich nó an dliteanais sin nó maidir leis an dliteanas a chionroinnt idir 2 údarás nó níos mó lena mbaineann.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

SCEIDEAL 12

Alt 63.

ACHTANNA AN OIREACHTAIS: FEIDHMEANNA ÚDARÁS ÁITIÚIL

CUID 1

Freagracht ar an Aire go príomha

An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987
An tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990
Na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 agus 1992
An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990
An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997
An tAcht um Iompras Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh), 1987
Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 1999
An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992
An tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981
Achtanna na dTithe, 1966 go 1998
Achtanna na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 agus 1983
An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1936
Achtanna na nÚdarás nÁitiúil (Comhar-Árachas), 1926 go 1935
Na hAchtanna um Údarás Áitiúla (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 go 1983
Na hAchtanna um Údarás Áitiúla (Maoir Thrácht), 1975 agus 1987
Acht na nÚdarás Áitiúla (Oibreacha), 1949
Na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2001
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2001
An tAcht Rialtais Áitiúla (Bailiú Rátaí), 1924
An tAcht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóreacha), 1988
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1999
An tAcht Rialtais Áitiúil (Rátaí), 1970
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 2001
An tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990
Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus 2001
Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993
Achtanna na mBóithre, 1993 go 2001
Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1995
Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 agus 1954
An tAcht um Athnuachan Baile, 2000
An tAcht um Athnuachan Uirbeach, 1986
An tAcht um Athnuachan Uirbeach, 1998
An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996
An tAcht Soláthairtí Uisce, 1942

CUID 2

Freagracht ar Aire den Rialtas seachas an tAire go príomha

Acht na Seamlas, 1988

Na hAchtanna um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 agus 1946

Na hAchtanna Siltin Artairigh, 1945 agus 1995

Na hAchtanna Ealaíon, 1951 agus 1973

Acht na gCanálacha, 1986

An tAcht Corr-Thrádála, 1995

An tAcht um Chaomhnú an Chósta, 1963

An tAcht um Rialú Capall, 1996

An tAcht Cróinéirí, 1962

Na hAchtanna um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus 1979

An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952

An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998

Na hAchtanna Imeall Trá, 1933 go 1998

An tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956

An tAcht Cuanta, 1996

Na hAchtanna Cuanta, 1946 go 1976

Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2001

An tAcht Sláinte (Soláthairtí Uisce a Fhluaírdiú), 1960

An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986

Na hAchtanna um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968 go 1992

Na hAchtanna Díobhálacha Mailíseacha, 1981 agus 1986

Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 1994

An tAcht Pónaí (Soláthar agus Cothabháil), 1935

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Na hAchtanna Freastal Scoile, 1926 go 1967

An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981

Na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 1999

Acht na nOllscoileanna, 1997

Na hAchtanna Luachála

Na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999

SCEIDEAL 13

Alt 67.

TAITNEAMHACHTAÍ, ÁINEAS AGUS FEIDHMEANNA EILE

1	2
Gníomhaíochtaí ealaíne, teanga, agus cultúrtha	Dánlanna, ionaid ealaíon, hallaí ceolchoirme, músaeim, amharclanna, tithe ceoldráma a sholáthar agus taibhithe agus imeachtaí ealaíne, teanga agus cultúrtha agus gníomhaíochtaí tionscnaimh a sheoladh.
Spórt, cluichí agus gníomhaíochtaí dá samhail	Páirceanna imeartha, rianta lúthchleasaíochta, linnte snámha agus áiteanna snámha eile, ionaid spóirt, lútharlanna agus saoráidí eile (laistigh agus lasmuigh) a sholáthar agus imeachtaí spóirt a sheoladh.
Gníomhaíochtaí ginearálta áineasa agus fóillíochta.	Páirceanna, gairdíní, spásanna oscailte, faichí súgartha, trealamh súgartha, ainmhithe, láithreáin phicnice, pointí radhairc, cosáin, siúláin, báid, píaraí, áiteanna calaíochta eile agus muiríní a sholáthar.
Feabhsuithe cathartha	Troscán sráide, pábháil, cloig, dealbha, séadchomharthaí agus gnéithe eile a sholáthar, soilsiú agus maisiú agus bearta eile atá ceaptha chun an comhshaoil áitiúil a uasghrádú.
Cosaint agus feabhsú comhshaoil agus oidhreacht i gcoitinne	Tírdhreachú, plandú crann agus flora eile, bearta chun tírdhreacha agus gnáthóga, foirgnimh agus láithreáin eile agus gnéithe ar díol spéise iad ó thaobh na healaíne, na taitneamhachta, na hailtíreachta, na seandálaíochta, na staire, na hoidhreacht nó an nádúir de a chaomhnú, a bhuanchoimeád agus a chosaint.
Úsáid taitneamhachtaí ag an bpobal (idir thaitneamhachtaí nádúrtha agus thaitneamhachtaí arna ndéanamh nó arna n-athrú trí idirghabháil an duine)	Rochtain, comharthaí, clóis feithiclí, trealamh sábháilteachta, saoráidí faisnéise agus úrúcháin, cóiríocht sláintíochta, fónais, suíocháin, dídean agus aon ghaireas nó trealamh eile nó aon rud eile is gá chun úsáid den sórt sin a éascú, a sholáthar.
Plásáin, aontaí agus margáí	Talamh, foirgnimh, seirbhísí, taitneamhachtaí agus saoráidí gaolmhara a sholáthar agus gníomhaíocht tionscnaimh.
Sábháilteacht an phobail a chur chun cinn	Tacaíocht a thabhairt do chlár agus d'imeachtaí sábháilteachta agus do sheirbhísí tacaíochta sábháilteachta áitiúla (lena n-áirítear sábháilteacht ó dhóiteán, sábháilteacht ar bhóithre, sábháilteacht uisce agus tarrtháil ó uisce agus sábháilteacht agus tarrtháil sléibhe agus uaimhe); agus trealamh sábháilteachta a sholáthar.

[Uimh. 37.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [2001.]

Alt 131.

SCEIDEAL 14

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA ÁIRITHE

1. An nós imeachta ag aon chruinniú d'údarás áitiúil nó de chomhchomhlacht.
2. Duine a cheapadh cibé acu trí ainmniúchán nó toghchán, chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás poiblí.
3. Toghadh Cathaoirligh nó Leas-Chathaoirleach údaráis áitiúil ag an údarás sin de réir *Chuid 5* nó toghadh cathaoirligh comhchomhlachta.
4. Ráta bliantúil ar luacháil a chinneadh.
5. Údarás áitiúil do dhéanamh, do leasú nó do chúlghairm fodhlí faoi aon achtachán eile i gcás nach bhforáiltear leis na forálacha lena rialaítear déanamh, leasú nó cúlghairm an fhodhlí sin gur feidhm fhorchoimeáda é.
6. Ordú a dhéanamh nó a chúlghairm nó rún a rith nó a chealú, a ndéantar dá bhua achtachán a thabhairt i ngníomh i limistéar feidhme údaráis áitiúil nó i gcuid den limistéar nó feidhm a thabhairt dó maidir leis an gcéanna.
7. An t-iarratas a bheidh le cur chuig aon Aire maidir le haon ordú den sórt sin a luaitear i *mír 6* a dhéanamh nó a chúlghairm.
8. Iomlán caiteachas údaráis áitiúil nó comhchomhlachta, nó cuid díobh, a éileamh (cibé caoi a shainítear é) faoi aon achtachán lena n-áirítear an tAcht seo ar aon údarás áitiúil eile.

[2001.] *An tAcht Rialtais Áitiúil*, 2001. [Uimh. 37.]

SCEIDEAL 15

Alt 151.

FEIDHMEANNA ATÁ LE DÉANAMH LE hORDÚ BAINISTEORA

1. Cinneadh i dtaobh iarratais faoi aon achtachán chun cead, ceadú, ceadúchán, toiliú, deimhniú, ceadúnas nó aon chineál údaraithe reachtúil eile a dheonú.
2. Fógra reachtúil arna sheirbheáil faoi fhorálacha aon achtacháin lena gceanglaítear déanamh de réir an achtacháin sin.
3. Cinneadh imeachtaí dlí a thionscnamh.
4. Talamh a fháil nó a dhiúscairt nó comhaontú maidir le húsáid talún.
5. Teaghais a ligean.
6. Glacadh le tairiscint.
7. Deontais, iasachtaí nó cúnamh airgeadais eile a dhámhachtain.
8. Foireann a cheapadh.